



Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais



Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní

2014

Clár na nÁbhar

LITIR CHUIG AN AIRE	1
PRÍOMHCHUSPÓIRÍ SOCRAITHE AG AN MBORD	2
PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPI)	3
BUAICPHOINTÍ GNÓ EILE	4
RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	6
RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	8

10-29

ATHBHREITHNIÚ GNÓ	
Rannpháirtíocht Féichiúnaithe	11
Gníomhaíochtaí margaidh GNBS	14
Maoiniú forbartha	20
Rannpháirtíocht Shóisialta Agus Gheilleagrach	25

30-41

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

42-48

EAGRAÍOCHT AGUS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE GNBS	
Struchtúr Eagraíochtúil	43
Solátharaithe Seirbhíse do GNBS	48

49-65

RIALACHAS	
Comhaltaí Boird	50
Bord agus Coistí Boird	52
Tuarascálacha ó Chathaoirligh agus ó choistí GNBS	54
Nochtadh agus Freagracht	64
Bainistíocht Riosca	65

66-170

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE	
Gluais na dtéarmaí	171



Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní National Asset Management Agency

12 Bealtaine 2015

An tUas. Michael Noonan T.D.

Aire Airgeadais

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2.

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir againn Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 a chur faoi do bhráid.

Is mise, le meas,

Frank Daly
Cathaoirleach

Brendan McDonagh
Príomhfheidhmeannach

Príomhchuspóirí Straitéiseacha sonraithe ag Bord GNBS

1. Is é príomhchuspóir tráchtála an bhoird a fhiachas sinsearach uile (€30.2 billiún) a fhuascailt roimh dheireadh 2018. Tá sé mar aidhm ag an mBord freisin fofhiachas GNBS (€1.593 billiún a fhuascailt faoi 1 Márta 2020 agus barrachas a ghiniúint faoin dtráth a mbíonn a saothar críochnaithe. Tá sé i gceist tiomantais uile na todhchaí dá cuid a chomhlíonadh as a cuid acmhainní féin.

2. Chun a príomhchuspóir tráchtála a bhaint amach (mar atá ag 1 thuas), déanfaidh GNBS dianbhainistiú ar na sócmhainní agus déanfaidh infheistiú iontu chun barr feabhais a chur ar a bpóitéinseal chun ioncam a thairgeadh agus ar a luach diúscartha. Trína gníomhaíochtaí diúscartha, leanfar de idirbhearta a ghiniúint a bhfuil sé mar aidhm leo an fheidhmíocht láidir úd i margadh réadmhaoine na hÉireann le blianta beaga anuas a bhuanú.

3. Éascóidh GNBS seachadadh cóiríocht oifige Grád A in CFS Dhughthailte Bhaile Átha Cliath; cabhróidh sé, ní i dtéarmaí cistiú tionscadail amháin, ach más gá, tabharfaidh sé soiléireacht, treoir agus borradh don phróiseas seachadaidh freisin.

4. Éascóidh GNBS freisin le 4,500 aonad cónaithe nua i mBaile Átha Cliath a chríochnú i gceantar Bhaile Átha Cliath sa tréimhse go dtí deireadh 2016 agus, trí dhianbhainistiú sócmhainne ar laithreáin chónaithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht a dícheall le go mbeifear in ann soláthar breise nua a sheachadadh a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin, go háirithe i mBaile Átha Cliath.

5. Faoi réir phríomhacht a sainordú tráchtála Ailt 10 ach go minic ag cur leis, déanfaidh GNBS iarracht ionchur dearfa sóisialta agus eacnamaíoch a bheith aici thar raon fairsing gníomhaíochtaí.

Príomhtháscairí Feidhmíochta 2014

BRABÚS OIBRIÚCHÁIN



€648_m

€9.1 billiún

FUASCAILTÍ BANNAÍ SINSEARACHA



Ó THÚS GO DTÍ DEIREADH MHÍ MHÁRTA 2015



€1 billiún

MAOINIÚ FORBARTHA IN ÉIREANN



€25 billiún

GINIÚINT AIRGID THIRIM



€19.9 billiún

FÁLTAIS DIÚSCARTHA



€17.6 billiún

FUASCAILTÍ BANNAÍ SINSEARACHA (58%)

€8.6
billiún

GINIÚINT AIRGID THIRIM



€7.8
billiún

FÁLTAIS DIÚSCARTHA



Buaicphointí Gnó Eile 2014

CFS DHUGTHAILTE BHAILE ÁTHA CLIATH



75%

Talamh forbraíochta

Tá leas arb ionann é agus 75% de 22 heicteár de thalamh forbraíochta atá laistigh de CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath ag GNBS.



1,950

Árasáin phoitéinsiúla

Meastar go bhféadfaí suas le 3.8m sq. ft. de spás tráchtála agus 1,950 árasán a sholáthar ag na suímh ar fad i CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath a bhfuil leas ag GNBS iontu.

GNÍOMHAÍOCHT CFS GNBS



An t-íarratas pleanála d'fhorbairt suíomh críochchomhartha Mhuileann Boland i nDugthailte Bhaile Átha Cliath theas.



Iarratais phleanála a bhain le 6-8 Cé Hanover, 5 Cé Hanover agus 76 Cé Sir John Rogerson a fhorbairt.



Rogha tairgeora a roghnú do fhorbairt phríomhshuíomh ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh.

MAOINIÚ D'FHORBAIRT CHÓNAITHEACH



40%

Soláthar tithíocht nua

Mhaoinigh GNBS breis is 40% de sholáthar iomlán tithíocht nua Bhaile Átha Cliath in 2014.

TITHÍOCHT SHÓISIALTA




Tá GNBS ag cabhrú le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí tithíochta réadmhaoin do thithíocht shóisialta a cheannach agus a léasú.



Faigheann NARPSL aonán sainchuspóireach GNBS, aonaid chónaithe ó fhéichiúnaithe agus ó ghlacadóirí GNBS mar pháirt den phroiseas agus léasaíonn sé na haonaid sin le comhlachtaí ceadaithe tithíochta.

breis is
1,000
aonad



Faoi dheireadh 2014, bhí breis is 1,000 aonad seachadta faoin tionscnamh seo.

GNÓ AGUS FOSTAÍOCHT IN ÉIRINN A ÉASCÚ



Ag obair le ÚFT Éireann

Tá GNBS ag obair le ÚFT Éireann agus gníomhaireachtaí Stáit eile chun réadmhaointe oiriúnacha a aithint do chuideachtaí atá ag iarraidh oibríochtaí gnó a bhunú in Éirinn nó cinn atá acu ann cheana a leathnú.



15,000


Tá GNBS, trí úsáid a bhaint as caipiteal oibre, ag tacú go díreach le 15,000 post in Éirinn i ngnóthaí trádála atá nasctha le hiasachtaí GNBS.

LACÁISTÍ
CÍOSA



€23_m

Tá lacáistí cíosa a bhfuil luach bliantúil comhiomlán de sa bhreis ar €23m luaite leo faofa ag GNBS.



€40_m

D'fhaomhaigh GNBS faoisimh chánach le luach €40m le tacú le gnóthaí miondíola beaga agus meánmhéide ar fud na tíre.

Ráiteas an Chathaoirligh

An tUasal Frank Daly
Cathaoirligh



Rinne GNBS an-éacht in 2014. Thuairisciomar brabús den cheathrú bliain as a chéile. Is suntasach gur ghabhamar thar phointe leathslí lenár mBannaí Sinsearacha a aisíoc. Fianaise ann féin ar an dul chun cinn a rinneadh i rith 2014 is ea gur aisíocamar níos mó dár mBannaí Sinsearacha in aon bhliain amháin (€9.1 billiún) rud nach rabhamar in ann a dhéanamh sa cheithre bliana roimhe sin (€7.5 billiún). Tá sé i gceist againn cur leis an dul chun cinn iontach seo trí bheith chun tosaigh ar an sceideal don chuid eile de thréimhse saoil GNBS. De réir an dearcadh atá againn faoi láthair, tá súil againn go mbeimid in ann ár gcroíobair a chríochnú faoi 2018 agus sinn go mór chun tosaigh ar an mbunspríoc 2020 a bhí againn.

Le blianta fada in Éirinn ba ionann figiúirí móra agus drochscéal: cailleadh na billiúin euro mar thoradh ar dhrochnósanna iasachtaíthe, díscríobhadh na billiúin ó chlár chomhardaithe bainc agus cuireadh na billiúin euro leis an bhfiachas náisiúnta. Ach ba in 2014 a tugadh faoi deara go bhféadfaí dea-scéal a lua le figiúirí móra freisin – laghdaigh go mór na billiúin atá infheistithe i margadh réadmhaoin trachtála na hÉireann agus i bpunanna iasachtaí Éireannacha in 2014 an dliteanas teagmhasach ar cháiníocóirí na hÉireann do CÉRB agus do GNBS agus cuirfidh siad dlús faoi théarnamh geilleagrach agus earnáil fostaíochta na hÉireann.

Faoi dheireadh 2014, bhí €23.7 billiún airgid ginte ag GNBS ó na hiasachtaí a bhí faighte aici. Dhíolamar sócmhainní arbh fhiú €18.7 billiún iad d'infheisteoirí a bhfuil athrú dearfach tagtha ar a ndearcadh maidir le hinfheistiú in Éirinn de bharr théarnaimh an gheilleagair.

Go dtí an dáta seo, tá €3.2 billiún de réamhiasachtaí faofa againn d'fhéiciúnaithe agus do ghlacadóirí, táimid ag infheistiú inár sócmhainní i dtreo go mb'fhiú níos mó iad do cháiníocóirí na hÉireann, chun tacú leis an bhfostaíocht agus chun breis

infheistíochta inár ngeilleagar a spreagadh.

Bhíomar in áit mhaith faoi dheireadh 2014, níos cóngaraí dár gceann scríbe, ach le lear mór oibre fós romhainn.

Sainorduithe cúntacha

In 2014 freisin chuir an tAire Airgeadais cúraim bhreise ar GNBS. Tar éis athbhreithniú an Aire ar an nGníomhaireacht a thabhairt chun críche (arna dhéanamh faoi Alt 227 den Acht fán GNBS), iarradh orainn dhá shainordú eile a chur i gcrích.

Is é an chéad cheann ná a chinntiú go tráthúil agus go comhleanúnach go seachadfar spás tábhachtach oifige, miondíola agus cónaithe Grád A laistigh de CFS Dhughailte Bhaile Átha Cliath agus de Lárcheantar Gnó Bhaile Átha Cliath. Is é an dara ceann seachadadh aonad titheochta cónaithe a uasmhéadú sna háiteanna ar mó an gá leo.

Creidimid gur féidir linn na sainorduithe cúntacha seo a chur i gcrích agus tá dul chun cinn an-mhór déanta againn cheana féin orthu araon. Baineadh an-chuid amach in 2014 maidir le forbairt CFS Dhuganna Bhaile Átha Cliath a thabhairt ar aghaidh. Tar éis Scéim CFS na nDuganna a fhaomhadh i mBealtaine

2014, ghéaraigh GNBS ar a hobair ullmhúcháin i ndáil le talamh forbraíochta laistigh den CFS a bhfuil leas aici ann (75% den 22 heicteár de thalamh infhorbartha taobh istigh den cheantar CFS). Tugann an obair bhreithmheasa tosaigh le fios go bhféadfaí 3.8m troigh cearnach de spás tráchtála agus 1,950 arasán a sheachadadh dá ndéanfaí an 15 láithreán ina bhfuil leas ag GNBS a fhorbairt ina n-íomláine sa chéad deich mbliana eile amach romhainn.

Sa chomhthéacs sin, cabhróidh roinnt tionscnamh a fógraíodh i dtreo dheireadh 2014, lena n-áirítear tús phróisis phleanála le haghaidh forbairt láithreáin sainchomhartha Mhuileann Uí Bheoláin agus bronnadh leas léasa fadtéarmach do láithreán ar Ché an Phoirt Thuaidh ar Oxley Holdings (Project Wave). Is scairshealbhóir mionlaigh é GNBS i roinnt cistí atá i mbun forbartha ar chúig láithreán eile sna Duganna a bhfuil obair tosaithe cheana féin ar chuid acu.

Taispeánann an athfhorbairt atá molta do láithreán Mhuileann Uí Bheoláin an póitéinseal forbraíochta atá san CFS: ann féin, tabharfaidh sé 350,000 troigh cearnach de spás oifige nua d'ardcháilíocht, coibhéis 20% den spás oifige atá sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, bloc 42 arasán, spás cultúrtha agus taispeántais, agus spás substaintiúil miondíola agus bialanna. Nuair a chríochnófar é, cruthóidh an athfhorbairt ceathrú uirbeach nua agus beidh rochtain poiblí ar bhloc mór cathrach ar a mbeidh sráideanna nua chomh maith le spásanna oscailte i limistéar in aice an uisce cóngarach do Bháisín Dhuga na Canálach Móire.

Mar chuid dá hiarrachtaí chun dul i ngleic le ganntanas soláthar áitribh chónaithe atá ag éirí i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, bhunaigh GNBS foireann thiomanta um Sheachadadh Áitreabh Chónaithe in Aibreán 2014. Tá tiomantas GNBS á bhrú ar aghaidh ag an bhfoireann seo maidir le críochnú 4,500 aonad cónaithe sa tréimhse ag deireadh 2016 a éascú agus measúnú a dhéanamh ar an scóp chun aonaid bhreise a

sheachadadh ina dhiaidh sin. Sáraíodh an sprioc a bhí ann 1,000 aonad a sheachadadh roimh dheireadh 2014; is é an sprioc anois 1,500 aonad a sheachadadh in 2015 agus an chuid eile le seachadadh in 2016.

Tá ar ár gcumas, más gá, suas le €3 billiún a infheistiú sna tionscadail seo agus i dtionscadail inmharthana eile ar féidir oifigí agus áitribh chónaithe d'ardcháilíocht a sheachadadh leo i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile ina bhfuil éileamh mór.

Dul i bhfeidhm ar an tsochaí trí chéile

Ní brabach a dhéanamh amháin atá i gceist le GNBS. Is féidir linn cion níos leithne a dhéanamh do gheilleagar na hÉireann, agus sin é atá ar bun againn. Mar shampla, táimid tar éis cúnamh a thabhairt an téarnamh i margadh réadmhaoine na hÉireann a spreagadh trí shócmhainní a chur ar an margadh ar bhealach ordúil, trí leas a bhaint as an spéis atá ag infheisteoirí sa tír seo agus ar bhonn idirnáisiúnta sna sócmhainní sin agus tríd an spéis sin a spreagadh.

Táimid ag obair i ndlúthpháirt le GFT Éireann i ndáil le sócmhainní inár bpunann a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do chuideachtaí atá ag iarraidh oibríochtaí gnó a bhunú in Éirinn nó oibríochtaí gnó atá anseo cheana féin a leathnú. Is mar thoradh air sin a cuireadh i gcrích roinnt idirbheart tábhachtach i ngeilleagar na hÉireann le cuideachtaí ar nós Google, Facebook, Yahoo agus LinkedIn.

Táimid ag tacú le gnólachtaí féichiúnaí ina bhfuil níos mó ná 15,000 duine san iomlán fostaíthe ar bhonn díreach in Éirinn – agus tá an líon sin daoine sa bhreis orthu siúd atá fostaíthe i dtionscadail tógála arna gcistiú ag GNBS.

Tá soláthar tithíochta sóisialta a éascú againn. Sháraíomar an sprioc a bhí againn 1,000 teach a sholáthar le haghaidh tithíocht shóisialta faoi dheireadh 2014 agus tá sé ina sprioc againn anois 1,000 aonad breise a chur ar fáil in 2015, faoi réir deimhniú

údarás áitiúil agus comhlachtaí tithíochta go bhfuil sé ar intinn acu na háitribh chónaithe sin a cheannach nó a fháil ar léas ó fhéichiúnaithe agus glacadóirí GNBS nó go díreach ó NARPSL, aonán sainchuspóireach GNBS i leith tithíocht shóisialta.

Is aonán tráchtála í GNBS agus ar ndóigh tá muid ag comhlíonadh an tsainordaithe tráchtála a thug an tOireachtas dúinn, ach ní aisti féin a bhíonn GNBS ag feidhmiú. Is maith mar is eol dúinn an tionchar atá ag ár gcuid oibre ar gheilleagar níos leithne na hÉireann agus bímid ag obair go dian chun a chinntiú gur tionchar dearfach é sin.

Conclúid

Cúig bliana ó bunaíodh GNBS, tá sí ar chúrsa daingean chun a bannaí sinsearach agus fo-bhannaí a aisíoc agus tá muinín aici go nginfidh sí barrachas do cháiníocóirí na hÉireann. Má éiríonn linn na cuspóirí sin a chomhlíonadh, is amhlaidh a bheidh a bhuíochas, cuid mhór, le díongbháilteacht agus cumas Bhord GNBS agus fhoireann GNBS faoi threoir chumasach an Phríomhfheidhmeannaigh, Brendan McDonagh, agus leis an dianobair a dhéanann siad. Sna blianta atá romhainn, beidh deis ar leith ag GNBS comhthiomsú a dhéanamh ar an saineolas atá aici i réimsí réadmhaoine agus airgeadais, a cumas iasachta agus na sócmhainní atá faoi rialú a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí, agus é ina aidhm aici cion mór a dhéanamh i dtaobh dul i ngleic leis an nganntanas soláthair atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus, ar bhonn níos ginearálta, rian dearfach a fhágáil ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann nuair a bheith ár gcuid oibre curtha i gcrích againn. Táimid ag tnúth an deis sin a thapú le fuinneamh agus brí.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

An tUasal Brendan McDonagh
Príomhfheidhmeannaigh



I gcás GNBS, d'fhéadfadh an dearcadh a bheith ann gur bliain í 2014 inar chas an taoide ó thaobh an dul chun cinn a rinneadh i leith ár bpríomhchuspóra tráchtála, mar atá ár mBannaí Sinsearach a fhuascailt, rud a chuirfeadh deireadh le mórdhliteanas teagmhasach do cháiniocóirí na hÉireann. Ag tús 2014, bhí suim charnach de €7.5 billiún – nó 25% - den €30 billiún de Bhannaí Sinsearach a d'eisíomar chun ár bpunann bunaidh d'iasachtaí bainc a fháil fuascailte againn. Faoi dheireadh 2014, bhí fuascailtí na suimeanna carnacha cothrom le €16.6 billiún, figiúr arb ionann é agus 55% de na Bannaí Sinsearach a eisíodh ag an tús. Agus tá tuilleadh dul chun cinn fós déanta ó shin i leith: faoi dheireadh mhí Mhárta 2015, bhí ár bhfuascailtí carnacha cothrom le €17.6 billiún (58% de Bhannaí Sinsearach). Ag glacadh leis go mbeidh dálaí an mhargaidh báuil fós, tá dul chun cinn nach beag déanta againn ar an gcúrsa chun an chéad gharspíoc eile dár gcuid a chomhlíonadh – fuascailt 80% (carnach) de na Bannaí Sinsearach faoi dheireadh 2016.

Téarnamh an mhargaidh

Rud a chuir go mór leis an dul chun cinn a rinne GNBS in 2014 arbh ea an leibhéal éilimh agus gníomhaíochta nach bhfacthas roimhe sin i margadh réadmhaoine tráchtála na hÉireann. Chuir sé sin ar ár gcumas dúinn méadú nach beag a údarú ar shreabhadh na sócmhainní Éireannacha arna gcur ar díol ag ár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí. Ar an iomlán, ghineamar airgead tirim arbh fhiú €8.6 billiún é in 2014, beagnach dhá oiread an méid a gineadh in 2013. Ghin diúscairtí sócmhainní €7.8 billiún, lena n-áirítear €3.7 billiún ó dhiúscairtí sócmhainní Éireannacha. I gcodarsnacht leis sin, sna blianta idir 2010 agus 2013, bhí €1.8 billiún san iomlán ginte do GNBS de bharr dhíolacháin sócmhainní na hÉireann – léirítear leis sin an drogall a bhí orainn, le linn na mblianta sin, díol sócmhainní Éireannacha a údarú i margadh tanaí, neamhleachtach ar

phraghsanna a mheasamar a bheith faoina mbun siúd a d'fhéadfaí a bhaint amach.

De bharr an téarnaimh láidir i margadh na hÉireann in 2014 agus gurb amhlaidh gur fhill torthaí ar roinnt aicmí sócmhainní i dtreo na leibhéil ag a raibh siad roimh an ngéarchéim, bhí deiseanna le tapú ag GNBS chun cur le sreabhadh na sócmhainní arna gcur ar díol. Ar an iomlán, in 2014 meastar gur sháraigh an leibhéal gníomhaíochta i margadh réadmhaoine infheistíochta na hÉireann €4.5 billiún - dhá oiread an leibhéil ghníomhaíochta a tugadh faoi deara in 2013 agus méadú suntasach i gcomparáid leis an mbuaicphointe de €3.5 billiún a tugadh faoi deara in 2006. Bhí roinnt tosca ba bhun leis an mbuacacht sin sa mhargadh: Éire a bheith níos tarraingtí d'infheisteoirí tar éis di scor den chlár Troika; an spéis ní ba mhó a cuireadh i sócmhainní réadmhaoine i gcomhthéacs téarnamh geilleagraich

a raibh siúl faoi in 2014; na torthaí tarraingteacha a bhí le fáil as sócmhainní eastáit réadaigh Éireannaigh tráth a bhí na torthaí óna lán aicmí eile sócmhainní laghdaithe go dtí leibhéil an-íseal agus, ní hé an rud is lú, athmhúscailt spéise i measc infheisteoirí intíre. Rinne GNBS cion nach beag i dtreo freastal ar éileamh na n-infheisteoirí ar shócmhainní Éireannacha: a cuid díolachán mórfhunann sócmhainní lena n-áirítear roinnt punann oifigí i mBaile Átha Cliath (Project Redwood agus coimpléasc na Páirce Láir), punann chónaithe i mBaile Átha Cliath (Project Orange) agus dhá phunann mhiondíola (Project Acorn, Project Parks).

Forbairt shuntasach i margadh na hÉireann in 2014 ab ea an borradh mór a bhí faoi dhíolacháin iasachtaí – tá sé measta gur dhíol díoltóirí Éireannacha, agus GNBS san áireamh, luach breis is €22 bhilliún iasachtaí in 2014. Airíodh leis na príomhdhíolacháin iasachtaí de chuid GNBS Project Eagle (iasachtaí arna n-urrú le sócmhainní faoi riail féichiúnaithe i dTuaisceart Éireann), Project Tower (iasachtaí arna n-urrú le sócmhainní infheistíochta agus forbraíochtaí, in Éirinn, sa Bhreatain agus sa Ghearmáin den chuid ba mhó) agus Project Holly agus Project Spring (arna n-urrú den chuid ba mhó le sócmhainní tráchtála agus forbartha in Éirinn). Leanfaidh GNBS ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh sruth láidir punann sócmhainní agus iasachtaí á chur ar an margadh le linn 2015, ag glacadh leis go leanfaidh dálaí an mhargaidh ag tacú le hidirbhearta níos mó.

Tá GNBS ag leanúint le hairgead tirim suntasach a ghiniúint trí ghníomhaíocht diúscartha agus ioncam neamh-diúscartha. Ag deireadh mhí Mhárta 2015, bhí an t-airgead tirim iomlán ginte cothrom le €25 bhilliún, ar bhain €19.9 bhilliún de le diúscairtí sócmhainní €5.1 bhilliún le hioncam eile, fáaltais chíosa ó réadmhaoin arna rialú ag féichiúnaithe agus glacadóirí den chuid is mó.

Dúshláin

Cé go ndearna GNBS dul chun cinn chomh mór i leith roinnt príomhchuspóirí in 2014, ní fhágann sé sin gur féidir dearcadh bogásach a

ghlacadh i ndáil leis na dúshláin eile atá fós le sárú. Ní féidir glacadh leis go leanfaidh na dea-dhálaí margaidh atá i réim faoi láthair, agus tá sé de chúram orainne an oiread leasa agus is féidir a bhaint astu a fhad agus is ann dóibh. Ag deireadh mhí Mhárta 2015, bhí Bannaí Sinsearach ar fiú €12.6 bhilliún iad fós le fuascailt mar aon le €1.6 bhilliún d'fhofhiachas. Tugtar le fios sna réamh-mheastacháin atá againn faoi láthair gurb amhlaidh, má mhaireann na dea-dhálaí margaidh, go mbeidh iomlán na mBannaí Sinsearach fuascailte againn faoi 2018. Tá súil againn chomh maith a bheith in ann barrachas a thabhairt ar ais don Státchiste faoin am a mbeidh ár gcuid oibre críochnaithe againn.

Coinneáil foirne

Ar an ngné is tábhachtaí lena gcinnfear an gcomhlíonfaidh GNBS a cuid cuspóirí sa deireadh, beidh an cumas a bheith aici bainistiú a dhéanamh ar a cuid riachtanas i dtaobh foirne sna blianta atá romhainn. Ar láimh amháin, tá dúshláin mhóra amach romhainn agus ní mór dúinn príomhbhaill foirne a choinneáil, iadsan a bhfuil an saineolas agus an taithí acu is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ar an láimh eile, tá ré GNBS ag teacht chun deiridh go tapa agus níorbh ionadh ar bith é dá n-imeodh ár mbaill foirne – a bhfuil beagnach gach duine acu fostaithe ar chonarthaí sainchuspóra – uainn chun glacadh le poist bhuana ar luach saothair níos fearr in áiteanna eile.

Sa mhéid a bhí le rá agam sna Tuarascálacha Bliantúla in 2012 agus 2013, chuir mé imní in iúl faoin tionchar a d'imreofaí ar GNBS de bharr na n-athruithe ar luach saothar san earnáil phoiblí a tugadh isteach in 2013 agus an tionchar a bheadh aige sin ar chumas GNBS na baill foirne a choinneáil a bhfuil na scileanna agus an taithí acu chun a punann a bhainistiú. Le linn 2014, d'fhág thart ar 67 mball foirne GNBS – 20% den fhoireann iomlán a bhí againn ag tús na bliana. De réir mar a d'imigh an bhliain tharainn, d'éirigh saincheist choinneáil na foirne ní ba phráinní, go háirithe i gcomhthéacs an dlúis a cuireadh le straitéisí an Bhoird um dhiúscairt agus um fhuascailt bannaí, agus a cuid straitéisí coimhdeacha i

ndáil le CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath agus soláthar áiteanna cónaithe. Díriodh aird ar an riosca sin in athbhreithniú an Aire ar GNBS faoi Alt 227, inar sonraíodh *"Ba chóir breithniú cúramach a dhéanamh ar aon togra a chabhródh chun cumas oibríochtúil agus saineolas foirne GNBS a chosaint, i bhfianaise impleachtaí luacha a d'fhéadfadh a bheith suntasach a bhaineann le cailliúint fostaithe tábhachtacha"* (*"any proposal that would help to safeguard NAMA's operational capacity and staffing expertise should receive careful consideration in light of potentially significant value implications associated with losing key employees"*)

I mí Eanáir 2015, thug mé breac-chuntas d'fhostaithe GNBS ar phríomhghnéithe cláir iomarcaíochta faoina laghdófaí líon na mball foirne i GNBS de 78 faoi dheireadh 2015 agus de 167 mball foirne eile faoi dheireadh 2016. Ina dhiaidh sin, i Márta 2015, d'fhógair an tAire gurb amhlaidh, ag eascairt ón chuid plé le Bord GNBS, go gcuirfí bearta oiriúnacha um choinneáil foirne i bhfeidhm d'fhonn feidhmíocht airgeadais GNBS a chosaint. Thug sé le fios nach sáródh costas foriomlán aon scéime iomarcaíochta, lena n-áirítear íocaíochtaí reachtúla i leith iomarcaíochta, €20m san iomlán. Tá súil agam go gcuirfidh na bearta sin ar ár gcumas dúinn ár gcuid riachtanas foirne a bhainistiú lena chinntiú nach n-imreofar aon drochthionchar ar ár gcumas na cuspóirí éagsúla atá againn a chomhlíonadh.

Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas mór agus d'iarraacht mhór an Bhoird, Choistí an Bhoird, na foirne Feidhmiúcháin, na mball foirne a sannadh chuig GNBS agus na foirne atá ag obair le struchtúr níos leithne GNBS, a chuidigh leis an dul chun cinn ollmhór a rinneadh in 2014. Táimid ag tnúth in 2015 le móiminteam láidir a choimeád ar bun i dtreo ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Athbhreithniú Gnó



Rannpháirtíocht Féichiúnaithe



12,000

IASACHTAÍ FAIGHTE



5,000

AONÁIN IASACHTAITHE



780

NAISC FÉICHIÚNAÍ




60,000

RÉADMHAOINE AONAIR

- Fuair GNBS breis is 12,000 iasacht nasctha le 5,000 aonán iasachtaithe (á mbainistiú ar dtús mar 780 nasc féichiúnaí). Bhí na hiasachtaí ráthaithe ag 60,000 réadmhaoín aonair.
- I ndiaidh na n-iasachtaí a éadail, thosaigh GNBS i mbun bainistíocht dhíreach na nasc féichiúnaí ba mhó agus tarmligeadh bainistíocht laethúil, laistigh de shrianta sonracha maidir le húdarás tarmligthe, nasc féichiúnaí níos lú chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha ('Planna') agus Soláthraí Seirbhíse ('SP')
- Rinneadh measúnú ar na pleananna gnó féichiúnaí go léir agus bhí na straitéisí faofa faoi lár 2012.

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

FIGIÚR A: Bainistíocht laethúil féichiúnaíthe



- Ag deireadh 2014, bhí 663 nasc féichiúnaí fágtha: 191 á mbainistiú ag GNBS agus 472 á mbainistiú ag PI/SPanna.
- De réir luacha, tá GNBS i mbun réiteach comhthoiliúil le féichiúnaithe is bun le 70% dá punann iasachtaí. Ciallaíonn réiteach comhthoiliúil go mbainistíonn féichiúnaithe an straitéis réadmhaoinne agus réadaithe arna comhaontú, faoi dhlúthmhonatóireacht GNBS. D'fhéadfadh roinnt de na gnéithe seo a leanas nó iad ar fad a bheith san áireamh i réitigh chomhthoiliúla:
 - Sceidil de dhíolachán comhaontaithe sócmhainní nó iasachtaí
 - Aisiompú aistrithe sócmhainní áirithe
 - Muirir ar shócmhainní neamh-fiachbháite
 - Tá muirir i ndáil le hurrús breise faighte ag GNBS, trí aisiompú na n-aistrithe sócmhainní agus muirear ar shócmhainní neamh-fiachbháite, le luach comhcheangailte de bhreis is €800m.
 - Ní mór ioncam cíosa ó shócmhainní infheistíochta arna rialú ag féichiúnaithe a thabhairt faoi rialú GNBS agus go ndéanfaí na cíosanna a lóisteáil i gcuntais bhainc a bhfuil urrús ag GNBS ina leith.

- Cistiú – cuireann GNBS cistiú ar fáil do thionscadail forbartha inmharthana tráchtála agus chónaithe d'fhonn cur le luach in-aisghafa fadtéarmach na sócmhainní.
- I rith na tréimhse idir 2010 agus 2012, chomhaontaigh GNBS pleananna gnó le formhór a féichiúnaithe. Nochtaigh GNBS ina Tuarascáil Bhliantúil 2010 (a foilsíodh i mí Iúil 2011) go bhféadfadh sásraí bainistíochta agus dreasacht sócmhainní a bheith ina ngné dá mbainfeadh féichiúnaithe amach torthaí airgeadais ní b'fhearr ná mar a bhí súil leo.

Airíodh le toradh an athbhreithnithe ar phleananna gnó roinnt féichiúnaithe sásraí bainistíochta sócmhainní agus dreasachta nach bhféadfaí a chur i ngníomh ach amháin dá gcomhlíonfaidís spriocanna airgeadais an-uailmhianach a bhí leagtha síos ina leith. I gcásanna áirithe, má bhaineann féichiúnaithe amach na spriocanna uailmhianacha sin, féadfaidh siad cuid d'aon bharrachas a sháirídh na spriocleibhéil a choinneáil. Is chuig GNBS agus, sa deireadh, chuig an gcáiníocóir, a rachaidh an chuid is mó d'aon bharrachas má bhaintear amach na spriocanna airgeadais uailmhianacha.

Mura mbeadh socruithe táille den sórt sin comhaontaithe leis na féichiúnaithe, is mór an séans go mbeadh toradh cuid mhaith ní ba lú faighte i dtéarmaí luach diúscartha na sócmhainní agus sa toradh deiridh a gheobhadh GNBS agus na cáiníocóirí.

Bhí sé ina chuspóir ag na meicníochtaí seo a chinntiú go spreagfaí na féichiúnaithe chun an luach ab fhearr a d'fhéadfaí a fháil ón réiteach agus as réadú a gcuid sócmhainní. Ag an bpointe seo, measann GNBS gur beag féichiúnaí a bhainfidh amach na spriocanna airgeadais uailmhianacha a leagadh síos ina leith. Mar gheall ar an bhfeabhas atá tagtha ar dhálaí sa mhargadh réadmhaoinne ó dheireadh 2013, áfach, bhí íocaíochtaí bainistíochta sócmhainní i gceist i líon beag cásanna. Is iad GNBS agus na cáiníocóirí a bhainfidh an chuid is mó den tairbhe as na torthaí láidre airgeadais ar dócha a mbainfidh na féichiúnaithe sin amach.

- Go dtí seo, rinneadh 456 choinne dhócmhainneachta le 353 nasc féichiúnaí lena gcuimsítear 30% de phunann iasachtaí GNBS de réir luacha (Tábla 1).

TÁBLA 1: Forfheidhmiúcháin amhail deireadh mhí na Nollag 2014

Ceapacháin Dócmhainneachta	Á mBainistiú ag GNBS	Á mBainistiú ag PI/SP	Iomlán
Corparáideach	138	218	356
Muirear Seasta	43	57	100
Iomlán	181	275	456
Líon Nasc Féichiúnaí	108	245	353

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

Gníomhaíocht Margaidh an GNBS

Diúscairt Sócmhainní GNBS


Diúscairtí de réir áite

Is é an straitéis atá ag GNBS i ngach ceann dá príomh-mhargai sócmhainní a chur ar díol ar bhealach céimnithe, ordúil ag teacht leis an leibhéal éilimh, le hinfhaighteacht creidmheasa agus le cumas comhghabhála gach margaidh. Mar a léirítear i bhFíor B, sa tréimhse 2010 go 2013, d'fhág sé sin gur díriodh ar ghníomhaíocht díolacháin sa Bhreatain, go háirithe i Londain, áit a raibh an toradh ó réadmhaoin infheistíochta tráchtála tite faoi bhun 3% i gcásanna áirithe. Le linn na tréimhse sin, tháinig 60% d'fháltais diúscairtí iomlána GNBS ó Londain, agus 13% eile ó shócmhainní sa chuid eile den Bhreatain.


I gcodarsnacht leis sin, ní raibh sócmhainní Éireannacha ina mbun ach le 16% de na fáltais diúscairta iomlána sa tréimhse chéanna. Ba é straitéis GNBS teorainn a chur le díol sócmhainní isteach i margadh ina raibh treocht anuas fós le sonrú sna praghsanna roimh lár 2013. Dhírigh GNBS den chuid ba mhó le linn na tréimhse sin in Éirinn ar a chinntiú go raibh ionaid réadmhaoinne féichiúnaithe á mbainistiú go héifeachtach, go raibh rátaí ligin agus áitíochta chomh hard is a d'fhéadfaidís a bheith, agus gur bailíodh an t-ioncam cíosa ar fad.

De bharr feabhas a bheith ag teacht ar dhálaí i margadh réadmhaoinne na hÉireann, de bharr gur mhian le hinfheisteoirí institiúideacha a riosca um eastát réadach a éagsúla thar limistéir gheografacha níos leithne, agus de bharr feabhas a bheith ag teacht ar an dearcadh i leith na hÉireann, bhí ar chumas GNBS méadú suntasach a dhéanamh ar scála a cuid gníomhaíochtaí diúscairta i margadh na hÉireann in 2014 agus a cuid gníomhaíochta diúscairta foriomlána i gcoitinne. Tá an t-athrú céime sa ghníomhaíocht diúscairta le sonrú i bhfáltais iomlána dhiúscairta GNBS €7.8 billiún in 2014, méadú €4.1 billiún i gcomparáid leis na fáltais iomlána a tuairiscíodh in 2013. As an €7.8 billiún, gineadh 47% nó €3.7 billiún ó dhíol réadmhaoinne agus iasachtaí Éireannacha. I gcomparáid leis sin, b'ionann luach na bhfáltais diúscairta iomlána Éireannach sna ceithre bliana go dtí deireadh 2013 agus díreach os cionn €1.8 billiún.


FIGIÚR B: Diúscairtí de réir áite 2010-2013



FIGIÚR C: Diúscairtí de réir áite 2014




FIGIÚR D: Diúscairtí de réir áite ón tráth bunaithe




Diúscairt de réir earnála

Tá miondealú ar dhiúscairthe (díolachán iasachta agus díolachán sócmhainní san áireamh) de réir earnála do 2014 agus ó thús go deireadh 2014 ar taispeáint i bhFíor E agus F. Tá fianaise ar éagsúlacht phunann GNBS le fáil sa mhiondealú seo - in 2014 bhain breis is 20% de na fáлтаis iomlána diúscairthe le trí earnáil (cónaitheach, oifig agus miondíol) agus bhain níos mó ná 10% de na fáлтаis iomlána le dhá earnáil eile.

FIGIÚR E: Diúscairtí de réir earnála 2014



FIGIÚR F: Diúscairtí de réir earnála ón tús



Athbhreithniú Gnó (ar lean)


Diúscairtí de réir cineál idirbhirt

Ba ghné lárnach d'éileamh an mhargaidh in 2014 an borradh a tháinig faoi spéis na n-infheisteoirí institiúideacha i bpunanna réadmhaoine agus punanna iasachtaí ina raibh roinnt sócmhainní. Bhí sé sin bunaithe den chuid ba mhó ar thionchar an éascaithe airgeadaíochta sna Stáit Aontaithe, ar an leibhéal íseal sna torthaí banna ar fud an domhain agus ar tharraingteacht choibhneasta na dtorthaí i margadh réadmhaoine na hÉireann. Ag teacht leis sin, tá díolacháin ón bpunann réadmhaoine agus ón bpunann iasachtaí tagtha chun cinn mar chuid níos tábhachtaí de dhíolacháin fhoriomlána GNBS, agus is iad is bun le 63% de na diúscairtí in Éirinn in 2014 agus 59% de na diúscairtí iomlána GNBS in 2014. Ón tús go dtí deireadh 2014, bhí diúscairtí ón bpunann réadmhaoine agus ón bpunann iasachtaí ina mbun le beagnach leath de na diúscairtí in Éirinn agus aon trian de na díolacháin thar phunann iomlán GNBS.


Léirítear i rannpháirtíocht GNBS leis an margadh go bhfuil éileamh mór ar dhíolacháin phunainne i gcónaí agus suim mhór iontu, agus tá infheisteoirí nua fós ag teacht isteach sa margadh agus infheisteoirí atá ann cheana féin ag leathnú a nochta. Meastar go n-áiritheofar leis sin go mbeidh praghsanna iomaíocha ar fáil in 2015, agus infheisteoirí thar lear fós ag lorg deiseanna chun sochar a bhaint as ar an téarnamh atá ag teacht chun cinn i margaí réadmhaoine tráchtála na hÉireann tráth a bhfuil go leor aicmí sócmhainní eile ag cailliúint a dtarraingteachta.

Mar a léirítear i Tábla 2, cuid thábhachtach de ghníomhaíocht fhoriomlán dhíolachán GNBS ba ea réadmhaoine aonair a dhíol. Ó bunaíodh í go dtí deireadh 2014, bhí maoirseacht déanta ag GNBS ar bheagnach 7,500 idirbheart aonair diúscairt ina raibh beagnach 31,000 aonad réadmhaoine ar leith i gceist.


FIGIÚR G: Díolacháin de réir cineál idirbhirt 2014



FIGIÚR H: Díolacháin de réir cineál idirbhirt ón tús



FIGIÚR I: Díolacháin i bPoblacht na hÉireann de réir cineál idirbhirt 2014



Tábla 2: Idirbhearta agus diúscairtí aonad réadmhaoine 2010 – 2014

	Idirbhearta	Aonaid Réadmhaoine
2010	391	583
2011	1,167	2,707
2012	1,216	4,373
2013	1,859	5,172
2014	2,820	17,913
	7,453	30,748

FIGIÚR J: Díolachán punainne roghnaithe

Punann Redwood Críochnaithe i Lúnasa 2014

- Punann oifigí Bhaile Átha Cliath ina n-áirítear thart ar 322,000 troigh chearnach
- Thart ar €8.5m d'ioncam cíosa urraithe le háitíocht 93%
- WAULT* os cionn 10.7 bliain
- Tionóntaí ar fáil



Punann Acorn Críochnaithe i Meán Fómhair 2014

- Thart ar 720,000 troigh chearnach de spás miondíola agus 130 tionónta
- Breis is €13.25m sa bhliain i gcíos réamhshonraithe
- Toradh tosaigh thart ar 9.75%
- Níos mó ná 70% d'ioncam punainne ó thionóntaí gráid institiúidigh le WAULT* de bheagnach 11 bhliain



Punann Orange Críochnaithe i nDeireadh Fómhair 2014

- 761 árasán nua-aimseartha agus 34,301 troigh chearnach de chóiríocht tráchtála
- Cíos comhlán réamhshonraithe de thart ar €10.4m sa bhliain
- Ceithre láithreán forbraíochta ina bhfuil thart ar 0.70 heicteár (1.74 acra) san iomlán
- Tá 187 árasán breise agus thart ar 85,863 sq. ft. de spás tráchtála á fhorbairt faoi láthair



Punann Parks Críochnaithe i Samhain 2014

- 773,769 dtroigh chearnacha de spás miondíola
- Meascán de thionóntaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Cíos réamhshonraithe de thart ar €9.5m sa bhliain
- 30 acra talún ar fáil le haghaidh forbartha
- Punann WAULT* de 11.09 bliain



Punann Tara le críochnú i Ráithe 2 2015

- Bailiúchán ina bhfuil thart ar 356,000 troigh chearnach d'fhoirgnimh oifige den scoth i mBaile Átha Cliath
- **4 & 5 Cearnóg na Canálach Móire** – Dhá fhoirgneamh deartha ag Daniel Libeskind
- **1 An Pharáid Mhór** – Foirgneamh oifigí nua-aimseartha, iomráiteach
- **Teach Alexandra** – foirgneamh oifigí scoite 6 urlár ar féidir é a athchóiriú
- **86-88 Sráid Liosain Íochtarach** – foirgneamh oifigí a tógadh sna 1970í i láthair den scoth i mBaile Átha Cliath 2 le cead pleanála chun é a leathnú d'fhonn spás nua-aimseartha ardchaighdeán a chur ar fáil



DÍOLACHÁIN SHUNTASACHA PUNANN RÉADMHAOINE IN 2014

Chun cabhrú móiminteam dearfach a chothú i margadh na hÉireann agus cinnteacht a sholáthar d'infheisteoirí maidir le sreabhadh idirbheart, chuir GNBS in iúl ag tús 2014 go gcuirfeadh sé punanna réadmhaoine ar díol in Éirinn le luach íosta €250m i ngach ráithe. Chiallaigh an téarnamh geilleagrach a tugadh faoi deara ar mhargadh na hÉireann in 2014 gur sáraíodh an t-íosluach €250m i ngach ráithe. Ag teacht leis sin, d'fhaomh GNBS díol roinnt punann réadmhaoine an-substaintiúil le luach margadh comhiomlán os cionn €1 bhilliún in Éirinn in 2014, lena n-áirítear:


Punann	Earnáil
Platinum	Oifigí
An Pháirc Láir	Oifigí/Cónaitheach
Redwood	Oifigí
Acorn	Miondíol
Oráiste	Cónaitheach
Páirceanna	Miondíola

In 2014 thug GNBS punann bhreise ar fiú €500m é chun an mhargaidh, punann a chríochnaíodh in 2015:

Punann	Earnáil
Rockbrook	Cónaitheach
Plum	Cónaitheach
Tara	Oifigí
Harvest	Miondíol

Is le Baile Átha Cliath a bhain níos mó ná 80% de dhíolacháin phunann GNBS in Éirinn ó bunaíodh í go dtí deireadh 2014, ag teacht le suíomh ceannasach na sócmhainní Éireannacha de chuid GNBS agus spéis na n-infheisteoirí faoi láthair.

FIGIÚR K: Díolachán phunann na hÉireann de réir áite ón tráth bunaithe



■ Baile Átha Cliath	84%
■ An chuid eile de Phoblacht na hÉireann	16%


*WAULT - Meán Ualaithe Théarma Léasa Neamhéagtha [Weighted Average Unexpired Lease Term]

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

DÍOLACHÁN SUNTASACH IASACHTAÍ IN 2014

FIGIÚR L: Treocht um dhíolachán carnach iasachtaí ón tús de réir áite

Sna ceithre bliana go dtí deireadh 2013, bhí díolacháin curtha i gcrích ag GNBS i ndáil le hiasachtaí a raibh iarmhéid ainmniúla €3.9 billiún acu. Faoi dheireadh 2014 bhí ardú tagtha ar an bhfigiúr sin go dtí €13.3 billiún, rud a léiríonn an méadú ar spéis na n-infheisteoirí i méideanna idirbhirt níos mó agus aibíocht mhargadh díolachán iasachtaí na hEorpa.



Seo thíos roinnt de na príomhdíolacháin punann iasachtaí a chuir GNBS i gcrích in 2014:

Project Tower

Punann pharfhiachais £1.8 billiún arna hurrú le chóiríocht mac léinn sa Ríocht Aontaithe, réadmhaoin tráchtála agus forbraíochta sa Ríocht Aontaithe, talamh forbraíochta in Éirinn agus réadmhaoin mhiondíola agus chónaithe in Éirinn, a díoladh le cleamhnaí de chuid The Blackstone Group L.P. i R2 2014.

Project Drive

Punann pharfhiachais €226m arna hurrú go príomha le sócmhainní miondíola agus tionscail in Éirinn, a díoladh le Patron Capital i R2 2014.

Project Eagle

Punann pharfhiachais £4.6 billiún, atá comhdhéanta d'iasachtaí a rinneadh le féichiúnaithe i dTuaisceart Éireann arna n-urrú go príomha ag sócmhainní i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain agus sa Phoblacht, agus a díoladh le cleamhnaí de chuid Cerberus Capital Management L.P. i R2 2014.

Project Spring

Punann pharfhiachais €438m arna hurrú go príomha le sócmhainní oifige in Éirinn, a díoladh le Deutsche Bank AG i R3 2014.

Próisis Díolacháin um Punanna Réadmhaoine agus Iasachtaí

Is é beartas GNBS é go gcuirfeadh na féichiúnaithe agus na glacadóirí gach iasacht agus gach ionad réadmhaoine ar an margadh ar bhonn follasach chun a chinntiú go bhfuil an praghas is fearr atá ar fáil ar an margadh á bhaint amach i ngach cás. Tá dea-cháil ar GNBS sa margadh i dtaobh cháilíocht na faisnéise a sholáthraíonn sí mar chuid dá próisis díolacháin um punanna réadmhaoine agus iasachtaí, agus i dtaobh a fhollasaí agus a ghairmiúla ar tugadh idirbhearta den sórt sin chun críche go dtí seo. Tá na próisis díolacháin um punanna réadmhaoine agus iasachtaí araon bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus úsáideann GNBS comhairleoirí a bhfuil taithí acu sa réimse chun a chinntiú go ndéantar idirbhearta de réir na gcaighdeán margaidh is airde agus go gcaitear go cothrom le tairgeoirí trí dhianphróiseas soiléir a leagan amach atá le leanúint maidir le gach díolachán.

Roimh sheoladh díolacháin punainne réadmhaoine nó punainne iasachtaí, tiomsaíonn GNBS na sonraí ábhartha ar fad, lena n-áirítear comhaontuithe iasachta, doiciméid um urrúis agus teideal, téipeanna sonraí, faisnéis faoi léasanna agus sceidil tionóntachta, i seomra sonraí i gcomhar lena comhairleoirí dlí agus a comhairleoirí um díol. Ansin eisítear achoimre ardleibhéil thosaigh ar an bpunann réadmhaoine nó ar an bpunann iasachtaí do cheannaitheoirí féideartha ionas go nginfí an oiread spéise agus is féidir.

Ní mór do gach ceannaitheoir féideartha Comhaontú um Neamhnochtadh (NDA) a shíniú sula dtabharfar rochtain dó nó di ar sheomra sonraí gach punainne nó gach díolacháin iasachtaí. Nuair a bhíonn an NDA sínithe, bíonn na páirtithe leasmhara faoi cheangal dlí gan aon teagmháil eile a dhéanamh ná faisnéis seomra sonraí a chomhroinnt.

Éilítear ar na tairgeoirí tairiscintí neamhchoinníollacha, ceangailteacha a chur isteach, mar aon le cruthúnas i leith cistithe agus conarthaí uasmharcáilte i gcomhair an díolacháin. Déanann GNBS measúnú ar na tairiscintí deiridh le comhairle agus moltaí ó na gníomhairí díolacháin phunann nó na bróicéirí díolacháin iasachtaí, agus cuirtear moladh faoi bhráid an údarais chinnteoireachta chuí i GNBS. Cuirtear an toradh in iúl do na páirtithe, idir iadsan ar éirigh leo agus iadsan nár éirigh, agus cuirtear in iúl freisin don pháirtí ar éirigh leis cén scála ama atá i gceist maidir leis an idirbheart a chur i gcrích.

Ábhar breithnithe tábhacht do GNBS is ea maolú an riosca forghníomhaithe. I gcomhréir le cleachtas caighdeánach an tionscail in aon phróiseas díolacháin um punanna réadmhaoine agus iasachtaí, ní ghlacfaidh GNBS le tairiscintí coinníollacha lena n-áirítear tairiscintí atá ag brath ar chistiú.

Dá nglacadh GNBS leo sin, bheadh sí nochta gan ghá do riosca forghníomhaithe agus dhéanfaí dochar do chreidiúnacht phróiseas díolacháin GNBS, agus, dá bharr sin, dhéanfaí dochar don fhonn a bheadh ar dhaoine tairiscint a chur isteach i leith díolacháin den sórt sin sa todhchaí.

TREOCHTAÍ MARGAIDH

Bhí leibhéil ghníomhaíochta nach bhfacthas roimhe seo le sonrú i margadh eastáit réadaigh tráchtála na hEorpa in 2014 mar a cheap na n-infheisteoirí go fóill go raibh praghas tarraingteach ar na torthaí réadmhaoine i gcomparáid le roghanna infheistíochta eile ar nós bannaí rialtais nó taiscí bainc. Mheall Éire cuid an-suntasach den ghníomhaíocht infheistíochta sin (céatadán measta 28%) i mbliain a bhí gan fasach i margadh na hÉireann. I rith 2014, meastar gur trádáladh sócmhainní Éireannacha a raibh luach de bheis ar €14.5 billiún luaite leo, lena n-áirítear díolachán réadmhaoine infheistíochta luach €4.5 billiún agus díolachán iasachta réadmhaoine Éireannach arbh fhiú luach €10 billiún (luach trádáilte) iad. Chun é seo a chur i gcomhthéacs is fiú a lua go raibh luach de €3.5 billiún luaite leis an mbuaicphointe deiridh maidir le hinfeistíocht i margadh réadmhaoine na hÉireann in 2006.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gurb amhlaidh, ó tharla an tobchliseadh réadmhaoine in 2008-2012, go bhfuil margadh infheistíochta na hÉireann athraithe ó shamhail fhiach-mhaoinithe atá an-ghiaráilte go dtí samhail atá bunaithe ar chothromais. Dá bharr sin, ba chóir go n-éireodh an margadh níos inbhuanaithe agus go gcuirfí é i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i gcoitinne.

De réir mar a lean margadh réadmhaoine na hÉireann ar aghaidh trí thimthriall an téarnaimh in 2014, thóg bunghnéithe feabhsaithe ionad na praghsála mar an rud is mó a mheall infheisteoirí. Go deimhin, bhí neartú na bpraghsanna le sonrú ar fud na margaí príomha go léir de réir mar a mhéadaigh cíosa agus a laghdaigh torthaí. Ina theannta sin, bhí fianaise ann gurb amhlaidh, de réir

mar a bheartaigh infheisteoirí go bhféadfaidís glacadh le leibhéal ní b'airde riosca, gur thosaigh an téarnamh praghsanna ag leathnú amach go mall chuig ionaid réadmhaoine thánaisteacha agus chuig áiteanna réigiúnacha den scoth. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an neamhchothromaíocht idir soláthar agus éileamh atá le sonrú i gcodanna tábhachtacha den mhargadh áititheoirí, go háirithe i dtaobh oifigí agus ionaid réadmhaoine chónaithe den scoth i mBaile Átha Cliath, tháinig an fillleadh ar ghníomhaíocht forbartha chun cinn mar ghné den mhargadh.

Ainneoin gurb é cothromas príobháideach ó na Stáit Aontaithe an phríomhfhoinsé infheistíochta sa mhargadh, ba léir go raibh an líon infheisteoirí á fhorbairt in 2014, tráth ar thosaigh Irish Real Estate Investment Trusts ('REITanna'), institiúidí intíre agus infheisteoirí Eorpacha ag glacadh páirte sa mhargadh, agus ag cur le luach an teannais iomaíocha i dtairiscint díolacháin sócmhainní.

Gné idirdhealaitheach den mhargadh réadmhaoine thar an dá bhliain atá imithe tharainn is ea an nós comhthiomsú a dhéanamh ar shócmhainní, i bhfoirm díolacháin phunann réadmhaoine agus díolacháin iasachtaí, ionas go mbeadh na hidirbhearta ar scála sách mór chun infheisteoirí móra a mhealladh. Léiríonn an taithí gur sásra an-éifeachtach agus an-éifeachtúil é sin do GNBS chun sochar a bhaint as éileamh na n-infheisteoirí.

Tá dinimic sin an mhargaidh ina taca maidir le hindéantacht tráchtála na forbartha nua in Éirinn agus faoi láthair tá cistiú nach beag á sholáthar ag GNBS agus tá soláthar oifigí agus áitreabh chónaithe nua á éascú aici ar bhonn tráchtála in Éirinn. Tá cur síos níos mionsonraithe air sin sa chuid faoi Chistiú Forbartha den tuarascáil seo.

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

MAOINIÚ FORBARTHA

Gné lárnach de chuid phleanáil straitéiseach GNBS, trí thagairt dá sainordú chun an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát ar na hiasachtaí atá ceannaithe aici, is ea aitheantas a thabhairt don riachtanas infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní ionas go mbeidh siad níos tarraingtí ó thaobh na tráchtála do cheannaitheoirí, rud a chuirfeadh leis an luach a gheofaí orthu sa deireadh. Níl ionaid réadmhaoinne faoi úinéireacht GNBS agus ní forbróir í. Is amhlaidh gurb é an sainchúram atá ar GNBS i leith réadmhaoinne ná gur iasachtóir urraithe í, amhail mar a bheadh banc ann. Sa cháil sin, éascaíonn GNBS an fhorbairt trí chistiú a dhéanamh ar thionscadail tógála inmharthana tráchtála agus chónaithe atá faoi rialú a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí, agus, nuair is infheidhme, i gcomhfhiontair le comhpháirtithe inchreidte infheistíochta.

Go dtí seo, tá cistiú dar luach €1.6 billiún faofa ag GNBS ar fud raon tionscadal tógála in Éirinn. Tá €1 billiún de sin tarraingthe anuas cheana féin chun cistiú a dhéanamh ar thionscadail tógála tráchtála agus chónaithe in Éirinn, lena n-áirítear cur i gcrích na dtionscadal reatha agus forbairt tionscadal nua chun freastal ar an nganntanas a d'fhéadfadh a bheith le sonrú in earnálacha áirithe.

Airítear leo sin tionscadail ar scála mór amhail chur i gcrích agus fheistiú (a chosain €65m) an spáis oifige den chéad ghrád i gCearnóg na Canála Móire i nDugthailte Bhaile Átha Cliath; cur i gcrích (a chosain €14m) Bhloc G i Lár na Páirce, Baile na Lobhar, Co. Bhaile Átha Cliath; forbairt ilchineálach ar shuíomh 20 acra in Áth an Ghainimh, deisceart Bhaile Átha Cliath; agus forbairtí suntasacha cónaithe in áiteanna mar Cheantar Theas an Rabhcháin, an Ghráinseach agus Páirc na Meala i ndeisceart Bhaile Átha Cliath; Páirc na Raithní Móire agus Baile an Diosualaigh i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath; Páirc an Chaisleáin i Maigh Nuad, Co. Chill Dara; Cnoc na Foraoise i gCarraig Uí

Leighin, Co. Chorcaí; agus Ros Cam i gCo. na Gaillimhe.

Tá maoiniú GNBS dírithe go háirithe ar dhéileáil le ganntanais reatha agus ionchasacha in earnálacha oifigí agus cónaitheacha Bhaile Átha Cliath agus ganntanais a bheidh i mór-ionaid uirbeacha eile amach anseo. Tá sé tugtha le fios ag GNBS go bhféadfadh sí €3 bhiliún breise i gcistí a thabhairt ar iasacht faoin dá phríomhchlár cistithe sin. É sin ráite, tá GNBS sásta machnamh a dhéanamh ar comhfhiontair agus ar shocruithe comhpháirtíochta a d'fhéadfadh sé a bheith i gceist leo go soláthródh páirtithe eile cuid den riachtanas cistiúcháin sin ar a laghad. Tá GNBS páirteach, mar shampla, mar scairshealbhóir mionlaigh i roinnt Cistí Infheistíochta Malartacha Infheisteora Incháilithe (Qualifying Investor Alternative Investment Funds nó 'QIAIFanna') a bhfuil baint acu le suíomhanna i nDugthailte Bhaile Átha Cliath agus sa Lárcheantar Gnó níos leithne. Chomh maith leis sin, le déanaí fógraíodh rogha tairgeora do léas fada léasachta i bpríomhshuíomh lonnaithe ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh laistigh de Chríos Forbartha Straitéisí ('CFS') na nDugthailte. Tá an acmhainn ag an suíomh níos mó ná 645,000 méadar cearnach spáis oifige den chéad ghrád a chur ar fáil, ina mbeadh áit do suas le 5,500 fostaí, chomh maith le 200 árasán. Táthar ag súil go dtosófar ar an tógáil amach in 2015/go luath in 2016.

CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Cuspóir lárnach de chuid ghníomhaíochtaí forbartha GNBS is ea éascú a dhéanamh ar sholáthar cóiríochta oifige i gceantar CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Ainmníodh na Lotaí Thuaidh agus limistéar Dhuganna na Canála Móire de Dhugthailte Bhaile Átha Cliath mar CFS i mí na Nollag 2012 agus d'fhaomhaigh An Bord Pleanála scéim CFS na nDugthailte i mí na Bealtaine 2014. Faoin bplean CFS, roinntear na Dugthailte ina mbloic um fhorbairt. Tá leas ag GNBS i 15 bhloc forbartha as na 20 bloc forbartha a aithníodh i CFS

Dhugthailte Bhaile Átha Cliath i agus tá straitéisí mionsonraithe forbartha aici i ndáil leis na bloic sin. Tá nochtadh carnach ag GNBS do 16.74 heicteár (41.25 acra) – 75% de na 22 heicteár de thalamh infhorbartha i CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath.

Bunaithe ar a cleachtadh breithmheasa tosaigh, tá sé measta go bhféadfaí suas le 3.8m troigh chearnach de spás tráchtála agus 1,950 árasán a sholáthar dá ndéanfaí forbairt iomlán ar na suíomhanna go léir ina bhfuil leas ag GNBS thar shaolré scéim CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath.

Tar éis faomhadh CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2014, chuir GNBS dlús faoi obair ullmhúcháin a bhí ar bun aici maidir leis na suíomhanna a bhfuil leas aici iontu. Tá sé sin le sonrú sa líon tionscnamh CFS a fógraíodh in 2014 a bhfuil baint dhíreach ag GNBS leo:

- Tá GNBS ag cistiú iarratas pleanála chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le forbairt an tsuimh Boland's Mills is cuid suntais é i nDugthailte Theas Bhaile Átha Cliath. Áirítear san iarratas a chuir glacadóirí an tsuimh isteach forbairt oifigí, forbairt chónaithe, forbairt chultúrtha agus forbairt mhiondíola, ina mbeadh beagnach 400,000 méadar cearnach.
- Is scairshealbhóir mionlaigh í GNBS i gciste – Ciste na Dugaí Theas – a chuir iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le forbairt a dhéanamh ar níos mó ná 450,000 troigh chearnach oifigí agus cóiríochta cónaithe ag 5 Cé Hanover agus 76 Cé Sir John Rogerson sna Dugthailte. Tá pleanáil ceadaithe agus meastar go mbeidh áit sna forbraíochtaí nua do suas le 2,400 fostaí agus 158 n-árasán.

- Is scairshealbhóir í GNBS i gciste eile – An Ciste Forbartha Cathrach – a chuir tús le gairid le tógáil foirgnimh nua, ina mbeidh 50,000 troigh chearnach de spás oifige, ag 6-8 Cé Hanover. Tá an foirgneamh réamhlíghthe go hiomlán leis an gcorparáid Airbnb de chuid na Stát Aontaithe. Nuair a chuirfear i gcrích í, beidh áit san fhorbraíocht oifige nua do 300 ball foirne i gceanncheathrú nua Eorpach Airbnb. Tá airgead tógála á sholáthar ag GNBS don Chiste Forbartha Cathrach agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é tríd is tríd go luath sa bhliain 2016.
- I mí na Nollag 2014, d'fhógair GNBS gurb é Oxley Holdings Limited a rogha tairgeora maidir le suíomh tábhachtach ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh. Faoin idirbheart, fuair Oxley leas léasach fadtéarmach leis an gceart chun an suíomh a fhorbairt, a bhainistiú agus a réadú. Is ag GNBS atá an leas ruilse go fóill agus gheobhaidh sí sruth ioncaim slán chomh maith le céatadán d'aon fháltais díolacháin sa todhchaí.
- Ina theannta sin, chuaigh GNBS i mbun comhfhiontair le Kennedy Wilson i mí na Nollag 2014, faoinar cuireadh suíomhanna comharsanacha ar le GNBS agus Kennedy Wilson iad le chéile agus faoinar cruthaíodh ciste, a raibh struchtúr QIAIF aige, atá údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann. In Aibreán 2015, chuir an ciste, KW Irish Real Estate Fund VIII, iarratas pleanála isteach chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag lorg ceada chun forbairt a dhéanamh ar 313,000 troigh chearnach de spás oifige agus 204 árasán i nDugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá "Capital Dock" tugtha ar an bhforbraíocht agus is ar Ché Sir John Rogerson i mBaile Átha Cliath 2 atá sí.



Cé Hanover, Dugthailte Bhaile Átha Cliath

Chuir Ciste na nDugthailte Theas – ciste ar mion-scairshealbhóir é GNBS ann - iarratas pleanála faoi bhráid Chathair Bhaile Átha Cliath chun breis is 50,000 sq. ft. de chóiríocht oifige agus chónaitheach a fhorbairt ag 5 Cé Hanover agus 76 Cé Sir John Rogerson sna Dugthailte.



76 Cé Sir John Rogerson, Dugthailte Bhaile Átha Cliath



Muileann Boland, Dugthailte Bhaile Átha Cliath

Bhí GNBS páirteach i roinnt tionscnamh a fógraíodh in 2014 maidir le CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an t-iarratas pleanála d'fhorbairt shuíomh Mhuileann Boland sna Dugthailte theas.

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

**Baile an Diosualaigh | Baile Átha Cliath 15**

Tá cistiú faofa ag GNBS don fhorbraíocht ina bhfuil 119 dteach lena n-áirítear athchóiriú Theach Bhaile an Diosualaigh agus a chuid tithe lasmuigh. Cheadaigh GNBS €35m de mhaoiniú don tionscadal.

**Cnoc an Phíobaire | An Nás, Co. Chill Dara**

Tá €8.5m de mhaoiniú forbartha á thabhairt faoi láthair ag GNBS i ndáil le tógáil 26 aonad i gCéim 1, Cnoc an Phíobaire, An Nás, Co. Chill Dara.

**Coill Dubh | Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath**

Tá €18m de mhaoiniú forbartha á thabhairt faoi láthair ag GNBS i ndáil le tógáil 74 teach ag Coill Dubh, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Maoilín | Galway**

Tá forbairt de 73 teach atá á dtógáil i gceithre chéim i Maoilín, Gaillimh, á maoiniú ag GNBS. Tá maoiniú ar fiú €15.8m faofa ag GNBS don tionscadal.

Maoiniú d'fhorbairt chónaitheach i mBaile Átha Cliath

Mar chuid den chion a dhéanann sí maidir le dul i ngleic leis an nganntanas atá ag teacht chun cinn sa soláthar cónaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, bhunaigh GNBS foireann thiomnaithe um Sholáthar Cónaithe in Aibreán 2014. Is é an cúram atá ar an bhfoireann comhordú agus treorú a dhéanamh ar chomhlíonadh ghealltanais GNBS um éascú a dhéanamh ar chur i gcrích 4,500 aonad cónaithe nua sa tréimhse go dtí deireadh 2016 agus chun measúnú a dhéanamh i leith aonaid bhreise a sholáthar ina dhiaidh sin. As an sprioc 4,500 aonad, soláthraíodh 1,362 aonad in 2014, ar fud 23 thionscadal aonair, os coinne sprioc 1,000 go dtí deireadh 2014.

Airítear le tionscadail nua dá bhfuil cistiú GNBS faofa agus atáthar ag súil a gcuirfear tús leo in 2015:

- Cearnóg an Choláiste, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6
- Páirc Ballygossan, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath
- Baile an Diosualaigh, Baile Átha Cliath 15
- Waterside, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath
- Coill Dubh, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath
- Bóthar Anglesea, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
- Bóthar Thormanby, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath
- Bóthar Bhaile Átha Cliath, Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath
- Sruthán na gColl, Ascaill an Gharráin Chnó, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14
- Meadowvale, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin
- Piper's Hill, An Nás, Co. Chill Dara
- Roseberry Hill, An Droichead Nua, Co. Chill Dara
- Heidelberg, Knockrabo, Baile Átha Cliath 14
- Maoilín, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Gaillimh

TÁBLA 3: Samplaí d'aonaid chónaithe maoinithe ag GNBS

Ainm Tionscadail	Údarás Áitiúil	Contae	Líon na n-áiteanna cónaithe arna gcistiú ag GNBS soláthartha in 2014
Béal Maighne, Baile Ghrífin	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	125
Bloc G, An Ghráinseach, Stigh Lorgan	Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Baile Átha Cliath	120
Páirc na Méala, Gleann na gCaorach	Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Baile Átha Cliath	104
Ceantar Theas an Rabhcháin, Áth an Ghainimh	Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Baile Átha Cliath	85
Gleann na Muilleoirí, An Seanbhaile, Sord	Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Átha Cliath	60
Rathborne, Baile an Ásaigh	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	60
Castlepark, Maigh Nuad	Comhairle Contae Chill Dara	Cill Dara	52
Páirc na Raithní Móire, Caisleán Cnucha	Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Átha Cliath	36
Cnoc na Radharc, Fionnghlas	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	35
An Gort Leathan, Ráth Cúil	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Baile Átha Cliath	30
Cluain Ghrífin	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	23
Waterside, Mullach Íde/Sord	Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Átha Cliath	23
Gort an Leamháin, Bóthar Bhaile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18	Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Baile Átha Cliath	21
Cearnóg an Choláiste, Tír an Iúir	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	17

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

Maoiniú d'fhorbairt chónaitheach i Londain

Baineann dhá ghné le straitéis GNBS i Londain, áit a bhfuil éileamh ard ar áiteanna cónaithe agus praghsanna maithe le fáil orthu go fóill ó 2010 i leith. Is iad sin leas a bhaint as deiseanna chun sócmhainní infheistíochta críochnaithe a dhíol ar thorthaí an-láidir, agus cistiú á dhéanamh ag an am céanna ar thógáil áiteanna cónaithe nua ar shuíomhanna neamhfhorbartha in eochair-áiteanna sa chathair. Ag teacht leis an straitéis seo, tá roinnt forbairtí suntasacha cónaitheacha forbartha ag GNBS i Londain. Tá an straitéis seo bunaithe ar thorthaí dearfacha a eascróidh as forbairtí críochnaithe i gcomparáid leis na torthaí a bheadh ar dhíol suíomhanna neamhfhorbartha.



Embassy Gardens | Nine Elms, Londain

Forbraíocht is ea Embassy Gardens ina bhfuil 639 n-aonad cónaithe príobháideacha inacmhainne, chomh maith le spás miondíola agus tráchtála. Tá sí lonnaithe cóngarach do shuímh nua Ambasáid Stáit Aontaithe Mheiriceá ar Nine Elms. Tá tús curtha le haistriú aonad nua. Seachnaíodh rioscaí i dtaobh an mhaoinithe trí gach aonad cónaithe príobháideach inacmhainne a dhíol roimh ré.



London City Island | Londain

Tá GNBS ag cistiú tógáil ceithre fhoirgneamh ina mbeidh 561 aonad cónaithe mar aon le spás urláir nua tráchtála/pobail áit a mbíodh suíomh tionsclaíoch sa cheantar athghiniúna seo, a bhfuil brandáil déanta air anois mar 'City Island'. Seachnaíodh rioscaí i leith na forbraíochta trí dhíolacháin roimh ré. Chistigh GNBS droichead do choisithe freisin chun ceangal a dhéanamh idir an láithreán leithinse uathúil seo agus Stáisiún Iarnróid Canning Town. Tosófar ag tabhairt na n-aonad nua ar láimh in 2016 de réir an sceidil. Tar éis cistiú a dhéanamh ar fhorbairt cónaithe ar na suíomhanna sin, baineadh amach toradh feabhsaithe don cháinióicóir maidir leis na gnéithe iarmharacha trí dhíol na suíomhanna a bhí fágtha faoi struchtúr comhfhiontair.



Lincoln Plaza | Canary Wharf, Londain

Forbraíocht is ea Lincoln Plaza ina bhfuil 654 aonad ar an Isle of Dogs, cóngarach do Canary Wharf. Sé fhoirgneamh atá san fhorbraíocht, lena n-áirítear aonaid chónaithe agus óstán. Cuireadh tús leis an tógáil i mí Mheán Fómhair 2012, agus tabharfar na haonaid deiridh ar láimh do chónaitheoirí go luath in 2016. Comhaontaíodh struchtúr cistiúcháin faoina mbeadh sciar GNBS teoranta do 65% den chostas tógála. Seachnaíodh rioscaí i leith an mhaoinithe a thuilleadh fós tríd an óstán agus gach aonad cónaithe príobháideach, inacmhainne a dhíol roimh ré.

Rannpháirtíocht Shóisialta agus Gheilleagrach

I gcomhthéacs an tsainordaithe atá ag GNBS, ar ceann tráchtála é thar aon ní eile, tá sé ina chuspóir ag GNBS a punann in Éirinn a bhainistiú ar bhealach a chomhlánaíonn na cuspóirí atá ag comhlachtaí poiblí eile, lena n-áirítear ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus úaráis áitiúla. Bealach amháin ina dtugann GNBS feidhm phraiticiúil den mhéid sin is ea an chéad rogha a thabhairt do chomhlachtaí poiblí i leith réadmhaoine lena n-urraítear iasachtaí GNBS a cheannach ag luachanna bunaithe luachálacha an mhargaidh. Ag teacht leis sin, d'éascaigh GNBS díol talún agus réadmhaoine i gcomhair réimse úsáidí poiblí lena n-áirítear scoileanna agus áiseanna cúraim sláinte.

Cuid thábhachtach eile den obair a dhéanann GNBS is ea éascú a dhéanamh ar idirbhearta tábhachtacha i margadh réadmhaoine na hÉireann a d'fhéadfadh nach gcuirfí i gcrích iad murach í. Sampla maith de sin is ea an obair leanúnach a dhéanann GNBS i dtaobh áitribh oiriúnacha a shainaithint do chuideachtaí ar mian leo oibríochtaí gnó a bhunú in Éirinn nó oibríochtaí gnó atá acu sa tír seo cheana féin a leathnú, agus éascú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht idir na cuideachtaí sin agus féichiúnaithe agus glacadóirí de chuid GNBS. Tá an obair a dhéanann GNBS sa réimse sin ailínithe go dlúth leis an obair a dhéanann GFT Éireann agus gníomhaireachtaí eile Stáit a bhfuil an bhunfhreagracht orthu i leith Infheistíocht Dhíreach Choigríche agus fostaíocht a mhealladh go hÉirinn agus a leathnú sa tír seo.

Bhí roinnt idirbheart réadmhaoine an-suntasach in Éirinn ina dtoradh air sin, le cuideachtaí amhail Google, Facebook, Eli Lilly, Kerry Group, Novartis, LinkedIn, Amazon, BskyB, Adroll, agus Scottish and Southern Energy. Áirítear i measc samplaí a leithéid d'idirbhearta in 2014 spás oifige 250,000 sq. ft. Grád A ag 4 agus 5 Cearnóg na Canálach Móire a ligean

ar cíos le Facebook dá cheanncheathrú EMEA, suíomh forbartha oifige i mBaile Átha Cliath 2 a dhíol le LinkedIn, agus socrú léasa 10 mbliana le Yahoo i ndáil le spás oifige breis is 71,000 sq. ft. ag Sráidbhaile an Iosta.

Ina theannta sin, tá GNBS ag obair le húdarais áitiúla agus le comhlachtaí poiblí eile sa chóras pleanála chun tacú le baint amach príomhchuspóirí beartais lena n-áirítear, mar shampla, réiteach ar fhadhb na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe.

Tithíocht Shóisialta

Tá GNBS fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun an stoc cónaithe atá i seilbh a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí a mheaitseáil leis na riachtanais atá ag údarais áitiúla i dtaobh tithíocht shóisialta. Faoi dheireadh 2014, tá os cionn 5,750 ionad réadmhaoine cónaithe aitheanta ag GNBS mar chinn atá feiliúnach agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta. Astu seo, thug údarais áitiúla le fios éileamh a bheith ar bhreis is 2,200 réadmhaoine chónaitheach.

Is ar na húdarais áitiúla agus ar an nGníomhaireacht Tithíochta atá an dualgas maidir le hoiriúnacht na n-aonad sin mar aonaid do thithíocht shóisialta a chinneadh. Ábhar breithnithe tábhachtach d'údarais áitiúla agus measúnú á dhéanamh acu ar oiriúnacht na dtithe agus na n-árasán arna sainaithint is ea an riachtanas meascán cuí de thionachtaí tithíochta a chur ar fáil agus deighilt mhíchúil i dtaobh tithíochta a sheachaint laistigh d'fhorbraíochtaí aonair agus de cheantair chónaithe níos leithne.

Chomh luath is a dheimhnítear go bhfuil ionad réadmhaoine oiriúnach, éascaíonn GNBS teagmháil agus caibidlíocht idir a féichiúnaí nó a glacadóir agus údarás áitiúil nó

Comhlacht Tithíochta Ceadaithe chun an mhaoine a cheannach. Is i bhfoirm léis nó ceannacháin a bhíonn na socrúithe conarthacha. Ina theannta sin, mar bhealach le dlús a chur faoi sholáthar tithíochta sóisialta, bhunaigh GNBS aonán sainchuspóireach National Asset Residential Property Services Limited (NARPSL) chun aonaid a cheannach óna cuid féichiúnaithe agus glacadóirí agus iad a chur ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar léas fadtréimhseach. D'éascaigh rannpháirtíocht GNBS ceann de na léithdháiltí aonair is mó, b'fhéidir, de thithíocht shóisialta ó bunaíodh an Stát.


Faoi dheireadh na bliana 2014, bhí 1,068 aonad cónaithe curtha ar fáil faoin tionscnamh sin. Bhí 65 idirbheart ar leith ar fud 15 chontae i gceist i soláthar na n-aonad sin.

As an 472 ionad réadmhaoine a cuireadh ar fáil le linn 2014, is i mBaile Átha Cliath a bhí beagnach 60% díobh. Díol suntais is ea in 2014 gur seachadadh 53% den réadmhaoine trí NARPSL, fianaise ar an tábhacht a bhaineann le ról na meicníochta seo. Ní dócha go mbeadh na haonaid sin seachadta murach go raibh an maoiniú caipitil ar fáil. Go dtí seo, tá €29m caite ag NARPSL ar 252 aonad a fháil do thithíocht shóisialta. Faoin tionscnamh sin, ginfear sruth ioncaim cíosa amach anseo le haghaidh GNBS.

Tá caiteachas caipitiúil os cionn €20m tabhaithe go dtí seo i ndáil le hionaid réadmhaoine cónaithe a chur i gcrích lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta. I measc na n-oibreacha a chistigh GNBS tá críochnú foirgneamh agus cur ceart lochtanna tógála, amhail neamh-chomhlíonadh caighdeán rialála, rud is gné shuntasach de go leor de na forbraíochtaí cónaithe a tháinig faoi phunann GNBS tar éis di na hiasachtaí a bhaineann leo a thógáil ar láimh.

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

FIGIÚR M: Aonaid aitheanta ag GNBS do thithíocht shóisialta ag deireadh 2014



Airítear le samplaí d'ionaid réadmhaoin a soláthraíodh le haghaidh tithíocht shóisialta in 2014 trí aonán sainchuspóireach GNBS um thithíocht shóisialta, NARPSL, iad seo a leanas:

**Ardmore** | Baile an Bhiataigh, Co. na Mí

Léas fadtéarmach 11 teach agus árasán le North and East Housing Association, **Críochnaithe agus sealbhaithe i mBealtaine 2014**

**Woodfield House** | An Bhlárna, Co. Chorcaí

Léas fadtéarmach 12 árasán le Túath Housing, **Críochnaithe agus sealbhaithe i Meán Fómhair 2014**

**The Tannery** | Droichead na Bandan, Co. Chorcaí

Léas fadtéarmach 24 teach le National Association of Building Co-operatives (NABCO), **24 aonad críochnaithe agus sealbhaithe i nDeireadh Fómhair 2014**

**Rathborne** | Baile Pheiléid, Baile Átha Cliath 15

60 árasán ar léas fadtéarmach le Comhlachas Tithíochta Deonái Circle. **60 aonad críochnaithe agus sealbhaithe i mí na Nollag 2014/Ráithe 1 2015**

Seachadadh Tithíocht Shóisialta i Ráithe 4 2014

Sceideal iomlán na n-ionad réadmhaoin a sholáthair GNBS le haghaidh tithíocht shóisialta trí Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe nó údarás áitiúil go dtí deireadh 2014.

Circle Voluntary Housing Association	31	43
Clannmil Ireland	-	8
Clúid Housing Association	191	76
Dublin Simon Community	8	20
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	8	-
Focus Ireland	12	-
Comhairle Contae Fhine Gall	16	9
HAIL	8	19
Túath Housing	88	-

Brothers of Charity	3	-
Clúid Housing Association/Túath Housing	26	20
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	22	-
Túath Housing	12	-

Louth County Council	12
Túath Housing	15

North and East Housing Association	11
------------------------------------	----

Túath Housing	20
---------------	----

Oaklee Housing Association	29
----------------------------	----

Clúid Housing Association	35
Comhairle Chontae Chill Dara	8
Túath Housing	50

Banner Housing Association	7
----------------------------	---

Brothers of Charity	7
Focus Ireland	4
Clúid Housing Association	5

Respond! Housing Association	55
------------------------------	----

Comhairle Chontae Chill Chainnigh	5
-----------------------------------	---

Comhairle Chontae Loch Garman	2	-
Clúid Housing Association	8	20

Clúid Housing Association	15
---------------------------	----

NABCO	8
-------	---

Clúid Housing Association	24
Túath Housing	18
NABCO	37
Comhairle Chontae Chorcaigh	53

CRÍOCHNAITHE
AR CONRADH

de réir an idirbhirt aonair

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

Staidéar ESRI

Tá GNBS in éineacht le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann ag comhchistiú clár taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ar mhargadh réadmhaoin cónaithe na hÉireann. Is é cuspóir an chlár, taighde margaidh praiticiúil agus léargais a thabhairt, rud a éascóidh cinnteoireacht eolasach ag lucht déanta beartas agus rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear ceannaitheoirí ionchasacha, infheisteoirí agus tionscal na tógála.

Bhí an chéad chéim den taighde in 2014 dírithe ar an éileamh ar thithíocht agus tugadh tuarascálacha ar an athrú deimeagrafach, foirmiú an teaghlaigh agus riachtanas tithíochta, agus an ról atá ag creidmheas sa mhargadh tithíochta. D'fhoilsigh an ESRI roinnt páipéar ag éirí as an taighde a rinneadh go dtí seo. Is iad seo *Alternative Scenarios for New Household Formation in Ireland* (a foilsíodh in Aibreán 2014), *Household Formation and Tenure Choice* (in Iúil 2014), *Projected Population Change and Housing Demand: A County Level Analysis* (i Lúnasa 2014) agus *The Role of Credit in the Housing Market* (mí na Nollag 2014) - agus tá siad ar fad ar fáil ag www.esri.ie.


I mí Mheán Fómhair 2014, thionóil GNBS Comhdháil Naisiúnta um Sholáthar Tithíochta chun an lucht déanta beartas ón Rialtas náisiúnta agus áitiúil agus páirtithe leasmhara eile a thabhairt le chéile chun ceisteanna maidir le soláthar sa mhargadh tithíochta a phlé. Thug torthaí taighde an ESRI treoir don chomhdháil agus don phlé a rinneadh ann.

Beidh an chéad chéim eile de thaighde an ESRI dírithe ar an soláthar tithíochta chun freastal ar an éileamh atá ann, agus táthar ag súil le céadtorthaí an taighde sin i lár 201.

Réiteach i leith eastáit tithíochta neamhchríochnaithe

Tugann GNBS iasachtaí i bhfoirm cistithe ar oibreacha um réiteach suímh ar eastáit tithíochta neamhchríochnaithe ina bhfuil leas aici mar iasachtóir urraithe. D'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i gcomhar le húdaráis áitiúla ar fud na tíre, suirbhé nuashonraithe ar fhorbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe in 2014. Ar bhonn an tsuirbhé sin, tá urrús ag GNBS i leith 229 nó 23% den líon measta athbhreithnithe de 992 eastát tithíochta neamhchríochnaithe sa tír. Léirítear leis sin laghdú suntasach ar líon na n-eastát tithíochta neamhchríochnaithe i bpunann fhoriomlán GNBS i rith 2014 agus léirítear leis freisin tionchar an chistithe d'fhéichiúnaithe agus glacadóirí chun tabhairt faoi oibreacha feabhais ag teacht le Pleananna Réitigh Suímh arna gcomhaontú le húdaráis áitiúla. Tá iasachtaí ar fiú níos mó ná €5m iad tugtha ag GNBS le haghaidh oibreacha den sórt sin go dtí seo, lena n-áirítear bóithre agus cosáin inmheánacha a chríochnú agus na haonaid tithíochta atá fágtha a chríochnú ar chaighdeán indíolta.

Laghdú ar an líon eastát neamhchríochnaithe laistigh de phunann GNBS



Athbhreithniú Airgeadais



ACHOIMRE AR BHUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS 2014

Buaicphointí Airgeadais	2014 €m	2013 €m	Ón tráth bunaithe €m
Giniúint Airgid Thirim			
Airgead iomlán ginte	8,562	4,480	23,646
Fáltais diúscartha	7,757	3,672	18,627
Ioncam neamh-diúscartha	809	792	4,416

Aisiocaíochtaí Bannaí Sinsearacha			
Bannaí sinsearacha fuascailte	9,100	2,750	16,600

Brabúsacht			
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú	648	1,198	
Muirear bearnaithe	(137)	(914)	
Brabús don bhliain	458	213	

Punann lasachtaí			
lasachtaí agus infháltais iomlána (tar éis bearnúcháin)	13,360	19,598*	

*Níl Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta ('RSNT') san áireamh

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)


Giniúint Airgid

Is ionann giniúint airgid thirim agus beart tábhachtach i gcomhthéacs a chinntiú go bhfuil an dul chun cinn atá á dhéanamh ag GNBS ag tacú lena cuspóirí sonraithe a chomhlíonadh. I rith 2014, ghin Grúpa GNBS (níl RSNT san áireamh) €8.6 billiún (2013: €4.5 billiún) in airgead, rud a chiallaíonn go bhfuil an t-airgead iomlán ginte ón tráth tionscanta go dtí deireadh 2014 cothrom le €23.7 billiún.

Déantar airgead tirim a ghiniúint go príomha trí mheán fáltas diúscartha agus ioncaim neamh-diúscartha. Tá fáltas ó chomhthaobhacht réadmhaoine agus díolachán iasachtaí araon san áireamh sna fáltas diúscartha. Is ionann ioncam neamh-diúscartha agus ioncam arna ghiniúint ó shócmhainní féichiúnaithe, ioncam ó chíos go príomha.

Úsáidtear an t-airgead iomlán ginte chun Bannaí Sinsearach GNBS a aisíoc agus chun costais riaracháin, seirbhísíú fiachais agus réamhíocaíochtaí le féichiúnaithe GNBS a chistiú.

FIGIÚR N: Giniúint Airgid GNBS ó thráth a bunaithe (seachas RSNT)



Léiríonn giniúint suntasach sreabhaidh airgid GNBS, ó thráth a tionscanta agus in 2014, bainistiú gníomhach leanúnach na Gníomhaireachta ar a punann iasachtaí, lena n-áirítear:

- Géarú suntasach ar ghníomhaíochtaí diúscartha mar fhreagra ar an mórathrú chun feabhais ar mhargadh réadmhaoine na hÉireann.
- Dianbhainistíocht leanúnach a fhéichiúnaithe agus glacadóirí d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le clocha míle socraithe ag GNBS, clocha míle maidir le diúscairt réadmhaoine san áireamh.
- Dianbhainistíocht sócmhainní chun luach incriminteach a dhíorthú roimh dhiúscairt.
- Rannpháirtíocht réamhghníomhach le hinfeisteoirí agus ceannaitheoirí poitéinsíúla iasachtaí GNBS chun an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as fáltas díolacháin ó dhíolachán sócmhainní iasachta nó punainne.

TÁBLA 4: Achoimre ar shreabhadh airgid GNBS ón tráth bunaithe:

Giniúint sreabhaidh airgid	2014 €m	2013 €m	Ón tráth bunaithe €m
Iarmhéid tosaigh airgid	4,400	3,644	-
Insreafaí			
Fáltais diúscartha	7,757	3,672	18,627
Ioncam neamh-diúscartha	809	792	4,416
Aisíocaíochtaí ó Chomhleachtóirí Speisialta – RSNT	11,788	1,414	13,202
Eile	(3)	16	604
Airgead iomlán ginte	20,351	5,894	36,849
Eis-sreafaí			
Airgeadra eachtrach agus seirbhísiú fiachais	(798)	(579)	(2,497)
Réamhíocaíochtaí le hiasachtaithe	(892)	(665)	(2,417)
Costais oibriúcháin agus eile	(184)	(144)	(558)
Eis-sreafaí iomlána oibríochtúla	(1,874)	(1,388)	(5,472)
Glan-airgead ginte	18,477	4,506	31,377
Laghdú fiachais			
Fuascailt bannaí Sinsearaigh - GNBS	(9,100)	(2,750)	(16,600)
Fuascailt bannaí Sinsearaigh - RSNT	(11,928)	(1,000)	(12,928)
Airgead dúnta, coibhéisí airgid agus sócmhainní leachtacha	1,849	4,400	1,849

Fáltais Diúscartha

Ceann de phríomhghníomhaíochtaí an GNBS é tionscnamh agus bainistíocht idirbheart réadmhaoine agus diúscairt iasachtaí. Bhí na fáltais diúscartha i rith 2014 cothrom le €7.8 billiún (2013: €3.7 billiún), lena n-áirítear diúscairtí comhthaobhachta réadmhaoine de €3.8 billiún (2013: €3.2 billiún), idirbhearta díolachán iasachtaí de €3.4 billiún (2013: €0.3 billiún) agus idirbheartas diúscartha eile (lena n-áirítear díol sócmhainní neamh-fiachbháite, sócmhainní neamh-eastát réadaigh agus fuascailtí iasachta) de €0.6m (2013: €0.2m). Fáltais diúscartha iomlána ón tráth bunaithe go dtí deireadh 2014 de €18.6 billion.

I rith 2014, rinneadh breis is 2,798 n-idirbheart diúscartha réadmhaoine (2013: 1,840) agus 22 idirbheart díolachán iasachtaí (2013: 19. Ó thráth a bunaithe go dtí seo, cuireadh breis is 7,500 idirbheart diúscartha réadmhaoine agus 60 díolachán iasachtaí i gcrích.

Tháinig méadú an-mhór ar líon na n-idirbheart díolacháin iasachtaí le linn 2014 - tá na hidirbhearta is mó liostaithe ar leathanach 18 thuas.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Ioncam neamh-diúscartha

San áireamh san airgead tirim arna ghiniúint le linn 2014 bhí ioncam neamh-diúscartha athfhillteach de chuid €809m (2013: €792m).

Ceann de phríomhchuspóirí GNBS é sócmhainní a bhainistiú chun críche seirbhísiú fiachais, a bpoitéinseal táirgthe ioncaim trí ghiniúint agus bailiú ioncam ó chíos agus ioncam eile a bharrfheabhsú agus a ghabháil. Ní raibh gabháil agus bailiú a leithéid sin d'ioncam forleathan sular ghnóthaigh an GNBS na hiasachtaí; go deimhin, tá an chuma ar an scéal go raibh sileadh suntasach cistí i gceist. Trí straitéisí agus struchtúir oibriúcháin a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go raibh an t-ioncam seo á ghabháil, ghin GNBS ioncam suntasach incriminteach neamh-indiúscartha óna punann.

Anuas air sin, dlúthchuid de ghníomhaíocht laethúil bainistíochta sócmhainní GNBS é a chinntiú go mbíonn spás folamh ar fáil le ligean ar cíós, go bhfeabhsaítear téarmaí léasa agus, dá réir sin, go ndéantar an méid ioncaim ó chíos agus is féidir. Bhí ról lárnach ag na tionscnaimh seo in ioncam neamhdiúscartha a ghiniúint, ioncam a bhí cothrom le €4.4 billiún ón tráth bunaithe go dtí deireadh mhí Mhárta 2015.

Brabúsacht

TÁBLA 5: Ráiteas ioncaim - Grúpa GNBS

	2014 €m	2013 €m
Ioncam úis agus táille	955	1,335
Costas úis	(313)	(375)
Glanioncam úis	642	960
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine; agus ioncam barrachais	285	505
Caillteanas malairte eachtraí	(22)	(89)
Caillteanas díorthach	(159)	(54)
Riarachán agus ioncam eile / (costais)	(98)	(124)
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú	648	1,198
Muirear bearnaithe	(137)	(914)
Brabús don bhliain roimh cánachas	511	284
Muirear cánach	(53)	(71)
Brabús don bhliain	458	213

In 2014 thaifead GNBS brabús oibriúcháin de chuid €648m roimh bhearnú (2013: €1,198m). Bhí an toradh foriomlán i ndiaidh cánach cothrom le brabús €458m do 2014 (2013: €213m). Thuairiscigh GNBS an ceathrú bliain as a chéile dó i mbrabús. Tá an muirear bearnúcháin de €137m a tugadh faoi deara in 2014 laghdaithe go suntasach ón muirear bearnúcháin de €914m a taifeadadh in 2013.

Glanioncam Úis

TÁBLA 6: Glanchorrlach úis - Grúpa GNBS

	2014 €m	2013 €m
Ioncam úis agus táille	955	1,133
Costas úis	(313)	(341)
Glanioncam úis	642	792
Airgead ginte ó ioncam neamh-diúscartha	809	792
Iasachtaí agus infháltais GNBS (glan ó bhearnú)	16,479	21,187
Glanchorrlach úis	3.9%	3.7%

D'eascair an laghdú sa ghlan-ioncam úis ó €792m in 2013 go €642m in 2014 as laghdú ar iarmhéideanna iasachtaí agus infháltas. Is ag ráta seasta úis a aithnítear ioncam úis, ráta a bunaíodh trí thagairt do mheastachán de sreafaí airgid curtha i gcrích mar chuid de dhícheall cuí i ndáil lena punann bhunaídh iasachtaí. Ní aithnítear ioncam úis ar aon chuid bearnaithe d'iasacht. Tháinig méadú in 2014 ar chostas fiachais a sheirbhísiú, lena n-áirítear costas na ndíorthach fálaíthe atá ann agus an t-ús a íocadh ar urrúis Bannaí Sinsearacha, de bharr an tionchar a d'imir an gearú ar fhuascailtí Bannaí Sinsearacha agus an méadú gaolmhar ar chostas úis na bhfálta atá ann i gcoinne na mBannaí Sinsearacha. In 2014 bhí na meánchostais seirbhísiú fiachais cothrom le 1.54% (2013: 1.3%).

TÁBLA 7: Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine; agus ioncam farasbairr

	2014 €m	2013 €m	Ón tráth bunaithe €m
Ioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachtaí sa bhreis ar fhiachas	572	531	1,748
Glan (caillteanas) / brabús ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine	(287)	(26)	(227)
Brabús glan iomlán:	285	505	1,521

Bhí an glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine; agus ioncam barrachais cothrom le €287m in 2014 (2013: €505m), caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine de €289m (2013: caillteanas de €26m) a bhí fritháirithe ag ioncam barrachais de €572m (2013: €531m).

Fuair GNBS iasachtaí ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha ag lascaine shuntasach i gcomparáid le parluach. Is é an luach fála lascanaithe an méid a d'aithin GNBS ar a chlár comhardaithe. Tá sé fós riachtanach d'fhéichiúnaithe parluach na hiasachta a aisíoc, a d'eascair as na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá an poitéinseal ag GNBS mar sin airgead farasbairr a ghiniúint má sháraíonn aisíocaíochtaí féichiúnaí praghas fála GNBS. Áit a dtarlaíonn sé sin tugtar aon airgead farasbairr a gineadh go díreach go dtí an ráiteas ioncaim mar bhrabús (nó ioncam farasbairr). Mar chuid dá bheart bearnúcháin, is é meastachán GNBS go nginfear na sreafaí airgid, a bhfuil coinne leo sa todhchaí, as gach nasc féichiúnaí. Nuair a bhíonn glanluach láithreach na sreafaí airgid is dóigh a bheidh ann sa todhchaí níos lú ná an fiachas iomlán sa nasc féichiúnaí, cláraítear fáil bearnúcháin. Nuair a bhíonn glanluach láithreach na sreafaí airgid is dóigh a bheidh ann sa todhchaí níos mó ná an fiachas iomlán i nasc féichiúnaí, is féidir i gcúinsí teoranta nuair a chomhlíontar coinníollacha diana struis, aithnítear an t-airgead farasbairr mar bhrabús (nó ioncam farasbairr) sa tréimhse tuairiscithe reatha. I ndiaidh thorthaí chleachtas bearnúcháin 2014 a chur san áireamh, sáraíonn glanluach reatha na sreafaí airgid iomlána ionchais an nasc iomlán féichiúnaí a bhfuil luach anonn de bhreis is €1.9 billiún luaite leis, agus a ndearnadh €330m dó a aithint in 2014. Aithneofar an méid fanta de thart ar €1.6 billiún, má choimeádtar é, mar bhrabús (nó ioncam barrachais) thar shaolré fanta GNBS.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

TÁBLA 8: Achoimre ar bhrabús/caillteanas foriomlán GNBS a aithníodh ar na hidirbhearta a bhaineann le diúscairt bunchomhthaobhachta agus iasachtaí

	2014			2013			Tráth bunaithe go dtí deireadh 2014		
Grúpa	Diúscairtí bunchomh-thaobhachta €m	Diúscairtí iasachtaí €m	Iomlán €m	Diúscairtí bunchomh-thaobhachta €m	Diúscairtí iasachtaí €m	Iomlán €m	Diúscairtí bunchomh-thaobhachta €m	Diúscairtí iasachtaí €m	Iomlán €m
Fáltais diúscairta	5,138	3,424	8,562	4,186	294	4,480	18,537	5,109	23,646
Brabús / (caillteanas) a aithníodh sa ráiteas ioncaim	572	(290)	283	531	(29)	502	1,748	(226)	1,522
Criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana	(1)	(609)	(610)	(30)	(23)	(53)	(31)	(632)	(663)
Brabús iomlán / (caillteanas)	571	(899)	(327)	501	(52)	449	1,717	(858)	859

Ón tráth bunaithe go dtí deireadh 2014, ghin GNBS brabúis de €0.9 billiún ó dhiúscairt iasachtaí agus comhthaobhacht a bheith ina seilbh mar urrús ar na hiasachtaí faighte.

Seasann criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana don mhéid a aithníodh cheana den soláthar bearnúcháin atá curtha i leith diúscairt bunchomhthaobhachta agus iasachtaí. Ní sheasann sé do mhúirear ráiteas ioncaim i dtréimhse an chriostalaithe. Ina áit sin, tharla aitheantas an ráitis ioncaim nuair a taifeadadh an soláthar bearnúcháin cheana. In éineacht leis an 'Brabús / (caillteanas) a aithníodh sa ráiteas ioncaim', tugann sé brabús / (caillteanas) foriomlán maidir le diúscairt bhunchomhthaobhachta agus iasachtaí don tréimhse.

Díorthaigh

Tá GNBS, mar chuid dá bainistiú ar riosca ráta úis, tar éis dul isteach i ndíorthaigh chun a neamhchosaint ar ionstraim airgeadais díorthach iasachtaí a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha a fháil. Níl aon bhaint ag an GNBS le seasaimh díorthacha amhantracha ar rátaí úis. Is ionann an caillteanas díorthach de €159m a taifeadadh in 2014 (2013: €54m) agus fianaise ar ghluaiseachtaí margaidh i ndáil le díorthaigh ráta úis íoctha i rith na bliana agus foirceannadh táillí íoctha. I rith na bliana, d'aithin GNBS táillí foirceanta de €147.7m (RSNT €32.7m san áireamh) i gcomhthéacs luath-foirceannadh babhtálacha ráta úis áirithe. D'eascair na costais sin mar chostas úis sa todhchaí, ach, toisc foirceannadh luath na mbabhtálacha, tá an caillteanas luathaithe á aithint sa tréimhse reatha. Bhí na babhtálacha ann, chun riosca ráta úis GNBS ag eascairt as na bannaí sinsearach a eisiúint a fháil. Bhí na babhtálacha sin incháilithe le haghaidh cuntasáiocht fálaithe agus aithníodh gnóthachain / caillteanais roimhe sin sa chúlchiste um fhálú ar shreafaí airgid.

I ndiaidh athbhreithniú ar a straitéis go luath in 2014, rinne an bord athmheas ar a spriocanna maidir le fuascailt a Bhannaí Sinsearach agus é mar aidhm aige íosmhéid de 80% dá Bhannaí Sinsearach a fhuascailt faoi dheireadh-2016. Tar éis don bhord é a cheadú, ailíníodh fálú ráta úis leis an straitéis athbhreithnithe agus dá bharr sin bhí gá le deireadh a chur le babhtálacha rátaí úis le príomhshuim ainmniúil de €5.43 billiún.

Ar fháil an ghníomhais saoráide iasachta agus an mhuirir chomhlúthaigh ón CÉRB, rinne RSNT babhtálacha rátaí úis de €1.9 billiún chun a neamhchosaint ar riosca ráta úis a fháil ó Bhannaí Sinsearach an ráta chomhlúthaigh a eisíodh chun an gníomhas saoráide iasachta agus an muirear comhlúthach a fháil. Os rud é gur aisíocadh na Bannaí Sinsearach, ní ann don earra fálaithe a thuilleadh agus dá bhrí sin rinneadh na babhtálacha ráta úis a fhoirceannadh i gcaitheamh na bliana. Íocadh táille foirceanta €32.7m in 2014. Aithníodh é seo sa ráiteas ioncaim mar chaillteanais luacha chóir ar na díorthaigh eile.

Ag an dáta tuairiscithe, bhí babhtálacha iarmharacha ráta úis le príomhshuim ainmniúil de €12.75 billiún ag GNBS chun a nochtadh ar riosca ráta úis ag eascairt as na Bannaí Sinsearach a gceist a imfháil (2013: €23 billiún).

Bhí an glan-ioncam úis díorthaigh cothrom le €19m in 2014 (2013: €34m) i ndáil le díorthaigh nach bhfuil ainmnithe i gcaidrimh fálaithe. Tháinig laghdú ar ioncam úis ó dhíorthaigh faighte ag an iasachtaí i rith 2014 toisc go raibh díorthaigh á ndíol nó á bhfoirceannadh i gcomhréir le diúscairt na n-iasachtaí chomhlachaithe.

Costais riaracháin

Bhí costais riaracháin cothrom le €135m go dtí deireadh 2014. Is ionann costais oibriúcháin GNBS ó tráth a bunaithe, €615m, agus thart ar 2.5% de ghiniúint airgid thirim, figiúr atá ag teacht leis na figiúirí atá luaite le hinstiúidí idirnáisiúnta inchomparáide. Tá miondealú de chostais riaracháin don tréimhse le fáil thíos.

TÁBLA 9: Costais oibriúcháin agus costais eile

	2014 €m	2013 €m	Tráth bunaithe go dtí deireadh 2014
GBCN mar sholáthraí seirbhíse	54	41	175
Táillí Príomh- agus Máistir-Sheirbhíseora	53	58	246
Táillí dlí	9	3	32
Comhtháthú IBRC	7	7	14
Táillí bainistíochta punainne	4	6	36
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	4	3	18
Costais um dhícheall cuí	-	-	78
Costais oibríochta eile	4	6	16
Costais iomlána Oibriúcháin agus costais eile	135	124	615

Bhí an costas aonair ba mhó cothrom le €54m (2013: €41m), iníoctha le GBCN mar sholáthraí seirbhíse. Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag GBCN a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a chúiteamh le GBCN. Áirítear sna costais seo costais foirne de €41m (2013: €31m) agus forchostais agus costais roinnte seirbhíse de €13m (2013: €10m). Ba é an méadú ar líon na ndaoine i gcaitheamh na bliana ba chúis leis an méadú ar chostais foirne tar éis do GNBS an luas díghiarála a ghéarú agus foirne seachadta ar leith don réimse chónaithe agus do Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) a chruthú.

Tháinig laghdú ar chostais Phríomhsheirbhíseora agus Máistirsheirbhíseora i rith na bliana i gcomhréir le hiarmhéid na n-iasachtaí a laghdú.

Baineann táillí dlí le táillí tabhaithe i mbainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe. Tháinig méadú suntasach in 2014 ar líon (34%) agus ar choimpléascacht na n-idirbheart agus méadú ar na táillí dlí a gearradh dá réir.

Tá dianphróisis rialaithe costais agus buiséadaithe á gcur i bhfeidhm ag GNBS. Ullmhaítear buiséad bliantúil agus déantar costais iarbhír ar an mbuiséad a mheas gach ráithe agus déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Bord athbhreithniú orthu.

Cáin

Tá an muirear cánach don tréimhse cothrom le €53m (2013: €71m) ar eisiúint iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha a aithníodh cheana i leith caillteanais cánach nár úsáideadh agus cáin iarchurtha ar ghnóthachain agus caillteanais luacha chóra ar dhíorthaigh. De thoradh ar an mbrabús a gineadh i rith na bliana, eisíodh in 2014, iomlán dá raibh fágtha den tsócmhainn chánach iarchurtha ar chaillteanais chánach nár úsáideadh de €93m.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Bearnú

I ndiaidh athbhreithniú bearnúcháin 2014 a chur i gcrích, tá foráil charnach bearnúcháin de €3.6 billiún taifeadta ag GNBS i gcoinne a punainne iasachtaí agus infháltas. Taifeadadh muirear breise bearnúcháin de €137m i ráiteas ioncaim 2014, laghdú suntasach i gcomparáid leis an muirear bearnúcháin de €914m a taifeadadh in 2013.

Iasachtaí agus infháltais measta chun críche bearnúcháin

TÁBLA 10: Iasachtaí agus infháltais measta chun críche bearnúcháin

	Luach tugtha anonn ag 31 / 12 / 2014 €m	Foráil bhearnaithe 2014 €m	Foráil bhearnaithe 2013 €m	Gluaiseacht €m	Clúdach bearnaithe %
Punann bhearnaithe	10,581	3,446	3,303	143	
Punann Neamhbhearnaithe	5,997	-	-	-	
Punann measúnaithe ar leith	16,578	3,446	3,303	143	21%
Punann measúnaithe go tíomsaitheach	78	75	822	(747)	96%
Iasachtaí agus infháltais iomlána measta chun críche bearnúcháin	16,656	3,521	4,125	(604)	21%

Is ionann bearnú agus príomhréimse breithiúnais i ráitis airgeadais an GNBS.

Bhí an t-athbhreithniú bearnaithe deireadh na bliana bunaithe ar:

- Measúnú mionsonraithe ar shreafaí airgid tuartha na todhchaí i ndáil le gach nasc féichiúnaí a meastar atá suntasach iontu féin. San áireamh anseo bhí 627 nasc féichiúnaí a raibh iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a bhfuil luach tugtha anonn de €16.6 billiún (2013 €19.6 billiún) luaite leo.
- Is ionann na sreabha airgid a bhfuil súil leo amach anseo agus meastachán is fearr an GNBS ar shreabha airgid a bhfuil súil leo amach anseo le haghaidh gach féichiúnaí suntasach ar leith. Áirítear iontu sreabha airgid measta a eascraíonn as diúscairt comhthaobhacht réadmhaoine, díolacháin iasachtaí agus ioncaim neamh-diúscairthe (ioncam ar chíos mar shampla).
- Le linn 2014 rinneadh measúnú aonair do bhearnú ar thromlach na nasc féichiúnaí, cinn faoi bhainistíocht GNBS agus Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí araon. Bhí seo difriúil ó 2013, nuair a bhain tromlach na bhféichiúnaithe a ndearnadh measúnú aonair orthu, le naisc faoi bhainistíocht GNBS amháin agus nuair a bhí na naisc faoi bhainistíocht Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí i ngrúpa le chéile agus iad measúnaithe go comhchoiteann do bhearnú.

Ba ionann an ghluaiseacht iomlán ar sholáthar bearnúcháin in 2014 agus laghdú de €604m ó €4,125m go €3,521m. As seo, aithníodh €137m sa ráiteas ioncaim mar mhéadú ar an muirear do 2014 agus aithníodh €742m i gcoinne iasachtaí agus infháltas ag eascairt den chuid is mó as criostalú an bhearnúcháin a aithníodh roimhe sin i gcoinne iasachtaí díolta.

In 2013 thosaigh GNBS próiseas chun faisnéis ar shreabhadh airgid a ullmhú do na féichiúnaithe uile faoi bhainistíocht PI. Faoi 30 Iúil 2014, bhí an fhaisnéis iomlán ar shreabhadh airgid ar fáil do GNBS don phunann faoi bhainistíocht Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí agus aithníodh na forálacha bearnúcháin don phunann seo ag leibhéal an naisc fhéichiúnaí seachas tríd an ráta foriomlán caillteanaís a chur i bhfeidhm ar naisc faoi bhainistíocht Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí. I gcás naisc fhéichiúnaí nár ullmhaíodh sreafaí airgid sonracha dóibh faoi 31 Nollaig 2014, arbh fhiú €78 den phunann iasachtaí iad, cuireadh iad seo in aon ghrúpa amháin agus rinneadh measúnú comhchoiteann do bhearnú orthu.

Staid Airgeadais

TÁBLA 11: Staid Airgeadais 2014 agus 2013

Achoimre ar an gClár Comhardaithe	2014 €m	2013 €m
Sócmhainní		
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus sócmhainní leachtacha	1,849	4,400
lasachtaí agus infháltais (glan ó bearnú)	13,360	31,314
Sócmhainní eile	363	511
Iomlán na sócmhainní	15,572	36,225
Dlíteanais agus cúlchistí		
Bannaí sinsearacha i gceist	13,590	34,618
Dlíteanais eile	744	797
Iomlán na ndlíteanas	14,334	35,415
Gnáthscair agus cúlchistí iomlána	1,238	810
Cothromas, cúlchistí agus dlíteanais	15,572	36,225

Bainistíocht airgid thirim


Ní mór do GNBS, faoin mBeartas Leachtachta atá faofa ag an mBord, a chinntiú go bhfuil acmhainní airgid leordhóthanacha aici chun freastal ar a cuid oibleagáidí airgeadais de réir mar a bheidh siad dlíte. Leibhéil éagsúla airgid thirim ag teastáil i rith na bliana airgeadais. Ag an 31 Nollaig 2014, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €1.8 billiún ag Grúpa GNBS (2013: €4.4 billiún). Ar 31 Nollaig 2014, is urrúis ghearrthéarmacha de chuid Rialtas na hÉireann iad na hinfheistíochtaí sócmhainne leachtaí atá ceadaithe faoi Bheartas Leachtachta GNBS.

Fuascailtí Bannaí Sinsearacha

Ó tharla gur éirigh le GNBS €16.6 billiún de Bhannaí Sinsearacha a fhuascailt faoi dheireadh 2014, tá a sprioc bunaithe, is é sin 50% dá Bannaí Sinsearacha bunaidh luach €30.2 billiún a fhuascailt, sáraithe ag GNBS.

Tá sé mar aidhm athbhreithnithe ag GNBS ar a laghad 80% dá Bannaí Sinsearacha a fhuascailt (€24 billiún) faoi dheireadh 2016.

FIGIÚR O: Fuascailt sprice bannaí sinsearacha os coinne fuascailt charnach iarbhír



Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)


Punann iasachtaí

Fuair GNBS iasachtaí a raibh parluach bunaidh fiachais €74 billiún acu ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha ar chomaoin €31.8 billiún. Ag deireadh 2014 tá luach tugtha anonn iasachtaí GNBS cothrom le €13.4 billiún, glan ar an bhforáil charnach bearnúcháin €3.6 billiún (2013: €19.6 billiún, glan ón bhforáil charnach bearnúcháin €4.1 billiún).

TÁBLA 12: Tugtar achoimre thíos ar na gluaiseachtaí in iasachtaí agus infháltais

	Fiachas GNBS 2014 €m	Fiachas GNBS 2013 €m	Parfhiachas 2014 €m	Parfhiachas 2013 €m
Iasachtaí agus infháltais – iarmhéid oscailte	19,598	22,776	67,140	70,812
Fáltais airgid	(8,430)	(4,295)	(8,430)	(4,295)
Ioncam úis	844	1,058	1,729	1,973
Coigeartuithe um ghnóthuithe / luacháil iasachtaí	247	19	265	53
Airleacan caipitil oibre	645	665	645	665
Brabús ar dhíolacháin iasachtaí agus ar ioncam barrachais	294	502	-	-
Gluaiseacht díolachán par-iasachta ¹	-	-	(6,063)	(1,029)
Comhréiteach / díscríobh fiachais	(132)	-	(307)	(261)
Airgeadra eachtrach agus gluaiseachtaí eile	300	(213)	612	(778)
Criostalú Bearnúcháin	(610)	(52)	-	-
Iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	12,756	20,460	55,591	67,140
Foráil bhearnaithe – muirear incriminteach	604	(862)	-	-
Iasachtaí agus Infháltais – iarmhéid dúnta	13,360	19,598	55,591	67,140

FIGIÚR P and Q: Comhchruinniú dá bhfuil fágtha de phunann iasachtaí faighte GNBS ag deireadh 2014 de réir suíomh agus earnáil na bunchomhthaobhach



¹ Baineann gluaiseacht i ndíolachán pariasachtaí le parluach na n-iasachtaí a díoladh glan ar airgead diúscartha a fuarthas. Níl luach fiachais GNBS coibhéiseach ann. Tá trí nasc féichiúnaí shuntasacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe á mbainistiú ag foireann Bainistíochta Sócmhainní GNBS.

Ní mór do GNBS airgead leordhóthaineach a aisghabháil óna punann iasachtaí chun na Bannaí Sinsearacha ar eisiúint atá fágtha a aisíoc. Ag deireadh 2014 is éard a bhí i gceist san fhiachas agus cothromas iomlán gan íoc eisithe ag GNBS luach €13.6 billiún do Bhannaí Sinsearacha i gceist, luach €1.6 billiún d'fhobhannaí agus luach €99m de chothromas.

Déanann GNBS measúnú go leanúnach ar a punann iarmharach agus ar an sreabhadh airgid is dócha a bheidh ann ó dhíolacháin sómhainní agus déantar an measúnú sin a uasdátú go seachtainiúil. Déantar sonraí díolacháin agus sreabhadh airgid a thathagú agus a thuairisciú leis an mbainistíocht shinsearach go seachtainiúil. Cuireann an mhonatóireacht shonrach seo ar shreafaí airgid ar chumas GNBS a gníomhaíochtaí diúscartha sócmhainní a bharrfheabhsú.

Tá an t-urrús faoi bhun phunann GNBS dea-shuite agus cruinnithe in ionaid uirbeacha príomhúla, agus 45% den phunann iarmharach i mBaile Átha Cliath agus 18% i Londain.


Tá 65% den phunann comhchruinnithe lasmuigh d'Éirinn. De thoradh ar sin, beidh feidhmíocht na sócmhainní Éireannacha, go háirithe iadsan atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, thar a bheith tábhachtach mar fhachtóir i bhfeidhmíocht deiridh GNBS.

TAGARMHARC AN RÁTA FÁLTAIS

I rith na bliana, cheadaigh an Bord tagarmharc spriche de 20% do Bhrabús Eintitis ar Infheistíocht ('EROI'). Ba é an brabús tuartha ag deireadh 2014 ná 24%.

Ríomhtar an tagarmharc EROI bunaithe ar chomparáid idir suíomh réamhbharrachas tuartha GNBS / (easnamh), de réir na sreafaí airgid is déanaí atá tuartha, agus infheistíocht tosaigh GNBS, arna athrú chun nach n-áireofar €5.6 billiún de Chabhair Stáit, a raibh ar GNBS a íoc leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha mar chuid de phraghas fála na hiasachta.

Eagraíocht agus Soláthraithe Seirbhíse GNBS




Trí GBCN, d'earcaigh GNBS baill foirne a bhfuil éagsúlacht scileanna agus taithí acu ó dhisciplíní amhail baincéireacht, airgeadas, dlí, réadmhaoín (suirbhéirí cainníochta, innealtóirí), disciplíní dócmhainneachta agus pleanála, i measc disciplíní eile. Tá cúig rannán éagsúla luaite le GNBS (**féach ar an gcairt Figiúr R**). Tá struchtúr GNBS ag teacht chun cinn i gcónaí mar is gá: leathnaíodh téarmaí tagartha GNBS i ndiaidh athbhreithniú Alt 227 an Aire ar GNBS chun (i) seachadadh tráthúil agus leanúnach spás oifige Grád A, spás miondíola agus cónaithe laistigh de **Chrios Forbartha Straitéisí Dhugthailte Bhaile Átha Cliath** agus Lárcheantar Gnó Bhaile Átha Cliath a chinntiú agus (ii) seachadadh aonaid tithíochta sna ceantair is mó ina bhfuil gá leo a uasmhéadú. Chuige sin bhunaigh GNBS foireann ar leith um **Thithíocht Chónaithe a Sheachadadh** (laistigh den rannóg um Aisghabháil Sócmhainní) in Aibreán 2014 agus chruthaigh laistigh den rannóg um Aisghabháil Sócmhainní foireann ar leith chun díriú ar fhorbairt CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath.

Acmhainní Foirne

B'ionann líon na mball foirne de chuid GBCN a bhí sannta do GNBS ag deireadh 2014 agus 369. Idir tráth a bunaithe agus deireadh mhí an Mhárta 2015, bhí 126 ball foirne éirithe as a gcuid post, lena n-áirítear 67 a d'éirigh as a gcuid post le linn 2014.

Struchtúr Eagraíochtúil

FIGIÚR R: Struchtúr eagraíochtúil GNBS ar an 1 Eanáir 2015



Soláthraithe Seirbhíse agus Eagraíocht GNBS (ar lean)

AISGHABHÁIL SÓCMHAINNÍ

Tá roinnt phríomhfheidhmeanna ag an rannóg um Aisghabháil Sócmhainní, ina raibh 193 ball foirne ag deireadh 2014: seachadadh straitéise, féichiúnaithe agus Glacadóirí a bhainistiú agus an sreabhadh airgid a uasmhéadú.

Tá an rannóg um Aisghabháil Sócmhainní ar an bpríomh-chomhéadan atá ag GNBS le féichiúnaithe agus glacadóirí agus tá an rannóg sin freagrach as breis is 99% de na naisc féichiúnaí (de réir lín), idir iadsan atá á mbainistiú go díreach ag GNBS agus iadsan atá á mbainistiú go hindíreach trí mheán Banc Aontais Éireann p.l.c. ('AIB') agus Seirbhísí Sócmhainní Capita ('Capita'). Éilíonn an fhreagracht seo dianbhainistíocht laethúil a úsáideann raon modhanna oibríthe amach, na modhanna seo a leanas san áireamh:

- Straitéisí, spriocanna agus garspriocanna soiléire a shonrú agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu.
- Costais féichiúnaithe agus ghlacadóirí a laghdú.
- Sreafaí ioncaim a fháil agus a uasmhéadú.
- Luachanna díolacháin a bharrfheabhsú trí bhainistíocht réamhghníomhach sócmhainní.
- Cistiú caiteachais chaipitiúil breise a sholáthar sa chás gur féidir luach breise a fháil nó luach a chosaint.
- Díolacháin punanna réadmhaoiné nó iasachtaí a fhorghníomhú nuair is iomchuí.
- Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar roghanna díolacháin sócmhainní os coinne roghanna coinneála sócmhainní.

Bhí éabhlóid ag teacht fós ar struchtúr na hAisghabhála Sócmhainní in 2014 le bunú foireann ar leith um Sheachadadh Tithíochta Cónaithe chun seachadadh 4,500 aonaid chónaithe nua ó fhéichiúnaithe agus ó ghlacadóirí GNBS i mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh 2016 a éascú. D'fhoill an méadú suntasach ar dhíolacháin phunanna réadmhaoiné agus díolacháin iasachtaí a pleanáladh agus a cuireadh i gcrích in 2014 a bhrostu, leathnaíodh an Fhoireann Idirbhearta agus scoilteadh í ina foireann Díolachán Iasachtaí agus ina foireann ar leith um Dhíolacháin Phunanna Réadmhaoiné. Rinneadh ullmhúcháin freisin le haghaidh an phunann iasachtaí a bhí go dtí sin á bainistiú ag Banc na hÉireann a aistriú go Capita, tionscadal a cuireadh i gcrích go rathúil go luath in 2015.

Punann á bainistiú ag GNBS

Bhí parfhíachas €61 billiún luaite le punann á bainistiú ag GNB ar dtús. Faoi láthair tá 191 nasc féichiúnaí inti. Tá gach ceann seachas trí cinn² de na naisc fhéichiúnaí seo á mbainistiú ag seacht bhfoireann ildisciplíneach um Aisghabháil Sócmhainní agus tá naonúr/deichniúr comhaltaí foirne ar gach foireann a bhfuil rannpháirtíocht dhíreach acu le féichiúnaithe i ndáil le hiarratais ar chreidmheas agus monatóireacht ar spriocanna agus ar fheidhmíocht. Tá cur i bhfeidhm na bpleananna gnó atá faofa ag GNBS imithe chun cinn go mór anois, agus tá sé sin léirithe sa leibhéal suntasach airgid a gineadh go dtí seo.

Punann á bainistiú ag PI/SP

Bhí parfhíachas luach €13 billiún luaite le punann á bainistiú ag Institiúidí Rannpháirteacha/Soláthraithe Seirbhísí. Faoi láthair tá 472 nasc féichiúnaí inti.

Tá foireann de chleachtóirí speisialtóra dócmhainneachta (bunaithe sa rannóg um Aisghabháil Sócmhainní) freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht forfheidhmithe an GNBS (leathanach 13) i gcomhar leis an rannóg DLÍ.

Tacaíonn an fhoireann Bainistíochta Gnó sa rannóg um Aisghabháil Sócmhainní leis na punanna arna mbainistiú ag GNBS agus ag Institiúidí Rannpháirteacha/Soláthraithe Seirbhísí araon, lena n-áirítear foirne oibríochtaí um Chuardach Sócmhainní, Beartas agus Punanna.

² Tá trí nasc féichiúnaí shuntasacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe á mbainistiú ag foireann Bainistíochta Sócmhainní GNBS.

BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ

Bhí an Rannóg Bainistíochta Sócmhainní gafa ar feadh na bliana 2013 le bainistiú tionscadal ar leith a bhí aitheanta mar chinn oiriúnacha le haghaidh scileanna speisialtóra na foirne i réimsí an eastáit réadaigh agus an chaipitil. I measc na dtionscadal tá eochairscéimeanna forbartha i mBaile Átha Cliath agus i Londain a mheastar a bheith inmharthana ó thaobh tráchtála de, bunaithe ar an éileamh atá anois ann nó ar éileamh ionchasach. I gcomhréir le próisis na foirne, bíonn gach tionscadal faoi réir tástálacha ceistiúcháin láidre 'díol-coinnigh' ag céimeanna éagsúla ina n-éabhlóid, agus mar gheall ar an tástáil sin díoladh tionscadail áirithe a ceapadh ar dtús go ndéanfaí iad a fhorbairt.

Cuireadh leis an bhfoireann in 2014 le go mbunófaí foireann ar leith do CFS Dhughailte Bhaile Átha Cliath (tá urrús ag GNBS thar ghabhálaíocht mhóra sa cheantar seo). Is é ról GNBS deiseanna sonracha forbartha agus athfhorbartha i nDughailte Bhaile Átha Cliath a chistiú agus a éascú ag cuimhneamh ag an am céanna ar na cuspóirí seo a leanas:

a) An fáltas tráchtála is fearr a fháil ó láithreáin faoi urrús GNBS trí straitéisí pleanála agus forbartha.

b) Cabhrú le soláthar cóiríocht oifige nua i Lárcheantar Gnó Bhaile Átha Cliath sa todhchaí mar fhreagra ar an leathnú leanúnach ar an earnáil seirbhísí airgeadais agus an fhorbairt ar mhoil ghnó agus teicneolaíochta ón infheistíocht dhíreach eachtrach i nDughailte Bhaile Átha Cliath.

Tá an Bhainistíocht Sócmhainní freagrach freisin as tithíocht shóisialta a sheachadadh ar láithreáin faoi urrús GNBS.

Rinne an Bhainistíocht Sócmhainní dul chun cinn an-mhór le linn 2014:

- Cuireadh roinnt iarratas pleanála shuntasacha faoi bhraid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith CFS Dhughailte Bhaile Átha Cliath le haghaidh suas go dtí 1m troigh cearnach de spás
- Críochnaíodh go rathúil tairiscint (Project Wave) le haghaidh láithreán tábhachtach ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh i gceantar CFS.
- Soláthraíodh níos mó ná 1000 aonad tithíochta sóisialta faoi dheireadh 2014, agus sprioc ann 2,000 aonad breise a sheachadadh faoi dheireadh 2015.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le forbairtí agus réamhdhíolacháin a chríochnú ar ocht láithreán forbartha cónaithe ghníomhacha i Londain.

Soláthraithe Seirbhíse agus Eagraíocht GNBS (ar lean)

STRAITÉIS AGUS CUMARSÁID

Tá an Rannóg Straitéise agus Cumarsáide freagrach as anailís straitéiseach a dhéanamh ar an bpunann agus as straitéisí a fhorbairt a chuirfidh ar chumas GNBS an fáltas airgeadais is fearr is féidir a chinntiú i leith na punainne. I measc fheidhmeanna na rannóige tá athbhreithniú rialta foirmiúil ar straitéis an GNBS agus dearadh agus cur i bhfeidhm táirgí nua.

Tá an rannóg freagrach as gníomhaíocht chumarsáide an GNBS a bhainistiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht an GNBS leis na meáin, gníomhaireachtaí Stáit agus príomhpháirtithe leasmhara eile an GNBS.

In 2014, bhunaigh GNBS Aonad um Shaoráil Faisnéise (FOI) laistigh den rannóg. Tháinig GNBS faoi réir an FOI ar 14 Aibreán 2015.

FIGIÚR S: Príomhpháirtithe leasmhara GNBS**DLÍTHIÚIL**

Soláthraíonn an Rannóg Dlí comhairle neamhspleách don Bhord, don POF agus do rannóga gnó GNBS ar roinnt ceisteanna dlí a bhfuil tionchar acu ar GNBS agus a hoibríochtaí. Bhain foireann 61 gairmí dlí agus foireann tacaíochta leis ag deireadh mhí na Nollag 2014, le saineolas acu sa mhaoín chónaitheach agus tráchtála, sa bhaincéireacht agus airgeadas agus sa dócmhainneacht agus dlíthíocht.

Is é an Rannóg Dlí a sholáthraíonn comhairle agus réitigh dhlí do gach rannán gnó GNBS. Is aici atá baint dhíreach le gach gné de straitéisí comhthoiliúla agus neamh-chomhthoiliúla lena n-áirítear: díolacháin iasachtaí, diúscairtí punainne réadmhaoinne; athstruchtúrú fiachais agus réitigh fiachais; straitéisí bainistíochta sócmhainne; oibríochtaí iasachtaithe; straitéisí forfheidhmithe agus iar-fhorfheidhmithe; agus bainistiú dlíthíochta. Tugann an Rannóg Dlí comhairle faoi struchtúir

feidhmíochta atá mar bhonn faoi sheirbhísíú seachfhoinsithe iasachtaí, rialú ghrúpa GNBS, dlí soláthair phoiblí agus oibleagáidí rialála agus comhlíonta eile.


FIGIÚR T: Struchtúr na Rannóige Dlí

PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

Is é an Príomhoifigeach Airgeadais atá freagrach go díreach as bainistiú riachtanais airgeadais agus oibriúcháin na heagraíochta. Ag deireadh 2014, bhí foireann de 77 comhalta foirne gairmiúil ag obair sa rannóg CFO. I measc na réimsí freagrachta tá raon leathan feidhmeanna gnó mar a leanas:

Tugann Rannóg CFO ceannaireacht airgeadais agus is sainchomhpháirtí gnó é d'eagraíocht GNBS trí chéile. Tá ról tábhachtach ag an rannóg maidir le ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt d'eochairthionscadail tráchtála, gníomhaíochtaí caidrimh infheisteoirí agus geallshealbhóirí agus pleanáil straitéiseach airgeadais. Agus é ina chroílár de ghníomhaíochtaí idirbheartaíochta ag GNBS, tugann Rannóg CFO sainscileanna uathúla ar cuid thábhachtach iad de bhainistíocht leanúnach tionscadail agus de chríochnú idirbhearta comhthaobhachta agus diúscartha iasachtaí GNBS, go háirithe na hidirbhearta móra coimpléacsacha.

FIGIÚR U: Struchtúr Eagrúcháin Rannóg an Phríomhoifigeach Airgeadais



Soláthraithe Seirbhíse agus Eagraíocht GNBS (ar lean)

Soláthraithe Seirbhíse do GNBS

GBCN

Faoi Alt 41 den Acht, soláthraíonn GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta do GNBS, lena n-áirítear AD, TF, Anailís Riosca Margaídh agus seirbhísí cuntas iníoctha. Aisíocann GNBS costais na seirbhísí seo le GBCN, seirbhísí arbh fhiú €54m (lena n-áirítear costais foirne) iad in 2014.

Ag deireadh 2014, sannadh 369 mball foirne do GNBS agus do GBCN a bhfuil taithí fhorleathan agus saineolas acu ar réimsí iasachtaithe, cuntasáíochta, dlí, baincéireachta agus creidmheasa. D'fhonn fostaí poitéinsiúil ar bith a shannadh chuig GNBS, ní mór do GBCN a chinntiú go gcomhlíonann an duine na caighdeáin charachtair atá leagtha amach in Alt 42 den Acht, nach bhfuil coinbhleacht leasa ábhartha ar bith ann agus go soláthraítear ráiteas leasa, sócmhainní agus dliteanas do GBCN.

Institiúidí rannpháirteacha (Planna) – seirbhísí iasachtaí GNBS

D'ainmnigh an tAire Airgeadais cúig institiúid (agus a bhfochuideachtaí) mar Institiúidí Rannpháirteacha i Feabhra 2010 (Bainc-Aontas Éireann cpt, Banc na hÉireann, Banc Angla-Éireannach, Cumann Oideach Foirgníochta (EBS) agus Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann). Aistríodh gnó Chumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann chuig Banc Anlga-Éireannach an 1 Iúil 2011, agus athraíodh ainm an aonáin comhcheangailte chuig CÉRB an 14 Deireadh Fómhair 2011. Fuair Banc-Aontas Éireann an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS) ar 1 Iúil 2011, agus is mar fho-chuideachta de chuid AIB a oibríonn sé anois. Rinneadh Aonaid GNBS a bhíodh faoi chúram iar-aonáin Angla agus INBS a chumasc mar aonad amháin in 2012, faoi mar a tharla freisin i gcás Aonaid GNBS de chuid AIB agus EBS.

Bhain GNBS leas as clásal sa chomhaontú Máistir-Sheirbhíseora le Capita tar éis cheapadh na gcomh-Leachtaitheoirí Speisialta don CÉRB i mí Feabhra 2013, rud a chumasaigh ceapadh Capita mar sholáthróir seirbhíse cúltaca chun punann iasachta CÉRB GNBS a bhainistiú. Críochnaíodh an t-aistriú in R3 2014.

Le linn 2014 tosaíodh tionscadal chun bainistiú agus riar iasachtaí tráchtála GNBS a aistriú ó Bhanc na hÉireann go dtí Capita. Críochnaíodh an tionscadal seo Feabhra 2015. Cumhdaíonn comhaontú nua

tráchtála idir GNBS agus Banc na hÉireann bainistiú punann iasachtaí morgáiste atá fós á mbainistiú ag an mbanc.

Ní foláir don dá sholáthróir seirbhíse iasachtaí atá fós ann, AIB agus Capita, an cleachtas tionscail is fearr a fheidhmiú ina mbainistiú d'iasachtaí GNBS. Tá aonaid tiomnaithe acu ann chun iasachtaí GNBS a bhainistiú agus tá dualgas orthu a chinntiú go bhfeidhmíonn na haonaid seo bunaithe ar roinnt foirne, córas, sonraí agus infreastruchtúir ó réimsí gnó eile.

Faoi Alt 131 den Acht, d'éisigh GNBS Treoir do na hInstitiúidí Rannpháirteacha ag sonrú a n-oibleagáidí mionsonraithe i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad don GNBS. Cosúil leis sin, i gcás Capita, leagadh amach na hoibleagáidí sin i gComhaontú Samhla Oibriúcháin Capita.

Áirítear sa Treoir seo agus i gComhaontú Samhla Oibriúcháin Capita. ceisteanna dála struchtúr agus nósanna imeachta rialachais, nósanna imeachta bainistíochta creidmheasa, nósanna imeachta caidreamh custaiméirí, nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus nósanna imeachta tuairiscithe leis an, agus ag oibriú leis an, GNBS agus an Máistir-Sheirbhíseoir.

Reáchtáiltear go rialta cruinnithe coiste stiúrtha idir GNBS agus a sholáthróir seirbhíse iasachtaí d'fhonn maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar sheachadadh seirbhíse. Rinne GNBS foirne ar leith dá foireann a shannadh do AIB agus do Capita. Is sna haonaid GNBS laistigh de AIB agus Capita atá na foirne lonnaithe, le maoirseacht acu ar bhainistiú féichiúnaíthe GNBS. Déantar monatóireacht ar AIB agus Capita ina theannta sin trí thagairt do tháscairí feidhmíochta, agus ní foláir dóibh leibhéil seirbhíse réamhcheaptha a shásamh nó a shárú.

Ríomhtar táillí do sheirbhísí arna soláthar ag AIB do GNBS ar bhunús na 10 mbonnphointe (0.1%) is ísle de luach ainmniúil iasachta nó na costais iarbhir a thabhaítear. I gcás Capita is ar mhéid na punainne iasachta faoi bhainistiú atá an táille bunaithe. Bhí na Táillí Comhiomlána Príomhsheirbhíse iníoctha i ndáil le 2014 cothrom le €50m (2013: €55m). Ba íocaíocht í sin do shaothar gach ball foirne arna bhfostú ag AIB agus ag Capita chun dul i mbun riaracháin iasachta agus chun rannpháirtíocht GNBS leis na naisc féichiúnaí sin a bhainistiú nach bhfuil a

gcuid iasachtaí á mbainistiú go díreach ag GNBS.

Máistir-Sheirbhíseoir

Tiomsaíonn Capita, ina cháil mar Mháistir-sheirbhíseoir, sonraí faoi iasachtaí a bailíodh ó AIB agus ó Capita mar Phríomh-sheirbhíseoir agus soláthraíonn faisnéis chomhdhlúite airgeadais agus bhainistíochta do GNBS faoina punann. Íocadh táille €2.5m le Capita mar Máistir-sheirbhíseoir, i ndáil leis na seirbhísí seo don bhliain 2014 (2013: €3.1m).

Soláthar

Ó am go ham, teastaíonn cúnamh sainsholáthraithe seirbhíse ó GNBS chun a cuspóir reachtúil a bhaint amach i ndáil leis an bhfáltas airgeadais is fearr agus is féidir a chinntiú don Stát. Príomhchritéar i roghnú na soláthraithe seirbhíse ag GNBS é an féidir leo luach ar airgead a sholáthar don cháiníocóir.

Tá GNBS, mar údarás conarthach, faoi réir Theoir AE 2004/18/CE atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Chonarthaí na nÚdarás Poiblí) 2006 (na "Rialacháin"), i ndáil le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí ar fiú sa bhreis ar thairseacha luacha áirithe socraithe ag an AE iad.

Fógraítear tairiscintí den sórt sin ar láithreán gréasáin soláthair Rialtas na hÉireann agus na hearnála poiblí www.etenders.gov.ie de réir mar a thagann siad chun cinn. Na prionsabail atá mar bhonn taca leis na Rialacháin ná cóir chomhionann, neamh-idirdhealú, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht agus trédhearcacht. Sa chás nach bhfuil feidhm leis na Rialacháin – de bhrí go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó lasmuigh de na Rialacháin – glanann GNBS le próiseas atá deartha chun an luach ar airgead is fearr is féidir a fháil a ghnóthú. Tacaíonn GNBS le gnóthaí beaga agus meánmhéide in Éirinn nuair a bhíonn sé sin indéanta gan cur isteach ar na prionsabail atá aige maidir le luach ar airgead.

Is féidir liosta de na tairiscintí a seoladh isteach trí láithreán gréasáin na ríomhthairiscintí agus liosta de na torthaí comhfhreagracha a bhí orthu a fheiceáil ar shuíomh gréasáin GNBS, www.nama.ie.

Rialachas



Rialachas

Comhaltaí Boird



1

1 An tUasal Frank Daly | Cathaoirleach

(ceaptha den chéad uair ar an 22 Nollaig 2009 ar feadh tréimhse théarma 5 bliana agus athcheapadh ar feadh téarma 5 bliana eile ar an 22 Nollaig 2014)

- Cathaoirleach Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (go dtí díscaoileadh an Choiste ar an 8 Meán Fómhair 2014)

Ceapadh Frank Daly mar Stiúrthóir Leas an Phobail ar an mBanc Angla-Éireannach i mí na Nollag 2008. D'éirigh sé as an bpost seo ar an 22ú Nollaig 2009 nuair a ceapadh é ina Chathaoirleach ar GNBS.

D'imigh an tUas. Daly ar scor óna phost mar Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim i Márta 2008, tar éis dó feidhmiú mar Chathaoirleach ó 2002 agus mar Choimisinéir ó 1996. Thosaigh sé ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim in 1963.

I Márta 2008, ceapadh an tUas. Daly mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Cánachais, a cuireadh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar éifeachtúlacht chóras cánachais na hÉireann.



2

2 An tUasal Brendan McDonagh | Príomhfheidhmeannach

- Comhalta boird (*ex-officio*)
- Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Creidmheasa
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála

Cheap an tAire Brendan McDonagh mar Príomhfheidhmeannach GNBS i mí na Nollag 2009. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca ag an GBCN ó 2002 go dtí 2009 agus bhí post mar Rialtóir Airgeadais an GBCN aige ó 1998 go 2002.

Tháinig an tUas. McDonagh chun oibre le GBCN i 1994 ón BSL, an fiontás cumhachta is mó in Éirinn, áit inar oibrigh sé ar roinnt réimsí lena n-airítear cuntasaocht, iniúchadh inmheánach agus cisteán.



3

3 An tUasal John C. Corrigan | Comhalta boird (*de bhrí oifige*)

(Tháinig deireadh le ról an Uasail Corrigan mar chomhalta Boird de bhrí oifige ar an 4 Eanáir 2015 i ndiaidh dó dul ar scor mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN).

- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca (d'éirigh an tUas. Corrigan as an gCoiste in Aibreán 2014).
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála (d'éirigh an tUas. Corrigan as an gCoiste in Aibreán 2014).

Ceapadh John Corrigan mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS i mí na Nollag 2009.

Thosaigh sé ag obair le GBCN in 1991 go gairid tar éis a bhunaithe agus bhí sé freagrach ar dtús as an gcomhpháirt intíre d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann. In 2001, bhí an tUas. Corrigan páirteach i mbunú Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus é ina Stiúrthóir Infheistíochta an Chiste go dtí gur ceapadh ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN é.

Sular thosaigh sé ag obair le GBCN, bhí an tUas. Corrigan ina Phríomhoifigeach Infheistíochta de chuid Bainisteoirí Infheistíochta AIB, le seal caite aige roimhe sin ag obair sa Roinn Airgeadais.



4

4 An tUasal Conor O'Kelly | Comhalta boird (*de bhrí oifige*)

(Cuireadh tús le ról an Uasail O'Kelly mar chomhalta Boird de bhrí oifige ar an 5 Eanáir i ndiaidh é a cheapadh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar GBCN).

- Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca (ceaptha ar an 15 Eanáir 2015)
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála (ceaptha ar an 15 Eanáir 2015)

Ceapadh Conor O'Kelly mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN in Eanáir 2015. Is iar-Leaschathaoirleach é ar Investec Holdings (Éire) Teo. Roimhe sin bhí sé i Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Grúpa NCB agus rinne sé idirbheartaíocht agus bhí sé i gceannas ar cheannach rathúil thar barr amach ag an mbainistíocht den ghnóthas a fuair Investec Cpt. Ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé le NCB mar Cheannasaí Ioncaim Sheasta, chaith sé 11 bhliain le Barclays Capital áit a raibh poist bainistíochta sinsearaí aige agus d'oibrigh sé i Londain, Tóiceo agus Nua Eabhrac. Is iar-stiúrthóir de Stocmhalartán na hÉireann é agus iar-chomhalta de Bhord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath é agus tá céim mháistreacht aige ó Ollscoil Senshu sa tSeapáin.

5



5 An tUasal Oliver Ellingham | Comhalta boird

(ceaptha ar an 10 Aibreán 2013 ar feadh téarma 5 bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Iníúcháireachta

Cuntasóir cairte é Oliver Ellingham, mar aon le hiar-Cheannaire an Airgeadais Chorporáidigh (An Eoraip) le BNP Paribas agus feidhmeannach sinsearach laistigh de BNP Paribas UK. Faoi láthair tá sé i seilbh stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin i roinnt cuideachtaí agus is é cathaoirleach agus úinéir Elingham Ltd. Roimhe seo bhí ról bhainistíochta sinsearaí aige freisin laistigh de Charterhouse Bank (atá mar chuid anois de Ghrúpa HSBC) agus Robert Fleming (J P Morgan anois) agus d'fhóin sé mar chomhalta de chuid Bord an CÉRB ó mhí Dheireadh Fómhair 2011 go mí Feabhra 2013.

6



6 Mari Hurley Uasal | Comhalta boird

(ceaptha ar an 8 Aibreán 2014 ar feadh téarma 5 bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála
- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta den Choiste Creidmheasa (ceaptha i bhfeidhm 1 Eanáir 2015)

Ba é an tAire a cheap Mari Hurley ar an mBord ar an 8 Aibreán 2014. Tá an tUasal Hurley ina Príomh-Oifigeach Airgeadais ar Web Reservations International. Bhíodh sí ina Stiúrthóir Airgeadais i nGrúpa Sherry FitzGerald agus d'oibrigh sí freisin le Bear Stearns Bank plc. Is Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn tar éis dí oiliúint agus cáilíocht a fháil le Arthur Andersen. Bhain Mari Hurley Uasal céim Bhaitisiléara Tráchtála amach ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is Stiúrthóir í ar Ervia.

7



7 An tUasal Brian McEnergy | Comhalta boird

(ceaptha den chéad uair ar an 22 Nollaig 2009 ar feadh tréimhse théarma 4 bliana agus athcheapadh ar feadh téarma 5 bliana ar an 22 Nollaig 2013)

- Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta
- Comhalta den Choiste Creidmheasa (d'éirigh as le héifeacht ón 1 Eanáir 2015)
- Comhalta um Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (go dtí a díscaoileadh ar 8 Méan Fomhair 2014).

Is saineolaí é Brian McEnergy (FCCA) i réimse na tarrthála corparáidí agus na dócmhainneachta agus is comhpháirtí é i ngnólacht ceannródáíoch cuntasóirí agus comhairleoirí, ag cleachtadh i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath.

Is Comhalta é de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ('ACCA') agus comhalta comhairle an ACCA. In 2010 bhí sé ina Uachtarán ar ACCA Ireland. Tá sé ina stiúrthóir ar an gCoiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasáíochta (CCAB) agus tá sé ina chomhalta dá choiste dócmhainneachta in Éirinn.

8



8 An tUasal Willie Soffe | Comhalta boird

(ceaptha den chéad uair ar an 22 Nollaig 2009 ar feadh tréimhse théarma 4 bliana agus athcheapadh ar feadh téarma 5 bliana ar an 22 Nollaig 2013)

- Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa
- Cathaoirleach an Choiste Chomhairleach Pleanála
- Comhalta agus Cathaoirleach eatramhach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta um Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (go dtí a díscaoileadh ar 8 Méan Fomhair 2014).

Tá breis agus 45 bliain caite ag Willie Soffe ag obair sa Rialtas Áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus le linn an ama sin tá tréimhsí caite aige mar Bhainisteoir Cúnta na Cathrach, Bardas Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar is fearr aithne anois air) agus mar Bhainisteoir Contae, Comhairle Contae Fhine Gall.

Ón uair a d'imigh an tUas. Soffe ar scor in 2004, tá roinnt tionscadal seirbhíse poiblí glactha de láimh aige lena n-áirítear Cathaoirleach ar Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, comhalta den Choimisiún Cánachais agus comhalta den Ghrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú ar Scéimeanna Ceantar-bhunaithe um Athnuachan Dreasaíochta Cánach.

Rialachas (ar lean)

Bord agus Coistí an Bhoird

Faoi Alt 19 den Acht, tá cathaoirleach agus suas go dtí ochtar comhalta ar an mBord. Ceapann an tAire an Cathaoirleach agus seisear ball agus is comhaltaí *ex-officio* den bhord iad Príomhfheidhmeannach GNBS agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN. Foráiltear le haghaidh **príomhfhreagrachtaí** an Bhoird faoi Alt 18 den Acht:

- A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan do GNBS.
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
- Gach beart réasúnach atá ar fáil dóibh a ghlacadh de láimh chun na spriocanna agus cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá sceideal ceisteanna forchoimeáda ag an mBord lena fhaomhadh agus déileálann sé le ceisteanna creidmheasa laistigh dá leibhéal tarmlichte údaráis.

Cheap an tAire triúr comhalta reatha den Bhord ar an 22 mí na Nollag 2009: Frank Daly (Cathaoirleach) (5 bliana), Brian McEnery (4 bliana), agus Willie Soffe (4 bliana). Athcheapadh na comhalta seo den Bhord ina dhiaidh sin do théarmaí cúig bliana: Athcheapadh Frank Daly mar Chathaoirleach ón 22 Nollaig 2014 agus athcheapadh Brian McEnery agus Willie Soffe ón 22 Nollaig 2013. Cheap an tAire Oliver Ellingham agus Mari Hurley ar an 10 Aibreán 2013 agus ar an 8 Aibreán 2014 faoi seach. Is iad beirt chomhalta *ex-officio* den bhord, Conor O'Kelly, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN (éifeachtach ón 5 Eanáir 2015, tar éis do John Corrigan imeacht ar scor ón bpost) agus Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, GNBS). Faoi láthair tá dhá fholúntas ar an mBord.

Tá téarma oifige na gcomhaltaí Boird leagtha idir trí agus cúig bliana agus níl aon chomhalta ceaptha i dteideal fónamh ar níos mó ná dhá théarma oifige comhleanúnach. Cinneann an tAire leibhéal luacha saothair na gcomhaltaí ceaptha agus a gcuid teidlíochta d'aisíocaíocht na gcostas dá gcuid. Ní fhaigheann Comhaltaí *ex-officio* luach saothair breise dá mbailíocht den Bhord.

I rith 2014 tháinig an Bord le chéile ar 23 ócáid agus tháinig sé Choiste an Bhoird le chéile ar 70 ócáid. Tá sonraí tinrimh i ndáil le cruinnithe Boird agus coiste leagtha amach i dTábla 13 anseo thíos.

Bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúil faoi Alt 32 den Acht agus dhá choiste comhairleach eile faoi Alt 33 mar anseo thíos:

- An Coiste Iniúcháireachta (faoi chathaoirleacht Brian McEnery)
- An Coiste Creidmheasa (faoi chathaoirleacht Willie Soffe)
- An Coiste Bainistíochta Riosca (faoi chathaoirleacht Oliver Ellingham)
- An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin (faoi chathaoirleacht Mari Hurley)
- An Coiste Comhairleach Pleanála (faoi chathaoirleacht Willie Soffe)
- Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (faoi chathaoirleacht Frank Daly)

Bheartaigh an Bord, trí chomhaontú leis an aire, i ndiaidh díolachán iasachtaí féichiúnaithe ó Thuaisceart Éireann ("Project Eagle"), Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann a dhíscaoileadh i ndiaidh a chruinnithe ar 8 Meán Fómhair 2014.

Tá glactha ag Bord le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) ('an Cód') mar atá curtha in oiriúint do struchtúr rialachais ar leith GNBS agus ceanglais reachtúla an Achta. Áit ar gá, tá socruithe déanta d'fhonn géilliúlacht leis an gCód a chinntiú, agus déantar athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta an Bhoird ar bhonn tréimhsiúil d'fhonn géilliúlacht leis an gCód a chinntiú mar aon le dea-chleachtas i réimse an rialachais chorporáidigh.

Tacaíonn Rúnaí an Bhoird leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus tá an rúnaí freagrach freisin as feidhmiú na gcoistí Boird éagsúla; tá Oifigeach ag a bhfuil saineolas cuí agus atá ag feidhmiú mar rúnaí don choiste ag tacú le gach coiste chomh maith.

TÁBLA 13: Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Cruinnithe Choiste an Bhoird in 2014

	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta	An Coiste Creidmheasa	An Coiste Airgeadais & Feidhmiúcháin	An Coiste Bainistíochta Riosca	An Coiste Comhairleach Pleanála	Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann
Comhaltaí Boird:							
Frank Daly	23						2
John Corrigan	20				6	1***	
Brendan McDonagh	23		35	7	5	6	
Brian McEnergy	22	13	20				0
Willie Soffe	22		36	7		6	2
Oliver Ellingham	23	13			6		
Mari Hurley*	11			4	3		
John Mulcahy**	2		1		1	1	
Comhaltaí seachtracha:							
Jim Kelly		13					
Michael Wall						6	
Alice Charles						5	
Brian Rowntree							2

* Ceapadh Mari Hurley ar an 8 Aibreán 2014

** D'éirigh John Mulcahy as ar an 17 Eanáir 2014

*** D'fhág John Corrigan an Coiste Comhairleach Pleanála in Aibreán 2014

Rialachas (ar lean)

Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí GNBS

AN COISTE
INIÚCHÓIREACHTA

Ceanglaítear ar an mBord de bhun Alt 32 den Acht Coiste Iniúcháireachta a bhunú. Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta de réir Théarmaí Tagartha atá faoia ag an mBord de réir mar a éilítear faoi Alt 32(6) den Acht.

Cuimsíonn an Coiste Iniúcháireachta faoi láthair beirt comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus comhalta seachtrach amháin.

Cuimsítear na daoine seo a leanas ar an gCoiste Iniúcháireachta:

- Brian McEnery (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Oliver Ellingham (Comhalta boird)
- Jim Kelly (Comhalta seachtrach)

De réir Alt 32(2) den Acht, ba cheart go mbeadh seisear ar an gCoiste Iniúcháireachta, agus ba cheart go mbeadh beirt acu ó lasmuigh den GNBS agus ceaptha ag an Aire. Ba é an Bord féin a cheap an ceathrar comhaltaí eile ó chomhaltaí an Bhoird. Táthar ag súil go líonfar na folúntais ar an gCoiste Iniúcháireachta tar éis do cheapacháin nua don bhord a bheith déanta.

Is iar-oifigeach sinsearach leis na Coimisinéirí loncaim é an tUas. Jim Kelly. Bhí sé ina chomhalta Boird de chuid Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus bhí sé ina Rúnaí don Choimisiún Cánachais 2008-2009.

Tá cinneadh déanta ag an mBord gurb é Brian McEnery saineolaí airgeadais an Choiste agus gurb é Oliver Ellingham saineolaí riosca an Choiste.

Tháinig an Coiste le chéile ar 13 ócáid in 2014.

Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an mBord a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh sna feidhmeanna seo a leanas:

- Sláine an phróisis tuairiscithe airgeadais
- Neamhspleáchas agus sláine na bpróiseas iniúcháireachta seachtracha agus inmheánacha
- Éifeachtacht um chóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánacha an GNBS

- Na próisis atá ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na soláthraithe seirbhíse iasachta lena gcuid oibleagáidí conarthachta leis an GNBS
- Géilliúlacht le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais an GNBS
- Socruithe maidir le drochiompar a thuairisciú le go mbeidh fostaithe GNBS in ann aon imní a chur in iúl, faoi rún, faoi aon drochiompar i dtuairisciú airgeadais nó aon chúram eile agus a chinntiú gur féidir faoi na socruithe seo inúchadh comhréireach agus neamhspleách a dhéanamh agus go mbíonn gníomhaíochtaí leantacha

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an choiste in 2014:**1. Tuairisciú airgeadais**

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, chomh maith leis na fógraí foirmiúla eile ar fad maidir leis na Ráitis Airgeadais, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad. Dhírigh an t-athbhreithniú ach go háirithe ar athruithe i gcleachtais agus i mbeartas cuntasaíochta, mór-réimsí daorbhreithiúnais, agus géilliúlacht le riachtanais dhlíthiúla (lena n-áirítear aon riachtanais faoin Acht) agus riachtanais rialála.

2. Iniúchadh seachtrach

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ('C&AG') an t-iniúcháir seachtrach ainmnithe faoin Acht. Níor chuir sé aon seirbhísí neamh-iniúcháireachta ar fáil in 2014. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh roimh iniúchta agus bhuail siad leis an iniúcháir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí a iniúchta ar na ráitis airgeadais.

3. Iniúchadh inmheánach

Fuair an Coiste tuairisc rialta ón iniúcháir inmheánach. Áiríodh ina measc sin achoimrí ar phríomhthorthaí gach iniúchta sa tréimhse agus nuashonruithe ar an gclár oibre

beartaithe. Ar bhonn leanúnach, chinntigh an Coiste go bhfuil acmhainní imleora ann do na gníomhaíochtaí sin agus go bhfuil seasamh iomchuí acu laistigh den GNBS. Áiríodh leis seo comhaontú den phlean iniúchta sheachtraigh bhliantúil. Lena chois sin, chinntigh an Coiste comhordú idir na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha

4. Rialuithe inmheánacha

Rinne an Coiste measúnú ar chóras na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear na nósanna atá glactha ag GBCN i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna géilliúlachta agus rialuithe do GNBS. Tuairiscíodh torthaí an Choiste chuig an mBord.

5. Monatóireacht ar sholáthraithe seirbhíse

Fuair an Coiste nuashonruithe rialta ón mBainistíocht agus ón iniúcháir inmheánach faoi fheidhmíocht na soláthraithe seirbhíse sin, á dtagarmharcáil i gcoinne spriocanna comhaontaithe.

Tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach Airgeadais GNBS, an Ceannaire Iniúcháireachta agus Riosca, agus feidhmeannaigh shinsearach eile GNBS agus ionadaithe ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha a bheith i láthair, faoi mar is cuí, ag aon chruinniú, ina iomláine nó ag aon chuid de. Bhuail an Coiste ina n-aonar leis an iniúcháir seachtrach, an t-iniúcháir inmheánach, an Príomhoifigeach Airgeadais, Ceannasaí Iniúcháireachta agus Riosca agus Ceannasaí Comhlíonta GNBS. Tá rochtain dhíreach, gan teorainn, ag gach duine díobh sin ar Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta.

Brian McEnery
Cathaoirleach

AN COISTE CREIDMHEASA

Faoi Alt 32 den Acht éilítear ar an mBord, atá freagrach ar deireadh as riosca creidmheasa an GNBS, Coiste Creidmheasa a bhunú a fheidhmeoidh faoina údarás tarmligthe. Feidhmíonn an Coiste Creidmheasa de réir théarmaí tagartha atá faofa ag an mBord de réir mar a éilítear faoi Alt 32(6) den Acht.

Cuimsítear na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Creidmheasa:

- Willie Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boid)
- D'éirigh Brian McEnery (Comhalta boid) as a chuid dualgas (le héifeacht ón 1 Eanáir 2015)
- Mari Hurley (ball den Bhord)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, GNBS agus Comhalta Boid)
- Aileen O'Reilly (Ceannaire Dlí)
- D'éirigh Ronnie Hanna (Ceannaire ar Théarnamh Sócmhainní) as a chuid dualgas (le héifeacht ón 31 Deireadh Fómhair 2014)
- Michael Moriarty (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Dónal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)
- Mary Birmingham (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní)
- John Collison (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Jonathan Milligan (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)

Is iondúil go mbuaileann an Coiste, a tháinig le chéile ar 36 ócáid in 2014, ar bhonn seachtainiúil ach buaileann siad níos minice nó níos annaimhe de réir mar is gá. De bharr a nádúir, tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste Creidmheasa i leith comhairle a chur ar an mBord maidir le beartas creidmheasa GNBS a bhunú agus i gcinntiú go bhfuil an chinnteoireacht maidir le bainistíocht féichiúnaithe comhsheasmhach le beartas trí chéile an Bhoird.

I gcomhréir leis an mbeartas creidmheasa atá faofa ag an mBord, agus faoi réir teorainneacha punainne comhaontaithe, is é an Coiste Creidmheasa an t-údarás cinnteoireachta atá freagrach as iarratais ar chreidmheas a fhaomhadh nó a dhiúltú, atá faoi bhun an leibhéil is gá le haghaidh faofa an Bhoird, ach a sháraíonn an t-údarás faofa creidmheasa arna tharmligeán do Phríomhfheidhmeannach GNBS agus don Cheannaire um Aisghabháil Sócmhainní/Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní ag an mBord. Ní mór don Choiste feidhmiú ar bhealach meabhraithe agus tráthúil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach i leith creidmheasa maidir le fiacha faighte ag beagnach 663 nasc féichiúnaí.

Sainmhínítear iarratas ar chreidmheas go forleathan mar imeacht ar bith lena n-athraítear go hábhartha próifíl riosca bhunúsáigh neamhchosanta nó féichiúnaí. Áirítear leis sin athbhreithnithe straitéise féichiúnaithe, iarratais ar chreidmheas breise lena n-áirítear tionscadail chaiteachas caipitil, athstruchtúrú nó comhréiteach oibleagáidí iasachta, faomhadh le haghaidh díolachán sócmhainne, iarratais ar mhaoiniú díoltóra nó ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal comhfhiontair, cinntí maidir le ráthaíochtaí pearsanta agus faomhadh gníomhaíochtaí forfheidhmithe, lena n-áirítear glacadóireacht, athshealbhú agus gníomhaíochtaí eile dá leithéid.

Áirítear i measc

bpríomhfheagraichtaí an Choiste:

1. Measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chreidmheas atá lasmuigh d'údarás tarmligthe an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Cheannaire um Aisghabháil Sócmhainní/an Cheannaire um Bainistíocht Sócmhainní. Is féidir iad sin a fhaomhadh/a dhiúltú/a leasú de réir mar is cuí. Sa chás go bhfuil leibhéal an riosca níos mó ná údarás an Choiste, déantar iarratas ar chreidmheas a tharchur, le moladh ón gCoiste Creidmheasa, chuig an mBord le haghaidh cinnidh.
2. Beartais chreidmheasa agus earnálacha mholta a mheasúnú le haghaidh bhreathnú/fhaomhadh an Bhoird.
3. Príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, beartais agus straitéisí a bhunú lena bhféadfaí feidhmíocht na punainne ina hiomláine a mheasúnú agus a athshainiú de réir mar is cuí ar bhonn tréimhsiúil, agus a thorthaí a thuairisciú don Bhord.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an choiste in 2014:

1. A chinntiú go bhfuil na córais atá ar bun chun plé le hiarratais ar chreidmheas curtha faoi bhráid an Choiste agus an Bhoird éifeachtach, éifeachtúil agus iomchuí.
2. Athbhreithniú ar straitéisí faofa GNBS i leith an fhéichiúnaí agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Déanann an Coiste athbhreithniú leathbhliantúil freisin ar straitéisí GNBS maidir leis na príomhfhéichiúnaithe (is é atá mar shainmhíniú ar phríomhfhéichiúnaí ná féichiúnaithe ar ionann a fhiach in éineacht agus 50% d'fhiacha iomlána GNBS).

Rialachas (ar lean)

3. Measúnú, moladh agus faomhadh ar os cionn 250 iarratas indibhidiúil ar chreidmheas ag tiomsú réimsí ó chinntí maidir le bainistíocht sócmhainní go ceisteanna casta a bhaineann le gníomhaíochtaí straitéiseacha maidir le féichiúnaithe mar chistiú leanúnach ar shócmhainní forbartha nó réiteach deireanach ar chomhcheangal. Rinne an Coiste athbhreithniú ar 65 páipéar a bhí le moladh don Bhord. Ina theannta sin, rinne an Coiste maoirseacht ar os cionn 1,000 cinneadh indibhidiúil ar chreidmheas laistigh de leibhéal údaráis tarmhligthe an POF agus an Cheannasaí um Aisghabháil Sócmhainní.
4. Cinntí a dhéanamh maidir le comhaontuithe fhéichiúnaithe, bearta forfheidhmiúcháin agus straitéisí scoir, ar a n-áirítear díolachán iasachtaí.
5. Beartais chreidmheasa agus beartais earnálacha araon a fhorbairt agus a fheabhsú; agus faisnéis bainistíochta ghaolmhar a chomhshamhlú.
6. Athbhreithniú ar an straitéis um Bainistíocht Sócmhainní agus athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn a dtionscadal roghnaithe.

7. Athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn na bpleananna gnó lena mbaineann tábhacht shóisialta agus eacnamaíochta; ach go háirithe iad siúd a bhaineann le Soláthar Cónaithe agus an Crios Forbartha Straitéisí i gCeantar na nDugaí.

Táthar ag súil go mbeidh 2015 ina bliain ghnóthach eile don Choiste Creidmheasa de réir mar a fhéachann GNBS le luach na punainne a uasmhéadú fad is atáthar ag leanúint leis an díghiaráil go tráthúil. Feidhmíonn GNBS i dtimpeallacht eacnamaíochta feabhsaithe agus i margadh réadmhaoine feabhsaithe in Éirinn. Leanann GNBS de luach a chur lena phunann trí iasachtaí a dhíol, punanna réadmhaoine a dhíol agus sócmhainn aonair a dhíol a bhuí le héileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta méadaithe ar réadmhaoine Éireannach. Tá GNBS ag maoiniú forbairt na sócmhainní atá rithábachtach dá sainorduithe maidir le tithíocht shóisialta agus soláthar oifige chomh maith le sainorduithe cónaithe.

Toisc go bhfuil ar an GNBS dearcadh tráchtála ach stuama a ghlacadh fad is a choinníonn sí na caighdeáin is airde oibiachtúlachta agus ionracais, déantar gach togra a mheasúnú go dian agus déantar na roghanna éagsúla a bhreithniú go hiomlán. Aithníonn an Coiste go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag a chuid cinntí ar na sócmhainní agus na féichiúnaithe lena mbaineann, agus tá sé meáite tacú le tionscadail a thugann breisluach d'fhonn gníomhaíocht agus fostaíocht a spreagadh agus chun an toradh don cháiniócóir Éireannach a uasmhéadú.

Willie Soffe
Cathaoirleach

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS FEIDHMIÚCHÁIN

Cuimsíonn an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin beirt chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus cúigear feidhmeannach sinsearach GNBS (lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach GNBS).

Cuimsítear na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin:

- Mari Hurley (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Willie Soffe (Comhalta boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, GNBS agus Comhalta Boird)
- Aisling Synott (Ceannaire na Cistíochta)
- Dónal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)
- John Collison (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Seán Ó Faoláin (Ceannaire ar Straitéis agus Cumarsáid)

Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn 2014.

Is í príomhfhreagracht an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin GNBS agus ar a tuairisciú buiséadach agus bainistíochta, lena n-áirítear:

- Gach tuairisciú bainistíochta airgeadais, cibé don Aire, don Oireachtas nó eile (ach amháin do Ráitis Airgeadais bhliantúla GNBS atá mar fhreagracht ar an gCoiste Iniúcháireachta).
- Cuntais bainistíochta a ullmhú.
- Buiséid bhliantúla agus réamh-mheastacháin eile a ullmhú.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar athraitheas i gcomparáid le feidhmíocht an buiséid agus na bliana roimhe sin.
- Mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh.

- Soláthar a bhainistiú.
- Maoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse (seachas iad siúd a bhfuil a maoirseacht forchoimeáda go sonrach do chomhaltaí eile an Bhoird).

Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin maoirseacht ar fhreagrachtaí na Foirne Feidhmiúcháin i ndáil le beartais airgeadais, oibríochtúla agus bhuiséadacha GNBS a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú, agus an tuairisciú cuí a dhéanamh ina leith. Cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird a bhaineann le caiteachas agus le riachtanais bhuiséadacha GNBS. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord, i ndáil le príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste.

I rith 2014, bhain GNBS roinnt príomh-gharsprioscanna feidhmíochta amach agus déanadh dul chun cinn leanúnach maidir le forbairt a dhéanamh ar bhonneagar bunúsach Airgeadais, Feidhmíochta agus Córais. Tá samplaí de nithe sonracha a baineadh amach/dul chun cinn a déanadh leagtha amach thíos:

- Is ionann an t-aistriú rathúil ar leagáid CÉRB go hiasachtaí in Aghaidh Capita Bhanc na hÉireann (mar chuid den tionscadal níos leithne athsholáthar a dhéanamh ar CÉRB (atá leachtaithe) agus Banc na hÉireann mar sholáthróirí seirbhíse do GNBS le Capita) agus garspriosc suntasach feidhmíochta do GNBS agus conclúid rathúil ar thionscadail a bhí an-chasta agus ar mhórscaála.

- Déanadh forbairt leanúnach ar an bhfaisnéis bhainistíochta a soláthraíodh do Choiste Feidhmeannais, Airgeadais agus Feidhmíochta agus Bord GNBS. Seoladh tionscnaimh nua faisnéise bainistíochta maidir le gníomhaíocht forbartha cónaithe GNBS agus tionscadail CFS Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, déanadh próisis réamh-mheasta agus bearnúcháin GNBS a fhorbairt le feidhmiú céimneach ar uirlis réamhaisnéise GNBS do Institiúidí Rannpháirteach GNBS agus naisc bhainistithe Bun agus Sain-Seirbhíseora lasachta.

- Déanadh tuilleadh forbairtí ar chórais GNBS i rith na bliana le fócas ar fheidhmiúlacht agus slándáil sonraí/córais. Ina theannta sin, rinne GNBS forbairt agus feidhmiú céimneach ar shuíomh gréasáin nua i 2014.

- Bhí fócas láidir leanúnach ar chostais a íoslaghdú i 2014 Tá comparáid an-dearfach le déanamh idir chostais oibriúcháin GNBS, ag timpeall 2.5% den airgead tirim a ghintear, le hais tagarmharcanna aitheanta idirnáisiúnta.

Mari Hurley
Cathaoirleach

Rialachas (ar lean)

AN COISTE BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhainistiú na rioscaí, a mbeadh caillteanais airgeadais agus/nó loiceadh an GNBS a cuid cuspóirí a bhaint amach de réir mar atá leagtha amach ina Plean Straitéiseach i gceist dá dtoradh, dá dtarlódh a leithéid.

Cuimsítear na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Bainistíochta Riosca:

- Oliver Ellingham (Cathaoirleach, Comhalta boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, GNBS agus Comhalta Boird)
- Mari Hurley (ball den Bhord)
- Conor O'Kelly (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, NTMA agus ball den Bhord)
- Dónal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)

D'éirigh John Corrigan (iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN agus iar-chomhalta Bhord GNBS as a ról ar an gCoiste Bainistíochta Riosca le héifeacht ón 4 Eanáir 2015. Ceapadh Mari Hurley (ball de Bhord GNBS) agus Conor O'Kelly (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha GNBS agus ball de Bhord GNBS) ar an gCoiste ar an 10ú Aibreán 2014 agus ar an 15ú Eanáir 2015 faoi seach.

Tháinig an Coiste le chéile sé uaire le linn 2014.

Áirítear i measc

bpríomhfhreagrachtaí an Choiste:

1. Athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar phleananna na Foirne Feidhmiúcháin maidir le haithint, bainistiú, tuairisciú agus laghdú ar Rioscaí Bhunairgid do GNBS.
2. Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus athbhreithniú creata Bainistíochta Riosca Fiontair agus á sásamh féin go bhfuil gníomhaíochtaí iomchuí á nglacadh sa chás go n-aithnítear aon ábhair imní shuntasacha.
3. A chinntiú go soláthraíonn samhail eagrúcháin agus rialachais um bainistíocht riosca GNBS leibhéil iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin.

Clúdaíonn na catagóirí riosca a aithníodh i mBeartas um Rioscaí Fiontraíochta GNBS réimse leathan rioscaí maidir le baint amach cuspóirí GNBS.

Ba iad seo a leanas

príomhghníomhaíochtaí an Choiste i 2014:

1. D'aithin Coiste Bainistíochta Riosca GNBS cúig Phríomhriosca a ndearna an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu agus a bhfuil siad mar bhonn le faisnéisiú Rioscaí Bhunairgid agus Éiginnteachtaí sa Tuarascáil Bhliantúil. Is é an sainmhíniú atá ar Riosca Bunairgid ná riosca, nó meascán rioscaí, ar féidir leo tionchar suntasach a bheith acu ar fheidhmíocht, ionchais nó clú GNBS sa todhchaí. Ba chóir go n-áireodh na Rioscaí Bhunairgid seo na rioscaí sin a bhagródh a mhúnlá gnó, feidhmíocht, sócmhainneacht nó leachtacht sa todhchaí.

Is próiseas leanúnach é Rioscaí Bhunairgid a aithint agus a mheas a fhreagraíonn d'athruithe ar straitéis, cuspóirí gnó agus sa timpeallacht seachtrach. Baineadh an Riosca Bunairgid a aithníodh le linn 2013/14 maidir le "coigeartú cóirluacha an chéad lá ar shócmhainní aistrithe CÉRB" ón gclár le cinneadh an Choiste Riosca ag an gcruinniú i Meán Fómhair 2014 toisc nach raibh ar GNBS aon iasachtaí CÉRB a thógáil ar láimh. Ag an gcruinniú céanna, rinne an Coiste Bainistíochta Riosca athmheasúnú ar na Príomhrioscaí agus cuireadh riosca nua san áireamh. Bhain sé seo leis na sainorduithe nua tugtha do GNBS i ndiaidh don Aire Tuarascáil Alt 227 a fhoilsiú, eadhon, suíomhanna a fhorbairt i CFS Dhughthailte Bhaile Átha Cliath agus 4,500 aonad cónaithe tithíochta a sholáthar faoi dheireadh 2016. I 2014, cuireadh an Coiste Bainistíochta Riosca ar an eolas go rialta maidir le Riosca Bunairgid áirithe nó eilimintí ar leith de riosca dá leithéid ag saineolair ar an ábhar lena chinntiú go bhféachfaí go cuí ar gach gné de na rioscaí seo.

2. Rinneadh monatóireacht ar chomhdhéanamh chlár comhardaithe GNBS (agus na rioscaí gaolmhara) le linn 2014. Rinne an Coiste athbhreithniú rialta ar chomhpháirteanna éagsúla riosca an chlár chomhordaithe agus ar na modhanna le tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí sin, agus féachadh ar straitéisí malartacha le laghdú a dhéanamh ar an rioscaí sin. Rinne an Coiste moltaí don Bhord nuair ba ghá athruithe a dhéanamh ar bheartais, ar thomhas, ar theorainneacha riosca nó ar straitéis bainistíochta riosca chun riosca a laghdú go leibhéal inghlactha ag féachaint don chlár comhardaithe leathnaithe agus d'athruithe san oibleagáid bhunúsach phunann iasachta GNBS, rátaí úis agus margáí airgeadraí eachtracha. Rinne an Coiste moltaí don Bhord maidir le hathbhreithnithe ar straitéisí fálaite mar gheall ar athruithe i bpróifíl riosca GNBS mar thoradh ar phróisis nua, tionscnaimh nó mar fhreagra ar imeachtaí seachtracha, mar leachtú CÉRB, bhfuil tionchar acu ar GNBS agus ar bhaint amach a chuid cuspóirí.

3. Tá rioscaí oibriúcháin ina ngné bunúsach d'fheidhmiú GNBS agus dhírigh an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na Cláir Rioscaí Fheidhmeacha a bhí á dtabhairt cothrom le dáta go leanúnach i rith 2014. Tá gach ceann de na Cláir Riosca Feidhmeacha faoi réir ag athbhreithniú bliantúil chun rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, chomh maith le rudaí atá iomarcach nó athruithe sna rioscaí atá ann cheana féin. Lean an Coiste Bainistíochta Riosca ar athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar Chlár Rioscaí na Soláthróirí Seirbhíse agus Institiúidí Rannpháirteach le formhaoirsiú a dhéanamh ar thionchar agus ar dhealraitheacht na rioscaí atá á mbainistiú ag na haonáin seo a bhféadfadh tionchar a bheith acu chuspóirí GNBS a bhaint amach. Éilíonn an Coiste go mbeadh fianú rialaithe agus oiliúint feasachta riosca gach ráithe d'fhostaithe GNBS. Thug Iniúcháireacht & Riosca (COF) tacaíocht don Choiste ina iarrachtaí le deimhin á dhéanamh dá réir go ndéanadh an Coiste tuairisciú agus machnamh ar an ábhar agus ar na rioscaí a thiocfadh chun cinn.

Ionchais don bhliain 2015:

Leanfaidh an Coiste Bainistíochta Rioscaí ag díriú ar na Príomhrioscaí mar ábhar tosaíochta in 2015, agus é ag áirithiú go gcoinneofar faoi athbhreithniú leanúnach iad agus go gcuirfear nuashonruithe ar athruithe ar bith ar na rioscaí sin ar fáil don Bhord ar bhealach comhsheasmhach, críochnúil.

Déanfar iniúchadh i dtaobh chomhtháthú na bhfoinsí sonraí a bhaineann le rioscaí amhail tuairisciú teagmhas, táscairí riosca agus torthaí iniúchtaí le ráitis uileghabhálacha um Fhonn Riosca lena léireofar gaol níos soiléire idir fhonn na heagraíochta (nó a heaspa foinn) glacadh le rioscaí áirithe agus í ag baint amach a cuid cuspóirí straitéiseacha. Leis sin, déanfar comhlánú agus treisiú ar an gcreat dea-bhunaithe atá ann cheana féin i leith lamháltais riosca agus teorainneacha riosca a bhaineann le príomhrioscaí atá tarmligthe ag an mBord chuig leibhéil éagsúla de lucht bainistíochta GNBS.

Déanfaidh an fheidhm Iniúcháireachta agus Rioscaí monatóireacht rialta ar ráiteas um Fhonn Riosca a ghabhann leis na Príomhrioscaí agus déanfaidh sí tuairisciú rialta ina leith.

Oliver Ellingham
Cathaoirleach

Rialachas (ar lean)

COISTE COMHAIRLEACH THUAISCEART ÉIREANN

Faoi Alt 33 den Acht, foráiltear do bhunú coistí comhairleacha agus, le toiliú an Aire, bhunaigh GNBS Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann ar an 7 Eanáir 2010. Bhí sé de chuspóir ag an gCoiste comhairle a chur ar an mBord i ndáil leis an straitéis maidir le sócmhainní Thuaisceart Éireann.

Díscaoileadh Choiste Thuaisceart Éireann

Chinn an Bord, ag féachaint do na himpleachtaí a bhí ag díolachán phunann iasachtaí Thuaisceart Éireann ('Project Eagle') don Choiste, agus le comhaontú an Aire, Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann a dhíscaoileadh tar éis a chruinnithe Coiste ar an 8 Meán Fómhair 2014.

Bhí na comhaltaí seo a leanas ar Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann:

- Frank Daly (Cathaoirleach)
- Brian McEnery (Comhalta boird)
- Willie Soffe (Comhalta boird)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Brian Rowntree (Comhalta seachtrach)

Tá roinnt post neamhfheidhmiúcháin ina sheilbh ag an Uas. Rowntree faoi láthair san earnáil phoiblí agus neamhbhrabúis. Tá an tUas. Rowntree ag obair mar Chathaoirleach ar Choimisinéirí Státseirbhíse Thuaisceart Éireann agus is Comhalta Neamhspleách de Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann é. Chaith sé tréimhse roimhe seo ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann (2004-2012), comhalta de Bhord Comhairleach an Ionaid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach, agus Leas-Uachtarán ar Fhóram na hEorpa um Thithíocht Shóisialta.

Chomh maith leis sin, tá tréimhsí caite aige ag feidhmiú sna hearnálacha Tithíochta, Ceartas Coiriúil, Sláinte agus Oideachais mar Chathaoirleach agus mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, agus tá cathaoirleacht déanta aige agus páirt glactha aige i bhfóraim éagsúla i dTuaisceart Éireann agus ar bhonn trasteorann.

Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i mBéal Feirste le linn 2014. Leis na cruinnithe i mBéal Feirste (agus imeachtaí éagsúla ar fud Thuaisceart Éireann), cuireadh an deis ar fáil chun dul i mbun rannpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara i ngach earnáil i dTuaisceart Éireann.

Áiríodh ar phríomhfhreagrachtaí Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann:

Comhairle a sholáthar don Bhord agus moltaí a chur faoina bhráid faoi chúrsaí Thuaisceart Éireann sa mhéid is a bhaineann siad le Cuspóirí an Choiste Chomhairligh atá leagtha amach thíos:

- Moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ar ábhair a bhaineann le Tuaisceart Éireann i gcomhthéacs cuspóirí agus feidhmeanna GNBS faoi mar atá leagtha amach in Alt 10 agus in Alt 11 den Acht.
- A chinntiú go n-áireofar i measc na moltaí sin tuairim an Choiste faoin tionchar a bheadh ar Thuaisceart Éireann ag chur i bhfeidhm straitéis an Bhoird.
- Moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir straitéis GNBS sa mhéid is a bhaineann sí leis na sócmhainní i dTuaisceart Éireann.

Buaicphointí Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Comhairle Beartais

Is é sainordú GNBS an uasmhéid a aisghabháil ó gach iasacht beag beann ar cibé áit a bhfuil na hiasachtaí bunúsacha lonnaithe. Chuige sin, glacann GNBS cur chuige tráchtála i ngach dlínse a bhfuil sí ag feidhmiú inti, agus ag an am céanna tugtar aitheantas do shaintréithe margaidh na gceantar seo. Rinne an Coiste athbhreithniú ar gach deis straitéiseach chun réitigh chruthaitheacha, nuálacha a chruthú i leith phunann GNBS i dTuaisceart Éireann. Chun na críche sin, bhain an Coiste tairbhe go fóill i rith 2014 as an ionchur ó Brian Rowntree, Comhalta Seachtrach den Choiste, a chuir stór mór uathúil eolais agus saineolais áitiúil ar fáil mar threoir d'obair GNBS i dTuaisceart Éireann.

Idirbheart Díolacháin Iasachta Project Eagle

Cuireadh an Coiste ar an eolas i dtéarmaí ginearálta ar an méid suntasach oibre a rinneadh i ndáil le Project Eagle, idirbheart um dhíol iasachtaí a bhí casta mar gheall ar a scála agus mar gheall ar líon na bhféichiúnaithe a bhí i gceist. Anois nuair atá an díolachán curtha i gcrích, tá laghdú suntasach déanta ar an gcuid de Phunann Thuaisceart Éireann atá fágtha le bainistiú ag GNBS, gan inti ach níos lú ná 40 sócmhainn níos lú. Déanfar an phunann iarmharach sin a dhiúscairt in 2015.

Tithíocht Shóisialta

Chuir an Coiste comhairle ar an mBord faoi rannpháirtíocht GNBS le hearnáil tithíochta sóisialta Thuaisceart Éireann d'fhonn suíomhanna oiriúnacha chun críche tithíocht shóisialta a aithint agus a thairiscint sa chás inar oir na riachtanais agus na sócmhainní laistigh den phunann dá chéile.

Taighde

Bhí an Coiste ag obair i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Uladh ar thaighde tábhachtach, nuálach a raibh sé ina aidhm leis tacú le tuiscint níos fearr ar an dinimic sholáthair agus éilimh talún ar fud an réigiúin, lena n-áirítear inacmhainneacht tithíochta agus bacainní ar iontráil chuig an margadh. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na conclúidí deiridh ón tionscadal taighde de chuid Ollscoil Uladh i Jordanstown, 'Residential Development Land: Supply Side Dynamics and Policy Implications', a bhí urraithe ag GNBS. Cuirfear tuarascáil achoimre deiridh de chuid UUJ, ina mbeidh Project Eagle san áireamh, faoi bhráid an Bhoird in am trátha.

Is mian leis an gCoiste a bhuíochas a ghabháil le Brian Rowntree, Willie Soffe (comhalta Boird), Brian McEnery (comhalta Boird), Ronnie Hanna (Iar-Cheannaire um Aisghabháil Sócmhainní) agus Jonathan Milligan, atá ina Leas-Cheannaire um Aisghabháil Sócmhainní faoi láthair, a d'fhóin ar an gCoiste ó bunaíodh é i mBealtaine 2010.

Frank Daly

Cathaoirleach

Rialachas (ar lean)

AN COISTE COMHAIRLEACH PLEANÁLA

Is é aidhm an Choiste Chomhairligh Phleanála comhairle a chur ar an mBord maidir le pleanáil, talamh agus ceisteanna gaolmhara a bhfuil tionchar acu ar luacháil agus ar réadú shócmhainní GNBS, agus dá réir sin, tionchar ar ghnóthachtáil chuspóir agus fheidhmeanna GNBS mar atá sonraithe in ailt 10 agus 11 den Acht.

Féadfaidh an Coiste moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le cuspóirí GNBS i ndáil le straitéisí, treoirlínte agus pleananna reachtúla faofa, lena n-áirítear CFSanna agus Pleananna Ceantair Áitiúil agus an tionchar atá acu ar shócmhainní GNBS.

Cuimsítear na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach Pleanála:

- Willie Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- John Corrigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GBCN agus Comhalta Boird) – d'éirigh as ar an 10 Aibreán 2014
- Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach, GBCN agus Comhalta Boird) – ceaptha an 15 Eanáir 2015
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, GNBS agus Comhalta Boird)
- Mary Birmingham (Ceannaire ar Bhainistíocht Sócmhainní, GNBS) – ceaptha ar an 15 Eanáir 2015
- Mari Hurley (Comhalta Boird) – ceaptha ar an 10 Aibreán 2014
- Michael Wall (Comhalta Seachtrach)
- Alice Charles (Comhalta Seachtrach)

Is ailtire agus abhcóide é **an tUas. Michael Wall**, chomh maith le bheith ina iar-Chomhalta Boird de chuid an Bhoird Pleanála.

Tá cuid mhaith taithí pleanála ag **Alice Charles Uasal** agus is comhalta í den Institiúid Ríoga Pleanála Baile agus d'Institiúid Pleanála na hÉireann.

Tháinig an Coiste le chéile sé uaire le linn 2014. Ceapadh Mari Hurley ar an gCoiste ar an 10 Aibreán 2014. Ceapadh Conor O'Kelly agus Mary Birmingham ina gcomhaltaí den Choiste ar an 15 Eanáir 2015.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an choiste in 2014:

1. Measúnú a dhéanamh ar chúrsaí pleanála is díol spéise don Ghníomhaireacht agus comhairle a thabhairt maidir le ceisteanna den sórt sin nuair ab iomchuí, agus é ag díriú go háirithe ar CFSanna agus ar sholáthar tithíochta agus bonneagair.
2. Dul i mbun cainteanna le ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus comhlachtaí reachtúla eile chun go mbeidh an cuspóirí céanna acu siúd is atá ag GNBS maidir le rudaí mar sholáthar tithíochta sóisialta, scoileanna, eastáit neamhchríochnaithe, agus ceannach réadmhaoine nuair is gá.
3. Comhairle agus treoir a thabhairt faoi rannpháirtíocht GNBS i roinnt saintionscadal agus i gcúrsaí poiblí, a bhfuil baint ag páirtithe leasmhara seachtracha leo, lena n-áirítear reachtaíocht phleanála nua, an Tobhach ar Thalamh Neamhshealbhaíthe atá beartaithe agus cur chun feidhme an Chórais Náisiúnta um Fhaisnéis Pleanála.

I rith na bliana 2014, dhírigh an Coiste ar na réimsí ina bhfuil sócmhainní ag GNBS gar do limistéir lárnacha a mbeidh acmhainn forbartha acu amach anseo, lena n-áirítear CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Thug an Coiste comhairle uaidh faoi fheidhmeanna GNBS um chur le luach sa CFS, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar nithe cosúil le soláthar bóithre, suíomh roinnt úsáidí talún áirithe ar fud na mbloc agus rannpháirtíocht dhíreach leanúnach leis an nGníomhaireacht Forbartha CFS. Táthar ag súil go gcabhróidh sé

sin le baint amach buntáistí soiléire geilleagracha agus sóisialta sna réimsí sin agus go bhfeabhsófar cumas GNBS chun a heisíocaíocht a fháil ar ais.

Lean an Coiste ar aghaidh ag tabhairt comhairle uaidh maidir le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta le comhlachtaí Stáit agus tá sé tiomanta d'aillíniú a gcuid riachtanasan le hionaid réadmhaoine a bhaineann le GNBS. D'oibrigh GNBS leis an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaíthe, le hÚdaráis Áitiúla agus le Gníomhaireachtaí Deonacha Tithíochta chun aonaid chónaithe inacmhainne a chur ar fáil chun críocha sóisialta. Tar éis bunú aonáin shainchuspóirigh de chuid GNBS, NARPSL, chun an próiseas sin a bhrostú, cuireadh de chúram ar an gCoiste maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt samhla um léasú fadtéarmach, a chuideoidh le soláthar na n-aonad. Ó bunaíodh GNBS tá os cionn 1,000 aonad curtha ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta. Cuireadh ar fáil iad trí dhíolacháin dhíreacha nó léasú fadtéarmach. Bhí comhairliúcháin eile ar siúl le comhlachtaí éagsúla Stáit, chun a gcuid riachtanas a ailíniú le riachtanais na Gníomhaireachta – leanann an Coiste ar aghaidh ag measúnú agus ag tabhairt comhairle maidir le nithe den sórt sin.

Tá an Ghníomhaireacht fós ag glacadh páirte sa Choiste Comhordaithe Náisiúnta a bhfuil sé de chúram air fadhb na n-eastát neamhchríochnaithe a réiteach. Rinne an Coiste maoirseacht i rith 2014 ar na feabhsuithe suntasacha a rinneadh ar na sócmhainní ábhartha a bhaineann le punann GNBS. Tá GNBS ag cistiú an phróisis réitigh suímh atá ar bun ag féichiúnaithe/glacadóirí, le béim ar chomhlíonadh i dtaobh sláinte agus sábháilteachta. Tá díolachán iasachtaí/sócmhainní ina chúis freisin le laghdú ar líon na n-eastát tithíochta neamhchríochnaithe. Dá bhrí sin tá laghdú 32% tagtha ar nochtadh GNBS

do na forbairtí sin. Leanfar ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis na suíomhanna a bhfuil fadhbanna fós ag baint leo.

Thug an Coiste treoir chomh maith maidir le comhlíonadh na sprice 4,500 aonad cónaithe a sholáthar faoi dheireadh 2016. Ag deireadh 2014, bhí tús curtha le tógáil 2,642 aonad agus mórchuid na hoibre déanta maidir le 3,147 n-aonad a raibh cead pleanála faighte ina leith. Ina theannta sin, bhí 6,128 n-aonad eile ag fanacht le hiarratais phleanála a chur isteach ina leith ag deireadh na bliana. Is é atá i gceist a chinntiú go gcuirfear le luach sócmhainní a bhfuil muirear ag GNBS orthu chun an luach is fearr a bhaint amach don cháiniócoir agus é á áirithiú freisin go mbeidh soláthar tithe nua ar fáil go fóill.

Is mór an chabhair don Choiste agus iad ag cur a gcuid feidhmeanna i gcrích an t-eolas agus an tacaíocht atá acu ó Aonad Pleanála agus Forbartha GNBS.

Willie Soffe
Cathaoirleach

Rialachas (ar lean)

Nochtadh agus Freagracht

Riachtanais nochtar a chomhaltaí Boird

In Alt 30 agus Alt 31 den Acht, déantar cur síos ar na ceanglais atá ar chomhaltaí an Bhoird i dtéarmaí nochtadh leasanna.

Leagann Alt 30 dualgas ar chomhaltaí an Bhoird nádúr leasa airgid nó leasa thairbhígh ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith acu i gceist ar bith atá á breithniú ag an mBord a nochtadh do chomhaltaí eile an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí Boird a bheith as láthair ó chruinniú Boird nuair atá an cheist á breithniú agus níl cead acu a bheith páirteach i vótáil ar bith a dhéanfaí ar an gceist.

Leagann Alt 31 den Acht oibleagáid ar gach comhalta Boird GNBS agus gach Stiúrthóir d'aonán de ghrúpa GNBS fógra a thabhairt do GNBS go bliantúil ar a leas incláraithe go léir de réir chiall an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995.

Tá comhaltaí an Bhoird mar aon le comhaltaí na gcoistí a bunaíodh faoi Ailt 32 agus 33 den Acht agus Stiúrthóirí eintitis ghrúpa GNBS ainmnithe mar stiúrthóirí de bhun an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, arna leasú ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 ('na hAchtanna um Eitic') agus éilítear orthu cloí leis na hAchtanna um Eitic maidir le nochtadh leasanna.

Foireann sannta do GNBS

Tá dualgas ar bhaill foirne arna sannadh do GNBS nochtadh a dhéanamh ar leasanna de bhun Alt 13(b) den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (arna leasú), Alt 18 de na hAchtanna um Eitic agus Alt 42 den Acht.

Ina theannta sin, tá an fhoireann atá sannta do GNBS faoi réir Cód Cleachtais a d'fhaomh an tAire de bhun Alt 35 den Acht, ina leagtar amach, i measc nithe eile, a n-oibleagáidí maidir le nochtadh

leasanna, rúndacht, cosaint sonraí agus trádáil taobh istigh.

Éilítear ar oifigigh arna sannadh do GNBS gealltanais a shíniú go gcoilfidh siad le forálacha an Chóid Cleachtais agus is éigeantach do gach ball foirne de chuid GNBS dul faoi oiliúint maidir le comhlíonadh.

Freagracht GNBS

Nuair a bhíonn a gcuid feidhmeanna á gcur i gcrích acu ní mór do Bhord GNBS a n-oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh agus tá siad faoi réir leibhéal ard cuntasachta poiblí.

1. Sheol GNBS tuarascálacha ráithiúla chuig an Aire ar a ghníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach in Alt 55 den Acht. Cuimsíonn sé seo eolas faoina iasachtaí, a shocrúithe maoiniúcháin agus a ioncam/chaiteachas. Cuirtear gach tuarascáil ráithiúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
2. Seolann GNBS cuntais bhliantúla i bhfoirm atá stiúrtha ag an Aire, faoi Alt 54 den Acht. Ní mór go n-áireofaí sna cuntais liosta de na hurrúis fiachais go léir arna n-eisiúint, liosta de na réamhíocaíochtaí go léir a dhéantar ón Lárchiste nó a dhéanann GNBS agus a haonáin ghrúpa, chomh maith le liosta punann sócmhainní mar aon lena luach leabhar. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais GNBS agus cuirtear na cuntais iniúchta faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
3. Chomh maith lena cuntais bhliantúla, tá ceangal ar GNBS Ráiteas Bliantúil a chur faoi bhráid an Aire, faoi Alt 53, ina leagtar amach a chuspóirí beartaithe maidir le gach bliain, scóip na ngníomhaíochtaí a dhéanfar, a straitéisí agus a bheartais agus a úsáid bheartaithe acmhainní. Cuirtear gach ráiteas bliantúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
4. Tagann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach i láthair agus tugann siad fianaise cibé am a iarrann an Coiste um Chuntais Phoiblí é sin. Tagann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach i láthair os comhair coistí eile den Oireachtas freisin cibé am a iarrtar a leithéid.
5. Féadfaidh an tAire a cheangal ar GNBS tuarascáil a thabhairt dó ag am ar bith ar aon ábhar lena n-áirítear comhlíonadh a fheidhmeanna nó faisnéis nó staidreamh a bhaineann le feidhmíocht.
6. Tá cóid chleachtais ullmhaithe ag GNBS chun nithe áirithe a rialú, lena n-áirítear i measc rudaí eile, iompar a oifigeach, caighdeáin seirbhísithe le haghaidh sócmhainní faighte bainc, bainistíocht riosca, diúscairt sócmhainní bainc agus an bealach ina gcuirfidh GNBS leas tráchtála na mbanc nach bhfuil páirteach ann san áireamh. Tá na cóid chleachtais faofa ag an Aire agus tá siad foilsithe ar www.nama.ie/CodesOfPractice.
7. De réir Alt 226 agus Alt 227 den Acht, tar éis an 31 Nollaig 2012, cuireadh de cheangal ar an Aire agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste measúnú ar leithligh a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta ag GNBS i gcomhlíonadh a cuid cuspóirí foriomlána. Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn gach cúig bliana agus déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas & Ciste athbhreithniú gach trí bliana ina dhiaidh sin. Foilsíodh tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi Alt 226 maidir le dul chun cinn GNBS i mí na Bealtaine 2014 agus foilsíodh Athbhreithniú an Aire faoi Alt 227 i mí Iúil 2014.

Bainistíocht Riosca

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ

Tá GNBS nochta do réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin na Gníomhaireachta. D'fhaomh an Bord Beartas Bainistíochta Riosca GNBS a bhfuil cur chuige comhtháite ann a dearadh lena chinntiú go n-aithneofar gach rang ábhartha riosca sa chaoi go ndéanfar straitéis ghnó agus forghníomhú a ailíniú chun go n-íoslaghdófar an baol maidir le baint amach Phlean Straitéiseach GNBS Bhunaigh an Creat Bainistíochta Riosca na próisis chun rioscaí a aithint, a mheas, a thomhas, a thuairisciú agus a mhaolú. Tá na príomhrioscaí agus na príomhchúiseanna neamhchinnteachta seo a leanas aitheanta ag GNBS a d'fhéadfadh cur isteach ar chomhlíonadh a cuid cuspóirí.

1. Riosca réadmhaoine agus riosca maicreacnamaíoch

Riosca go n-eascródh neamhábaltaacht oibleagáidí Bannaí Sinsearach GNBS as suaitheadh airgeadais nó maicreacnamaíoch intíre nó idirnáisiúnta. Má theipeann ar an ngeilleagar agus an margadh réadmhaoine in Éirinn teacht aniar go hiomlán agus go hinbhuanaithe nó má théann an margadh i léig ó na leibhéil reatha in áiteanna eile a bhfuil GNBS nochta, go príomha sa Ríocht Aontaithe, d'fhéadfadh na sreafaí airgid arna réadú ó shócmhainní GNBS a bheith ní b'ísle ná mar a rinneadh a réamh-mheas.

2. Riosca Straitéiseach

Má chuirtear bearta díghiarála nó diúscartha i bhfeidhm go ró-thapa nó go ró-mhall seans nach gcomhlíonfaidh GNBS ceanglas reachtúil Alt 10 den Acht (an tAcht) um an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní maidir leis an "toradh airgeadais is fearr a bhaint amach don Stát". Léiríonn an riosca an deischoistas a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cinntiú um shócmhainní GNBS a dhíol seachas iad a choimeád gan díol.

3. Riosca maidir le caipiteal daonna

Más amhlaidh go gcaillfear caipiteal ábhartha daonna de chuid GNBS, ní

chomhlíonfaidh an Gníomhaireacht a cuid cuspóirí. Má theipeann ar iarrachtaí chun baill foirne thábhachtacha a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil, is é sin na baill foirne a bhfuil an taithí agus an saineolas riachtanach acu, caillfidh an Gníomhaireacht eolas corparáideach institiúideach, agus cuirfear srian ar a hacmhainn chun sócmhainní a chur ar díol nó d'fhéadfadh an baol a bheith ann go bhfaighfí praghas ní b'ísle orthu ná mar a d'fhéadfaí a fháil.

4. Riosca Clú

Is é sin an baol go bhféadfadh drochmheas an phobail, polaiteoirí nó lucht tionscail ar GNBS drochthionchar a bheith aige ar ghníomhaíochtaí lárnacha gnó agus ionchas airgeadais na Gníomhaireachta agus go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do chumas na Gníomhaireachta a cuid cuspóirí a chomhlíonadh. D'fhéadfadh barúlacha diúltacha a bheith i gceist mar gheall ar an gcaoi a reáchtálann GNBS a cuid gnóthaí nó mar gheall ar an gcaoi a mheastar a reáchtálann sí iad, nó mar gheall ar ráitis bhréagacha nó ráitis mhíthreoracha a eascraíonn ó dhaoine lasmuigh de GNBS. D'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do cháil GNBS dá mba rud é nach n-éireodh léi i roinnt cás dlí suntasach, dá dtabhófaí teagmhas caillteanas ábhartha nó dá mbeadh sárú suntasach ar shlándáil faisnéise i gceist information security breach.

5. Rioscaí a bhaineann le CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath agus Forbairt Cónaithe

Is é sin an riosca nach mbainfidh GNBS amach an sprioc atá aici maidir le 4,500 aonad cónaithe a thabhairt chun críche i gceantar Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh 2016 agus nach gcomhlíonfaidh sí a pleananna maidir le CFS Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfadh sé go gclisfeadh ar GNBS a cuspóirí a bhaint amach má bhíonn sí faoi thionchar moille maidir le ceadanna pleanála, soláthar bonneagair tacaíochta agus iomaíocht sa soláthar margaidh.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca monatóireacht rialta ar an príomhrioscaí agus déantar aon athruithe ar an bpróifíl rioscaí nó aon nuashonruithe suntasacha ina leith a thuairisciú

láithreach don Bhord. Tugtar cuireadh do shaineolaithe in ábhair ar leith cur i láthair a dhéanamh don Choiste Bainistíochta Riosca ar bhonn rialta lena chinntiú go meastar go cuí gach gné de na rioscaí sin.

Tá próisis láidre riosca i bhfeidhm ag GNBS chun rioscaí a bhaineann lena gnó a bhainistiú d'fhonn an seans a laghdú go dtarlódh caillteanas mhóra gan choinne, agus d'fhonn tionchar na gcaillteanas a tharlaíonn i ngnáthchúrsa an ghnó a íoslaghdú. Tugtar tosaíocht do rioscaí atá aitheanta ag an mbainistíocht de réir dhóchúlacht agus thionchar stádas an riosca agus rinne an Coiste Bainistíochta Riosca agus an Bord athbhreithniú rialta ar phleananna gníomhaíochta freagartha agus rialuithe. Tugtar dúshlán an lucht bainistíochta chun rioscaí nár breithníodh cheana a bhreithniú. Tá straitéisí freagartha GNBS do gach riosca deartha d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn GNBS laistigh den lamháltas sainmhínithe riosca sin tríd an riosca a sheachaint, an riosca a aistriú, nuair is féidir, trí mheicníocht árachais nó meicníocht dá chineál sin, an dóchúlacht agus/nó tionchar an riosca nó glacadh leis an riosca sin a laghdú faoi réir athbhreithniú leanúnach. Molann an Coiste Bainistíochta Riosca don Bhord glacadh le beartais nua nó athruithe ar bheartais atá ann cheana, glacadh le straitéisí fálaithe chun rioscaí áirithe clár comhardaithe a bhainistiú agus moltaí a dhéanamh le haghaidh dhíghiaráil an chláir comhardaithe, trí fhuascailt bannaí mar fhreagra ar thionchair agus cúinsí athraitheacha inmheánacha agus seachtracha.

Leantar leis an laghdú ar an éiginnteacht a bhaineann leis na rioscaí a ghabhann le comhdhéanamh chlár comhardaithe agus shamhail oibriúcháin GNBS de réir mar a chuirtear chun feidhme an straitéis chun luach airgid phunann iasachtaí GNBS a bhaint amach. Tá athrú leanúnach ag teacht ar phróifíl riosca GNBS ón gcéim thionscnaimh go haibíocht de réir mar a bunaíodh na próisis agus na córais lárnacha agus mar a d'éirigh siad leabaithe laistigh de ghníomhaíochtaí oibriochtúla lárnacha na heagraíochta.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

An Clár

An Bord agus faisnéis eile	67
Tuarascáil an Bhoird	68
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	69
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	74
Ráiteas ioncaim chomhdhlúite	76
Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh	77
Ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta	78
Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais	79
Ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais	80
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	81
Ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas	82
Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid	83
Ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid	86
Nótaí le ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta	87
Gluais na dtéarmaí	171

AN BORD AGUS FAISNÉIS EILE

Bord

Frank Daly (*Cathaoirleach*)

Brendan McDonagh (*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*)

John C. Corrigan¹ (*d'éirigh as 4 Eanair 2015*)

Oliver Ellingham

Mari Hurley (*ceaptha 8 Aibreán 2014*)

Brian McEnery

John Mulcahy (*d'éirigh 17 Eanair 2014*)

Conor O'Kelly¹ (*ceaptha 5 Eanair 2015*)

Willie Soffe

Oifig Chláraithe

Foirgneamh an Stáitchiste

Sráid na Canálach Móire

Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid an Dáma

Baile Átha Cliath 2

Citibank

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

Iniúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

¹ Is ball ex-officio do Bhord GNBS é Príomhfheidhmeannach GBCN.

TUARASCÁIL AN BHOIRD

Cuireann Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('an Gníomhaireacht' nó 'GNBS') a thuarascáil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um an GNBS i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

Tá na ráitis airgeadais leagtha amach ar leathanaigh 76 go 170.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta as na Ráitis Airgeadais

Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht IFRS a chur i bhfeidhm faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach in ullmhú ráiteas airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta amháin. Éilíonn an tAcht fán nGníomhaireacht um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ('an tAcht') ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil lena cuid oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, tugann an Gníomhaireacht faoi:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh (féach beartas cuntasaíochta 2.1);
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Airgeadais ('an tAire'), gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead go léir faighte nó caite aici a choinneáil agus as taifid chuntasaíochta a chothú a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a haonáin ghaolmhara.

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Grúpa i mbaol riosca creidmheasa, riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis agus riosca malairte eachtraí) agus riosca leachtachta i ngnáthchúrsa gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá ag an nGrúpa leis na rioscaí seo a bhainistiú le fáil i nótaí 21 go 23 leis na ráitis airgeadais.

Leasanna na gComhaltaí Boird

Níl aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird sa GNBS nó in aon aonán de ghrúpa an GNBS agus táthar tar éis cloí le hAlt 30 den Acht maidir le nochtadh na leasanna.

Iniúcháir

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir an Ghrúpa de bhua Alt 57 de chuid an Achta.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta laistigh de chreat rialachais arna bhunú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('GNBS'). Tá an Bord agus na coistí arna mbunú ag an mBord freagrach as monatóireacht agus maoirseacht rialachais ar na haonáin uile de Ghrúpa an GNBS.

Baineann na torthaí a gcuirtear i láthair anseo leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2014, le torthaí comparáideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Bord a chuid freagrachtaí do chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an GNBS. Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Timpeallacht Rialaithe

Foráiltear san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (an 'tAcht') gur iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird:

- A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- Na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun na céimeanna réasúnta uile a ghlacadh de láimh d'fhonn na spriocanna agus cuspóirí úd a bhaint amach.

Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá ceithre choiste reachtúil ag an mBord atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an GNBS agus a Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach; Coiste Iniúcháireachta, Coiste Bainistíochta Riosca, Coiste Creidmheasa, agus Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aontaithe ag an mBord dá fhochoistí reachtúla, coistí atá faoi réir athbhreithnithe rialta. Tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord don Choiste Creidmheasa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach tríd an Beartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe atá a chuirtear faoi aithbhreithniú rialta. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe dá chlár comhardaithe agus dá bheartais státchiste tarmligthe ag an mBord don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Tá glactha ag an mBord le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) mar atá curtha in oiriúint chun aird a thabhairt ar chreat rialachais ar leith an GNBS agus ceanglais reachtúla an Achta agus táthar tar éis creat Rialachais a bhunú, a chuirtear faoi ainbheirtniú bliantúil.

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. I measc fhreagrachtaí an Choiste tá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta inmheánacha agus seachtracha.

Tá an GNBS tar éis glacadh le beartas Frithchalaoise an GNBS. Faoin mbeartas seo tá comhairle le cur ar an gCoiste Iniúcháireachta i ndáil le tuairiscí uile calaoise nó calaoise amhrasta. Tá Beartas Tuairiscithe um Meon Macánta ar fud an GBCN (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta) curtha i bhfeidhm ag an GNBS freisin a cuireadh isteach in ionad an Tuairiscithe ar "Éagóiritheoireacht" agus an Bheartais Chosanta um Nochtadh Faisnéise i mí na Samhna 2014. Sa bheartas seo leagtar amach an nós imeachta atá le leanúint ó thaobh fostaithe GBCN a dhéanann tuairisciú ar theagmhais (Oifigh GNBS san áireamh). Déantar éagóir nó teagmhais a thuairisciú chuig clár bhainisteoir an fhostaí, a ardaíonn an teagmhais leis an gCeannasaí ar Chomhlíontacht. Is féidir teagmhais éagóra a thuairisciú freisin díreach chuig an gCeannasaí ar Chomhlíontacht nó chuig ionadaí seachtrach neamhspleách (an Duine Ainmnithe). Tá dualgas ar an gCeannaire ar Chomhlíontacht agus an Duine Ainmnithe ansin tuairisciú a dhéanamh chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta. Tá an Coiste Iniúcháireachta freagrach as úinéireacht an Tuairiscithe ar 'Éagóiritheoireacht' agus an Bheartais Chosanta um Nochtadh Faisnéise sa mhéid is go mbaineann sé le feidhmeanna an GNBS, go ndéantar neamart dá chur i bhfeidhm i dtaca leis na feidhmeanna agus go ndéantar neamart d'imscrúduithe chun idirghabháil leis an gCeannaire ar Chomhlíontacht a chur san áireamh lena chinntiú go ndéantar meastóireacht agus imscrúdú go cuí ar aon tuairiscí a fhaightear. Déantar athbhreithniú ar an mbeartas gach bliain nó níos minice de réir mar a mheasann an GBCN go bhfuil sé cuí.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (AR LEAN)

Tá Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach ag an GNBS atá freagrach as gnó an GNBS a bhainistiú. Tá freagracht, údarás agus cuntasacht bainistíochta mínite agus comhaontaithe go foirmiúil leis an mBord.

Tá Cóid Chleachtais comhaontaithe leis an Aire Airgeadais de réir Alt 35 den Acht, lena n-áirítear inter alia Cóid ina leagtar amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh an GNBS. Déanann an Bord athbhreithniú bhliantúil ar na Cóid Cleachtais cuirtear aon leasú faoi bhráid an Aire lena gceadú.

Braitheann an GNBS cuid mhaith ar na rialuithe arna bhfeidhmiú ag roinnt tríú páirtithe lena n-áirítear GBCN, Seirbhísí Sócmhainní Capita ('Capita') agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha (Banc na hÉireann agus AIB cpt). Ina leith seo ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Tá córas dea-fhorbartha um rialú inmheánach ag GBCN agus tá aon seirbhísí comhroinnte atá á soláthar don GNBS á soláthar de réir an chreata rialaithe seo.
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNBS le Capita agus leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha le haghaidh tuairiscíú teagmhas, lena n-áirítear teipeanna rialaithe agus nósanna imeachta formhéadaithe.
- Loirgeann agus faigheann an GNBS dearbhuithe ó GBCN, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a gcórais um rialú inmheánach airgeadais i ndáil le hiasachtaí an GNBS.

Ar an 7 Feabhra 2013, ceapadh Comhleachtaitheoirí Speisialta do IBRC agus tá ceithre Threoir eisithe ag an Aire Airgeadais faoin Acht IBRC, 2013 chuig an GNBS. Ina measc éilíodh ar an GNBS na sócmhainní bunúsacha eile a ghnóthú ó na Comhleachtaitheoirí Speisialta más rud é nach bhfuil na Comhleachtaitheoirí Speisialta in ann na sócmhainní a dhíol leis an margadh. Tá críoch curtha leis an bpróiseas luachála agus díola agus ní meastar go n-aistrefar aon sócmhainní de chuid IBRC chuig an GNBS.

Tar éis a gceaptha, lean na Comhleachtaitheoirí Speisialta ar aghaidh ag feidhmiú mar Institiúid Rannpháirteach i leith iasachtaí IBRC an GNBS a bhí ann cheana. Rinne an GNBS an riosca go mbeadh coimhlint leasa ann i gcásanna ina mbeadh na Comhleachtaitheoirí Speisialta nó a ngnóthais ag feidhmiú mar ghlacadóir ceaptha ar iasachtaí IBRC an GNBS a shainaithint agus comhaontaíodh leis na Comhleachtaitheoirí Speisialta na socruithe is cuí sna cúinsí sin chun aon choimhlint leasa den sórt sin a bhainistiú.

Cé gur ghlac Capita an fhreagracht mar an Príomhsheirbhíseoir agus an Sainseirbhíseoir ar iasachtaí CÉRB de chuid an GNBS a bhí ann cheana féin sa dara leath de 2013, leanfaidh na Comhleachtaitheoirí Speisialta ag feidhmiú mar Institiúid Rannpháirteach go dtí mí an Mheithimh 2015.

Ar 22 Meán Fómhair 2014 ceapadh Capita mar an Príomhsheirbhíseoir agus Sainseirbhíseoir i leith iasachtaí Bhanc na hÉireann de chuid an GNBS. Tá córais, seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí eile baincéireachta á gcur ar fáil go fóill ag Banc na hÉireann i leith na n-iasachtaí seo. Glacfaidh Capita an fhreagracht ar na seirbhísí seo ón 23 Feabhra 2015 ar aghaidh.

Measúnú Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartas riosca agus leibhéal lamháltais atá faofa ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go bhfuil an riosca á bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le tacú le toradh foriomlán tráchtála de réir an Achta. Tá meicníochtaí tuairiscithe bunaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus straitéisí maolaithe, ag cinntiú go bhfuil na rioscaí seo á bhfeidhmiú laistigh de theorainneacha faofa an Bhoird.

Tá Clár Rioscaí á choimeád ina n-aithnítear agus ina rangáítear rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS a cuspóirí a bhaint amach agus a dhéanann measúnú ar an impleacht agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais éagsúla riosca ar fud na heagraíochta agus laistigh dá timpeallacht oibriúcháin. Bunaithe ar na rioscaí aitheanta, aontaítear ar ghníomhartha chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar an gclár rioscaí ar bhonn ráithiúil, leis an rud céanna á dhéanamh ag an mBord ar bhonn bliantúil, agus iarrtar ar an bhFoireann Feidhmiúcháin Sinsearach dearbhú a thabhairt maidir leis na rialuithe atá comhaontaithe chun rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

I rith 2014 d'aithin an Coiste Bainistíochta Riosca cúig phríomhriosca a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha iomlána an GNBS a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí;

- Suidheachadh maicreacnamaíoch nó airgeadais baile nó idirnáisiúnta

- Caillteanas ábhair de chaipiteal daonna
- Soláthar pleananna réadmhaoine cónaithe nó Chrios Forbartha Straitéisí Cheantar na nDugaí
- Tráthú agus ráta dhíghiaráil na punainne
- Damáiste ar an gcáil

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú go leanúnach ar na príomhrioscaí agus tuairiscítear aon athruithe a dhéantar ar na príomhrioscaí chuig an Bord.

Tá clár rioscaí aonair curtha ar fáil ag Capita agus gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha ar aon, ar aon dul leis na teimpléid chaighdeánacha comhaontaithe leis an GNBS. Cuirtear na clár rioscaí seo faoi bhráid athbhreithniú raithiúil ag Iniúchadh agus Riosca (CFO) GNBS agus an Coiste Bainistíochta Riosca.

Tá feidhm Riosca agus Iniúcháireachta [POF] an GNBS tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir riosca seo agus níor aithníodh aon saincheistanna mar pháirt don athbhreithniú seo.

Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an GNBS maidir le príomhghnéithe riaracháin agus bainistíochta an ghnó. Tá sainmhíniú agus feabhas leanúnach déanta ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo de réir mar atá an GNBS forbartha.

Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an GNBS le tacú lena tuairisciú airgeadais míosúil, ráithiúil agus bhliantúil agus d'ullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite agus na Gníomhaireachta a ionchorpraíonn na próisis agus na rialuithe uile a bhfuil cur síos déanta orthu sa ráiteas seo. I rith 2014 chuir an GNBS próiseas comhdhlúthúcháin atá go hiomlán uathoibríoch i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an nós imeachta chun na Ráitis Airgeadais chomhdhlúite a ullmhú.

Cuireann an GNBS feabhsuithe go leanúnach i bhfeidhm ar a córais faisnéise bainistíochta d'fhonn tuairisciú feabhsaithe a éascú chuig an mBord, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearach maidir lena feidhmíocht. Leanann an GNBS ag déanamh forbartha ar fhaisnéis bainistíochta chun tacaíocht a thabhairt don GNBS lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear soláthar tithíochta cónaithe a éascú agus soláthar forbartha tráchtála agus cónaithe i gCeantar na nDugaí.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áirítear ina measc seo inter alia faomhadh bainistíocht sócmhainní féichiúnaithe / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgid nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratais sonracha ar chreidmheas sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás i ndáil lena leithéid. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as beartais um Aisghabháil Sócmhainní a mheas roimh fhaomhadh an Bhoird, agus soláthraíonn sé ról maoirseachta maidir le mórchinntí creidmheasa déanta faoi leibhéal údaráis tarmligthe an Choiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú ar an bhFaisnéis Bainistíochta a ullmhaíonn an feidhm um Aisghabháil Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS lena chinnteoireacht a thacú.

Tá beartas soláthair curtha i dtoll a chéile ag an GNBS. Cuirtear ceanglais soláthair an GNBS i bhfeidhm de bhun an bheartais soláthair, na reachtaíochta soláthair ábhartha agus de réir treoirlínte dea-chleachtais inmheánacha. Tá an GNBS faoi réir Theoir AE 2004 / 18 / CE atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Chonarthaí na nÚdarás Poiblí) 2006 (na 'Rialacháin'), i ndáil le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí os cionn tairseacha luacha áirithe arna socrú ag an AE iad. Sa chás nach bhfuil feidhm leis na Rialacháin – de bhrí go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó lasmuigh de na Rialacháin – glanann an GNBS le próiseas iomaíoch atá deartha chun an luach ar airgead is fearr is féidir a fháil a ghnóthú. adopts a competitive process designed to obtain the best value for money that can be achieved. Ach amháin sa chás go bhfuil na Rialacháin i bhfeidhm, déanann an Príomhfheidhmeannach nó an Bord aon eisceachtaí a dhéantar ar bheartas soláthair an GNBS a fhaomhadh ag brath ag luach an chonartha.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (AR LEAN)

Tá miondoiciméad nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GNBS leis na mórfhorbairtí córais a chur i bhfeidhm agus leantar cur chuige bunaithe ar rialuithe struchtúrtha le haghaidh na dtionscadal a dtugtar fúthu. I rith 2014, bhí cláir feabhsuithe seachas mórathruithe a rinneadh ar na córais lárnacha, arb iad Trádstóras Iasachtaí an GNBS, an Córas Bainistíochta Punainne agus an Córas Bainistíochta Doiciméad. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Athruithe Corparáideacha i rith 2014 chun maoirsiú a dhéanamh ar na tionscadail uile (lena n-áirítear forbairt TF) don GNBS Tá rialuithe breise curtha i bhfeidhm ag an GNBS freisin maidir le cúrsaí TF i ndiaidh fógra éirí as ó fhostaí.

Tá creat iomchuí curtha i ngníomh ag an GNBS lena chinntiú go gcloíann sí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreat seo, tá córais agus rialuithe curtha i bhfeidhm freisin ag an GNBS chun an rochtain ar shonraí rúnda a shrianú. I gcásanna inar cuireadh ar a súil don GNBS go ndearnadh sárú nó sárú líomhanta ar shonraí rúnda, rinneadh fiosrúchán iomlán agus tuairiscíodh do na húdaráis iomchuí é nuair a bhí gá.

Faisnéis agus Cumarsáid

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a cuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Soláthraíonn an GNBS measúnú rialta ar a hioncaim agus costais iarbhrí go buiséid don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht freisin ar fhorbairt agus forfheidhmiú chórais an GNBS.

Cuireann an GNBS faisnéis airgeadais agus feidhmíochta míosúil, ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Bhoird agus cuirtear faisnéis airgeadais agus feidhmíochta ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Aire Airgeadais freisin mar atá riachtanach faoin Acht.

Lena chois sin, soláthraíonn an GNBS faisnéis bhainistíochta don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach, don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus don Bhord i ndáil le feidhmíocht na bhféichiúnaithe agus na punainne iasachtaí.

Monatóireacht

Ghníomhaigh Deloitte mar Iniúcháirí Inmheánacha GNBS go dtí 30 Aibreán 2014. Cheap an GNBS PwC mar Iniúcháirí Inmheánacha ó 1 Bealtaine 2014. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Iniúcháir Inmheánach, atá ag feidhmiú de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'fhaomh an Coiste Iniúcháireachta plean iniúcháireachta inmheánaí don bhliain 2012. De réir an phlean seo, tá roinnt iniúchtaí déanta ag an Iniúcháir Inmheánach ar rialuithe atá i bhfeidhm ag an GNBS, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tuairiscíonn an tIniúcháir Inmheánach a chuid torthaí díreach chuig an gCoiste Iniúcháireachta. Aibhsíonn na tuarascálacha seo easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus moltar bearta ceartaitheacha atá le glacadh nuair is cuí. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta nuashonruithe, ar bhonn rialta, ar stádas na saincheisteanna tugtha chun solais ag na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus leantar suas le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna úd.

Tá próisis bunaithe ag an GNBS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita mar Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir, lena n-áirítear tuairiscí seirbhíse míosúla, athbhreithnithe seirbhíse rialta (lena n-áirítear dearbhú cáilíochta cinntí creidmheasa déanta faoi scáth an údarais tarmligthe) agus Coistí Stiúrtha agus Fóraim Athbhreithnithe Creidmheasa a bhunú. Tá coistí stiúrtha bunaithe do gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteach agus Capita mar Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir, agus tagann siad lena chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta agus oibriúcháin. Déanann an GNBS athbhreithniú ar an leabhar iasachtaí arna mbainistiú ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha trí mheán Fóram Athbhreithnithe Creidmheasa tréimhsiúla agus rannpháirtíocht an GNBS i gCoistí Creidmheasa na nInstitiúidí Rannpháirteacha. Chomh maith leis sin, tá Creat Dearbhaithe Cáilíochta curtha i bhfeidhm ag an GNBS le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht Féichiúnaithe Bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha ar bhonn leanúnach de réir na n-údarás tarmligthe orthu ag an GNBS.

Maidir le Capita mar Phríomhsheirbhíseoir agus Seirbhíseoir Speisialta, déanann pearsanra an GNBS gach cinneadh a bhaineann le creidmheas, agus níl aon údarás tarmligthe ag an GNBS do Capita i ndáil le creidmheas. Cuireadh Creat Dearbhaithe Cáilíochta i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht um chomhall creidmheasa agus ar bhainistíocht cáis féichiúnaithe arna mbainistiú ag GNBS, na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita.

Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita (ina róil mar soláthóirí seirbhíse GNBS) faoi réir iniúchta a dhéanfaidh iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha an GNBS.

San áireamh sa mhonatóireacht a dhéanann an Bord ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh tá tuairisciú rialta chuig an mBord á athbhreithniú agus á bhreithniú ag an gCoiste Iniúcháireachta (a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh), an Coiste Bainistíochta Riosca, an Coiste Creidmheasa, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin, Ceannaire an Iniúchta agus Riosca [POF agus an Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach airgeadais an GNBS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord. San athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais áiríodh:

- Athbhreithniú agus breithniú chlár oibre an Iniúcháir Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí.
- Athbhreithniú ar shaincheisteanna rialuithe inmheánacha airgeadais aitheanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn a chuid oibre mar iniúcháir seachtrach.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta an Iniúcháir Inmheánaigh ar stádas na timpeallachta rialaithe airgeadais inmheánaí, agus stádas na saincheisteanna tugtha chun solais roimhe seo óna dtuarascálacha féin agus ábhair tugtha chun solais ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Leanann an Coiste Iniúchta suas freisin le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna tugtha chun solais.
- Athbhreithniú ar litreacha dearbhaithe faighte ó GBCN, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le feidhmiú a gcóras um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.
- Athbhreithniú ar ráitis dearbhaithe rialaithe curtha i gcrích ag Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach an GNBS i ndáil le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.



Frank Daly
Cathaoirleach

28 Aibreán 2015



Brian McEnery
Cathaoirleach, Coiste Iniúcháireachta



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Gníomhaireachta de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoin Acht fán nGníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas ioncaim comhdhlúite, ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh, ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um athruithe ar chothromas, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. An creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmíú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a ghnóthú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Lena chois sin, tá tuarascáil bhlíantúil na Gníomhaireachta léite agam le haithint cibé an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ó na ráitis airgeadais iniúchta. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuarascáil féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir IFRSanna faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus le forálacha an Achte fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2014 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar na nithe seo a leanas.

Gnóthas Leantach

Déanann Nóta 2.1 leis na ráitis airgeadais cur síos ar an staid i ndáil leis an bpríomhfhoins maoinithe don Gníomhaireacht agus leagtar amach an bonn ar a bhfuil an Bord sásta go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don tréimhse inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.



Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Aibreán 2015

RÁITEAS IONCAIM COMHDHLÚITE

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Grúpa €'000	2013 Grúpa €'000
Ioncam úis agus táille	5	955,289	1,334,716
Costas úis	6	(313,174)	(374,511)
Glanioncam úis		642,115	960,205
Ioncam eile / (costais)	7	36,245	(2,860)
(Caillteanais) / gnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	8	(158,697)	(54,211)
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr	9	284,813	505,411
Ioncam oibriúcháin iomlán		804,476	1,408,545
Costais riaracháin	10	(135,116)	(121,460)
Caillteanais airgeadra eachtrach	11	(21,634)	(89,336)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		(156,750)	(210,796)
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú		647,726	1,197,749
Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	12	(137,371)	(914,345)
Brabús oibriúcháin tar éis bearnaithe		510,355	283,404
Creidmheas muirear	13	(52,075)	(69,802)
Brabús don bhliain		458,280	213,602
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		458,280	213,602

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AN IONCAIM CHUIMSITHIGH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Grúpa €'000	2013 Grúpa €'000
Brabús don bhliain		458,280	213,602
Míreanna ar nó nár féidir a athrangú i ndiaidh brabúsa nó caillteanas:			
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid roimh cánachas	35	71,941	256,012
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	35	1,720	(4,127)
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	14,27	(17,950)	(65,134)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain glan ó cháin		55,711	186,751
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		513,991	400,353
Ioncam cuimsitheach iomlán inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		513,991	400,353

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS IONCAIM NA GNÍOMHAIREACHTA

Amhail ag 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Gníomhaireacht €'000	2013 Gníomhaireacht €'000
Ioncam úis agus táillí	5	165,718	874
Costais in-aisíoctha ó Ghrúpa BSNT	10	56,110	41,938
Ioncam iomlán		221,828	42,812
Costas úis	6	(186)	(836)
Costais riaracháin	10	(56,529)	(42,541)
Iomlán na gcostas		(56,715)	(43,377)
Brabús / (caillteanas) don bhliain		165,113	(565)
Brabús / (caillteanas) inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		165,113	(565)

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR AN STAD AIRGEADAIS

Amhail ag 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Grúpa €'000	2013 Grúpa €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	15	1,158,692	3,453,236
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	15	690,000	802,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	16	-	145,138
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	17	84,810	78,447
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18	58,241	160,369
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)	19	13,360,034	31,313,699
Sócmhainní eile	28	12,164	23,755
Fardail – réadmhaoine trádála	20	37,951	38,924
Réadmhaoín, innealra agus trealamh	25	1,935	1,071
Infheistíochtaí i ionstramain cothromais	26	36,181	6,373
Cáin iarchurtha	27	132,364	202,387
Iomlán na sócmhainní		15,572,372	36,225,399
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	17	20,428	24,676
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18	595,528	599,784
Dliteanais eile	30	126,114	172,594
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	29	13,590,000	34,618,000
Cáin iníoctha	31	1,769	407
Iomlán na ndliteanas		14,333,839	35,415,461
Gnáthscair agus cúlchistí			
Gnáthscair eile	34	1,593,000	1,593,000
Caillteanais choinnithe	36	(74,715)	(447,599)
Cúlchistí eile	35	(279,752)	(335,463)
Gnáthscair agus cúlchistí iomlána		1,238,533	809,938
Gnáthscair agus dliteanais iomlána		15,572,372	36,225,399

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS NA GNÍOMHAIREACHTA AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail ag 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Gníomhaireacht €'000	2013 Gníomhaireacht €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	15	101	1,152
Sócmhainní eile	28	168,161	5,961
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	25	1,935	1,071
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	37	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní		219,197	57,184
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	33	53,699	53,513
Dliteanais eile	30	3,892	7,178
Iomlán na ndliteanas		57,591	60,691
Cothromas			
Caillteanais choinnithe	36	161,606	(3,507)
Gnáthscair iomlán		161,606	(3,507)
Gnáthscair agus dliteanais iomlána		219,197	57,184

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ag 31 Nollaig 2013

		Gnáthscair eile Grúpa €'000	Tuilleamh coinnithe Grúpa €'000	Cúlchistí eile Grúpa €'000	Gnáthscair iomlán Grúpa €'000
31 Nollaig 2014	<i>Nóta</i>				
Iarmhéid ag tús na bliana		1,593,000	(447,599)	(335,463)	809,938
Brabús don bhliain	36	-	458,280	-	458,280
Dibhinn díolta ar gnáthscaireanna B	36	-	(1,540)	-	(1,540)
Cúpón díolta ar fó-bhanna	36	-	(83,856)	-	(83,856)
Ioncam cuimsitheach eile:					
Gluaiseacht i gcúlchiste fáilaithe an tsreafa airgid	35	-	-	71,941	71,941
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin	35	-	-	1,720	1,720
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	14	-	-	(17,950)	(17,950)
Ioncam cuimsitheach iomlán		1,593,000	(74,715)	(279,752)	1,238,533
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2014 inchurtha i leith úinéirí an mháthairchuideachta		1,593,000	(74,715)	(279,752)	1,238,533
		Gnáthscair eile Grúpa €'000	Tuilleamh coinnithe Grúpa €'000	Cúlchistí eile Grúpa €'000	Gnáthscair iomlán Grúpa €'000
31 Nollaig 2013	<i>Nóta</i>				
Iarmhéid ag tús na bliana		1,593,000	(659,039)	(522,214)	411,747
Brabús don bhliain	36	-	213,602	-	213,602
Dibhinn díolta ar gnáthscaireanna B	36	-	(2,162)	-	(2,162)
Ioncam cuimsitheach eile:					
Gluaiseacht i gcúlchiste fáilaithe an tsreafa airgid	35	-	-	256,012	256,012
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin	35	-	-	(4,127)	(4,127)
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	14	-	-	(65,134)	(65,134)
Ioncam cuimsitheach iomlán / (caiteachas)		1,593,000	(447,599)	(335,463)	809,938
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2013 inchurtha i leith úinéirí an mháthairchuideachta		1,593,000	(447,599)	(335,463)	809,938

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS NA GNÍOMHAIREACHTA AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ag 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Gníomhaireacht €'000	2013 Gníomhaireacht €'000
Iarmhéid ag tús na bliana		(3,507)	(2,942)
Brabús / (caillteanas) don bhliain	36	165,113	(565)
Ioncam / (costais) cuimsitheach iomlán		161,606	(3,507)
Iarmhéid ag 31 Nollaig inchurtha i leith na Gníomhaireachta		161,606	(3,507)

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2015



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Grúpa €'000	2013 Grúpa €'000
Sreabhadh airgid ó oibriúcháin dhíreacha			
Iasachtaí agus infháltais			
Fáltais ó iasachtaithe ²	19	8,452,459	4,240,638
Fáltais ó dhíorthaigh faighte		96,401	58,045
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe	19	(644,950)	(664,952)
Iasachtaí nua eisithe / faighte	19	(246,601)	(19,768)
Cistí i gcúrsa bailicháin	19	(19,827)	51,377
Airgead tirim sealbhaithe ar son iasachtaithe		(2,046)	2,191
Ioncam táille ar iasachtaí le hiasachtaithe	5	7,294	5,042
Aisíoc gníomhas saoráide iasachta ag Comhleachtaitheoirí Speisialta	19	11,715,089	1,225,000
Iarmhéideanna airgead thirim sealbhaithe ar son RSNT (i leachtú toilteanach) ³		(259)	-
Ús faighte ar gníomhas Saoráide iasachta		73,349	189,047
Airgead glan soláthartha ag iasachtaí agus infháltais		19,430,909	5,086,620
Díorthaigh			
Glan-insreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	11	11,858,107	21,876,254
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	11	(12,066,252)	(21,980,877)
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh áit a bhfuil cuntasáocht fálaithe i bhfeidhm		(210,662)	(232,102)
Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid ar dhíorthaigh eile		(187,529)	10,205
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí díorthach		(606,336)	(326,520)

² Lena n-áirítear fáltais airgid neamh-diúscartha de chuid €0.8bn (2013: €0.8bn), fáltais ó dhiúscairt an urrúis chomhthaobhach urraithe i gcoinne iasachtaí in fháltais de chuid €4.2bn (2013: €3.2bn) agus fáltais ó dhíolachán iasachtaí de chuid €3.4bn (2013: €0.3bn).

³ Atá comhdhéanta d'iarmhéideanna airgid a choimeádann an leachtaitheoir go dtí deireadh leachtú an RSNT (Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta).

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID (AR LEAN)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Grúpa €'000	2013 Grúpa €'000
Sreabha airgid oibriúcháin eile			
Íocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí		(190,993)	(131,971)
Ús íochta ar urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna		(108,476)	(130,487)
Ús faighte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		11,892	12,968
Díbhinn íochta ag GINBST ar ghnáthscaireanna B	36	(1,540)	(2,162)
Cúpón íochta ag BISNT ar fhó-fhiachas eisithe	36	(83,856)	-
Íocaíochtaí cáin chorparáide déanta ag an GINBST		-	(66)
Glan-insreabhadh ar méideanna geallta mar urrús comhthaobhach le GBCN	15	112,000	348,000
Cistí díolta le réadmahoin trádála a fháil		(1,696)	(6,708)
Ús faighte ar iasacht caipiteal oibre go Comhleachtaitheoirí Speisialta IBRC		-	872
Ioncam cíosa faighte ar aonad thithíocht shóisialta		636	45
Airgead glan (úsáidte i) / solártha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin eile		(262,033)	90,491
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin			
		18,562,540	4,850,591
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Infheistíochtaí i ionstraimin cothromais		(5,375)	(1,477)
Ceannachán sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin		-	(149,719)
Díolachán sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin		145,000	267,750
Dáileacháin faighte ó infheistíochtaí	7	30,429	97
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		170,054	116,651
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fuascailt urrúis fhiachais sinsearaí	29	(21,028,000)	(3,750,000)
Airgead glan úsáidte i ghníomhaíochtaí infheistithe		(21,028,000)	(3,750,000)

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID (AR LEAN)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Grúpa €'000	2013 Grúpa €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim coinnithe ag tús na bliana	15	3,453,236	2,235,822
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		18,562,540	4,850,591
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		170,054	116,651
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(21,028,000)	(3,750,000)
Éifeachtaí athruithe malairte eachtraí ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	11	862	172
Iomlán an airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag deireadh na bliana	15	1,158,692	3,453,236
Sócmhainní airgeadais agus comhthaobhacht airgid thirim			
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	16	-	145,138
Comhthaobhacht airgid thirim tugtha do GBCN	15	690,000	802,000
Iomlán		1,848,692	4,400,374

RÁITEAS NA GNÍOMHAIREACHTA AR SHREABHADH AIRGID

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 Gníomhaireacht €'000	2013 Gníomhaireacht €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ús bainc faighte		1	2
Táillí Boird íoctha		(590)	(523)
Cíos íoctha		(1,980)	(997)
Aisiocaíocht ghlan ó BISNT le haghaidh costas		1,518	1,173
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,051)	(345)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Iasacht caipiteal oibre go Comhleachtaitheoirí Speisialta IBRC		-	(511,130)
Aisíochtaí ar iasacht caipiteal oibre go Comhleachtaitheoirí Speisialta IBRC		-	511,130
Ús faighte ar iasacht go Comhleachtaitheoirí Speisialta IBRC		-	872
Iasacht ó BISNT ⁴		-	(511,130)
Aisíochtaí ar iasacht ó BISNT		-	511,130
Uð díolta ar iasacht ó BISNT		-	(643)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		-	229
Airgead coinnithe ag tús na bliana			
	15	1,152	1,268
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,051)	(345)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		-	229
Airgead coinnithe ag deireadh na bliana	15	101	1,152

⁴ I ndiaidh leachtú an CÉRB, chuir an GNBS áis iasachta suas le €1 bhilliún ag fáil do na Comhleachtaitheoirí Speisialta den CÉRB. Chuir an BISNT (Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta), aonán den Ghrúpa, maoiniú ar fáil don áis iasachta, a íocadh ar ais ina hiomláine in 2013.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tagairt na Nótaí

1.	Faisnéis ghinearálta	88
2.	Beartais chuntasaíochta suntasaí	92
3.	Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla	105
4.	Anailís teascánach	108
5.	Ioncam úis agus táille	109
6.	Costas úis	111
7.	Ioncam Eile / (Costais)	111
8.	(Caillteanais) / Gnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	112
9.	Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní readmhaoine agus ioncam farasbairr	113
10.	Costais riaracháin	114
11.	Gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtrach	119
12.	Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	120
13.	Muirear cánach	121
14.	Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	122
15.	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus urrús comhthaobhach	122
16.	Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	123
17.	Méideanna (dlite le) / ó Institiúidí Rannpháirteacha	123
18.	Ionstraimí airgeadais díorthaigh	123
19.	Iasachtaí agus infháltais	126
20.	Fardail – réadmhaoín trádála	129
21.	Bainistíocht riosca	129
22.	Riosca creidmheasa	136
23.	Riosca leachtachta	143
24.	Luach cothrom na ndliteanas agus sócmhainní airgeadais	147
25.	Réadmhaoín, innealra agus trealamh	151
26.	Infheistíochtaí In ionstraimí cothromais	151
27.	Cáin iarchurtha	152
28.	Sócmhainní eile	153
29.	Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	153
30.	Dlíteanais eile	154
31.	Cáin iníoctha	155
32.	Tiomantais agus dlíteanais theagmhasacha	155
33.	Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	155
34.	Gnáthscair eile	156
35.	Cúlchistí eile	156
36.	Réiteach cúlchistí agus ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí	157
37.	Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais Ghrúpa	158
38.	Nochtadh páirtithe gaolmhara	161
39.	Faisnéis fhorlíontach i gcomhréir le hAlt 54 de chuid an Achta	163
40.	Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe	170
41.	Faomhadh na ráiteas airgeadais	170

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Fógraíodh i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009, go raibh sé beartaithe an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a chruthú, agus glacadh leis an Acht i Samhain 2009.

Faoi Acht bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena Bord agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin ceaptha ag an Aire Airgeadais, i mí na Nollag 2009.

Is é an phríomhaidhm an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí réadmhaoine ó institiúidí creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Ba iad seo a leanas na hInstitiúidí Rannpháirteacha bunúsacha: Banc-Aontas Éireann, c.p.t. ('AIB'), Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta ('Angla'), Banc na hÉireann ('BOI'), Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta EBS ('EBS').

Ar 1 Iúil 2011 chónasc AIB le EBS. Ar 1 Iúil 2011, aistríodh gnó INBS chuig Angla agus ar 14 Deireadh Fómhair 2011 athraíodh ainm Angla go dtí an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc ('IBRC'). Rinnead éileamh leactaithe ar IBRC ina dhiadh sin ar 6 Feabhra 2013. Ar 7 Feabhra 2013 ceapadh Leachtaitheoirí Speisialta comhpháiteach faoi Acht IBRC 2013 agus ghlac ról an phríomh seirbhíseora agus le héifeacht ó 12 Lúnasa 2013 tá ról an phríomh seirbhíseora comhlíonta ag Capita Asset Services ('Capita').

Ar 22 Meán Fómhair 2014, aistríodh an chásbhainistíocht d'iasachtaí BOI de chuid an GNBS chuig Capita, agus ón 23 Feabhra 2015 rinneadh aistriú iomlán (seachas iasachtaí cónaithe) agus an córas taifead d'iasachtaí a fuarthas ón BOI ar dtús á choimeád ag Capita.

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Chun críocha na gcuntas seo, cuimsíonn 'Grúpa an GNBS'; máthair-aonán an GNBS, an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST), Réiteach Sócmhaimmó Náisiúnta Teoranta, Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT), Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT), Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT), Sócmhainn Náisiúnta JVA Teoranta (NAJVAL) Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT), Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT) agus Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT). Gabháilais Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (faoi Leachtú Toilteanach) (GFSNT), RLHC Resort Lazer SGPS, SA (RLHC I) and RLHC Resort Lazer II SGPS, SA (RLHC II).

Ar 18 Nollaig 2014, rinne na baill den RSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus den GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) an RSNT agus an GFSNT a leachtú. Rinneadh torthaí an RSNT ón 1 Eanáir 2014 suas go dtí dáta an leachtaithe a chomhdhlúthú isteach i dtorthaí an Ghrúpa GNBS agus tá siad san áireamh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Ós rud é go bhfuil cearta an scairshealbhóra glactha ag an leachtaitheoir agus go bhfuil smacht aige anois ar an dá aonán seo agus ar fhochuideachtaí an GFSNT, RSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus a fhochuideachtaí, ní dhéantar RLHC I agus RLHC II a chomhdhlúthú isteach i dtorthaí an GNBS ag dáta an tuairiscithe. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Nóta 37.4.

Tugtar achoimre ar an nGrúpa agus an gaol idir aonáin de Ghrúpa an GNBS i gCairt 1.

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST)

Ionchorpraíodh GINBST ar an 27 Eanáir 2010. Is í GINBST an chuideachta trínar infheistíonn infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa. Tá 51% de scaireanna na cuideachta ag an GNBS. Is ag infheisteoirí príobháideacha atá an 49% eile de scaireanna na cuideachta.

Tá €49m infheistigh ag an GNBS i GINBST, ag fáil 49 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna A. Infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51m eile sa GINBST, le sciar 51 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna B á fháil ag gach ceann acu. Faoi théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus na hinfeisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBST mar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT)

Ar an 7 Feabhra 2013, ceapadh Comhleachtaitheoirí Speisialta chuig IBRC faoin Acht fá Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013. Ar an 11 Feabhra 2013, bhunaigh an GNBS aonán nua de ghrúpa an GNBS, Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (i Leachtú Toilteanach)(RSNT). Bunaíodh an t-aonán mar fhreagairt ar Threoir eisithe ag an Aire Airgeadais faoin Acht fá Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013 don GNBS le gníomhas saoráide iasachtaí agus muirear comhlúthach a ghnóthú thar sócmhainní áirithe IRBC. Bhí an chomaoín i bhfoirm airgid thirim agus urrús fiachais arna ráthú ag an Rialtas. D'eisigh BSNT na hurrús fiachais agus aistríodh chuig RSNT (i Leachtú Toilteanach) iad trí mheán saoráid iasachta rannpháirteach bhrabúis. Tá RSNT(i Leachtú Toilteanach) mar fochuideachta 100% de chuid an GINBST.

Is é RSNT (i Leachtú Toilteanach) creidiúnaí sinsearach IBRC (faoi leachtú), mar sin úsáidtear cistí a fhaigheann na Comhleachtaitheoirí Speisialta chun an gníomhas saoráide iasachtaí a laghdú ar an gcéad dul síos. Níl aon bhaint ag an GNBS leis an bpróiseas leachtaithe agus aithnítear sna ráitis airgeadais cistí a fuarthas ó na Comhleachtaitheoirí Speisialta agus idirbhearta eile chun foircheann ordúil an IRBC, arna eascairt ó threoir an Aire faoin Acht, a éascú. Ar 22 Aibreán 2014, d'fhógair an tAire nach n-aistreofaí sócmhainní ar bith chuig an GNBS ón CÉRB (faoi leachtú). Íocadh an gníomhas áis iasachta ina iomláine ar 21 Deireadh Fómhair 2014 agus chuir baill an RSNT an RSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoi leachtú toilteanach ar 18 Nollaig 2014.

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT)

Ionchorpraíodh BSNT ar an 27 Eanáir 2010. Tá BSNT freagrach as an fofhiachas agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas a eisiúint, a n-úsáidtear mar chomaoín in éadail sócmhainní iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá urrús fiachais arna ráthú ag an Rialtas eisithe ag BSNT liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann.

Aistríodh na hionstraimí fofhiachais agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas, arna n-eisiúint roimh an dáta tuairiscithe, chuig SGBSNT agus d'aistrigh SGBSNT iad chuig BISNT. D'úsáid BISNT na hionstraimí fiachais seo mar chomaoín do na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Aistríodh ionstraimí fiacha ráthaithe an rialtais a eisíodh i leith ghníomhas áis iasachta an CÉRB chuig an RSNT (faoi Leachtú Toilteanach) Bhaine an RSNT (faoi Leachtú Toilteanach) úsáid as na hionstraimí fiacha seo mar chomaoín don ghníomhas áis iasachta a fuarthas ó Bhanc Ceannais na hÉireann. Rinneadh bannaí sinsearach an RSNT a fhuaiscailt ina n-iomláine i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Tá DEICH fochuideachta ag BSNT:

1) Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT)

Gníomhaíonn SGBSNT mar an chuideachta sealbhaíochta don trí fhochuideachta dá cuid, NALML, NAMSL, NAJVAL, NAPML, NARPSL, NASLLC and NALHL (i Leachtú Toilteanach), RLHC I agus RLHC II.

Ionchorpraíodh SGBSNT ar an 27 Eanáir 2010. Faigheann SGBSNT na hionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag BSNT faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL), agus dá réir sin, cuirtear na hionstraimí fiachais seo ar fáil do BISNT faoi réir téarmaí comhchosúla. Tá SGBSNT faoi lánúinéireacht BSNT.

2) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT)

Ionchorpraíodh BISNT ar an 27 Eanáir 2010. Is í aidhm BISNT na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a ghnóthú, a choinneáil, agus a bhainistiú.

3) Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT)

Rinneadh SBSNT a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Roimhe seo ba aonán neamhthrádála é SBSNT, ach fuair SBSNT scairsheilbh 20% i gcomhpháirtíocht ghinearálta gaolmhar leis an infheistíocht NAJVAL i rith 2013.

4) Sócmhainn Náisiúnta JVA Teoranta (NAJVAL)

Ar an 4 Iúil 2013 bhunaigh GNBS fochuideachta nua, Sócmhainn Náisiúnta JV A Teoranta (NAJVAL). Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag SGBSNT é NAJVAL. Chuaigh GNBS i bpáirt i gcomhfhiontar le cuibhreannas trína bhfuarthas seilbh ar 20% ús i gcomhpháirtíocht teoranta, agus ba chun an idirbheart seo a éascú a bunaíodh NAJVAL. Níl an Grúpa in ann tionchar suntasach a imirt ar an gcomhpháirtíocht, mar go bhfuil an 80% eile den leas i seilbh scairshealbhora amháin a rialaíonn cinnteoireacht na comhpháirtíochta. Aithnítear infheistíocht 20% NAJVAL sa chomhpháirtíocht mar infheistíocht chothromais.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

5) Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT)

Rinneadh BRSNT a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Is é an aidhm atá le BRSNT úinéireacht dhíreach a ghlacadh ar shócmhainní réadmhaoine nuair agus más gá. Tá cúig fhochuideachta ag BRSNT; SRCSNT, SNSCDT, GRFSNT, RLHC I agus RLHC II:

6) Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT)

Ar an 18 Iúil 2012 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT). Tá SRCSNT ina fochuideachta faoi lánúinéireacht iomlán BRSNT, agus bunaíodh í d'fhonn réadmhaoin chónaitheach a ghnóthú agus an réadmhaoin seo a léasú agus ar deireadh í a dhíol le comhlachtaí tithíochta faofa chun críocha tithíochta sóisialta.

Sheachaid féichiúnaithe GNBS 1,068 réadmhaoin chónaitheach d'earnáil na tithíochta sóisialta idir tráth a bunaithe agus an dáta tuairiscithe, 811 acu a bhí críochnaithe agus conraithe ar 257 réadmhaoin eile (do dhíolachán díreach agus tríd SRCSNT) malartaithe ag an dáta tuairiscithe. San áireamh anseo tá díolachán díreach 443 réadmhaoin, díolachán déanta ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí le comhlachtaí faofa tithíochta éagsúla, léasú díreach 116 réadmhaoin ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí agus 252 réadmhaoin faighte ag SRCSNT le léasú le comhlachtaí faofa tithíochta.

7) Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC)

Ar an 1 Lúnasa 2013 bhunaigh GNBS fochuideachta nua sna Stáit Aontaithe, Sócmhainn Náisiúnta Sarasota Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta (SNSCDT). Is fochuideachta ar lánúinéireacht BRSNT é SNSCDT, a bunaíodh chun seilbh a fháil ar shócmhainní réadmhaoine atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, chun fiachas dlite do GNBS a réiteach. Dhíol GNBS an réadmhaoin i Nollaig 2014, ach fánfaidh an fochuideacht ann le aon sócmhainní amach anseo sna Stáit Aontaithe a fháil.

8) Gabháltais Réadmhaoine Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (in Voluntary Liquidation) (GRFSNT)

Ar an 10 Eanáir 2014 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal Gabháltais Réadmhaoine Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (GRFSNT) (i Leachtú Toilteanach). Is fochuideachta ar lánúinéireacht BRSNT é GRFSNT (i Leachtú Toilteanach), a bunaíodh chun seilbh a fháil ar 100% de scairchaipiteal dhá aonán de bhunadh na Portaingéile, RLHC I agus RLHC II.

Bhí bunú na n-aonán seo de dhíth chun éascú a dhéanamh ar athstruchtúrú dlíthiúil de líon na n-aonán le sócmhainní réadmhaoine Portaingéalacha. I ndiaidh an t-athstruchtúrú dlíthiúil a chur i gcrích, cuireadh an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoi leachtú. Tá smacht an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoin leachtaitheoir a dhéanfaidh sócmhainní an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) a réadú.

9) RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I), RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)


Ar 5 Feabhra 2014, bhunaigh an GNBS dhá fochuideachta nua, RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I) agus RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II). Is fochuideachtaí iad an RLHC I agus an RLHC II atá faoi úinéireacht iomlán an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus fuair sé 90% agus 10% faoi seach den scairchaipiteal de líon na n-aonán Portaingéalach, i ndiaidh athstruchtúrú dlíthiúil na bhfiacha atá dlite ag na haonáin seo.

10) National Asset North Quays Limited (NANQL)

Ar 8 Aibreán 2015, bhunaigh an GNBS fochuideachta nua National Asset North Quays Limited (NANQL) Is fochuideachta é NANQL atá faoi úinéireacht iomlán 100% den BRSNT (Bainistíocht Iasachtaí um Shócmhainní Náisiúnta Teoranta) agus bunaíodh é chun na tailte a fuair an GNBS ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 i mí Feabhra 2015 a choimeád agus chun sruth ioncaim cíosa urraithe a shaothrú ó na tailte trí chéatadán seasta den chíos nó trí chéatadán na ndíolachán a rinneadh ar aon fhorbairt atá le tógáil ar na tailte.

Lasmuigh den RLHC I agus an RLHC II, is é seoladh na hoifige cláraithe de gach cuideachta ag an dáta tuairiscithe Foirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. Tá gach cuideachta ionchorpraithe agus lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, seachas an NASLLC (Cuideachta Sócmhainní Náisiúnta Sarasota faoi Dhliteanas Teoranta) atá ionchorpraithe agus ina lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus tá an RLHC I agus an RLHC II ionchorpraithe agus lonnaithe sa Phortaingéil. Seoladh na hoifige cláraithe den RLHC I agus den RLHC II is ea Rua Garrett, n.º 64, 1200-204 Liospóin, An Phortaingéil.

CAIRT 1 GRÚPA AN GNBS



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ

2.1 Bunús an ullmhúcháin

Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus tá an Bord sásta go leanfaidh an Grúpa ag feidhmiú mar ghnóthas leantach amach anseo.

Is i bhfoirm Nótaí Ráta Chomhlúthaigh ("na Nótaí") gearrthréimhseacha Ráthaithe ag an Rialtas atá formhór de mhaoiniú na Gníomhaireachta. Bhí iarmhéid gan íoc na Nótaí seo cothrom le €34,618m ag an 31 Nollaig 2014 ná €13,590m.

Tá na Nótaí atá i saincheist infhuascailte, in airgead nó trí nótaí nua a eisiúint, de rogha an tsealbhóra. Dá réir sin, d'fhéadfadh go gciallódh ceanglas roinnt de na Nótaí nó na Nótaí ar fad a fhuascailt d'airgead go mbeadh ar an nGníomhaireacht a iarraidh ar an Rialtas a leithéid d'fhuascailt airgid a mhaoiniú, mura raibh a hacmhainní leordhóthanacha féin ar fáil.

Bunaíodh an Gníomhaireacht faoi reacht agus tá sainordú reachtúil ar leith aici. Agus an Bord ag cinneadh an bhfuil cuntasáiocht ar bhonn gnóthais leantaigh oiriúnach, féachann sé do chuspóirí an Aichta mar atá sonraithe ann. Is ann dóibh seo, inter alia, chun déileáil le bagairt thromchúiseach don gheilleagar agus cobhsaíocht institiúidí creidmheasa sa Stát trí chéile agus an gá atá le cothabháil agus cobhsú an chórais airgeadais sa Stát. Creideann an Bord go bhfuil sé réasúnta glacadh leis, i bhfianaise chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát cibé beart is cuí d'fhonn a chinntiú nach mbeidh ar an nGníomhaireacht a sainordú a dhiúscairt.

I rith 2014, chuir an tAire an t-athbhreithniú ar an GNBS i gcrích de réir Alt 227 den Acht. Rinneadh an t-athbhreithniú chun measúnú a dhéanamh ar an méid dul chun cinn a rinne an GNBS i dtreo a cuspóirí ar an iomlán a bhaint amach agus cibé an bhfuil sé riachtanach leanúint ar aghaidh leis an GNBS ag féachaint do chríocho an Aichta.

Ina thuarascáil ag an deireadh deir an tAire:

- Go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an GNBS lena cuspóirí ar an iomlán a bhaint amach; agus
- bunaithe ar a feidhmíocht go dtí seo agus ar na réamh-mheastacháin airgeadais mar thoradh ar leas na n-infheistoirí reatha in Éirinn, tá an GNBS i staid mhaith chun a cuspóirí a bhaint amach agus dá bhrí sin tá gá léi go fóill.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fachtóirí riosca lena n-áirítear riosca creidmheasa, leachtachta, margaidh agus oibriúcháin. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar na fachtóirí riosca seo agus ar an bhfaisnéis chui chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus a Choistí athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach mar aon le hathbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla atá ag tacú lena straitéisí fadtréimhseacha.

Ag dáta an tuairiscithe, na Nótaí a eisíodh a bhain leis na héadálacha buniasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha ba ea €13,590m (2013: €22,690m). Is iad na hInstitiúidí Creidmheasa go príomha na sealbhóirí nótaí atá clúdaithe ag Scéim na hInstitiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Inghlactha) 2009 agus tá siad faoi réir teorach ón Aire Airgeadais agus tá na Nótaí faoi ráthaíocht an Rialtais. Sna himthosca seo, creideann an Bord go bhfuil an toimhde, tráth aibíochta na Nótaí, go mbeidh an GNBS in ann a dlíteanas leis na Nótaí nua a shocrú, de réir téarmaí cosúla, réasúnta. Socraíodh na Nótaí eisithe ar fad a tháinig chun aibíochta ar 2 Márta 2015 trí Nótaí nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2016 luaite leo.

Ag dáta an tuairiscithe bhí caipiteal gnáthscaireanna agus cúlchistí ag an GNBS de €1,239m (2013: €810m). Ar 31 Nollaig 2014 ag an nGrúpa tá airgead ar fáil, coibhéisí airgid agus sócmhainní leachtacha de €1.8bn (2013: €4.4bn) agus dlíteanais reatha (seachas fiach sinsearach) de €0.7bn (2013: €0.8bn), dá bhrí sin tá an Bord sásta gur féidir leis a dhlíteanais reatha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Tá iasachtaí agus iasachtaíochtaí uile aisíochta ag an nGrúpa leis an Aire agus níl aon iasachtaíochtaí seachtracha eile aige.

Ar an mbonn sin, tá an Bord sásta go mbeidh rochtain ag an nGníomhaireacht ar acmhainní oiriúnacha d'fhonn leanúint lena hoibríochtaí amach anseo agus go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

2.2 Bunús géilliúlachta agus tomhais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), a bhfuil glactha leo ag an Aontas Eorpach, léirmhínte Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), agus Acht GNBS 2009. Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta curtha i láthair in euro (E), atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Ghrúpa. Sonraítear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i mílte E.

Léirítear sa ráiteas comhdhlúite sreabha airgid na hathruithe ar airgead agus coibhéisí airgid i rith na bliana ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, gníomhaíochtaí infheistithe agus gníomhaíochtaí maoinithe.

Cinntear na sreabha airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar an modh díreach, trína nochtar príomhranguithe ollfháltais airgid agus ollíocaíochtaí.

Is ar bhonn ollmhéideanna a thuairiscítear sreabha airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus maoinithe. Braitheann sannadh sreabha airgid an ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistithe agus maoinithe ar shamhail ghnó an Ghrúpa (cur chuige bainistíochta).

De réir IAS 1, is in ord leachtachta a thugtar léiriú ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

2.3 Caighdeáin, leasuithe agus léirmhínte IFRS eisithe ach nach bhfuil éifeachtach go fóill

Tá na caighdeáin agus léirmhínte seo a leanas eisithe agus táthar ag súil go mbeidh siad ábhartha don Ghrúpa.

Caighdeáin eisithe ach nach bhfuil éifeachtúil:

Ionstraimí Airgeadais IFRS 9. Beidh an caighdeán seo infheidhme do thréimhsí cuntasáíochta ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2015 faoi réir fhormhuiniú AE. Tá an caighdeán seo fós á fhorbairt ag Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasáíochta (IASB).

Baineann an IFRS 9 úsáid as cur chuige rangaithe amháin do gach cineál sócmhainní airgeadais. Baintear úsáid as dhá chritéar chun cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar chóir sócmhainní airgeadais a rangú agus a thomhas, is é sin múnla gnó an aonáin chun na sócmhainní airgeadais agus na tréithe um shreabhradh airgeadais conartha de na sócmhainní airgeadais a thomhas. Aithníonn an caighdeán trí chatagóir de shócmhainní airgeadais, i.e. costas amúchta, luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile agus luach cóir trí bhrabús agus caillteanas.

Baineann an príomhathrú don Ghrúpa lena chuntasáíocht le haghaidh iasachtaí agus infháltas. Is é is dóichí go ndéanfaí iasachtaí agus infháltais a athrangú ó bheith á n-iompar ag costas amúchta go bheith á n-iompar ag luach cóir trí bhrabús agus caillteanas. Aithneofar aon fheabhsuithe nó aon mheath sa phunann iasachtaí mar ghluaiseachtaí luach cóir sa ráiteas ioncaim, seachas mar ghnóthachain nó meath, mar atá mar an próiseas faoi láthair faoi IAS 39.

Coimeádann an IFRS 9 beagnach gach ceann de na riachtanais atá ann cheana féin ón IAS 39 maidir le rangú na ndlíteanas airgeadais.

Níl an caighdeán athbhreithnithe formhuinithe ag an AE fós agus, dá réir sin, níl glactha ag an nGrúpa leis go luath.

Leasuithe ar Ionstraimí Airgeadais IFRS 7: Nochtaí: D'fhoilsigh an IASB Dáta Éifeachtach Sainordaitheach agus Nochtaí Trasdula (Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7), chun dáta éifeachtach IFRS 9 a leasú chuig thréimhsí bliantúla ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2015 agus chun an faoiseamh ó réamhthréimhsí a athshonrú agus na nochtaí gaolmhara in IFRS 7 a mhodhnú. Tá sé riachtanach na leasuithe seo a chur i bhfeidhm nuair a ghactar le IFRS 9 ar dtús. Tagann foráil na nochtaí modhnaithe maidir le trasdul ó IAS 39 go IFRS 9, bunaithe ar dháta glacachta an aonáin, in ionad ceanglas na n-aonán bunaidh ráitis chomparáideacha airgeadais a athshonrú. Féadfaidh aonán cinneadh a dhéanamh réamhthréimhsí a athshonrú.

Beidh tionchar ag an gcaighdeán seo ar cheanglais nochta reatha an Ghrúpa nuair a ghactar le IFRS 9. Níl an leasú formhuinithe ag an AE fós agus, dá réir sin, níl glactha ag an nGrúpa leis go luath.

Caighdeáin nua i saincheist agus glactha:

Tá leasuithe a rinneadh ar chaighdeáin agus léiriúcháin éagsúla, a d'eascair as feabhsuithe ar IFRSanna, i bhfeidhm den chéad uair in 2014. Ach, ní raibh aon tionchar acu ar na beartais cuntasáíochta, an staid airgeadais nó ar fheidhmíocht an Ghrúpa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.4 Bunús an chomhdhlúthaithe

San áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa tá ráitis airgeadais an mháthair-aonáin, an GNBS agus a bhfochuideachtaí uile, seachas of RSNT (i Leachtú Toilteannach), GRSNT (i Leachtú Toilteannach), RLHC I agus RLHC II. Féach notá 37.4 ar son tuille sonraí. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a úsáideadh chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú dáta tuairiscithe an mháthair-aonáin.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán sa chás go bhfuil, go díreach nó go hindíreach, formhór na gceart vótála aige agus sa chás go gcinneann sé a bheartais airgeadais agus ghnó, agus má tá cead rialaithe aige d'fhonn tairbhe a bhaint as a ngníomhaíochtaí.

Áirítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costas lúide bearnú. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Fágтар idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí grúpa as an áireamh. Fágтар caillteanais idirghrúpa as an áireamh freisin mura soláthraíonn an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

Soláthraítear sonraí na bhfochuideachtaí i Nóta 37.

2.5 Aistriú airgeadra coigríche

(a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar míreanna san áireamh i ráitis airgeadais aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí a bhfuil an t-aonán ag feidhmiú inti ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil an Ghrúpa.

(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta ainmnithe, nó a éilíonn réiteach, in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta ainmnithe in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta dúnta ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamh-airgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mhálairte eachtraí a eascraíonn ó ghlanadh idirbheart malairte eachtraí agus ón aistriú ag rátaí malairte deireadh na bliana na sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Léirítear gach gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí sa ráiteas ioncaim i ngnóthachain agus caillteanais eachtracha mar mhír líne aonair sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

2.6 Sócmhainní airgeadais

Déanann an Grúpa a shócmhainní airgeadais a rangú sna catagóirí IAS 39 seo a leanas:

- (a) Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas;
- (b) Iasachtaí agus infháiltais, agus;
- (c) Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin.

Cinneann an Grúpa rangú a ionstraimí airgeadais ag an aitheantas tosaigh.

- (a) Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Áirítear sa chatagóir sócmhainní seo díorthaigh seachas díorthaigh atá ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe agus ionstraimí cothromais.

Díorthaigh

Aithnítear na sócmhainní seo ar dtús ag luach cothrom agus cuirtear costais idirbhirt san áireamh go díreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Áirítear ioncam agus costas a eascraíonn ó na sócmhainní seo san ioncam úis agus sa chostas úis sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Áirítear gnóthachain agus caillteanais luacha chothroim i ngnóthachain agus caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite nó mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí sa chás go mbaineann siad le díorthaigh airgeadra. Aithnítear ús ar bhabhtálacha rátaí úis trasairgeadais mar chuid de bhrabúis agus de chaillteanais chóra díorththoch airgeadra.

Ionstraimí cothromais

Is éard atá i gceist le hionstraim chothromais ná Conradh ar bith is cúis le leas iarmharach i sócmhainní aonáin tar éis a cuid dliteanais uile a asbhaint. Níl aon oibleagáid chonartha luaite le hionstraim chothromais airgead nó sócmhainn airgeadais ar bith eile a sheachadadh.

Is ag luach cothrom a dhéantar ionstraimí cothromais a thomhas ag an tús. Ina dhiaidh sin, déantar ionstraimí cothromais a thomhas ag luach cothrom murar féidir an luach cothrom a thomhas go hiontaofa, rud a chiallaíonn go ndéantar an ionstraim chothromais a thomhas ar a chostas. Déantar luach cothrom ionstraimí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlanluach sócmhainní an aonáin ag an dáta tuairiscithe. Aithnítear athruithe sa luach cothrom sa ráiteas ioncam mar ioncam / (costais) eile.

Déantar ionstraimí cothromais a nochtadh ar leithligh sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

(b) Iasachtaí agus infháltais

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíreacha iad iasachtaí agus infháltais le híocaíochtaí seasta nó inchinntithe nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Caitear le hiasachtaí a fhaigheann an Grúpa mar iasachtaí agus infháltais de bhrí go raibh na conarthaí bunaidh d'íocaíochtaí seasta nó inchinntithe. Tá na sócmhainní iasachta atá faighte ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha rangaithe mar iasachtaí agus infháltais.

Aithnítear iasachtaí agus infháltais ag luach cothrom móide costais idirbhirt ag an tús. Caitear le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha, mar a bhforáiltear dóibh san Acht, ag luach cothrom ag aitheantas tosaigh cothrom leis an bpraghas éadála íochta don tsócmhainn, ag cur aon ghluaiseachtaí sreafa airgid san iarmhéid iasachta idir an dáta luachála agus an dáta aistrithe san áireamh.

Ina dhiaidh sin, tomhaistear íocaíochtaí agus infháltais ag costas amúchta ag úsáid mhodh an ráta úis éifeachtúil (EIR) (féach beartas cuntasíochta 2.9).

Is mar seo a leanas a rangáítear iasachtaí agus infháltais;

- Iasachtaí talún agus forbartha
- Iasachtaí réadmhaoine infheistíochta

San áireamh sna hiasachtaí talún agus forbartha tá iasachtaí do thalamh atá ceannaithe chun críche forbartha, agus iasachtaí atá faighte do thalamh páirtfhorbartha.

Is ionann iasachtaí réadmhaoine infheistíochta agus iasachtaí urraithe ar aon réadmhaoine ceannaithe agus é mar phríomhaidhm í a choinneáil agus tairbhe a bhaint as an bhfáltais iomlán, .i. ioncam agus / nó luachmhéadú caipitil, thar shaolré an úis faighte.

(c) Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin

Is ionann sócmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh díolacháin agus neamhdhíorthaigh atá ainmnithe mar shócmhainní atá ar fáil le haghaidh díolacháin nó sócmhainní nach bhfuil rangaithe mar iasachtaí agus infháltais, infheistíochtaí coimeáda go dtí aibíocht nó sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas. Is ionann sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus sócmhainní atá coimeáda ar feadh tréimhse éiginnte ama, sócmhainní a d'fhéadfaí iad a dhíol mar fhreagairt ar riachtanais leachtachta nó athruithe ar rátaí úis nó rátaí malairte.

Aithnítear sócmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh díolacháin ag luach cothrom móide costais idirbhirt. Coimeádtar ag luach cothrom iad ina dhiaidh sin. Aithnítear ioncam úis ríofa trí mhodh EIR sa chuntas brabúis nó caillteanais. Aithnítear athruithe eile i suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin in ioncam cuimsitheach sa chúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin. Nuair a dhéantar an infheistíocht a dhiúscairt nó nuair a chinntear é a bheith bearnaithe, déantar an gnóthachan nó an caillteanas carnach carntha roimhe seo sa chúlchiste atá ar fáil le haghaidh díolacháin a athrangú go dtí an cuntas brabúis nó caillteanais.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.6 Sócmhainní airgeadais (ar lean)

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir

Tá sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais díorthacha. Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta ina gcuirtear tús le conradh díorthach agus déantar iad a ath-thomhas ag a luach cóir ina dhiaidh sin. Iompraítear gach díorthach mar shócmhainní nuair is luach cóir deimhneach atá ann agus mar dhliteanais nuair is luach cóir diúltach atá ann. Déantar gnóthachain nó caillteanais luach cóir ar dhíorthaigh a aithint sa ráiteas ioncaim.

Díorthaigh iasachtaí

Tá díorthaigh iasachtaí comhdhéanta de dhíorthaigh a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha a cuireadh i bhfeidhm ar dtús chun fáluithe a chur ar fáil d'iasachtaithe ('díorthaigh iasachtaí'). Fuarthas na díorthaigh seo ó gach Institiúid Rannpháirteach mar chuid de neamhchosaint iasachtaí iomlán.

Déantar díorthaigh iasachtaí a thomhas ag luach cóir agus déantar gnóthachain agus caillteanais luach cóir á n-aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar díorthaigh iasachtaí a rangú mar thuillmheach agus neamhthuillmheach. Is é is brí le díorthach tuillmheach ná ceann atá ag comhlíonadh na n-íocaíochtaí conartha um shreabhadh airgid uile suas go dtí an dáta deiridh aisíocaíochta roimh dheireadh dháta an tuairiscithe. Déantar measúnú ar stádas tuillmheach na ndíorthach iasachtaí ag gach dáta tuairiscithe.

Tá díorthaigh iasachtaí comhdhéanta de dhíorthaigh ráta úis. Socraítear ar an luach cóir ag baint úsáide as teicníc luachála bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fuarthas ó ionchuir de mhargaí inbhraite ar nós cuair toraidh Euribor agus Libor, rátaí FX agus rátaí malairte par-ús.

Díorthaigh GNBS

Cuimsíonn díorthaigh GNBS díorthaigh arna ndéanamh chun an nochtadh a fhálú i leith iasachtaí agus infháiltais arna bhfáil agus urrúis fiachais ar eisiúint ('díorthaigh GNBS'). Airítear le díorthaigh GNBS babhtálacha rátaí úis agus airgeadraí. Cinntear luach cothrom dhíorthaigh GNBS trí leas a bhaint as teicníc marcála os coinne luacháil an mhargaidh ar bhonn luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí bhithin ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair thorthaí Euribor agus Libor, par-ús agus rátaí FX. Aithnítear gluaiseachtaí luacha chothrom a eascraíonn as babhtálacha rátaí úis i mbrabús agus caillteanas. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús agus caillteanas mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais i malairt eachtrach.

Cuntasaíocht fálaith

Sainíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar fhálú ar shreabha airgid an-dóchúla amach anseo, atá inchurtha i leith sócmhainne nó dliteanais aitheanta, nó idirbheart réamhaisnéise (fálú an tsreafa airgid). Nuair a dhéantar an t-idirbheart a thionscnamh, tuairiscíonn an Grúpa ar an ngaolmhaireacht idir míreanna atá fálaith agus ionstraimí fálaith, chomh maith lena cuspóir bainistíochta riosca agus a straitéis maidir le tabhairt faoi idirbhearta fálaith éagsúla. Tuairiscíonn an Grúpa ar a measúnú freisin, ag tráth bunaithe an fhálaith agus ar bhonn leanúnach, faoi cibé an bhfuil na díorthaigh a úsáidtear sna hidirbhearta fálaith an-éifeachtach chun athruithe i sreabha airgid míreanna fálaith a fhritháireamh nó nach bhfuil.

Tá an Grúpa tar éis dul i mbun gaolmhaireachtaí um fhálú ar shreafaí airgid agus iadsan amháin.

Fálú an tsreafa airgid

Déantar an cion éifeachtach athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálaith ar shreafaí airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile sa chothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach láithreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Déantar méideanna arna gcarnadh de réir cothromais a chur ar aghaidh go dtí an ráiteas ioncaim sna tréimhsí ina dtéann an mhír fhálaith i bhfeidhm ar bhrabús nó ar chaillteanas. Déantar iad a thaifeadh sna línte ioncaim nó caiteachais ina bhfuil an mhír fhálaith ghaolmhar a bhaineann leo tuairiscithe. Déantar méideanna arna gcur ar aghaidh chuig brabús nó caillteanas ó chothromas a chuimsiú sa ghlanioncam úis.

Nuair a théann ionstraim fálaíthe in éag nó nuair a dhíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíocht fálaíthe a thuilleadh, bíonn aon ghnóthachan nó caillteanas carnach atá de réir cothromais an tráth sin fós de réir cothromais agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart réamhaisnéise sa ráiteas ioncaim. Sa chás nach meastar a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a tuairiscíodh de réir cothromais a aistriú láithreach go dtí an ráiteas ioncaim.

2.7 Dlíteanais airgeadais

Iompraíonn an Grúpa gach dlíteanas airgeadais ag costas amúchta, ach amháin na hionstraimí airgeadais díorthaigh, a thomhaistear ag luach cothrom. Áirítear faisnéis bhreise ar dhlíteanais díorthaigh i mbeartas cuntasaíochta 2.15.

2.8 Dí-aithint sócmhainní airgeadais agus dlíteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair atá deireadh tagtha leis na cearta conarthacha sreabha airgid a fháil ó na sócmhainní seo nó sa chás go bhfuil na sócmhainní aistrithe agus go suntasach go bhfuil rioscaí agus luaíochtaí úinéireacht na sócmhainní aistrithe freisin. Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair atá siad fuascailte nó múchta ar shlí éigin eile.

2.9 Ioncam úis agus costas úis

Aithnítear ioncam agus costas úis na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile mar ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim ag úsáid mhodh EIR.

Is ionann modh EIR agus modh chun costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dlíteanas airgeadais a ríomh agus ioncam úis nó costas úis a leithdháileadh sa tréimhse chuí. Is ionann EIR agus an ráta a dhéanann lascainiú díreach ar íocaíochtaí airgeadais nó fáiltais mheasta amach anseo thar shaolré na hionstraime airgeadais chuig suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais nó an dlíteanais airgeadais. Nuair atá EIR iasachtaí agus infháltais á ríomh, rinne an Grúpa sreabha airgid a mheas ag baint úsáide as an modheolaíocht faoi shainordú um Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) ach níor cuireadh caillteanais chreidmheasa na todhchaí san áireamh seachas a raibh aitheanta cheana féin i bpraghas éadála na n-iasachtaí. Áirítear sa ríomh costais idirbhirt agus gach táille íochta nó faighte idir páirtithe an chonartha ar dlúthchuid de EIR iad.

Sa chás nach féidir sreabha airgid iasachta a mheas go hiontaofa bunaithe ar aitheantas tosaigh (go ginearálta sa chás nach bhfuil an próiseas díchill chuí críochnaithe fós), aithnítear ioncam úis ar bhonn fáiltais conarthach go dtí gur féidir na sreabha airgid a mheas, tráth a n-aithneofar an t-ioncam úis trí mhodh EIR. Aithníodh iasachtaí agus infháltais gnóthaithe uile ag baint úsáide as modh an EIR faoin dáta tuairiscithe.

Déantar an EIR ar gníomhas saoráid iasachta faighte IBRC a ríomh le tagairt do Ráta Shaoráid Iasachtach Imeachallach an ECB agus corrlach seasta do 1%.

Sa chás go bhfuil iasacht agus infháltas bearnaithe, laghdaíonn an Grúpa an tsuim ghlanluacha go dtí an tsuim mheasta in-aisghabhála (sreabha airgid mheasta na todhchaí á lascainiú ag an EIR bunaidh) agus leantar le leachtú na lascaine fágtha.

Nuair a bhíonn sócmhainn airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais cosúla) scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas bearnaithe, aithnítear an t-ioncam úis ag baint úsáide as an ráta bunaidh úis úsáidte chun sreabha airgid amach anseo a lascainiú chun críche an chaillteanais bearnaithe a thomhas. Ní aithnítear ioncam úis ar iasachtaí bearnaithe ar shuim neamhbhearnaithe iarmhéid na hiasachta ag baint úsáid as an EIR bunaidh.

Aithnítear táillí agus coimisiúin nach bhfuil mar bhun-chuid den EIR ar bhonn fabhráithe nuair a cuireadh an tseirbhís ar fáil.

2.10 Ioncam táille

Aithnítear ioncam táille ar dlúthchuid é de ríomh an EIR nó a eascraíonn as iasacht mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.11 Brabús / caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr

(a) Brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine

Tá roinnt sócmhainní iasachta diúscartha ag an GNBS le tríú páirtithe i rith na bliana. Ríomhtar brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí / réadmhaoine mar an difríocht idir luach anonn na n-iasachtaí / réadmhaoine agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomhaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil i gcomhréir le IAS 32. Aithnítear brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí / réadmhaoine sa ráiteas ioncaim nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt iasachtaí nuair atá an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí measúnaithe bearnaithe infhaighte is déanaí, nó más toradh aithniú brabús ardhiúscarit iasachtaí bearnú sa todhchaí sa nasc.

(b) Ioncam farasbairr

Ríomhtar ioncam farasbairr mar an barrachas airgid thirim aisghafa ar nasc féichiúnaí iomlán thar luach anonn na hiasachta iomlán agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim:

- (i) a fhairsinge atá na sreabha airgid iarbhir i leith nasc féichiúnaí iomlán ag sárú luachanna anonn iasachta um an nasc féichiúnaí iomlán, i.e. a fhairsinge atá a fhiachas uile de chuid an GNBS aisíoctha ag an bhféichiúnaí; nó
- (ii) nuair atá na sreabha airgid don nasc féichiúnaí iomlán níos mó ná luach anonn iasachta um an nasc féichiúnaí iomlán. Cuirtear a leithéid d'ioncam farasbairr, a fhairsinge atá sé réadaithe ó shócmhainní iasachta sainiúla laistigh den nasc, sa ráiteas ioncaim ag gach dáta tuairiscithe bliantúil amháin.

2.12 Bearnú na sócmhainní airgeadais

Cinneann an Grúpa, ag tús gach tréimhse tuairiscithe, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

(a) Iasachtaí agus infháiltais tugtha anonn ag costas amúchta

Ar dtús measann an Grúpa an bhfuil fianaise oibiachtúil de bhearnú ann i gcás sócmhainní airgeadais aonair a bhfuil suntas aonair ag baint leo, agus ar bhonn aonair nó comhchoiteann do shócmhainní airgeadais nach bhfuil suntas aonair ag baint leo. Déantar an measúnú suntasach aonair i ndáil le punann iomlán iasachtaí gach nasc féichiúnaí suntasach aonair, seachas ar bhonn iasachta aonair (i.e. is é an nasc féichiúnaí iomlán an taonad cuntais).

Áirítear i bhfianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn nó punann sócmhainní bearnaithe i ndiaidh éadála an GNBS sna cásanna seo a leanas:

- Coinníollacha geilleagracha idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúla atá comhghaolaithe le mainneachtain ar shócmhainní sa ghrúpa (m.sh. laghdú ar phraghsanna réadmhaoine sa réimse ábhartha nó athruithe díobhálacha ar choinníollacha tionscail a bhfuil tionchar acu ar an bhféichiúnaí);
- Sonraí inbhraite ag léiriú méadú intomhaiste ar luach sreabha airgid measta amach anseo ó phunann sócmhainní ó aitheantas tosaigh na sócmhainní seo;
- Athruithe díobhálacha ar ionchais faoin tsuim ar dócha a réadófar ó dhiúscairt comhthaobhachta bainteach leis an iasacht nó leis an bpunann iasachta;
- Athruithe díobhálacha in ionchais uainithe sreafa airgid amach anseo a eascraíonn ó dhiúscairtí comhthaobhachta;
- Athruithe díobhálacha ar stádas íocaíochta an fhéichiúnaí (m.sh. líon níos mó íocaíochtaí moillithe);
- Deacracht shuntasach bhreise airgid an fhéichiúnaí ón tráth éadála;
- Sáruithe breise conartha, dála mainneachtain nó faillí in úis nó íocaíochtaí bunaidh;
- Is dócha go bhfógrófar an fhéichiúnaí féimheach nó go leanfar le hatheagrú airgeadais de chineál éigin eile.

Suntasach ar bhonn Aonair

Chun críche measúnú suntasach ar bhonn aonair, tomhaistear suim an chaillteanais bhearnaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreabha airgid measta amach anseo (seachas caillteanais chreidmheasa amach anseo nach bhfuil tabhaithe), lascainithe de réir EIR bunaidh na sócmhainne airgeadais. Déantar é seo a mheas ar leibhéal um nasc féichiúnaí iomlán, atá mar an aonad cuntasáíochta a gcur i bhfeidhm ag an GNBS. Laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne trí úsáid a bhaint as cuntas liúntais. Aithnítear suim an chaillteanais bhearnaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Más rud é, i dtréimhse ina dhiaidh sin, go laghdaíonn suim an chaillteanais bhearnaithe agus más féidir an laghdú úd a cheangail go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis a aithníodh an bearnú, déantar an caillteanas bhearnaithe aitheanta a aisiompú tríd an gcuntas liúntais a choigeartú. Aithnítear suim an aisiompaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Sa chás nach bhfuil seans ann luach anonn iasachta, nó cuid dó, a aisghabháil, déantar an tsuim nach bhfuil in-aisghabhála a dhíscríobh i gcoinne an liúntais ghaolmhar do bhearnú an fhéichiúnaí. Déantar sócmhainní airgeadais a dhíscríobh nuair a bheidh na nósanna imeachta riachtanacha curtha i gcrích agus nuair a bhíonn suim an chaillteanais cinnte.

Féadfaidh GNBS iasachtaí a dhiúscairt laistigh de nasc féichiúnaí, nó punann iasachtaí a dhiúscairt thar naisc éagsúla. De bharr dhiúscairt na n-iasachtaí, déantar aon bhearnú arna aithint roimhe sin a bhaineann go díreach leis na hiasachtaí arna ndíol a scaoileadh nó a chriostalú.

Nuair a dhíoltar iasacht nó grúpa iasachtaí, téann na cearta i leith na sreafaí airgid ó na hiasachtaí in éag agus déantar cealú ar aithint na sócmhainní iasachta sa ráiteas ar an staid airgeadais. Nuair a chuirtear an aithint ar ceal, déantar gnóthachan nó caillteanas ar an hiasachtaí a ríomh agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a ríomh mar an difríocht idir an chomaoin a fuarthas glan ó chostais idirbheart agus luach anonn na n-iasachtaí arna ndíol.

Sa mheasúnú ar luach anonn na n-iasachtaí arna ndíol, glactar san áireamh bearnú a aithníodh cheana i gcoinne na n-iasachtaí sin.

Má tá bearnú aitheanta roimhe sin i leith na n-iasachtaí

- fágann brabús arna ríomh ar dhiúscairt go scaoiltear leis an bhforáil ghaolmhar bhearnaithe i ndáil leis na sócmhainní sin.
- fágann caillteanas arna ríomh ar dhiúscairt go ndéantar an fhoráil bhearnaithe ghaolmhar a chriostalú, trína laghdaítear an fhoráil arna sealbhú agus luach anonn na n-iasachtaí araon.

Measúnú Comhchoiteann

Déantar naisc féichiúnaí nach bhfuil faoi réir measúnú atá suntasach ar bhonn aonair a ghrúpáil ar bhonn comhchoiteann chun críocha measúnú bhearnaithe a dhéanamh. Nuair a dhéantar iasachtaí atá faoi réir measúnú comhchoiteann a dhiúscairt, ní ghlahtar san áireamh sa bhrabús nó sa chaillteanas arna ríomh ar dhiúscairt aon fhoráil chomhchoiteann a aithníodh roimhe sin, toisc nach bhfuil an fhoráil sin curtha síos go díreach do na hiasachtaí. Déantar athmheasúnú ar an tionchar bainteach ar an bhforáil chomhchoiteann fhoriomlán nuair a bhíonn na hiasachtaí diúscairthe.

2.13 Bearnú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar suim anonn shócmhainní neamh-airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe d'fhonn a chinneadh an bhfuil comhartha bhearnaithe ann. Más ann do chomhartha dá leithéid déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Is ionann suim in-aisghabhála sócmhainn agus a luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin.

Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreabha airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascaine atá ag teacht le measúnú reatha margaidh luach an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bhearnaithe sa chuntas brabúis nó caillteanais má sháraíonn an tsuim anonn an tsuim in-aisghabhála.

2.14 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

Is ionann airgead agus airgead ar láimh, éarlaisí éilimh agus nótaí státchiste.

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.15 Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus cuntasaíocht fálaithe

Úsáidtear díorthaigh, amhail babhtálacha ráta úis, babhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha malairte eachtraí chun críocha fálaithe mar chuid de straitéis bainistíochta riosca an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa, ar luach cothrom, díorthaigh áirithe a bhaineann leis na hiasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ní théann an Grúpa isteach i ndíorthaigh ar mhaithe le trádáil dílseánaigh.

Is é beartas an Ghrúpa fálú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach trí dhíorthaigh airgeadra a úsáid. Déantar riosca ráta úis ar fhiachas arna eisiúint ag an nGrúpa a fhálú ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Déantar babhtálacha ráta úis a fhaightear ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a fhálú trí bhabhtálacha ráta úis a fhritháireamh.

Cuirtear díorthaigh chun cuntais ar luach cothrom nó trí bhrabús agus caillteanas nó, sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe, trí úsáid a bhaint as na soláthairtí um chuntasaíocht fálaithe in IAS 39.

Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Déantar díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús agus caillteanas a aithint ar dtús ar luach cothrom ar an dáta ar a ndéantar nó ar a bhfaightear conradh díorthaigh agus déantar iad a thomhas arís níos déanaí ar luach cothrom.

Cinntear luach cothrom díorthach ag baint úsáide as teicníc luachála um marcáil ón margadh bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí leas a bhaint as ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair toraidh Euribor agus Libor, ar chomhchéim le rátaí malairte eachtraí agus úis.

Sna boinn tuisceana a úsáidtear do na teicnící luachála sin áirítear dóchúlacht agus uainiú ionchais shreabha airgid na hionstraime amach anseo. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhfuil gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapháirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha.

Luaitear díorthaigh mar shócmhainní nuair atá an luach cothrom dearfach agus mar dhliteanais nuair atá an luach cothrom diúltach.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais luacha cothrom (seachas na díorthaigh airgeadra) sa ráiteas ioncaim. Sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe áfach, braitheann an chaoi ina bpléitear leis na gnóthachain agus caillteanais ar luach cothrom ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús agus caillteanas mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais i malairt eachtrach.

Díorthaigh sainithe i ngaolmhaireachtaí fálaithe

Sainíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar fhálú ar shreabha airgid an-dóchúla amach anseo, atá inchurtha i leith sócmhainne nó dliteanais aitheanta, nó idirbheart réamhaisnéise (fálú an tsreafa airgid).

Ag tráth bunaithe na gaolmhaireachta fálaithe, tuairiscíonn an Grúpa ar an ngaolmhaireacht idir míreanna fálaithe agus ionstraimí fálaithe, chomh maith lena cuspóir bainistíochta riosca agus a straitéis le tabhairt faoi roinnt idirbheart fálaithe éagsúla. Tuairiscíonn an Grúpa ar a measúnú freisin, ag tráth bunaithe an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, faoi cibé an bhfuil na díorthaigh a úsáidtear sna hidirbhearta fálaithe an-éifeachtach chun athruithe i sreabha airgid míreanna fálaithe a fhritháireamh nó nach bhfuil.

Fálú an tsreafa airgid

Déantar an cion éifeachtach athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálú an tsreafa airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus áirítear i gcúlchiste fhálú an tsreafa airgid iad, a chuimsítear i gcothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach láithreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Déantar méideanna arna gcarnadh i gcothromas a athrangú go dtí an ráiteas ioncaim sna tréimhsí ina dtéann an mír fálaithe i bhfeidhm ar bhrabús nó ar chaillteanas. Déantar méideanna arna n-athrangú go brabús nó caillteanas ó chothromas a chuimsiú i nglan-ioncam úis.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag nó nuair a dhíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíochta fálaithe a thuilleadh, fághtar gnóthachan nó caillteanas carnach reatha atá i gcothromas ag an am sin i gcothromas agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim nuair a dhéantar an t-idirbheart réamhaisnéise. Sa chás nach meastar a thuilleadh go dtarlódh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a tuairiscíodh i gcothromas a athrangú láithreach go dtí an ráiteas ioncaim.

2.16 Fardail – Trádáil Réadmhaoine

Coinnítear trádáil réadmhaoine le haghaidh athdhíola agus luaitear í ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Socraítear costais ar bhonn na gcostas aonair a bhaineann le gach sócmhainn a aithint go sonrach. Léiríonn an glanluach inréadaithe an praghas díola measta le haghaidh réadmhaoine lúide na costais mheasta uile chun í a chur i gcrích agus na costais is gá chun an díolachán a dhéanamh.

2.17 Cánachas

Cuimsíonn cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha araon. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sí le míreanna arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear in ioncam cuimsitheach eile í.

(a) Cáin ioncaim reatha

Is é atá sa cháin ioncaim reatha ná an cháin ionchais atá iníoctha ar an ioncam inchánach don bhliain ag baint úsáide as rátaí cánach arna gcur i bhfeidhm nó arna gcur i bhfeidhm go substainteach ar dháta an tuairiscithe agus coigeartú ar bith ar an gcáin atá iníoctha maidir le blianta roimhe sin.

Déantar cáin ioncaim reatha atá iníoctha ar bhrabús, bunaithe ar an dlí cánach is infheidhme i ngach dlínse, a aithint mar chostas sa thréimhse ina dtagann an brabús chun cinn.

Déantar iarmhairtí cánach na gcaillteanas reatha i gcáin ioncaim atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh a aithint mar shócmhainn nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a ndéantar na caillteanais seo a úsáid ina leith.

Ní dhéanann an Grúpa dlíteanais agus sócmhainní cáin ioncaim reatha a fritháireamh.

(b) Cáin ioncaim iarchurtha

Soláthraítear cáin ioncaim iarchurtha ina hiomláine, ag úsáid an mhodha dlíteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a thagann chun cinn idir boinn chánach sócmhainní agus dlíteanais agus a méideanna carraeireachta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cinntear cáin ioncaim iarchurtha ag baint úsáide as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go suntasach faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm nuair a réadófar an tsócmhainn cáin ioncaim iarchurtha lena mbaineann nó nuair a ghlanfar an dlíteanas cáin ioncaim iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncaim nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí na difríochtaí sealadacha seo a úsáid agus iad a chur ina leith.

Déantar cáin ioncaim iarchurtha a bhaineann le fálú an tsreafa airgid agus atá ar fáil le haghaidh gluaiseachtaí cultaca díolacháin a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear í ina dhiaidh sin sa ráiteas ioncaim comhdhlúite mar aon leis an gcaillteanas nó gnóthachan iarchurtha.

Déantar sócmhainní agus dlíteanais cáin ioncaim iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann chun dlíteanais chánach reatha a fhritháireamh, agus nuair a bhaineann na sócmhainní agus dlíteanais cáin ioncaim iarchurtha le cánacha ioncaim arna ngearradh ag an údarás cánachais céanna ar an aonán inchánach céanna nó ar aonáin inchánacha éagsúla nuair atá sé beartaithe na hiarmhéideanna a shocrú ar bhonn glan.

Déanann an Ghrúpa measúnú, ar bhun blianitiúil amháin, ar cháin iarchurtha bainteach le caillteanas cánach nach bhfuil in úsáid.

2.18 Soláthairtí do dhlíteanais agus do mhuirir agus dlíteanais agus sócmhainní teagmhasacha

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí ar éilimh dhlíthiúla nuair atá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa mar gheall ar imeacht atá caite; is ea is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a réiteach; agus féadfar meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Ní aithníonn an Grúpa aon soláthairtí le haghaidh caillteanas oibriúcháin amach anseo.

Dlíteanais theagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa dlíteanais theagmhasacha ach nochtar iad, ach amháin sa chás gur beag seans a tharlóidh siad.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.18 Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir agus dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha (ar lean)

Sócmhainní teagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad nuair is cosúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha i gceist. Má éiríonn réadú ioncaim geall le cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Déantar dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha a mheasúnú ar bhonn leanúnach lena chinntiú go léirítear go hiomchuí sna ráitis airgeadais iad.

2.19 Méideanna dlite le agus ó Institiúidí Rannpháirteacha

Staideanna rótharraingte neamhghlanta

Déanann na hInstitiúidí Rannpháirteacha cuntais rótharraingte a mhaoiniú agus bailíonn siad aisíocaíochtaí in airgead tirim ar chuntais rótharraingte ar son an GNBS. Aithnítear na méideanna a mhaoiníonn na hInstitiúidí Rannpháirteacha sa ráiteas faoin staid airgeadais mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha agus aithnítear na méideanna a bhailítear mar mhéideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha. Cuirtear an glanmhéid atá dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha i bhfeidhm i leith iarmhéid na n-infháltas agus na n-iasachtaí gan íoc.

2.20 Conarthaí ráthaíochta airgeadais gnóthaithe

Is iad atá i gconarthaí ráthaíochta airgeadais ná conarthaí ina n-éilítear ar an eiseitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i leith caillteanais a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite, de réir téarmaí ionstraime fiachais. Tugtar ráthaíochtaí airgeadais dá leithéidí do bhainc, d'institiúidí airgeadais agus do chomhlachtaí eile ar son custaiméirí chun iasachtaí, rótharraingtí agus áiseanna baincéireachta eile a dhaingniú.

Aithnítear ráthaíochtaí airgeadais ar dtús sna ráitis airgeadais ar luach cothrom ar an dáta ar a bhfuarthas an ráthaíocht. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar dliteanais an Ghrúpa faoi ráthaíochtaí dá leithéidí a thomhas ag an méid is airde den mhéid tosaigh, lúide amúchadh táillí arna n-aithint de réir IAS 18 agus an meastachán is fearr ar an méid is gá chun an ráthaíocht a ghlanadh. Cinntear na meastacháin sin bunaithe ar thaithí ar idirbhearta comhchosúla agus stair na gcaillteanas roimhe seo, mar aon le tuairim an lucht bainistíochta. Aithnítear an t-ioncam táillí a thuilltear ar bhonn líne díri thar shaolré na ráthaíochta. Tuairiscítear méadú ar bith sa dliteanas a bhaineann le ráthaíochtaí sa ráiteas ioncaim comhdhlúite laistigh de chostais oibriúcháin eile.

2.21 Ionstraimí fiachais agus cothromais

Rangaítear ionstraimí fiachais agus cothromais mar dhliteanais nó mar chothromas i gcomhréir le hábhar théarmaí conarthacha na n-ionstraimí. I gcás ionstraimí nach ngabhann oibleagáid chonartha leo chun airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a sholáthar d'aonán eile, rangaítear iad mar chothromas agus cuirtear i láthair faoi chothromas iad. Aithnítear na híocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí sin go díreach i gcothromas. Cuimsítear cúpón lánroghnach sna fobhannaí arna n-eisiúint ag an nGrúpa agus níl aon oibleagáid i gceist leo chun airgead tirim a sholáthar, agus dá bhrí sin rangaítear mar ionstraimí cothromais iad.

Rangaítear urrúis fiachais shinsearach a eisiúint an Grúpa mar ionstraimí fiachais mar gabhann cúpón seasta leis na hurrúis bunaithe ar Euribor agus níl an íocaíocht chúpóin lánroghnach.

Déantar urrúis fiachais arna n-eisiúint a thomhas ar dtús ar luach cothrom lúide costais na n-idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh EIR.

2.22 Scairchaipiteal

(a) Díbhinní ar ghnáthscaireanna

Aithnítear díbhinní ar ghnáthscaireanna i gcothromas sa tréimhse ina bhfaomhann scairshealbhóirí na Cuideachta iad. Pléitear le díbhinní don tréimhse a fhógraítear tar éis dáta an ráitis chomhdhlúite faoin staid airgeadais i Nóta 40, Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe.

(b) Cúpón ar ionstraim chothromais eile

Déantar íocaíochtaí cúpón ar fhó-bhannaí a rangaítear mar gnáthscaireanna a léiriú go díreach i gnáthscaireanna, nuair a fhograitítear iad.

2.23 Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN

Éilítear ar an nGrúpa urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) arna aontú idir GBCN agus an GNBS. Is í GBCN an contrapháirtí i leith díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd a ngnóthaítear ó iasachtaithe). Ní mór go dtabharfaí airgead tirim mar urrús comhthaobhach do GBCN d'fhonn a cuid nochta don GNBS i ndáil lena staideanna díorthach a laghdú.

Braitheann an méid urrúis chomhthaobhach ar measúnú den riosca creidmheasa curtha i gcrích ag GBCN.

Déantar airgead tirim a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadh mar urrús comhthaobhach le GBCN sa ráiteas ar an staid airgeadais. Déantar aon ús iníoctha nó infhála ag eascairt ón méid a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadh sa chaiteachas úis nó san ioncam úis faoi seach.

2.24 Réadmhaoin, innealra agus trealamh

Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais as spás oifige ar léas a fheistiú. Déantar costais a thabhaítear a chaipitliú sa ráiteas faoin staid airgeadais mar réadmhaoin, innealra agus trealamh de réir IAS 16. Déantar an tsócmhainn aitheanta a dhímheas ar bhonn líne díri thar 10 mbliana. Aithnítear dímheas bliana iomláine sa bhliain ina ndéantar an tsócmhainn a chaipitliú.

2.25 Tuairisciú teascánach

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do POF an GNBS a leithdháileann acmhainní chuchu agus a dhéanann feidhmíocht na dteascán oibriúcháin de chuid an GNBS a mheas.

2.26 Léasanna oibriúcháin

Is comhaontú é léas trína dtugann an léasóir cead don léasaí, mar thoradh ar íocaíocht nó sraith íocaíochtaí, an ceart chun sócmhainn a úsáid do thréimhse ama comhaontaithe. Rangaítear léas mar léas oibriúcháin mura n-aistríonn sé go substaintiúil gach riosca agus gach luach saothair a ghabhann le húinéireacht. Aithnítear an tsócmhainn léasaithe ar an ráiteas maidir le staid airgeadais an léasóra. Aithnítear réadmhaoin faighte ag SRCSTNT chun críocha tithíocht shóisialta mar fhardail de réir IAS 2. Is de réir méid chothroim a dhéantar cuntas ar ioncam ó chíos ó léasanna oibriúcháin ar réadmhaoin fardail thar théarma an léasa.

2.27 Leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí

Is é atá i gceist le leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí ná gnáth-scairchaipiteal agus / nó cothromas eile i bhfochuideachtaí nach féidir a chur i leith an mháthair-aonáin, go díreach nó go hindíreach.

Féadfar brabús a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe de réir an toraidh is fearr ar infheistíocht a d'fhéadfaí a íoc leis na hinfheisteoirí seachtracha. Déantar cailtteanas a bhíonn i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe suas go dtí luach an leasa neamh-rialaithe sa Ghrúpa amháin, mar glacann an GNBS beagnach tairbhí agus rioscaí eacnamaíochta uile an Ghrúpa.

2.28 Luach cothrom a chinneadh

Is ionann luach cothrom ionstraim airgeadais agus an praghas a bheadh ar fáil dá ndíolfaí sócmhainn nó dá n-íocfaí as dlíteanas a aistriú mar idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ag an dáta tomhais sa bhunairgead, nó dá éagmais, an margadh is mó tairbhe a bhfuil rochtain ag an nGrúpa air ag an dáta sin.

Is ag luach cothrom a aithnítear ionstraimí airgeadais ar dtús agus, ar leith ó shócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó cailtteanas, déantar an tsuim ghlanluacha tosaigh a choigeartú do chostais dhíreacha agus incriminteachta idirbhirt. I ngnáthchúrsa gnó, is ionann an luach cothrom tosaigh agus praghas an idirbhirt (luach cothrom na comaoine tugtha nó faighte).

I ndiaidh aithint tosaigh, is trí úsáid a bhaint as teicnící luachála a chinntear luachanna cothroma. Ciallaíonn na teicnící seo go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as ionchuir inbhraite ábhartha agus go mbaintear a laghad úsáide agus is féidir as ionchuir neamh-inbhraite. San áireamh sna teicnící luachála a úsáideadh bhí fachtóirí a bheadh á gcur san áireamh ag rannpháirtithe margaidh agus idirbheart á phraghsáil. San áireamh sna teicnící luachála tá úsáid a bhaint as idirbhirt ordúla a rinneadh le déanaí idir rannpháirtithe margaidh, tagairt d'ionstraimí cosúla eile, samhlacha praghsála i leith conradh céadrogha, anailís sreabhadh airgid lascainithe agus teicnící luachála eile a mbaineann rannpháirtithe margaidh úsáid astu go minic.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.28 Luach cothrom a chinneadh (ar lean)

Teicnící luachála

Cheal praghsanna luaite margaidh, agus i ndáil le díorthaigh thar an gcuntar, déantar luach cothrom a ríomh bunaithe ar theicnící luachála. Féadfar luach cothrom a mheas trí úsáid a bhaint as praghsanna luaite margaidh d'ionstraimí cosúla, coigeartaithe le haghaidh difríochtaí idir an ionstraim luaite agus an ionstraim a bhfuil luach á lua léi. Sa chás go ndéantar an luach cothrom a ríomh bunaithe ar anailís sreabhadh airgid lascainithe, is í an mhodheolaíocht atá ann, úsáid a bhaint, a mhéid agus is féidir, as sonraí margaidh atá inbhraite go díreach nó intuigthe ó phraghsanna ionstraimí, cosúil le cuair toraidh ráta úis, praghsanna cothromas agus tráchtarraí, raonta difríochta creidmheasa, luaineachtaí rogha agus rátaí airgeadra.

Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála na sreafaí airgid ionchais a ríomh faoi théarmaí gach conradh sonrach agus ansin na luachanna seo a lascainí ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtoimhdí atá san áireamh sna teicnící luachála seo tá:

- Dóchúlacht agus uainiú ionchais sreafaí todhchaíocha airgid na hionstraime. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhféadfaí gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapráirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh sreafaí todhchaíocha airgid íogair do theagmhas imeachtaí todhchaí, athruithe ar rátaí margaidh san áireamh; agus
- Ráta lascaine oiriúnach a roghnú don ionstraim, bunaithe ar na cuair toraidh ráta úis lena n-áirítear cinneadh maidir le raon oiriúnach difríochta don ionstraim don ráta saor ó riosca. Déantar an raon difríochta a choigeartú chun cuntas a dhéanamh de shainphróifíl riosca creidmheasa an nochta.

Tá na coigeartuithe ar fad i ríomh luach láithreach sreafaí todhchaíocha airgid bunaithe ar fhachtóirí a chuirfeadh rannpháirtithe margaidh san áireamh agus an ionstraim airgeadais á prahsáil.

Féadfar ionstraimí airgeadais áirithe (sócmhainní agus dliteanais) a luacháil bunaithe ar theicnící luachála a bhfuil gné shuntasach margaidh amháin nó níos mó nach bhfuil inbhraite san áireamh iontu. Nuair a bhíonn teicníc luachála a bhfuil sonraí inbhraite luaite léi á cur i bhfeidhm, déantar meastacháin chun léargas a thabhairt ar neamhchinnteachtaí i luachanna cothroma a eascraíonn as easpa sonraí margaidh. I ndáil leis na hionstraimí seo, níl an tomhas luach cothrom chomh hiontaofa. Is dá nádúr go bhfuil ionchuir i luachálacha bunaithe ar shonraí neamh-inbhraite neamhchinnte mar nach bhfuil ach beagán nó nach bhfuil aon sonraí margaidh reatha ar fáil chun an praghas ag a dtarlódh idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh faoi na coinníollacha margaidh reatha a chinneadh.

D'fhéadfadh go mbeadh coigeartú aschur na teicníce luachála ag teastáil i ndáil le ríomh luach cothrom d'aon ionstraim airgeadais chun léargas a thabhairt ar chostas an riosca creidmheasa, dá mbeadh a leithéid curtha san áireamh ag rannpháirtithe margaidh, sa chás nach bhfuil siad neadaithe sna teicnící bunúsacha luachála.

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS, éilítear go mbainfear úsáid as meastacháin agus go nglacfar le boinn tuisceana a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais chomh maith le nochtadh sócmhainní agus dliteanais theagmhasacha. Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis. Toisc go mbíonn meastachán ar an dóchúlacht go dtarlódh imeachtaí amach anseo ina chuid de bhreithiúnas an lucht bainistíochta, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na méideanna a thuairisceofar le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amach anseo.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a úsáidtear iomchuí agus dá bhrí sin, go léiríonn ráitis airgeadais an Ghrúpa an staid airgeadais agus na torthaí ar bhealach cothrom. Déantar cur síos ar na réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i leith na ráiteas airgeadais comhdhlúite, mar seo a leanas:

3.1 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara gnóthaithe

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar a phunann iasachtaí agus infháltas le haghaidh bearnaithe ar bhonn leathbhliantúil. Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar cheart caillteanas bearnaithe a thaifeadadh sa ráiteas ioncaim chomhtháite ag an dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa breitheanna faoi cibé an bhfuil aon sonraí inbhraite ann a léiríonn fianaise ar bhearnú ar chosúil go dtiocfadh laghdú intomhaiste ar uainiúcháin agus ar mhéideanna na sreabha airgid measta amach anseo dá thoradh. Tá beartas an Ghrúpa maidir le bearnú leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.12.

Déantar iasachtaí agus infháltais a mheasúnú ar bhonn aonair nó cuirtear le chéile iad i ngrúpa agus déantar iad a mheasúnú ar bhonn comhchoiteann le haghaidh bearnaithe.

In 2014, rinneadh formhór na nasc féichiúnaí, idir iadsan a bhí bainistithe ag GNBS agus na cinn a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí, a mheasúnú ar leithligh i leith bearnaithe. Ní hionann sé sin agus 2013, tráth ar grúpáladh le chéile formhór na bhféichiúnaithe arna measúnú ina n-aonar a bhain le naisc a bhí bainistithe ag GNBS amháin agus naisc a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí a ndearnadh measúnú comhchoiteann orthu le leith bearnaithe.

In 2013, thionscain GNBS próiseas um fhaisnéis faoi shreafaí airgid a ullmhú maidir le gach féichiúnaí a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha. Faoin 30 Meitheamh 2014, bhí faisnéis iomlán um shreafaí airgid ar fáil ag GNBS i ndáil leis an bpunann a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí agus aithníodh na forálacha bearnaithe don phunann sin ar leibhéal na nasc féichiúnaí seachas ráta caillteanais a chur i bhfeidhm ar an ngrúpa nasc féichiúnaí a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí. De bharr faisnéis mhionsonraithe um shreafaí airgid a bheith ar fáil maidir le sócmhainní a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha, tháinig méadú ar an ráta caillteanais ar an bpunann a bhí bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha / Soláthraithe Seirbhísí. I gcás na nasc féichiúnaí nár ullmhaíodh sreafaí airgid mionsonraithe ina leith, a chuimsíonn €0.08bn den phunann iasachtaí, déantar iad a ghrúpáil le chéile agus a mheasúnú ar bhonn comhchoiteann chun críche bearnaithe sa mheasúnú ag deireadh na bliana.

Is ionann an muirear bearnaithe do 2014 agus €137m (2013: €914m). Is ionann an fhoráil bearnaithe chernach iomlán agus €3,521m (2013: €4,125m), lena gcumhdaítear 21% den iarmhéid iomlán um iasachtaí agus infháltais amhail an 31 Nollaig 2014 (2013: 17.5%).

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair

B'ionann luach iasachtaí agus fáltas agus na ndíorthach gaolmhar arna measúnú ar bhonn aonair i leith bearnaithe ar an dáta tuairiscithe agus €16.2bn (2013: €19.6bn).

Tá measúnú bearnaithe na bhféichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair bunaithe ar réamh-mheastacháin sreafa airgid a d'ullmhaigh bainisteoirí cáis ar leith agus iad athbhreithnithe ag an lucht bainistíochta i ndáil le gach nasc féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair.

Léiríonn na sreabha airgid meastachán is fearr an GNBS i ndáil le gach féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair agus áirítear iontu sreabha airgid measta na todhchaí ó dhiúscairt comhthaobhacht réadmhaoine agus ioncaim neamh-diúscairthe eile (ar nós ioncam cíosa).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA (AR LEAN)

3.1 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara gnóthaithe (ar lean)

Mar chuid de réamh-mheastachán an tsreafa airgid ní mór don lucht bainistíochta meastachán agus breithiúnas suntasach a chleachtadh (le hairead á thabhairt ar shreabha airgid bunúsacha iarbhir) lena n-áirítear toimhdí maidir le cúinsí eacnamaíocha áitiúla, feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus luach na comhthaobhachta réadmhaoin bunúsaí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir na sreabha airgid iarbhir, agus a n-uainiú, agus na sreabha airgid réamh-mheasta arna n-ullmhú ag an lucht bainistíochta chun méid an tsoláthair bhearnaithe le haghaidh féichiúnaithe atá suntasach ina n-aonair a chinneadh.

Tar éis do shreabha airgid na bhféichiúnaithe aonair go léir a bheith curtha i gcrích cuirtear iad sin i ngrúpa le chéile agus cuirtear na sreabha airgid faoi réir anailíse íogaireachta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar dóchúil ar an soláthar bearnaithe maidir le hathrú ar uainiú agus ar mhéid na sreabha airgid.

Anailís íogaireachta

Cinntear soláthar bearnaithe 2014 tar éis measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Sreabha airgid measta arna nginiúint ó urrús bunúsach mar chomhthaobhacht i leith iasachta
- Luach diúscartha ionchais an urrúis bhunúsach
- Uainiú ionchais réadú na sreabha airgid lena n-áirítear uainiú dhiúscairt ionchais an urrúis sa todhchaí.

Tar éis measúnú mionsonraithe sreafa airgid na bhféichiúnaithe le luach comhcheangailte de €16.2bn (2013: €19.6bn)) a chríochnú, tugann torthaí comhdhlúite an athbhreithnithe sreafa airgid seo deis don GNBS íogaireachtaí ar leith a chur i bhfeidhm i ndáil le punann agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-íogaireachtaí seo ar an bhforáil bhearnaithe. Déantar sreabhadh airgid aonair a réamh-mheas do gach sócmhainn réadmhaoin (comhthaobhachta) aonair. Ansin déantar iad seo a chomhdhlúthú i sreabhadh airgid thirim amháin do gach rannpháirteachas le féichiúnaithe chun críocha an chleachtaidh measúnaithe bearnaithe.

Déanann an GNBS a cuid anailíse íogaireachta ag leibhéal sócmhainne réadmhaoin (comhthaobhachta). Go praiticiúil, ciallaíonn seo go laghdáitear de 1% an luach diúscartha réamh-mheasta do gach réadmhaoin aonair de réir láithreach. Ansin déantar na sreabha airgid thirim ó rannpháirteachas le féichiúnaithe a nuashonrú leis na luacha diúscartha réamh-mheasta athbhreithnithe agus déantar foráil bhearnaithe athbhreithnithe a ríomh do gach rannpháirteachas le féichiúnaí. Cuirtear an fhoráil athbhreithnithe trí chéile i gcomparáid ansin leis an bhforáil bhearnaithe iarbhir chun an tionchar atá ag laghdú de 1% ar luachanna diúscartha réamh-mheasta a léiriú.

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar (i €m) ar fhoráil bhearnaithe 2014 ag athrú 1% i méid na diúscairt sreabha airgid thar gheografaíochtaí agus cineálacha sócmhainní ar leith.

	2014				2013			
	RA (lena n-áirítear Tuisceart Éireann)		Cuid eile den Domhan	Iomlán	RA (lena n-áirítear Tuisceart Éireann)		Cuid eile den Domhan	Iomlán
	Éire	Éireann			Éire	Éireann		
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Talamh agus forbairt	23	2	1	26	25	4	2	31
Cónaitheach	16	1	1	18	15	3	1	19
Tráchtáil	10	3	2	15	18	4	2	24
Miondíol	12	1	-	13	21	8	1	30
Óstán agus fóillíocht	4	-	2	6	6	3	3	12
Iomlán éifeacht de 1%	65	7	6	78	85	22	9	116

Imrítear tionchar ar ghlanluach reatha sreafaí airgid freisin ag brath ar uainiú a réadaithe ag eascairt as díol sócmhainní. Dá bhrí sin, rinneadh anailís íogaireachta freisin maidir le huainiú réadú na sreafaí airgid réamh-mheasta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar is mó a d'fhéadfaí a imirt ar an muirear bearnaithe.

Léirítear de bharr an chleachtaidh sin, a rinneadh gan a chur san áireamh cibé an mbaineann na sócmhainní comhthaobhachta bunaidh le naisc bhearnaithe nó nach mbaineann, go dtiocfadh muirear bearnaithe breise thart ar €50m i gceist maidir le gach €1 bhilliún i sreafaí airgid diúscairthe réamh-mheasta arna n-aistriú ó 2015 go 2016. Rinneadh an méid sin a mheas gan ioncam breise féideartha ó fhoinsí seachas diúscairt ná méadú a d'fhéadfadh teacht ar na sreafaí airgid amach anseo a chur san áireamh. Is ionann uasluach an mhuirir bearnaithe bhreise arna mheas faoin gcleachtadh seo agus thart ar €160m.

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn comhchoitinn

Glactar le féichiúnaithe nach bhfuil measúnaithe ar bhonn aonair ar bhonn comhchoiteann ar mhaithe le measúnú bearnaithe a chur i gcrích ('measúnú comhchoiteann') Is ionann luach iomlán iasachtaí agus infháltas faoi réir measúnú comhchoiteann agus €78m (2013: €3,576m). Baineann sé sin den chuid is mó le naisc féichiúnaí nach bhfuil aon sócmhainní fágtha iontu agus nár ullmhaíodh aon réamhaisnéisí sreafa airgid ina leith dá réir. Is ionann an fhoráil bearnaithe don phunann chomhchoiteann agus €75m (2013: €822m), arb ionann é agus cumhdach 95% (2013: 23%) den phunann agus í faoi réir measúnú comhchoiteann.

Déanann iniúchóirí inmheánacha an GNBS athbhreithniú neamhspleách ar an bpróiseas bearnaithe ar bhonn bliantúil. Áirítear i raon feidhme an athbhreithnithe seo measúnú a dhéanamh ar phróiseas an athbhreithnithe ar bhearnú agus ar chruinneas agus iomláine na n-ionchur do na measúnuithe aonair agus comhchoiteanna.

3.2 Aitheantas ioncaim ar iasachtaí agus infháltais

Aithint ioncam EIR

Tá an beartas cuntasáiochta maidir le hioncam úis a aithint le haghaidh iasachtaí agus infháltas leagtha amach i mbeartas cuntasáiochta 2.9. Fuarthas an phunann bhunaidh iasachtaí a fuair an Grúpa ar lascaine shuntasach i leith Pharlúach na n-iasachtaí, lena léiríodh caillteanais iasachta a tabhaíodh ar na hiasachtaí cheana féin sular ghnóthaigh an GNBS iad. Tá EIR na punainne seo socraithe ag an ráta lascaine lena ndéantar luach reatha na sreabha airgid ar glacadh leo sa tsamhail luachála gnóthaithe iasachta cothrom leis an luach gnóthaithe. Socraítear an ráta sin ar dháta na luachála agus bíonn sé mar EIR tosaigh na hiasachta.

D'fhéadfadh difríocht dhearfach nó dhiúltach a bheith idir na sreabha airgid iarbhir thar shaol an fhéichiúnaí agus na sreabha airgid ionchais a nglactar leo sa tsamhail luachála gnóthaithe. Déanann an Grúpa sreabha airgid ionchais a athbhreithniú go bliantúil ar a laghad mar chuid dá athbhreithniú bearnaithe (féach nóta 3.1). Bheadh tionchar ag aon athrú sna toimhdí ar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais tugtha anonn ag costas amúchta mar atá nochta i Nóta 5. Ní aithneofar ioncam úis ar aon chuid bhearnaithe de shócmhainn, ar an tslí sin ag laghdú ioncam úis sa chás go bhfuil sreafaí airgid measta níos lú ná na sreafaí airgid bhunaidh ionchais sa tsamhail éadála iasachta.

3.3 Ioncam barrachais

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam barrachais a phunann féichiúnaithe ar bhonn leathbhliantúil. Aithníonn an Grúpa ioncam barrachais in dhá chás:

- 1) Féichiúnaithe a bhfuil aisíocaíochtaí fiachais sa bhreis ar a bhfiachas GNBS déanta acu. De thoradh na n-aisíocaíochtaí seo aithníodh €243m i 2014 (2013: €306m).
- 2) Féichiúnaithe a bhfuil glanluachanna láithreacha dearfacha acu agus a bhfuil dianchoinníollacha anáis comhlíonta acu. Réadaigh an Grúpa €330m (2013: €225m) ó na féichiúnaithe seo i 2014.

San áireamh i nglanluach láithreach (NPV) gach féichiúnaí a ndéantar a mheas ina n-aonar tá a sreafaí airgid todhchaí a fhorghnas (lena n-áirítear sreafaí airgid todhchaí measta ó diúscairt comhthaobhacht réadmhaoinne agus ioncam neamh-indiúscairthe eile). Ansin cuirtear na sreafaí airgid todhchaí lascanaithe measta i gcomparáid lena luach anonn d'fhonn barrachas NPV gach féichiúnaí a ríomh.

I ndáil leis na féichiúnaithe a mbíonn luach dearfach NPV mar thoradh leo, cuirtear dianchoinníollacha anáis i bhfeidhm a bhféadfadh ioncam barrachais a bheith á aithint dá thoradh do líon an-teoranta féichiúnaithe a bhfuil líon suntasach NPVanna dearfacha acu. Déantar na coinníollacha anáis seo, ina n-áirítear measúnú ar leibhéal réitigh an fhéichiúnaí agus cur i bhfeidhm mhaolán íogaireachta NPV, a mheas ar bhonn leathbhliantúil.

San áireamh i bhformheas sreafaí airgid tá breithiúnas agus meastachán na foirne bainistíochta, rud a chiallaíonn go bhféadfadh difríocht a bheith le sonrú idir na sreafaí airgid iarbhir, agus a n-uainiú, agus na sreafaí airgid réamh-mheasta. Déanann an fhoireann bainistíochta toimhdí a úsáidtear chun sreabhadh airgid a fhorghnas a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

4. ANAILÍS TEASCÁNACH

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin i gcomhréir leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS (an príomhchinnteoir oibriúcháin). Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá cinneadh déanta ag an nGrúpa nach bhfuil ach teascán oibriúcháin amháin aige ar bhonn domhanda, is é sin a phunann iasachtaí gnóthaithe. Is í príomhghníomhaíocht an ghnó iasachtaí incháilithe a ghnóthú ó Institiúidí Rannpháirteacha, plé go gasta leis na hiasachtaí a fhaightear agus luach na n-iasachtaí sin a chosaint nó a fheabhsú ar bhealach eile.

Tá an fhaisnéis arna cur ar fáil faoin teascán buanaithe ar thuairiscí míosúla agus ráithiúla agus faisnéis bainistíochta mhíosúil, ar a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú.

Tuairiscíonn an GNBS príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) don Fhoireann Fheidhmiúcháin Sinsearach agus don Bhord. Sna PFTanna rithábhachtacha a thuairiscíonn an GNBS áirítear giniúint airgid thirim, fáлтаis diúscartha agus ioncaim neamh-diúscartha agus fuascailt fiach.

Torthaí teascánacha na n-oibríochtaí

Is í an fhaisnéis theascánach a soláthraítear don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis an teascán intuairiscithe an fhaisnéis chéanna is atá sa ráiteas ioncaim comhdhlúite agus sa ráiteas comhdhlúite faoin staid airgeadais agus ní léirítear arís í sna Nótaí. Léirítear anailís gheografach ar ioncam seachtrach, sócmhainní agus dliteanais sa tábla thíos. Taispeántar an anailís maidir le sócmhainní agus dliteanais seachtracha an Ghrúpa agus ní thaispeántar sócmhainní ná dliteanais idirghrúpa.

Anailís gheografach

31 Nollaig 2014 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Ollioncam seachtrach	713,499	176,126	65,664	-	955,289
Sócmhainní seachtracha					
Iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	12,608,163	3,112,302	1,160,344	-	16,880,809
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(3,520,775)	(3,520,775)
Iasachtaí agus infháltais	12,608,163	3,112,302	1,160,344	(3,520,775)	13,360,034
Sócmhainní seachtracha eile	2,044,999	24,275	10,700	-	2,079,974
Iomlán na sócmhainní seachtracha	14,653,162	3,136,577	1,171,044	(3,520,775)	15,440,008
Dliteanais seachtracha	14,333,839	-	-	-	14,333,839
Iomlán na ndliteanas	14,333,839	-	-	-	14,333,839

31 Nollaig 2013 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Ollioncam seachtrach	885,570	346,308	102,838	-	1,334,716
Sócmhainní seachtracha					
Íasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	27,559,422	5,954,661	1,924,876	-	35,438,959
Bearnú íasachtaí agus infháltas	-	-	-	(4,125,260)	(4,125,260)
Glan-iasachtaí agus infháltais	27,559,422	5,954,661	1,924,876	(4,125,260)	31,313,699
Sócmhainní seachtracha eile	4,634,555	72,936	1,822	-	4,709,313
Iomlán na sócmhainní seachtracha	32,193,977	6,027,597	1,926,698	(4,125,260)	36,023,012
Dliteanais seachtracha	35,415,461	-	-	-	35,415,461
Iomlán na ndliteanas	35,415,461	-	-	-	35,415,461

Cuirtear ioncain agus sócmhainní i leith tíortha ar bhonn shuíomh na comhthaobhachta.

Ní sholáthraítear bearnú íasachtaí agus infháltas de réir na hearnála geografaitoisc go ndéantar an measúnú bearnaithe ar leibhéal an fhéichiúnaí agus beidh comhthaobhacht féichiúnaithe aonair suite ar fud na n-earnálacha geografacha éagsúla.

Áirítear urrúis fiachais shinsearachta arna n-eisiúint i bhformhór na ndliteanas seachtrach, a n-eisítear in euro ar Stocmhalartán na hÉireann agus a thuairiscítear dá réir sin mar chuid de theascán geografach na hÉireann.

Ní bhfuarthas aon ioncam as idirbhearta le custaiméir seachtrach aonair a bhí cothrom le 10% nó níos mó d'ioncain an Ghrúpa.

5. IONCAM ÚIS AGUS TÁILLE

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Ús ar íasachtaí agus infháltais - GNBS	844,984	1,058,032
RSNT	72,849	201,291
	917,833	1,259,323
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte	24,402	50,422
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid	5,716	13,129
Ús ar shócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	44	5,928
Ús ar íasacht caipiteal oibre chuig Comhleachtaitheoirí Speisialta	-	872
Ioncam úis iomlán	947,995	1,329,674
Ioncam táille ó íasachta agus infháltas	7,294	5,042
Ioncam úis agus táille iomlán	955,289	1,334,716

Aithnítear ioncam úis ar íasachtaí agus infháltais de réir bheartas cuntasáiochta 2.9.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

5. IONCAM ÚIS AGUS TÁILLE (AR LEAN)

Ríomhtar ioncam úis ar iasachtaí agus infháiltais ag baint úsáide as modh cuntasaíochta EIR. Déanann an modh seo iarracht ioncam úis a aithint ag ráta seasmhach thar saolré na hiasachta agus beidh difríocht idir é agus an t-airgead tirim iarbhrí faighte. Tugann sé seo le tuiscint in aon thréimhse tuairiscithe go mbeidh difríocht idir an méid úis aitheanta agus an t-airgead tirim faighte. Thar shaolré na hiasachta, áfach, beidh iomlán an airgid thirim faighte sa bheis ar luach gnóthaithe na hiasachta, tar éis coigeartaithe i gcás aon chaillteanais bhearnaithe, cothrom leis an ioncam úis aitheanta. Ní aithnítear aon ioncam úis ar an ngné d'aon iarmhéid iasachta a bhreithnítear a bheith bearnaithe.

B'ionann an t-ús ar iasachtaí agus infháiltais arna aithint don bhliain agus €0.92bn (2013: €1.26bn) agus, den mhéid sin, baineann €0.84bn (2013: €1.06bn) leis an ngrúpa GNBS gan RSNT (faoi Leachtú Deonach) san áireamh. As an tsuim sin, réadaíodh €0.72bn (85%) i bhfáltais airgid nár bhain le diúscairt (2013: €0.9bn; 87%). Déantar aon difríocht idir an t-ioncam EIR arna aithint agus an ghné arna réadú in airgead in aon thréimhse ar leith a chur san áireamh i bpróiseas bearnaithe GNBS.

Ar an 11 Feabhra 2013, bunaíodh RSNT (faoi Leachtú Deonach) mar fhreagra ar Threoir a d'eisigh an tAire Airgeadais, faoin Acht fá Chorpáraid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013, do GNBS um ghníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach a fháil thar shócmhainní áirithe CÉRB a bhí á n-úsáid mar chomhthaobhacht ag CÉRB mar chuid dá shocruithe cistiúcháin le Banc Ceannais na hÉireann. I Márta 2013 cheannaigh GNBS an ghníomhas saoráide iasachta agus an muirear comhlúthach ar €12.9bn. Fabhraíodh ús ar an iasacht sin ag Ráta Iasachta Imeachach BCE móide corrlach socraithe 1%. B'ionann an meánráta úis ar an tsaoráid in 2014 agus 1.58%.

D'íoc na comh-Leachtaitheoirí Speisialta iarmhéid príomhshuime an ghníomhais saoráide iasachta le linn 2013 agus 2014 as fáltais díolacháin ó leachtú CÉRB. Bhí suim iomlán an ghníomhais saoráide iasachta íoctha ag na comh-Leachtaitheoirí Speisialta faoi Dheireadh Fómhair 2014.

Tar éis ghlanadh iomlán na saoráide iasachta agus fhuascailt gach banna shinsearaigh a d'eisigh NAML do Bhanc Ceannais na hÉireann mar chomaoín i leith an ghníomhais saoráide iasachta, measadh nach raibh gá a thuilleadh le RSNT (faoi Leachtú Deonach) toisc go raibh a chuspóir curtha i gcrích aige, agus chuir a chuid comhaltáí faoi leachtú deonach é ar an 18 Nollaig 2014.

Go dtí dáta an leachtaithe, bhí €73m ginte ag RSNT (faoi Leachtú Deonach) (2013: €201m) in ioncam úis ar an ngníomhas saoráide iasachta.

Baineann ioncam úis ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte le hús faighte ar dhíorthaigh gnóthaithe ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí bainteach leis na hiasachtaí a gnóthaíodh.

Cuimsíonn ús ar airgead agus coibhéisí airgid ús tuillte ar airgead, éarlaisí gearrthréimhseacha, nótaí stáchtiste agus páipéar tráchtála coinnithe i rith na bliana.

Cuimsíonn ús ar shócmhainní ar fail le haghaidh díolacháin ús tuillte ar bhannaí rialtais gearrthréimhseacha coinnithe chun críocha leachtaithe.

Aithnítear ioncam táille ó iasachtaithe atá mar dhlúthchuid de ríomh an EIR nó de bhunús iasachta mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille. San ioncam táille a aithnítear sa bhliain áirítear táillí socruithe agus táillí athstruchtúrtha.

Gníomhaireacht	2014 €'000	2013 €'000
Ús ar iasacht chuig BSNT	165,717	-
Ús ar iasacht chuig Comhleachtaitheoirí Speisialta	-	872
Ioncam úis ar airgead	1	2
Ioncam úis iomlán	165,718	874

In 2014, ghin foghnóthais an Ghrúpa GNBS brabúis incháinithe, a bheidh iníoctha le NAML sa deireadh mar ioncam úis faoi shocruithe um iasachtaí le rannpháirtíocht sa bhrabús. Ina dhiaidh sin, tar éis úsáid aon chaillteanas cánach a bhí ar fáil agus asbhaint an chostais úis ar a chuid urrús fiachais shinsearaigh agus a chuid fofhiachas, ghin NAML brabúis incháinithe €166 mhilliún atá iníoctha leis an ngníomhaireacht GNBS, mar ioncam úis. Déantar an tsuim sin atá iníoctha ag NAML leis an ngníomhaireacht GNBS a fho-ordú d'fhéichiúnaithe sinsearach nuair a bhíonn an fiachas sinsearach ar fad íoctha.

In 2013, mar fhreagra ar ordachán ón Aire, chuaigh GNBS agus comh-Leachtaitheoirí Speisialta CÉRB i mbun saoráid iasachta, arbh é €1bn an méid ba mhó a d'fhéadfaí a tharraingt anuas ina leith. Ba é cuspóir na saoráide caipiteal oibre agus comhthaobhacht airgid a chur ar fáil do na comh-Leachtaitheoirí Speisialta le breacadh do chontrapháirtithe díorthaigh CÉRB. Aisíocadh an iasacht ina iomláine faoin 31 Nollaig 2013. Ghearr GNBS ús 1.4% in aghaidh na bliana ar an iasacht in 2013, is é sin €872,000 san iomlán.

6. COSTAS ÚIS

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Ús ar urrúis fhiachais shinsearaigh i mbun eisiúna	79,395	126,016
Ús ar dhíorthaigh a bhfuil cuntasáiocht fálaite i bhfeidhm orthu	228,503	231,590
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	5,276	16,905
Costas iomlán úis	313,174	374,511

Ar an 28 Márta 2013, d'eisigh BSNT bannaí de luach €12,928 billiún mar chomaoin ar ghnóthú RSNT (i Leachtú Toilteannach) de ghníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach thar sócmhainní IBRC ó Bhanc Ceannais na hÉireann. Fuascaileadh na bannaí seo go hiomlán fá 23 Meán Fómhair 2014. Thabhaigh BSNT costas úis de €15.8m (2013: €33.7m) ar na bannaí sin le linn na bliana. Is de thoradh fuascailt bannaí an laghdú ar chostais úis ar an bhliain roimh ré.

Gníomhaireacht	2014 €'000	2013 €'000
Ús íoctha ar réamhíocaíochtaí ón Lárchiste	186	836

7. IONCAM EILE / (COSTAIS)

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Ioncam díbhinn ó ionstraim chothromais	29,501	-
Gnóthú luach coir ar ionstraim chothromais	7,826	-
Ioncam cíosa Léasa	777	54
Aistriú ó culchiste díolacháin in fhála	(1,679)	-
Laghdú Réadmhaoin Trádála	(180)	(2,914)
Ionlán ioncam eile / (Costais)	36,245	(2,860)

Mar thoradh ar an athstruchtúrú a rinneadh ar cheann de na féichiúnaithe faoi bhainistíocht GNBS in 2011, fuair an Grúpa infheistíocht chothromais £2 Stg i gcuideachta féichiúnaí. Leis an infheistíocht chothromais, fuair GNBS teidlíocht i leith sciar d'aon bhrabúis sa todhchaí a ghinfadh an chuideachta féichiúnaí. Fuair an Grúpa díbhinní dar luach €29.5m san iomlán (2013: €nialas) ar a chuid infheistíochta i rith na tréimhse tuairiscithe.

Tuilltear ioncam cíosa léasa ó réadmhaoin cónaithe a léasú le comhlachtaí tithíochta faofa le haghaidh tithíochta sóisialta. Déantar é a chuntas ar bhonn líne díri thar théarma an léasa, de réir bheartas cuntasáiocha 2.26.

I rith na bliana, d'aistrigh an Grúpa €1.7m ó chúlchiste na sócmhainní ar fáil lena ndíol go dtí an ráiteas ioncaim. Ní raibh aon bhannaí stáitchiste i seilbh an Ghrúpa ag deireadh na bliana, agus dá bhrí sin, cuireadh aon ghlan-athruithe ar luach cothrom ar bhannaí stáitchiste a taifeadadh sa chúlchiste sócmhainní ar fáil lena ndíol sna blianta roimh sin ar aghaidh go dtí an ráiteas ioncaim in 2014.

Tá luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS bunaithe ar ghlanluach sócmhainne an aonáin infheistíochta amhail an dáta tuairiscithe, agus déantar athruithe ar an luach cothrom a aithint sa ráiteas ioncaim de réir bheartas cuntasáiocha 2.6. Féach Nóta 26 le haghaidh tuilleadh sonraí ar ionstraimí cothromais i seilbh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe.

Amhail an 31 Nollaig 2014, tá ionaid réadmhaoin arna dtrádáil laghdaithe chuig a nglanluach inréadaithe agus tá méid an laghdaithe, €0.2m (2013: €2.9m) aitheanta mar chostas, de réir bheartas cuntasáiocha 2.16. An laghdú luacha i leith na n-ionad réadmhaoin arna dtrádáil a aithníodh an bhliain roimhe sin, baineann sé le hionaid réadmhaoin a bhí ar seilbh sna Stáit Aontaithe, a díoladh i rith na tréimhse tuairiscithe. Féach Nóta 9 le haghaidh tuilleadh sonraí ar shócmhainní réadmhaoin a diúscaíodh le linn na bliana.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

7. IONCAM EILE / (COSTAIS) (AR LEAN)

Gníomhaireacht	2014 €'000	2013 €'000
Costais inaisíoctha ag an Ghrúpa BSNT	56,110	41,938

8. (CAILLTEANAIS) / GNÓTHACHAIN AR IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Caillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh gnóthaithe ó iasachtaithe	(1,349)	(90,923)
Táille Críochnuithe ar dhíorthach a bhí i gaolta bhfálú sreabhadh airgid	(147,668)	-
Fair value (losses) / gains on other derivatives	(2,807)	29,922
Coigeartú neamhéifeachtachta fála	(6,873)	6,790
(Caillteanais) / Gnóthachain iomlána ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	(158,697)	(54,211)

Tá gluaiseachtaí luach cothrom ar dhíorthaigh á spreagadh ag gluaiseachtaí margaidh a tharla i gcaitheamh na bliana. Tá tionchar ar luach cothrom na mbabhtálacha seo ag athruithe i rátaí Euribor agus leibhéil feidhmíochta na ndíorthach iasachtaithe. Soláthraítear breis faisnéise ar ionstraimí airgeadais díorthaigh i Nóta 18.

Cuimsíonn gnóthachain / caillteanais ar dhíorthaigh arna bhfáil ó iasachtaithe gluaiseachtaí luacha chothroim ar na díorthaigh sin. Tá díorthaigh eile lena ndéantar fálú ar nochtheadh riosca GNBS i leith rátaí úis, ag eascairt as díorthaigh arna bhfáil ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Níl cuntasáíocht fálaíthe curtha i bhfeidhm i ndáil leis na díorthaigh seo.

I rith na bliana, d'aithin GNBS táillí foirceanta €147.7m (lena n-áirítear RSNT (faoi Leachtú Deonach) €32.7m) ar luathfhoirceannadh babhtálacha áirithe rátaí úis. Bheadh na costais sin eascartha mar chostas úis thar an chuid a bhí fanta dá saolré, ach mar gheall ar luathfhoirceannadh na mbabhtálacha a d'eascair as aisíoc luathaithe GNBS i leith na nótaí sinsearach, tá an caillteanas luathaithe á aithint sa tréimhse reatha sa ráiteas ioncain. Cuireadh na babhtálacha i bhfeidhm chun fálú a dhéanamh ar riosca ráta úis GNBS ag eascairt as na nótaí sinsearach ar eisiúint. Bhí na babhtálacha sin incháilithe le haghaidh cuntasáíocht fálaíthe agus aithníodh gnóthachain / caillteanais roimhe sin sa chúlchiste um fhálú ar shreafaí airgid.

Ar fháil an ghníomhais saoráide iasachta agus an mhuirir chomhlúthaigh di, chuaigh RSNT (faoi Leachtú Deonach) i mbun luach €1.9bn de bhabhtálacha rátaí úis d'fhonn fálú a dhéanamh ar a nochtheadh do riosca ráta úis ag eascairt as na bannaí sinsearach ar ráta comhlúthach a eisiódh chun an gníomhas saoráide iasachta agus an muirear comhlúthach a fháil. Toisc go bhfuil na bannaí sinsearach aisíoctha, ní ann a thuilleadh don mhír fhálaithe agus dá bhrí sin rinneadh foirceannadh ar na babhtálacha rátaí úis i rith na bliana. Íocadh táille €32.7m um fhoirceannadh in 2014.

Tar éis athbhreithniú an Bhord ar a straitéis agus tar éis fhoilsiú Athbhreithniú an Aire Airgeadais faoi Alt 227 i mí Iúil 2014, d'fhorghas an Bord próifíl fuascailte athbhreithnithe um bannaí sinsearach. Áirítear sa phróifíl fuascailte athbhreithnithe um bannaí sinsearach sprioc maidir le laghdú 80% ar a laghad i mbannaí sinsearach a bhaint amach faoi dheireadh 2016. Tar éis fhorghas an Bhoird, rinneadh an fálú ar an ráta úis a ailíniú le straitéis nuashonraithe GNBS, agus dá bharr sin rinneadh foirceannadh ar luach €5.43bn de bhabhtálacha rátaí úis ar chostas €115m.

Ag an dáta tuairiscithe, bhí €12.75bn ag GNBS (2013: €23bn) de bhabhtálacha ráta úis fós lena neamhchosaint a fhálú ar riosca ráta úis a eascraíonn as na bannaí sinsearach atá ar eisiúint.

Déantar an cion éifeachtach d'athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálú sreabhadh airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile laistigh de chothromas (féach Nóta 35). Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach i mbrabús nó caillteanas.

Aithníodh caillteanas €6.9m mar neamhéifeachtacht fálaíthe in 2014 (2013: gnóthachan €6.8m). Ba thoradh é an glanchaillteanas seo ar neamhéifeachtacht fálaíthe €7.2m a tharla i rith na bliana agus coigeartú ar neamhéifeachtacht fálaíthe de €14m i ndáil ar mhéideanna a aithníodh i mblianta roimhe sin.

Níl aon díorthaigh sa Gníomhaireacht.

9. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT IASACHTAÍ, SÓCMHAINNÍ RÉADMHAOINE AGUS IONCAM FARASBAIRR

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Ioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachta (sa bhreis ar luachanna anonn iasachtaí)	19	572,517	530,838
Glan caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí	19	(289,705)	(29,386)
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine		2,001	3,959
Glanbhrabús iomlán ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr		284,813	505,411

I gcás sócmhainní faighte áirithe, tá luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas sáraithe ag na fáltais ó dhiúscairt na comhthaobhachta bunaidh i nasc féichiúnaí. Aithnítear an farasbarr seo sa ráiteas ioncaim mar bhrabús réadaithe ar iasachtaí. As an méid iomlán a aithnítear €243m (2013: €306m) ó fhéichiúnaithe a bhfuil fiachas uile an GNBS aisíochta go hiomlán acu agus aithnítear aon airgead breise a fhaightear mar bhrabús. Aithnítear €330m (2013: €225m) breise d'ioncam farasbairr ar shócmhainní iasachta ar leith le nasc féichiúnaí sa chás go bhfuil an airgead ginte agus faighte ag an GNBS tar éis luach anonn na hiasachta a shárú; agus sa chás go bhfuil sreafaí airgid measta don nasc féichiúnaí trí chéile níos mó ná luachanna anonn na hiasachta trí chéile. Tá breis eolas faoi aithint ioncam farasbairr i Notá 3, breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla.

I rith na bliana, dhiúscairt an Grúpa iasachtaí agus infháltais áirithe faighte le tríú páirtithe. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt a thomhas mar an difríocht idir fáltais díolacháin faighte agus luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas seo. Réadaigh an grúpa glanbhrabús de chuid €289.7m (2013: caillteanas iomlán de €29.4m) ar dhiúscairt iasachtaí sa bhliain. Den €289.7m, bhain €11.3m le costais diúscairtí, agus aithníodh €278.4m in aghaidh iasachtaí agus infhála (féach Nóta 19). Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt iasachtaí sa chás go bhfuil an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí um measúnú bearnaithe is déanaí atá ar fáil.

Na costais €11.3m a tabhaíodh ar dhiúscairt iasachtaí, aithníodh iad laistigh de ghlanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí in 2014 i gcomhréir le IFRS, a leagann síos gur cheart aon bhrabús nó caillteanas ar dhí-aithint iasachtaí agus infháltais a aithint i ndiaidh asbhaint na gcostas díola ó na fáltais diúscairta. Ní hionann seo le 2013, nuair a aithníodh costais €2.6m den saghas sin go díreach laistigh de chostais riaracháin (féach Nóta 10.5).

I rith na bliana, dhíol an Grúpa sócmhainní réadmhaoine trádála ar leith le tríú páirtithe. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt a thomhas mar an difríocht idir fáltais díolacháin faighte agus luach anonn na sócmhainní réadmhaoine seo. Réadaigh an Grúpa glanbhrabús de chuid €2.0m (2013: €3.9m) ar dhiúscairt na sócmhainní réadmhaoine trádála sa bhliain.

Tugann an tábla thíos achoimre ar bhrabús / caillteanas foriomlán GNBS a aithníodh ar na hidirbhearta a bhaineann le diúscairt bunchomhthaobhachta agus iasachtaí i ndáil leis na blianta 2014 agus 2013:

Grúpa	2014			2013		
	Diúscairt bhunchomh-thaobhachta €m	Diúscairt iasachtaí €m	Iomlán €m	Diúscairt bhunchomh-thaobhachta €m	Diúscairt iasachtaí €m	Iomlán €m
Fáltais ó dhiúscairtí	5,138	3,424	8,562	4,186	294	4,480
Brabús / (caillteanas) a aithníodh sa ráiteas ioncaim (Nóta 9)	572	(290)	282	531	(29)	502
Criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana (Nóta 19)	(1)	(609)	(610)	(30)	(23)	(53)
Iomlán	571	(899)	(328)	501	(52)	449

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

9. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT IASACHTAÍ, SÓCMHAINNÍ RÉADMHAOINE AGUS IONCAM FARASBAIRR (AR LEAN)

Seasann criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana don mhéid a aithníodh cheana den soláthar bearnúcháin atá curtha i leith diúscairt bunchomhthaobhachta agus iasachtaí. Ní sheasann sé do mhuirear ráiteas ioncaim i dtréimhse an chriostalaithe. Ina áit sin, tharla aitheantas an ráitis ioncaim nuair a taifeadadh an soláthar bearnúcháin cheana. In éineacht leis an 'Brabús / (caillteanas) a aithníodh sa ráiteas ioncaim', tugann sé brabús / (caillteanas) foriomlán maidir le diúscairt bhunchomhthaobhachta agus iasachtaí don tréimhse.

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon iasachtaí nó sócmhainní réadmhaoina a dhiúscairt.

10. COSTAIS RIARACHÁIN

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Costais in-aisíochta le GBCN	10.1	53,894	40,768
Táillí príomhsheirbhíseora	10.2	50,255	54,787
Táillí máistir-sheirbhíseora	10.3	2,543	3,082
Táillí costais idirlinne	10.4	7,015	7,369
Táillí bainistíochta punainne	10.5	3,772	5,549
Táillí dlí	10.6	8,574	2,975
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	10.7	4,387	3,423
Costais chíosá agus áitíochta	10.8	2,964	1,482
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	10.9	743	911
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	10.10	550	515
Táillí agus costais Bord GNBS agus an Choiste	10.11	419	599
Iomlán na gcostas riaracháin		135,116	121,460

Gníomhaireachta	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Costais riaracháin			
Costais in-aisíochta le GBCN	10.1	53,894	40,768
Táillí agus costais boird agus coiste GNBS	10.11	419	599
Costais áitíochta agus eile	10.8	2,216	1,174
Iomlán na gcostas riaracháin		56,529	42,541

Aithnítear na costais in-aisíochta le GBCN mar chostas don GNBS. Aisíocann Grúpa BSNT na costais uile, seachas táillí Boird agus coiste agus costais Boird tabhaithe ag an GNBS, leis an GNBS. Chuitigh Grúpa BSNT costais iomlána de chuid €56.1m (2013: €41.9m) leis an GNBS.

Gníomhaireachta	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Costais ar féidir cúiteadh ag Grúpa BSNT			
Costais in-aisíochta le GBCN	10.1	53,894	40,768
Costais áitíochta	10.8	2,216	1,170
Iomlán na gcostas ar féidir cúiteadh ag Grúpa BSNT		56,110	41,938

10.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag GBCN de thoradh a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a chúiteamh le GBCN.

Cuimsítear costais ó costais foirne de €56.1m (2013: €41.9m agus forchostais agus costais seirbhísí roinnte de €56.1m (2013: €41.9m).

Tabhaíonn GBCN costais indíreacha ar nós tuarastail, cíós, TF, seirbhísí oifige agus gnó. Tá aontaithe ag an GNBS a cion comhréireach siúd de na forchostais seachtracha a chúiteamh le GBCN ar bhonn láraithe sa chaoi is go mbaineann GBCN tairbhe díreach nó indíreach as soláthar na n-earraí nó seirbhísí gaolmhara. Sna costais seo áirítear costais TF lárnacha, seirbhísí oifige agus gnó, mar aon le dímhéas i ndáil le húsáid sócmhainní seasta GBCN agus forchostais lárnacha eile.

Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa BSNT an Ghníomhaireacht a chúiteamh.

Costais foirne

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá an pearsanra ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN costas tuarastail na foirne atá ag obair go lánaímseartha i ngnó an GNBS a athmhúirearú ar an nGrúpa. B'ionann líon na bhfostaithe de chuid GBCN, a raibh baint dhíreach acu leis an nGrúpa ('Oifigigh an GNBS') trath an dáta tuairiscithe, agus 369 (2013: 331) agus bhí an costas iomlán tuarastail, lena n-áirítear costais phinsin, cothrom le €40.9m (2013: €31.1m). Chomh maith leis sin, soláthraíonn GBCN seirbhísí comhroinnte don GNBS lena n-áirítear TF, AD agus Airgeadas. Bhí costas fostaithe GBCN (nach Oifigigh an GNBS iad) ag soláthar na seirbhísí comhroinnte seo don GNBS i rith 2014 cothrom le €2.5m €3.8m (2013: €2.5m).

Cuireadh 17 mball foirne ar shaoire gharraíodóireachta le linn 2014 ar chostas inchurtha 2014 de thart faoi €0.4m. Ní costas incriminteach é seo do GNBS ach is cuid é de chostas foriomlán tuarastail GNBS a tabhófaí cibé cinneadh a bheadh déanta maidir le na baill foirne lena mbaineann a chur ar shaoire gharraíodóireachta. Déantar cinneadh maidir le baill foirne a chur ar shaoire gharraíodóireachta ar bhonn cáis ar chás lena n-áireófaí measúnú ar ról an té sin i GNBS agus fostóir nua an té sin. Ba é dhá mhí, meántréimhse saoire gharraíodóireachta an 17 mball foirne.

Tá Oifigigh an GNBS ina mbaill de Scéim Pinsean Sochair Shainithe GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí sa scéim seo thar ceann na bhfostaithe úd. Déantar costas na ranníocaíochtaí pinsean seo a athmhúirearú ar an GNBS.

I measc na gcostas foirne tá tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar atá luaite anseo thíos:

Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	2014 €	2013 €
Tuarastal	366,001	365,500
Sochair incháinithe	20,776	21,710
Bónas i gcoibhneas le feidhmíocht	-	-
	386,777	387,210

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá buntuarastal, sochair incháinithe agus íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht de suas le 60% de thuarastal bliantúil. Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht don bhliain 2013 agus 2014, ach i bhfianaise na ndúshlán geilleagrach ag tabhairt aghaidh ar an tír, tharscaoil sé a theidlíocht i ndáil leis an íocaíocht seo.

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin téarmaí caighdeánacha scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí.

Is é POF GBCN a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndiaidh comhairliúcháin le Coiste Comhairleach GBCN. Le comhairle á tabhairt maidir le luach saothair, soláthraítear faisnéis do Choiste Comhairleach GBCN ó dhearcthaí Choiste Luach Saothair GBCN.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

10. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

10.2 Táillí Príomhsheirbhíseora

San áireamh i dtáillí príomhsheirbhíseora tá táillí íoctha le gach Institiúid Rannpháirteach (AIB agus Banc na hÉireann) agus na Príomhsheirbhíseoirí (Capita), as sócmhainní bainc incháilithe a sheirbhísiú. Is iad na hInstitiúidí Rannpháirteacha a riarann na hiasachtaí agus na hinfháltais a d'eascair laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. Tá na méideanna iníoctha le gach Institiúid Rannpháirteach sonraithe i Nóta 38, nochtadh páirtithe gaolmhara. Is €50.2m a bhí táillí príomhsheirbhíseora le linn nab liana (2013: €54.8m). Bhí €46.1m (2013: €45.2m) de sin ó tháillí díolta agus fabhraithe ag GNBS (ach amháin RSNT (i Leachtú Toilteannach)) le na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus an Príomhsheirbhíseoir ar ionann sin agus táille iomlán de chuid 7 mbonnphointe (2013: 7 bonnphointe) d'iarmhéideanna iasachta parfhíachais arna riar.

10.3 Táillí Máistir-Sheirbhíseora

Áirítear i dtáillí máistir-sheirbhíseora táillí íoctha leis an Máistir-Sheirbhíseoir, Capita. Soláthraíonn Capita seirbhísí riaracháin iasachtaí agus bainistíochta sonraí don Ghrúpa. Bhí táillí Capita don bhliain cothrom le €2.5m (2013: €3.1m).

10.4 Costais aistrithe punainne

I ndiaidh leachtú CÉRB i Feabhra 2013, thabhaigh GNBS costais ar aistriú iasachtaí par fiach GNBS de €41 billiún a bhí ann cheana faoi bhainistiú CÉRB go dtí Capita. Tabhaíodh costais iomlán in 2014 de €3.0m (2013: €7.4m). Tá na costais aistrithe déanta suas de mhéideanna a íocadh le Capita as costais tionscadail agus chomhtháthaithe, agus táillí na Leachtaitheoirí Speisialta as seirbhísí a cuireadh ar fáil d'aistriú na punainne a bhí ann cheana agus costais eile tionscadail lena n-áirítear costas fostaithe ar iasacht a fostaíodh chun cabhair agus seirbhísí comhairleacha a thabhairt d'fhoireann comhtháthaithe GNBS.

Le linn 2014, thosaigh GNBS próiseas le haghaidh iasachtaí par fiach GNBS de €6.5 billiún a bhí ann cheana faoi bhainistiú BOI a aistriú go Capita. Mórán mar a bhí le costais chomhtháthaithe CÉRB, tá na costais déanta suas de mhéideanna a íocadh le Capita as costais tionscadail agus chomhtháthaithe, agus táillí BOI as aistriú na punainne a bhí ann cheana agus costais eile tionscadail lena n-áirítear costas fostaithe ar iasacht a fostaíodh chun cabhair agus seirbhísí comhairleacha a thabhairt d'fhoireann an Banc Tionscadail.

Miondealú ar chostais a tabhaíodh in 2014 agus 2013 mar atá leagtha amach thíos.

Costais aistrithe punainne	2014 €'000	2013 €'000
Comhtháthú CÉRB		
Capita	1,818	2,727
Comhleachtaitheoirí Speisialta CÉRB	1,142	3,950
Costais tionscadail eile	78	692
Comhtháthú iomlán CÉRB	3,038	7,369
Banc Tionscadail		
Capita	1,626	-
BOI	1,680	-
Costais tionscadail eile	671	-
Iomlán Banc Tionscadail	3,977	-
Iomlán costais aistrithe punainne	7,015	7,369

10.5 Táillí bainistíochta punainne

Baineann táillí bainistíochta punainne le táillí tabhaithe i mbainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe. San áireamh sna costais áirítear táillí luachála réadmhaoine, cuardaigh sócmhainní agus clárlainne táillí, costais díolacháin iasachtaí agus costais árachais.

Aithníodh costais a tabhaíodh ar dhiúscairt iasachtaí laistigh de ghlanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí in 2014 i gcomhréir le IFRS, a leagann síos gur cheart aon bhrabús nó caillteanas ar dhí-aithint iasachtaí agus infháltais a aithint i ndiaidh asbhaint na gcostas díola ó na fáлтаis diúscartha. Ní hionann seo le 2013, nuair a aithníodh costais €2.6m den saghas sin go díreach laistigh de chostais riaracháin.

10.6 Táillí Dlí agus Cánach

San áireamh i dtáillí dlí tá táillí íochta le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla i ndáil le comhairle dlí.

10.7 Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta

Áirítear i gcostais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil le TF, luacháil díorthaigh, comhairle chánach agus costais riaracháin eile.

10.8 Costais chíosa agus áitíochta

Áirítear i gcostais chíosa agus áitíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil leis na háitribh a bhfuil an Grúpa ag baint úsáide astu.

Baineann an t-iarmhéid atá fágtha le costais áitíochta.

Léasaigh an Ghníomhaireacht an tríú hurlár dá háitreabh oifige reatha ó 2010 ar feadh tréimhse 10 mbliana ar chíos €1.0m, agus an chéad urlár dá háitreabh oifige reatha ó 2014 ar feadh tréimhse 15 mbliana ar chíos bliantúil €0.8m agus forfhoirgneamh an chéad urláir dá háitreabh oifige reatha ar feadh tréimhse 12 bhliain agus 4 mhí ar chíos bliantúil €0.1m ó 2013. Tá breis eolais faoi léasanna i Nóta 32, tiomantais agus dlíteanais theagmhasacha.

10.9 Táillí iniúchóireachta inmheánacha

D'úsáid an Grúpa seirbhísí gnólacht iniúchóireachta seachtraí (Deloitte) chun ról an iniúchta inmheánaí a chomhlíonadh don Ghrúpa. Baineann na táillí atá tabhaithe go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó a rinne na hiniúcháirí inmheánacha agus tuairisciú a rinneadh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha.

10.10 Luach saothair iniúchta sheachtraigh

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Iniúchadh ar chuntais aonair	550	515
Luach saothair iomlán an iniúchta sheachtraigh	550	515

Ní chuireann an t-Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (mar inichóir seachtrach) aon seirbhísí ráthaíochta, comhairle cánach nó seirbhísí neamhiniúchóireachta ar fáil go an GNBS.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

10. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

10.11 Táillí an Bhoird agus an Choiste GNBS

Tá táillí an Bhoird leagtha amach faoi, agus iad faomhaithe and an Aire Airgeadais.

	2014 €	2013 €
Frank Daly (Cathaoirleach)	150,000	150,000
Oliver Ellingham (ceaptha 10 Aibreán 2013)	60,000	41,750
Eilish Finan (tháinig téarma chun crích 21 Nollaig 2013)	-	58,549
Brian McEnery	60,000	60,000
Mari Hurley (ceaptha 8 Aibreán 2014)	43,033	-
Steven A. Seelig (tháinig téarma chun crích 25 Bealtaine 2013)	-	24,032
Willie Soffe	75,000	75,000
Táillí Boird	388,033	409,331
Costais an bhoird	8,762	162,518
Costais Iomlán an Bhoird	396,795	571,849
An Coiste Comhairleach Pleanála		
Alice Charles	5,000	5,000
Michael Wall	5,000	5,000
An Coiste Iniúcháireachta		
Jim Kelly	10,000	10,000
Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (scaoilte 8 Meán Fómhair 2014)		
Frank Cushnahan (d'éirigh as 8 Deireadh Fómhair 2013)	-	3,000
Brian Rowntree	2,025	5,000
Táillí an Choiste	22,025	28,000
Iomlán na dTáillí Boird agus Coiste	418,820	599,849

Ní fhaigheann John Corrigan (Príomhfheidhmeannach GBCN, d'éirigh 4 Eanáir 2015), Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN, ceaptha 5 Eanáir 2015), Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS), mar bhaill ex-officio nó John Mulcahy aon luach saothair de bhrí gur ag feidhmiú mar chomhaltáí de bhrí oifige an Bhoird atá siad. Tá costais iniúchta i leith an Bord agus baill Coiste leagtha amach faoi seo.

2014	Costais Taistil €	Lóistín agus Cothabháil €	Eile €	2014 Iomlán €	2013 Iomlán €
Frank Daly (Cathaoirleach)	1,133	233	-	1,366	6,418
Oliver Ellingham ⁵	6,055	3,416	-	9,471	6,316
Brian McEnery ⁵	5,784	2,525	-	8,309	19,311
Steven A. Seelig	-	-	(10,384)	(10,384)	130,473
	12,972	6,174	(10,384)	8,762	162,518

Seasann méideanna eile sa tábla thuas do cháin a fabhraíodh in 2013 agus bunaíodh é ar mheastachán tosaigh. Íocadh méid coigeartaithe níos lú leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2014 ar chinntiú an mhéid chánach iarbhair is iniúchta.

⁵ Tá suim de €9,855 san áireamh i speansas taistil agus cóiríochta agus cothaithe a léiríonn dliteanas cánach GNBS ar sochar comhchineáil i leith speansais bhoird díolta i 2014 (2013: €25,338)

10.12 Costais Oibriúcháin RSNT

Mar fhreagra ar Threoir a thug an tAire Airgeadais faoi Acht CÉRB, bhunaigh GNBS aonán grúpa GNBS nua, Réiteach Sócmhainne Náisiunta Teo. (faoi Leachtú Toilteanach) (RSNT) ar 11 Feabhra 2013 chun gníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach a fháil thar sócmhainní CÉRB. Tráth leachtaithe CÉRB agus roimh thosú an phróisis díola iasachta do na Chomhleachtaitheoirí Speisialta, bhí súil go bhfaigheadh GNBS sócmhainní iasachta ó CÉRB.

Chun fáil póitéinsiúil na sócmhainní iasachta a éascú, chuir GNBS foireann tionscadail ar bun chun córais agus próisis nua a bhunú chun na críche sin. Cé gur fhógair an tAire ina dhiaidh sin go déanach mí Aibreáin 2014 nach n-aistireodh aon sócmhainn iasachta de chuid CÉRB go dtí GNBS, thabhaigh RSNT (faoi Leachtú Toilteanach), mar fhreagra ar an Treoir bhunaidh a d'eisigh an tAire sócmhainní CÉRB, costais iomlán €11.6m (€5.9m in 2014 agus €5.7m in 2013).

Bhain níos mó ná a leath de na costais a tabhaíodh le méideanna a íocadh leis na Comhleachtaitheoirí Speisialta chun Seirbhísí tacaíochta a thabhairt do GNBS don bhliain reatha a bhain le haistriú na punainne lena rabhtas ag súil.

Miondealú ar chostais a tabhaíodh in 2014 agus 2013 mar atá leagtha amach thíos. Tá na costais seo curtha san áireamh sna costais foriomlána riaracháin a thabhaigh GNBS mar atá leagtha síos i Nóta 10.

Costais oibriúcháin RSNT	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Athmhuipear GBCN - tuarastail	10.1	656	1,745
Athmhuipear GBCN - forchostais ghinearálta	10.1	332	1,731
Táillí príomhsheirbhíseora	10.2	4,126	2,200
Costais riaracháin eile		757	20
Iomlán chostais oibriúcháin RSNT		5,871	5,696

11. GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AIRGEADRA EACHTRACH

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Gnóthachain / (caillteanais) um aistriú airgeadra eachtraigh ar iasachtaí agus infháltais	19	288,967	(193,043)
Gnóthachain / (caillteanas) airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh		(104,494)	208,206
Cailteanais airgeadra eachtrach réadaithe malairte ar ionstraimí airgeadais díorthaigh airgeadra		(208,145)	(104,623)
Gnóthachain airgeadra eachtrach ar airgead tirim		862	172
Gnóthachain / (caillteanais) airgeadra eachtrach eile		1,176	(48)
Gnóthachain / (caillteanais) iomlána ar airgeadra eachtrach		(21,634)	(89,336)

Eacraíonn gnóthachain um aistriú airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais ar athluacháil iasachtaí agus infháltas airgeadra eachtrach ainmnithe. Aithnítear méideanna aistrithe airgeadra eachtrach de réir bheartas cuntasáíochta 2.5.

Eascaíonn gnóthachain agus cailteanais ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach ó ghluaiseachtaí margaidh a mbíonn tionchar acu ar luach na dtíorthach sa tréimhse tuairiscithe. Tá cailteanas de chuid €126m (2013: €104m) taifeadta ag an GNBS ar bhonn carntha ó 2010 i leith. Tá an glanchostas carntha seo comhaicmeach le costas "árachais" an GNBS a chosaint ó thionchar luaineachtaí sa ráta airgeadra eachtrach.

I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, ghlac an Grúpa páirt in idirbhearta airgeadaíochta d'fhonn a nochtadh do luaineachtaí ráta malairte a laghdú, luaineachtaí a eascraíonn ó iasachtaí agus infháltais airgeadra eachtrach gnóthaithe. Cuimsíonn an gnóthachan nó cailteanas ar tháirgí díorthaigh gnóthachain agus cailteanais réadaithe agus neamhréadaithe. Aithnítear gnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe i gcomhréir le beartas cuntasáíochta 2.15. Mínítear díorthaigh airgeadaíochta ar bhonn níos mionsonraí i Nóta 18.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. MUIRIR BHEARNAITHE AR IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
larmhéid ag tús na bliana	4,125,260	3,263,422
Méadú i bhforáil sainiúil	1,528,026	847,227
Scaoileadh na forála sainiúla	(1,384,749)	(295,026)
Méadú / (scaoileadh) na forála comhchoitinn	(747,762)	309,637
Gluaiseacht iomlán san fhoráil	(604,485)	861,838
larmhéid ag deireadh na bliana	3,520,775	4,125,260
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	137,371	914,345
Aitheanta i gcoinne iasachtaí agus infháltais (Notá 19)	(741,856)	(52,507)
Iomlán gluaiseacht soláthar	(604,485)	861,838
Anailís déanta ar bhonn:		
Bearnú sonrach	3,446,050	3,302,773
Bearnú comhchoiteann	74,725	822,487
Iomlán forálacha bearnúcháin ag deireadh na bliana	3,520,775	4,125,260

Ríomhtar an foráil bhearnaithe i ndáil le gach nasc féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair mar an difríocht idir an luch anonn de chuid iasachtaí iomlána gach nasc féichiúnaí agus luach reatha sreafaí airgid measta na todhchaí don nasc. Sa scaoileadh san fhoráil shonrach áirítear criostalú bearnúcháin ar dhiúscartaí, agus an tionchar a bheadh ag ardú ar luach diúscartha is dóigh a bheidh ann nó ag géarú ar dhiúscaradh comhthaobhact réadmhaoine agus díolacháin iasachta thar roinnt naisc féichiúnaí.

In 2014 rinneadh measúnú aonair do bhearnú ar thromlach na nasc féichiúnaí, cinn faoi bhainistíocht GNBS agus Institiúid Rannpháirteach / Príomhsheirbhíseoir araon. Bhí seo difriúil ó 2013, nuair a bhain na féichiúnaithe a ndearnadh measúnú aonair orthu, le naisc faoi bhainistíocht GNBS amháin agus nuair a bhí na naisc faoi bhainistíocht Institiúid Rannpháirteacha / Príomhsheirbhíseora i ngrúpa le chéile agus iad measúnaithe go comhchoiteann do bhearnú. Rinneadh an próiseas measúnaithe bearnúcháin a fheabhsú in 2014, agus mar thoradh air sin áirítear líon suntasach de na naisc bainistithe Institiúid Rannpháirteacha / Príomhsheirbhíseora a áiríodh sa chomhfhóráil ar 31 Nollaig 2013 i measc an chomhfhóráil shonrach ar 31 Nollaig 2014, rud a chuireann leis an ardú ar fhoráil shonrach agus leis an scaoileadh ar an gcomhfhóráil.

Naisc féichiúnaí nár ullmhaíodh sreafaí sonracha airgid iontu, a sheasann do €78m de fhiacha GNBS agus níos lú ná 1% den phunann iasachta, cuirtear i ngrúpaí le chéile iad agus déantar iad a chomhmheasúnú do bhearnáchán. Cuireadh ráta bearnúcháin 95% i bhfeidhm ar an bpunann chomhmheasúnaithe.

Tá tuilleadh eolais maidir le bearnú iasachtaí agus infháltas le fáil i Nóta 3, meastacháin agus breithiúnais chriticiúla Chuntasaíochta, Nóta 19, iasachtaí agus infháltais agus Nóta 22, Riosca Creidmheasa.

13. MUIREAR CÁNACH

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Cáin reatha			
Cáin chorparáide Éireannach		(2)	(35)
Cáin iarchurtha			
Ar ghnóthachain / (caillteanais) luach cothrom ar dhíorthaigh		40,495	(28,942)
Ar chaillteanais chánach neamh-úsáidte tugtha anonn	27	(92,568)	(40,825)
Cáin iarchurtha iomlán aitheanta sa ráiteas ioncaim		(52,073)	(69,767)
Táille iomlán		(52,075)	(69,802)

Seo a leanas réiteach na cánach ar bhrabús ag ráta corparáideach ábhartha na hÉireann i ndáil le muirear cánach iarbhir an Ghrúpa don bhliain:

Réiteach cánach ar bhrabúis

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Brabús roimh cánachas	510,355	283,404
Cáin ríofa ag ráta cánach 25%	127,589	70,851
Éifeacht:		
Gluaiseachtaí díorthaigh neamh-asbhainte	-	(26,090)
Gluaiseachtaí díorthaigh neamh-asbhainte	29,912	-
Cáin ar ioncam úis	(31)	(31)
(Ioncam) / Costais neamh-asbhainte	(64,218)	141
Caillteanais chánach úsáidte tugtha anonn	(93,212)	(44,836)
(Dliteanas) / Sócmhainn chánach iarchurtha aitheanta breise	(40,495)	28,942
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta ar chaillteanais chánach	92,568	40,825
Aisíoc maidir leis an mbliain roimhe	(38)	-
(Creidmheas) / Muirear cánach	52,075	69,802

Eascraíonn muirear cánach reatha de chuid e0.02m (2013: €0.04m) ar an mbrabús tuillte ag GINBST. Ní raibh muirir chánach ar bith eile i gceist in aonáin Ghrúpa an GNBS agus tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóthachan caipitiúil na hÉireann.

Tá an ráta cáin chorparáide atá infheidhme d'fhorhmór d'ioncam an Ghrúpa cothrom le 25%, ach amháin GINBST ag a bhfuil ráta cáin infheidhme cothrom le 12.5%.

Níl aon dliteanais theagmhasacha bainteach le cáin agus sócmhainní teagmhasacha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de réir IAS 37, Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Ní eascraíonn éifeachtaí suntasacha ar bith as athruithe ar rátaí cánach nó dlíthe cánach i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

14. CÁIN IONCAIM I NDÁIL LE COMHPHÁIRTEANNA UM IONCAM CUIMSITHEACH EILE

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Gluaiseacht i gcúlchiste fála an tsreafa airgid roimh cánachas	35	71,941	256,012
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	35	1,720	[4,127]
Gluaiseacht iomlán		73,661	251,885
Costas / sochar cánach iarchurtha	27	[17,950]	[65,134]
Cáin ioncaim iomlán bainteach le comhchodanna eile d'ioncam cuimsitheach		[17,950]	[65,134]

Is ionann an ghluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid agus difríocht shealadach idir bonn cánach na ndíorthach áit a bhfuil an chuntasaíocht fálaíthe curtha i bhfeidhm agus a luach cothrom sna ráitis airgeadais. Is ionann an ghluaiseacht ar fáil do chúlchiste díolacháin agus difríocht shealadach idir bonn cánach na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus a luach cothrom. Tá sócmhainn cánach iarchurtha aitheanta ag an nGrúpa ar an difríocht shealadach a eascraíonn ón sreabhadh airgid agus ón gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin.

15. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AGUS URRÚS COMHTHAOBHACH

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	228,087	1,738,183
Iarmhéideanna le bainc eile	101,542	83,813
Éarlaisí téarma	154,063	31,240
Infheistíochtaí nóta státhchiste	675,000	1,600,000
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	1,158,692	3,453,236
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	690,000	802,000
Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus urrúis chomhthaobhacha iomlána	1,848,692	4,255,236
Gníomhaireachta	2014 €'000	2013 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	101	1,152
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	101	1,152

Áirítear iarmhéideanna le Citibank, AIB agus BNP sna hiarmhéideanna le bainc eile. Is ionann nótaí Státhchiste agus nótaí gearrthréimhseacha úsmhara, le tréimhsí aibíochta níos lú ná 30 lá go ginearálta, atá i seilbh GBCN.

Éilítear ar GNBS urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) a rinneadh in 2012. Tá GBCN mar an contrapháirtí i gcás díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd atá gnóthaithe ó iasachtaithe. Éilíonn GBCN go dtabharfaí airgead tirim di mar urrús comhthaobhachta d'fhonn a nochtadh don GNBS a laghdú i ndáil lena staideanna díorthach. Ar 31 Nollaig 2014, b'ionann is €0.6bn neamhchosaint dliteanas díorthach GNBS (2013: €0.6 bn) mar a leagtar síos i Nóta 18.

In 2011, cuireadh suim de chuid \$135,515 ar éarlais i gcuntas leithscartha. Coimeádfar an méid seo i gcuntas leithscartha go socrófar éileamh dlí ar feitheamh i ndáil le féichiúnaí. Nuair a bheidh sé sin socraithe aisíocfar an méid leis an GNBS nó coimeádfaidh tríú páirtí eile é, ar feitheamh toradh an éilimh dlí. Ní dhearnadh tuairisciú ar an méid seo mar chuid d'iarmhéid airgid thirim an Ghrúpa agus é fós coinnte in eascró tráth an dáta tuairiscithe.

Tráth an dáta tuairiscithe, tá suim de chuid €14.6m coinnte i gcuntas eascró in ainm an Ghrúpa. Baineann an méid seo le toradh nósanna imeachta um dhícheall cuí ar iasachtaí Thráinse 9 AIB. Críochnaíodh na dícheall cuí in Aibreáin, agus táthar ag súil go n-aistreofar an suim €2.3m an socraíocht go GNBS.

16. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR FÁIL LE HAGHAIDH DÍOLACHÁIN

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Bannaí gearrthréimhseacha an chisteáin	-	145,138
Iomlán na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	145,138

Áirítear i sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin bannaí cisteáin rialtas na hÉireann a fuarthas le haghaidh bainistíocht leachtachta. B'ionann luach ainmniúil na sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin ag 31 Nollaig 2014 agus €nil (2013: €145m).

17. MÉIDEANNA DLITE LE / Ó INSTITIÚIDÍ RANPHÁIRTEACHA

Ghnóthaigh an GNBS cuntais rótharraingte gafa le cuntais iasachta féichiúnaithe in 2010 agus 2011, ar bhonn dlíthiúil. Ag an 31 Nollaig 2014, bhí na méideanna seo a leanas infhála ó agus iníochta leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le hairgead bailithe nó íochta ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha maidir le cuntais rótharraingte féichiúnaithe an GNBS. Is iondúil nach nglanann an GNBS agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha méideanna dlite go dtí tráth teagmhas críochna ar nós dúnadh cuntais. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na méideanna glanta agus na hiarmhéideanna arna dtuairisciú ag deireadh na bliana.

Staideanna rótharraingtí neamhghlanta

	Infhála €'000	Iníochta €'000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2013	78,447	(24,676)
Gluaiseacht i gcuntais rótharraingte i rith na bliana (Notá 19.8)	6,363	4,248
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2014	84,810	(20,428)

Dúnadh gach cuntas rótharraingthe a bhí le BOI agus iompaíodh roinnt díobh go hiasachtaí amhail ar an dáta tuairiscithe. Tá ocht suim socruithe le comhaontú fós agus níor áiríodh iad sin sna staideanna deiridh rótharraingthe thuas.

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Mar chuid den phróiseas éadála iasachtaí ó Institiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt díorthach a bhí gaolta le hiasachtaí bunúsacha.

Chomh maith leis sin, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díorthaigh chun a nochtheadh ar riosca ráta úis agus malairte eachtraí a fháil.

Tá beartais bunaithe ag an nGrúpa chun na rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le díorthaigh a bhainistiú, beartais fálaíthe san áireamh, a bhfuil míniú le fáil orthu i Nóta 21 agus 22.

Ní gá gurb ionann méideanna barúlacha cineálacha áirithe ionstraimí airgeadais agus méideanna sreabha airgid amach anseo i gceist nó luach cothrom reatha na n-ionstraimí agus, dá réir sin, ní comhartha maith iad de nochtheadh an Ghrúpa do rioscaí creidmheasa nó margaidh. Deirtear go mbíonn ionstraimí díorthaigh fabhrach (sócmhainní) nó neamhfhabhrach (dliteanais) de thoradh luaineachtaí i rátaí úis margaidh nó malairte eachtraí i gcoibhneas lena dtéarmaí. Is féidir le luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais dhíorthaigh luainiú go suntasach thar am.

Is ionann babhtálacha airgeadaíochta agus rátaí úis agus tiomantais sraith amháin de shreafaí airgid a bhabhtáil le sraith eile. Eascaíonn babhtálacha as malairt gheilleagrach airgeadraí nó rátaí úis (ráta seasta nó ráta comhlúthach, mar shampla) nó meascán díobh uile (mar shampla babhtálacha ráta úis trasairgeadra). Is ionann riosca creidmheasa an Ghrúpa agus costas poitéinsiúil conarthaí babhtála a ionadú má theipeann ar chontrapráirtí a oibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar an riosca agus an luach cothrom reatha mar bhonn tagartha.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (AR LEAN)

Seo thíos na luachanna cothroma, agus méideanna barúlacha i dtaobh ionstraimí airgeadais díorthaigh ina seilbh.

Grúpa 31 Nollaig 2014	Luachanna cothroma			
	Méid barúlach €'000	Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000	Glan €'000
<i>(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	149,118	39,123	-	39,123
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	95,000	17,591	(23,630)	(6,039)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	2,991,116	1,527	(192,021)	(190,494)
<i>(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaíthe</i>				
Babhtálacha ráta úis	12,750,000	-	(379,877)	(379,877)
Sócmhainní / (dlíteanais) iomlána díorthaigh	15,985,234	58,241	(595,528)	(537,287)

Grúpa 31 Nollaig 2013	Luachanna cothroma			
	Méid barúlach €'000	Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000	Glan €'000
<i>(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	2,408,710	107,301	-	107,301
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	454,843	13,334	(29,105)	(15,771)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	5,637,327	18,162	(104,162)	(86,000)
<i>(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaíthe</i>				
Babhtálacha ráta úis	23,030,000	21,572	(466,517)	(444,945)
Sócmhainní / (dlíteanais) iomlána díorthaigh	31,530,880	160,369	(599,784)	(439,415)

Gluaiseacht aitheanta sa ráiteas ioncaim agus in ioncam cuimsitheach eile

Léiríonn an tábla anseo thíos staid an luch cothrom glan ar dhíorthaigh ag 31 Nollaig 2014 agus 2013. Aithnítear an ioncam sa ráiteas ioncaim ar dhíorthaigh sa chás nach bhfuil cuntasáíocht fála i bhfeidhm, Nóta 8, i gcaillteanais airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh, Nóta 11, nó in ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil cuntasáíocht fála i bhfeidhm, Nóta 35.

Grúpa	Nóta	Luachanna cothroma		Gluaiseacht 2014 €'000
		2014 €'000	2013 €'000	
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	8	39,123	107,301	(68,178)
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	8	(6,039)	(15,771)	9,732
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	11	(190,494)	(86,000)	(104,494)
(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe				
Babhtálacha ráta úis	35	(379,877)	(444,945)	65,068
Glangluaiseacht luach cothrom díorthaigh		(537,287)	(439,415)	(97,872)

(a) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

B'ionann luach cothrom na ndíorthach faighte ó iasachtaithe (a bhain le hiasachtaí a fuarthas) ag deireadh na bliana agus €39m (2013: €107m). B'ionann gluaiseacht luach cothrom sa ráiteas ioncaim ar na díorthaigh seo sa bhliain agus caillteanas glan de €1m (2013: €90m) (féach Nóta 8), a chuimsíonn caillteanas de €68m (2013: €215m) agus €67m (2013: €125m) a fuarthas i leith táille scoir ar dhíorthach iasachta a fuarthas, atá aitheanta mar ghnóthachan luacha cothroim sa ráiteas ioncaim.

An ghluaiseacht luacha chóir a aithníodh sa ráiteas ioncaim sa bhliain ar ionstraim airgeadais dhíorthach, ba ghlancailliúint é de €150 (2013: glanghnóthachan €30m) (féach Nóta 8). Baineann sé seo le gluaiseachtaí luacha chóir ar dhíorthaigh a rinne an Grúpa chun ionstraim airgeadais dhíorthach a fuarthas ó iasachtaithe a fhálú nár deimhníodh iad i gcaidrimh fhálaithe agus táillí foirceanta a tabhíodh ar fhoirceanadh luath babhtálacha ráta úis ar deimhníodh iad i gcaidrimh fhálaithe.

Den ghlancailliúint €150m (2013: glanghnóthachan €30m), baineann €147m (2013: €nád) le táillí foirceanta a íocadh as babhtálacha ráta úis in GNBS agus RSNT (faoi Leachtú Toilteanach) a deimhníodh cheana i gcaidrimh fhálaithe. Tá an chuid eile de déanta suas de ghnóthachan luacha chóir de €9m (2013: €122m) ar dhíorthaigh eile agus táillí foirceanta €12.5m (2013: €92m) a íocadh ar fhálú díorthach.

Úsáideann GNBS díorthaigh aigeadra mar fhálú ar neamhchosaint airgeadra eachtraigh a d'eascair as aistriú iasachtaí airgeadra eachtraigh ó Institiúidí Rannpháirtíocha le hUrrúis GNBS ainmnithe in airgeadra an Euro. Úsáidtear na díorthaigh airgeadra eachtraigh chun a neamhchosaint a laghdú ar luaineacht sa ráta malairte a eascraíonn as iasachtaí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach agus infháiltais a fuarthas.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe

Tráth an dáta tuairiscithe, bhí an GNBS tosaithe ar €12.8bn (2013: €23bn) de bhabhtálacha ráta úis lena nochtadh i leith riosca ráta úis ag eascairt as rátaí comhlúthacha Euribor a fhálú.

Tráth an dáta tuairiscithe, tá urrúis fiachais de chuid €13.6bn (2013: €34.6bn) eisithe ag an GNBS le cúpón ráta comhlúthach bunaithe ar Euribor sé mhí (féach Nóta 29). Tá ionstraimí airgeadais a bhfuil praghas ag rata comhlúthach luaite leo, leochaileach do luaineachtaí ráta úis i gcás rátaí Euribor, a bhfuil tionchar acu ar méid an chostais úis iníoctha iníoctha ar urrúis fiachais i mbun eisiúna. Tugann na babhtálacha seo deis don GNBS sreafaí airgid seasta a mhalartú le sreafaí airgid comhlúthacha, i.e. íocann sí ús seasta le contrapháirteanna na babhtála agus faigheann sí ús comhlúthach, a úsáideann an GNBS chun ús comhlúthach a íoc le sealbhóirí a hurrúis fiachais i mbun eisiúna.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (AR LEAN)

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe (ar lean)

De réir mar a luainíonn rátaí úis margaidh suas nó síos, bíonn tionchar ag a leithéid ar luach na mbabhtálacha ráta úis. Mar shampla, má laghdaíonn rátaí Euribor, agus go bhfuil sreafaí airgid seasta á íoc ag an mbabhtáil ag ráta níos airde ná Euribor, ansin meathlaíonn luach an díorthaigh sin toisc go bhfuil sé níos saoire iasacht a fháil sa mhargadh oscailte.

Beidh luainíocht i gceist le luach na ndíorthach i gcaitheamh saolré an díorthaigh ach is gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe na luainíochtaí seo agus críochnóidh siad suas ar deireadh le luach nialais. Tugtar faoina díorthaigh chun críocha bainistíochta riosca agus faoi IFRS is féidir iad a shannadh i gcaidrimh fálaithe. Ní dhéantar aon ghnóthachain nó caillteanais ar dhíorthaigh i gcaidrimh fála a aithint láithreach trí bhrabús nó caillteanas toisc go bhfuil sé ar intinn luaineacht sa ráiteas ioncaim a laghdú. Dá réir sin aithnítear na gnóthachain agus caillteanais in ioncam cuimsitheach eile.

Sannadh na babhtálacha ráta úis seo go foirmiúil i gcaidrimh fálaithe i rith 2010, tráth arb ionann luach cothrom na ndíorthach seo (diúltach) agus €30.4m. Aithníodh an méid seo mar chaillteanas luach cothrom ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile sa ráiteas ioncaim in 2010. Ní raibh aon díorthaigh á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht tráth an dáta tuairiscithe.

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na tréimhsí a bhfuiltear a) ag súil le tarlú na sreabha airgid iarbhír agus b) an uair a mbeidh tionchar ag tabhú na sreabha airgid fálaithe ar an ráiteas ioncaim, gan aon choigeartuithe cuntasáochta fálaithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh.

Grúpa	0-6 mhí €'000	6 mhí - 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000	2013 Iomlán €'000
31 Nollaig 2014					
a) Ag súil le tarlú	15,438	9,167	23,849	-	48,454
b) Ag súil le tabhú	11,179	7,180	19,825	-	38,184

Grúpa	0-6 mhí €'000	6 mhí - 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000	2013 Iomlán €'000
31 Nollaig 2013					
a) Ag súil le tarlú	21,596	27,138	388,864	44,632	482,230
b) Ag súil le tabhú	25,306	29,959	355,993	30,767	442,025

Ní chuirtear aon fhálú sreabhadh airgid i bhfeidhm sa Gníomhaireacht.

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Luach anonn iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe		16,880,809	35,438,959
Lúide: foráil le haghaidh muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	12	(3,520,775)	(4,125,260)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltais		13,360,034	31,313,699

Tugtar léargas sa tábla thuas ar luach anonn iasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha, an méid a fuair an Grúpa na hiasachtaí lena aghaidh (ar lascaine i gcomhthéacs na méideanna conarthacha dlíte faoi na comhaontuithe iasachta) san áireamh, mar aon le gluaiseachtaí iasachta tar éis éadála, lúide aon bhearnú breise eile a meastar a tharla i ndiaidh na héadála.

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí agus infháltais don tréimshe tuairiscithe.

Réiteach gluaiseachta in iasachtaí agus infháltais

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Iasachtaí faighte – iarmhéid tosaigh			
– GNBS		23,723,370	26,039,684
– RSNT	19.1	11,715,589	-
		35,438,959	26,039,684
Iasachtaí nua eisithe faighte			
– GNBS	19.2	246,601	19,424
– RSNT	19.1	-	12,928,345
Fáltais ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe			
Ioncam neamh-diúscartha	19.3	(808,756)	(792,230)
Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas	19.4	(4,221,417)	(3,146,290)
Fáltais ó dhíolachán iasachtaí	19.5	(3,419,959)	(293,695)
Cistí réamhíochta le hiasachtaithe		644,950	664,952
Cistí i gcúrsa bailiúcháin	19.6	19,827	(51,377)
Comaoin iarchurtha ar dhíolachán iasachtaí		-	(10,986)
Príomhshuim agus íocaíochtaí úis ar gníomhas saoráid iasachta RSNT	19.1	(11,715,589)	(1,212,756)
Costais inghnóaithe ó iasachtaithe	19.7	24,386	18,465
Iomlán na bhfáltas ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe		(19,476,558)	(4,823,917)
Gluaiseachtaí eile iasachta			
Ioncam úis iasachta tuillte - GNBS	5	844,984	1,058,032
Gluaiseacht i gcuntais rótharraingte	17,19.8	(10,019)	(11,282)
Caillteanas ar dhíolachán iasachtaí	9	(278,377)	(29,386)
Ioncam farasbairr	9	572,517	530,838
Gluaiseacht / (caillteanas) airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais	11	288,967	(193,043)
Bearnú criostalaithe ó dhíolacháin	9,12,19.9	(610,069)	(52,507)
Bearnú criostalaithe ó athstruchtúradh iasachtaí	12,19.10	(131,787)	-
Eile		(4,409)	(27,229)
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta eile		671,807	1,275,423
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta		(18,804,751)	(3,548,494)
Iasachtaí agus infháltais réamhbhearnaithe			
Iasachtaí agus infháltais – GNBS		16,880,809	23,723,370
Gníomhas saoráid iasachta – RSNT	19.1	-	11,715,589
Iomlán na hiasachtaí agus infháltais réamhbhearnaithe		16,880,809	35,438,959
Bearnú iasachtaí agus infháltas	12	(3,520,775)	(4,125,260)
Iasachtaí agus infháltais ghlana i ndiaidh bearnaithe		13,360,034	31,313,699

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS (AR LEAN)

Is laghdú é an ghluaiseacht san iarmhéid iasachta tar éis bearnúcháin sa bhliain de €17.9bn (2013: ardú de €8.5bn). Is an fhoráil charnach bhearnúcháin iomlán i ndáil ar iasachtaí GNBS agus infháltais ar 31 Nollaig 2014 ná €3.5 bn (2013: €4.1bn). Níl aon bhearnúchán ar ghníomhas saoráide iasachta RSNT.

Is ionann gluaiseachtaí iasachtaí réamhbhearnaithe ag titim amach i rith na bliana agus €18.8bn (2013: €3.5bn), lena n-áirítear aisíoc na Leachtaitheoirí Speisialta as an ngníomhas saoráide iasachta de €11.7bn (2013: €1.2bn), agus €7.6bn (2013: €3.5bn) d'fháltais airgid ó féichiúnaithe, ginte ó dhíolachán iasachtaí agus réadmhaoine agus ioncam neamh-diúscartha de chuid €0.8bn (2013: €0.79bn).

Bhí cistí a réamhíocadh le féichiúnaithe i ndáil le caipiteal oibre agus forbartha cothrom le €0.6bn (2013: €0.7bn). Tuilleadh ioncam úis iasachta de chuid €0.8bn (2013: €1.1bn) sa bhliain, as sin bhí 100% réadaithe in airgead tirim ag an GNBS. Tá tuilleadh fainséise maidir le gluaiseachtaí iasachta ar leith le fáil anseo thíos.

19.1 Gníomhas saoráide iasachta - RSNT

Nuair a bunaíodh RSNT (i Leachtú Toilteannach) i 2013, fuair an GNBS gníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach thar sócmhainní áirithe IBRC a d'úsáid IBRC mar chomhthaobhacht mar chuid dá shocrúcháin chistithe le Banc Ceannais na hÉireann. In 2014, fuair RSNT (faoi Leachtú Toilteannach) €11.7bn (2013: €1.4bn) d'aisíocaíochtaí príomhshuime agus úis ó na Comhleachtaitheoirí Speisialta as an ngníomhas saoráide iasachta. Aisíocadh an iasacht go hiomlán ar 21 Deireadh Fómhair 2014.

19.2 Iasachtaí nua eisithe / faighte - GNBS

Iasachtaí nua eisithe / faighte -GNBS - ina measc tá iasachtaí €234m a fuarthas ó dhá institiúid i ndáil ar nasc féichiúnaí GNBS a bhí ann cheana. Tugann fáil na n-iasachtaí breise smacht níos mó do GNBS ar fhiacha gaolmhara na sócmhainne faoi úrrús.

19.3 Ioncam neamh-diúscartha

Ba ionann fáltais ioncaim neamh-diúscartha sa bhliain 2014 agus €0.8 billiún (2013: €0.8 billiún). Áirítear ar an méid seo ioncam cíosa a fuarthas le linn na bliana den chuid is mó.

19.4 Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar úrrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas agus aisíocaíochtaí iasachtaí eile

Léiríonn fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar úrrús i gcoinne iasachta agus infháltas de €3.2 billiún (2012: €2.5 billiún) aon fháltais a bhaineann le diúscairt sócmhainní nó mar laghdú ar fhiachas an GNBS.

19.5 Comaoin iarchurtha faighte ar dhíol iasachtaí

Fáltais ó dhíolachán iasachtaí de €3.4bn (2013: €0.3bn) seasann siad d'fháltais a bhaineann le diúscairt iasachtaí agus infháltais an Ghrúpa.

19.6 Cistí atá á mbailiú

Cistí á mbailiú is ea idirbhearta a imíonn ó chuntas bainc i ndiaidh an dáta tuairiscithe ach a bhaineann le hidirbhearta a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe.

19.7 Costais in-aisghabhála ó iasachtaithe

Is costais in-aisghabhála ó iasachtaithe iad costais a thabhaigh GBNS atá in-aisghabhálach ón bhféichiúnaí agus a chuirtear le luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas.

19.8 Cuntais rótharraingte

Tá na hInstitiúidí Rannpháirteacha leanta ar aghaidh le cuntais rótharraingte féichiúnaí a mhaoiniú agus aisíocaíochtaí airgid ar na cuntais seo a bhailiú thar ceann an GNBS. I gcaitheamh na bliana, mhéadaigh an glanmhéid dlite leis an GNBS i ndáil le rótharraingtí neamhghlanta faoi €10m (2013: €11m). Aithnítear an glanghluaiseacht seo mar laghdú in iasachtaí agus infháltais.

19.9 Bearnúchán criostalaithe ó dhiúscairtí

Déantar bearnúcháin a chriostalú ar dhíolachán iasachtaí agus sócmhainní nuair a aithníodh cheana foráil bhearnúcháin a bhí ann cheana.

19.10 Bearnúchán criostalaithe ó athstruchtúraithe fiacha

Tarlaíonn criostaluithe bearnúcháin ó athstruchtú fiacha nuair, arna athstruchtú fiachais a chomhaontú, criostalaítear bearnúchán a aithníodh cheana ar na hiasachtaí lena mbaineann. Baineann an chuid is mó den bhearnúchán a criostalaíodh ó athstruchtú fiachais le hathstruchtú féichiúnaí GNBS atá faofa ag an gcúirt.

20. FARDAIL – IONAD RÉADMHAOINE ARNA DTRÁDÁIL

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Aonaid tithíochta sóisialta	29,050	7,163
Eile	8,901	31,761
Iomlán na n-ionad réadmhaoine arna dtrádáil	37,951	38,924

Aithnítear réadmhaoine de réir bheartas cuntasaióchta 2.16.

Baineann an ghluaiseacht i luachanna anonn leis an ngníomhaíocht seo a leanas de chuid an Ghrúpa in 2014:

- fáil 192 aonad bhreise tithíochta sóisialta mar chuid den tionscnamh tithíochta sóisialta;
- fáil tailte i ndáil le fiacha a ghlanadh agus tailte a mheastar go bhfuil tábhacht straitéiseach acu don Ghrúpa i dtéarmaí straitéisí forbartha leanúnacha;
- diúscairt tailte i ndugthailte Bhaile Átha Cliath chuig ciste infheistíochta malartach infheisteora incháilithe (QIAIF) i gcomaoin leas cothromais sa chiste. Féach Nóta 26 Le haghaidh tuilleadh faisnéise le do thoil;
- diúscairt tailte sna Stáit Aontaithe a fuarthas in 2013 chun fiacha a ghlanadh;
- diúscairt mionsócmhainní nach maoin réadach iad a fuarthas roimhe sin chun fiacha a ghlanadh.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Grúpa faoi réir roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí i ngnáthchúrsa a ghníomhaíochtaí gnó. I measc na bpríomhrioscaí agus éiginnteachtaí gnó tá gnáthchoinníollacha maicreacnamaíocha. Ní féidir a bheith cinnte faoi impleacht nó dóchúlacht na rioscaí seo agus níl smacht ag an nGrúpa ar go leor acu. Is é an Bord atá freagrach as rialachas gach gníomhaíocht riosca agus tá creat bunaithe chun riosca ar fud an Ghrúpa a bhainistiú.

Le cois na ngnáthrioscaí thuasluaite, eascraíonn rioscaí sonracha as ionstraimí airgeadais a úsáid. I measc na bpríomhchatagóirí riosca aitheanta agus á mbainistiú ag an nGrúpa mar chuid dá ghnó laethúil tá riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin.

Bainistiú sócmhainní agus dlíteanas

Tá bainistiú sócmhainní agus dlíteanas an GNBS á chomhlíonadh trí straitéisí atá faofa ag an mBord a chur i bhfeidhm. Is í foireann Chisteán an GNBS atá freagrach as an mbainistiú laethúil agus cuireann GBCN idirbhearta i gcrích thar cheann an GNBS.

De thoradh iasachtaí agus díorthach a fháil, tá an GNBS nochta do rioscaí airgeadra agus ráta úis. Tagann riosca airgeadra eachtraigh i gceist tráth éadála iasachta nuair a eisítear na hurrúis ainmnithe in EUR mar chomaoin do shócmhainní iasachta in GBP nó airgeadraí eile, ar an tslí sin, ag cruthú neamhréir airgeadra sócmhainní / dlíteanas don GNBS. Chomh maith leis sin, ní mór don GNBS dul i ngleic le rioscaí leanúnacha airgeadra i ndiaidh éadail iasachta de bhrí go ndéantar áiseanna neamh-euro a tharraingt anuas, a aisíoc nó a athsceidealú agus go ndéantar sócmhainní a dhiúscairt. Chomh maith leis sin, tá an GNBS nochta do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas (ar lean)

Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord le beartas stuamachta leachtachta a áiríonn tástáil struis leanúnaigh leachtachta agus cothabháil maolán leachtachta íosta nó cúlchiste airgid. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an maolán seo ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán bainistíochta sócmhainní agus dliteanas.

Rialachas agus Maoirseacht Riosca

An Coiste Bainistíochta Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca, fochoiste den Bhord, freagrach as bainistíocht agus comhlíonadh riosca sa Ghrúpa trí chéile. Déanann sé athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí bunúsacha an ghnó agus cinntíonn sé go bhfuil creat oiriúnach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca agus nochtaí ábhartha an Ghrúpa a bhainistiú.

An Coiste Iniúcháireachta

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta a chinntiú go bhfuil riachtanais tuairiscithe airgeadais á gcomhlíonadh. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn sé ar neamhspleáchas agus ionrachas na bpróiseas iniúchta seachtraigh agus inmheánaigh, éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach an GNBS, na próisis atá i bhfeidhm i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht soláthraithe seirbhíse na hiasachta lena gcuid oibleagáidí conarthacha don GNBS agus géilliúlacht an GNBS le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais.

An Coiste Creidmheasa

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áiríonn siad seo inter alia faomhadh bainistiú sócmhainní féichiúnaí / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgead nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí le gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh nuair is cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí maidir le hiarratais chreidmheasa sonracha faoi bhráid an Bhord sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás cuí ina leith. Tá sé freagrach freisin as beartais Chreidmheasa agus Riosca a mheas chun críche fhaomhadh an Bhoird agus soláthróidh sé ról maoirseachta i dtéarmaí cinntí creidmheasa suntasacha a ndéantar faoi bhun an leibhéil údaráis atá tarmligthe ar an gCoiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheas athbhreithniú ar fhaisnéis bhainistíochta a ullmhaíonn na feidhmeanna um Aisghabháil Sócmhainní agus Bainistíocht Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS.

Iniúchadh agus Riosca – Rannóg an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO)

Tá Iniúchadh agus Riosca mar aonad laistigh de rannóg CFO an GNBS agus é freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar iniúchadh agus riosca inmheánach agus seachtrach. Tacaíonn an t-aonad le CFO an GNBS d'fhonn a chinntiú go bhfuil an GNBS ag feidhmiú laistigh de theorainneacha agus lamháltais riosca faofa an Bhoird. Tá Iniúchadh agus Riosca freagrach freisin as dearadh agus cur i bhfeidhm Chreat Bainistíochta Riosca an GNBS. Soláthraíonn an t-aonad dúshlán agus measúnú neamhspleách d'fhóntacht na timpeallachta rialaithe, comhordaíonn sé gníomhaíochtaí iniúchta inmheánacha agus seachtracha ar fud an GNBS, Institiúidí Rannpháirteacha agus Máistir-Sheirbhíseoir agus déanann sé monatóireacht agus tuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus don Bhord i ndáil leis an dul chun cinn le haghaidh a thabhairt ar ghníomhartha tugtha chun solais i dtorthaí iniúchta.

An Cisteán – Rannóg CFO

Tá freagracht príomha ag aonad an Chisteáin as riosca margaidh, leachtachta agus maoinithe a bhainistiú. Déileáiltear le riosca creidmheasa i Nóta 22.

Aonad Riosca an GBCN

Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht um riosca margaidh don Ghrúpa. Os a choinne sin, tá bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta margadh-gaolmhar (díorthaigh agus éarlaisí airgid thirim), ar aon dul le beartas an Bhoird, tarmligthe do GBCN freisin.

21.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le caillteanas poitéinsiúil in ioncam nó glanfhiúchas an Ghrúpa ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, rátaí malairte nó praghsanna margaidh eile.

Eascraíonn rioscaí margaidh ó staideanna oscailte i dtáirgí ráta úis agus airgeadra, atá nochta do ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí nó praghsanna margaidh dála rátaí úis, raon difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta do riosca margaidh ar a iasachtaí agus infháltais, urrúis agus díorthaigh. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun impleacht gluaiseachtaí ar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí agus rioscaí margaidh eile

a bhfuil sé nochta dóibh a mhaolú agus a rialú, is deacair a rá go beacht céard iad na hathruithe atá i ndán ar choinníollacha gilleagracha nó margaidh nó a rá go cinnte cad iad na héifeachtaí a bheadh ag a leithéid sin d'athruithe ar an nGrúpa.

Tá urrúis fhiachais sinsearach an Ghrúpa ainmnithe in euro, cé go bhfuil céatadán suntasach de shócmhainní faighte an Ghrúpa ainmnithe i steirling agus dollair na Stát Aontaithe. Dá thoradh sin, tá úsáid fairsing bainte ag an nGrúpa as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl airgeadra a shócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Ar an gcuma chéanna, úsáidtear babhtálacha ráta úis chun neamhréireanna i bpróifíl ráta úis an Ghrúpa a bhainistiú.

21.2 Bainistíocht riosca margaidh

Cuspóir

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun rioscaí margaidh ina ráiteas ar staid airgeadais a aithint agus a thomhas. Ina dhiaidh sin, déantar na rioscaí seo a bhainistiú laistigh de theorainneacha diana agus i gcomhthéacs éileamh coimeádach riosca atá ag teacht le reachtaíocht an GNBS.

Polasaithe

Tá bainistíocht an riosca margaidh laistigh den Ghrúpa á rialú ag beartais riosca margaidh atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord. Faomhann an Bord lámháltas foriomlán riosca margaidh agus tarmligeann sé an socrú teorann íseal-leibhéil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca. Tá bainistíocht phríomhrioscaí margaidh an Ghrúpa (ar nós ráta úis agus riosca airgeadra eachtrach) lárailthe laistigh d'aonad Cisteáin an Ghrúpa. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na teorainneacha atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca. Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht riosca margaidh.

Maolú riosca

San áireamh i maolú riosca tá meaitseáil staideanna riosca sócmhainní agus dliteanas a mhéid agus is féidir, agus úsáid a bhaint as díorthaigh chun tréimhse agus íogaireacht ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorainne faofa. Tá beartais Chlár Comhardaithe an Ghrúpa deartha lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe dian i bhfeidhm a áiríonn raon sonracha táirgí agus teorainneacha faofa a fhorordú a chumhdaíonn na híogaireachtaí riosca ar fad a bhaineann le táirgí faofa.

Tá an Grúpa freagrach as tuairisciú míosúil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na staideanna suntasacha riosca agus ar chomhlíonadh le teorainneacha riosca. Le cois teorainneacha ar staid riosca margaidh, úsáidtear tástáil struis chun an tionchar a mheas ar staid an Ghrúpa i leith raon cásanna margaidh tromchúiseacha. Úsáidtear tástálacha struis cás-bhunaithe agus ionsamhlúcháin stairiúla fadtréimhseacha (ag dul siar go dtí na 1990aidí) ar staideanna reatha chun riosca margaidh a mheas agus a bhainistiú.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí a athbhreithniú, a fhaomhadh agus a dhéanamh i ndáil le próifíl agus teorainneacha riosca margaidh sa Ghrúpa trí chéile. Ina theannta sin, buaileann Grúpa Bainistíochta Riosca Margaidh, ina chuimsítear bainisteoirí sinsearach ó Rannóg CFO an GNBS agus aonad Riosca GBCN, le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an staid riosca margaidh agus chun géilliúlacht a chinntiú le cinntí an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta Riosca. San áireamh i dtuascáil sheachtainiúil a chuireann aonad Riosca GBCN i dtoll a chéile tá anailís mhionsonraithe ar gach staid riosca shuntasach agus géilliúlacht le teorainneacha riosca.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

21.3 Tomhas Riosca Margaidh

21.3.1 Riosca Ráta Úis

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca rataí úis tríd gluaiseachtaí sna rátaí úis atá sé neamhchosanta orthu. Tá córais éifeachtacha curtha i bhfeidhm leis na neamhchosanta seo a mhaolú.

Fuair an Grúpa iasachtaí ráta sheasta agus athraithe ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, mar aon le díorthaigh a úsáideadh chun iasachtaí ráta athraithe a athrú go hiasachtaí ráta sheasta (d'fhéichiúnaithe). Lena chois sin, tá urrúis ráta chomhlúthaigh eisithe ag an nGrúpa agus tá sé páirteach in idirbhearta díorthaigh chun neamhréireanna ina phróifíl sócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Baineann an Grúpa úsáid as íogaireachtaí riosca, tástáil struis an fhachtóra riosca agus anailís ar chásanna chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca an ráta úis agus é a bhainistiú. Ríomhtar íogaireachtaí riosca trí an athrú aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar impleacht gluaiseachtaí ráta úis.

Ní gá gurb ionann faisnéis aimsithe tríd an anailís íogaireachta agus an t-athrú iarbhair ar luach cothrom a thabhdh an Grúpa de réir gnáthchoinníollacha margaidh mar, bunaithe ar theorainneacha praiticiúla, is ar bhonn seasmhach a choinnítear gach athróg seachas fachtóirí riosca sonracha margaidh.

Tá achoimre le fáil sna táblaí seo a leanas ar nochtadh uaintránsithe an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta (sonraithe roimh ré ag athphragsáil chonarthaigh nó dáta aibíochta) do riosca ráta úis réamhshocraithe.

Sonraítear ann, de réir uaintráinse, na sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athshocrú ráta úis. Is i bhfoirm méideanna barúlacha a thaispeántar ionstraimí airgeadais. Áirítear sna táblaí seo a leanas ionstraimí fálaíthe a bhfuil d'éifeacht acu íogaireacht ráta úis a laghdú go suntasach

Riosca Ráta Úis Grúpa 2014	0-6 mhí €'000	Níos mó ná 6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,158,692	-	-	1,158,692
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	690,000	-	-	690,000
Iasachtaí agus infháltais	13,360,034	-	-	13,360,034
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	84,810	84,810
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	-	36,181	36,181
Sócmhainní eile	-	-	12,164	12,164
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochtadh athshocrú ráta úis	15,208,726	-	133,155	15,341,881
Dlíteanas				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	20,428	20,428
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	13,590,000	-	-	13,590,000
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(11,500,000)	(1,250,000)	-	(12,750,000)
Dlíteanas eile	-	-	126,114	126,114
Cáin infíochta here inst	-	-	1,769	1,769
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochtadh athshocrú ráta úis	2,090,000	(1,250,000)	148,311	988,311

Riosca ráta úis Grúpa 2013	0-6 mhi €'000	Níos mó ná 6 mhi €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,453,236	-	-	3,453,236
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GNBS	802,000	-	-	802,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	145,138	-	-	145,138
Iasachtaí agus infháiltais	31,313,699	-	-	31,313,699
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	78,447	78,447
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	-	6,373	6,373
Sócmhainní eile	-	-	23,755	23,755
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	35,714,073	-	108,575	35,822,648
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	24,676	-	-	24,676
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	34,618,000	-	-	34,618,000
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(14,350,000)	(8,680,000)	-	(23,030,000)
Dliteanais eile	-	-	172,594	172,594
Cáin iníoctha	-	-	407	407
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	20,292,676	(8,680,000)	173,001	11,785,677

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

21.3 Tomhas Riosca Margaidh (ar lean)

21.3.1 Riosca Ráta Úis (ar lean)

Riosca ráta úis Gníomhaireachta 2014	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	101	-	101
Sócmhainní eile	-	168,161	168,161
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	101	168,161	168,262
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,699	-	53,699
Dliteanais eile	-	3,892	3,892
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	53,699	3,892	57,591
Riosca ráta úis Gníomhaireachta 2013	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,152	-	1,152
Sócmhainní eile	-	5,961	5,961
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	1,152	5,961	7,113
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,513	-	53,513
Dliteanais eile	-	7,178	7,178
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	53,513	7,178	60,691

Íogaireacht riosca ráta úis

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar íogaireacht an ráta úis a eascraíonn ó mhéadú 50 bonnphointe (bp) nó laghdú ar rátaí úis thar an gcuar, faoi réir ráta úis íosta de chuid 0%. Déantar an riosca a thomhas mar impleacht glanluacha láithrigh, ar ráiteas na staide airgeadais, an athraithe sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus gach aibíocht an méid céanna ar bhonn comhuaineach.

Socraítear na rátaí úis le haghaidh gach airgeadra ar an 31 Nollaig 2014. Áirítear sna figiúirí seo éifeacht fálaithe ionstraimí, iasachtaí agus infháltas agus urrús eisithe.

Anailís íogaireachta ráta úis – gluaiseacht 50bp thar chuar ráta úis

Grúpa	2014		2013	
	+50bp €'000	-50bp €'000	+50bp €'000	-50bp €'000
EUR	82,994	(84,382)	217,934	(223,403)
GBP	3,220	(3,236)	(1,218)	1,623
USD	(24)	24	(146)	146
Eile	(102)	102	(104)	104

21.3.2 Riosca malairte eachtraí

Mar chuid d'eadáil iasachtaí agus díorthach ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt iasachtaí agus infháltas ainmnithe in airgeadra eachtrach, GBP go príomha. Mar thoradh, tá an Grúpa nochta d'éifeachtaí luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, i gcomhthéacs staid airgeadais agus sreabha airgid. Déanann an Grúpa monatóireacht rialta ar leibhéal nochta an airgeadra agus tá fáluithe bunaithe chun na rioscaí seo a mhaolú.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtheadh an Ghrúpa do riosca airgeadra eachtraigh ar an 31 Nollaig 2013. San áireamh sa tábla freisin tá sócmhainní agus dliteanais an Ghrúpa luaite ag luachanna anonn, agus rangaithe de réir airgeadra. Áirítear sna táblaí seo ionstraimí fálaíthe a bhfuil d'éifeacht acu riosca airgeadra a laghdú go suntasach.

Grúpa 2014	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	8,047	193,868	958	202,873
lasachtaí agus infháltais	23,818	2,688,466	97,862	2,810,146
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(30,887)	(2,906,103)	(96,217)	(3,033,207)
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	978	(23,769)	2,603	(20,188)
Grúpa 2013	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	9,288	45,590	2,937	57,815
lasachtaí agus infháltais	138,265	5,655,355	99,422	5,893,042
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(145,022)	(5,475,686)	(101,698)	(5,722,406)
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	2,531	225,259	661	228,451

Is in euro atá sócmhainní agus dliteanais uile na Gníomhaireachta sonraithe. Dá réir sin, níl an Ghníomhaireacht nochta do riosca airgeadra eachtraigh.

Nochtadh do riosca airgeadra eachtrach – anailís íogaireachta

Bheadh neartú 10% an euro i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2014 mar bhonn le cothromas agus brabús méadaithe na méideanna thíosluaite roimh cánachas. Glactar leis de réir na hanailíse seo, go bhfuil na hathróna eile ar fad, rátaí úis go háirithe, seasmhach. Bheadh éifeacht chothrom ach chodarsnach ag lagú 10% ar an euro i gcoinne na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanann na hathróna eile ar fad seasmhach.

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
GBP	2,161	(20,484)
USD	(89)	(226)
Eile	(237)	(53)

21.3.3 Praghasrioscaí eile

Tá an Grúpa nochta do phraghasriosca cothromais a eascraíonn as ionstraimí cothromais. Déantar luach cothrom ionstraimí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlanluach sócmhainní an aonáin infheistíochta ag an dáta tuairiscithe.

Anailís íogaireachta ar phraghsanna cothromais

Cinneadh an anailís íogaireachta thíos bunaithe ar an nochtheadh do phraghasrioscaí cothromais ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Dá mbeadh na praghsanna cothromais 10% ní b'airde / ní b'íse, thiocfadh méadú / laghdú €3.6m ar bhrabús roimh cháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014, mar thoradh ar na hathruithe ar luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS, a ndéantar a aicmiú mar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas, de réir bheartas cuntasíochta 2.6.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

22. RIOSCA CREIDMHEASA

Is é atá i riosca creidmheasa ná an riosca de chaillteanas airgeadais a thabhtú, agus aird á tabhairt ar an gcomhthaobhacht arna gealladh mar urrús a bheadh i gceist dá dteipfeadh ar fhéichiúnaí nó ar chontrapháirtí margaidh an Ghrúpa a chuid oibleagáidí conartha a i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh. Baineann príomhriosca creidmheasa an GNBS le feidhmíocht a féichiúnaithe, agus le sócmhainní gaolmhara atá á gcoinneáil mar urrús.

Tháinig neamhchosaintí maidir le féichiúnaithe an Ghrúpa chun chinn sa chéad dul síos de thoradh ar phunann suntasach iasachtaí réadmhaoine a fháil, san earnáil réadmhaoine tráchtála agus chónaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe go príomha, agus ar bhonn nach bhfuil chomh suntasach i SAM agus sa chuid eile den domhan. Bíonn riosca creidmheasa i gceist maidir le gníomhaíochtaí iasachtaithe an Ghrúpa, a dtugtar fúthu chun luach a choinneáil nó a fheabhsú d'fhonn an toradh airgeadais uasta a bhaint amach don Stát faoi réir an riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa chomh maith.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, déanann an Grúpa a neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Maolaíodh an riosca creidmheasa a tháinig chun cinn de thoradh na punainne iasachtaí a fháil ar dtús trí ghrinnphróiseas díchiill chuí dlí agus réadmhaoine a chur i gcrích. Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go ndearnadh iasachtaí a luacháil i gceart i gcomhréir leis an scéim reachtúil ina ndearnadh foráil go bhfaigheadh an Grúpa iad. Déantar an riosca creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí bainistíochta riosca creidmheasa agus iasachtaithe leanúnaí an Ghrúpa a mhaolú le Creat Nósanna Imeachta agus Beartais Bainistíochta Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní an Ghrúpa.

Aisghabháil Sócmhainní an GNBS

Tá trí phríomhaidhm ag an rannóg um Aisghabháil Sócmhainní: seachadadh straitéisí, bainistiú féichiúnaithe / glacadóirí agus sreabhadh airgid a uasmhéadú fad atá cailteanas a íoslaghdú.

Is í Aisghabháil Sócmhainní an príomh-chomhéadan le féichiúnaithe / glacadóirí agus tá sí freagrach as an mhórchuid de na féichiúnaithe a bhainistiú, go díreach tríd an GNBS agus go hindíreach trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha / Príomhsheirbhíseoir araon. Éilíonn an fhreagracht seo dianbhainistíocht laethúil trí chur chuige nuálach agus réiteach-bhunaithe: straitéisí, spriocanna agus garspriocanna soiléire a shonrú agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu; costais féichiúnaithe agus ghlacadóirí a laghdú; ioncam a fháil agus a uasmhéadú; luachanna díolacháin a bharrfheabhsú trí bhainistíocht réamhghníomhach sócmhainní; caiteachas caipitiúil breise a sholáthar sa chás gur féidir luach breise a fháil nó luach a chosaint; airgeadas díoltóirí agus díolacháin iasachtaí / punainn a úsáid áit ar cuí; athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar dhíolachán sócmhainní in aghaidh roghanna coinneála sócmhainní, agus úsáid á baint inter alia as anailís lascainithe sreafa airgid.

Creat Nósanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní

Is é cuspóir foriomlán an Chreata Nósanna Imeachta agus Beartais um Aisghabháil Sócmhainní an Grúpa a chosaint trí luach na n-iasachtaí a fhaightear a chosaint agus a fheabhsú.

Ar deireadh thiar, is é an Bord atá freagrach as riosca creidmheasa an Ghrúpa a bhainistiú. Tá rialú agus bainistiú riosca creidmheasa láraithe san fheidhm Aisghabháil Sócmhainní. Déantar riosca creidmheasa a thuairisciú don Bhord agus an Coiste Creidmheasa ar bhonn rialta agus tá an Creat faoi réir athbhreithnithe bhliantúil foirmiúil.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí a bhainistiú, a fhaightear faoi sholáthairtí an Achta. Cuirtear iasachtaí a fhaightear ó Institiúidí Rannpháirteacha i ngrúpaí le chéile agus déantar iad a bhainistiú trí rannpháirteachas le féichiúnaithe.

Tá dhá chatagóir féichiúnaí ann:

Féichiúnaithe bainistithe ag an GNBS: Sa chatagóir seo is é an Grúpa a dhéanamh príomhchinntí creidmheasa agus a dhéanamh caidrimh a bhainistiú. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha agus an Príomhseirbhíseoir iasachtaí a riar.

Féichiúnaithe bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha: Sa chatagóir seo is í na hInstitiúidí Rannpháirteacha a dhéanann féichiúnaithe a bhainistiú agus iasachtaí a riar. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha agus an Príomhseirbhíseoir cinntí creidmheasa faoi Chreat Údarais Tarmligthe agus tá siad faoi réir Creat Beartais agus Nósanna Imeachta arna sainordú ag an nGrúpa, mar aon le rannpháirtíocht leanúnach 'ar an talamh' ó Fhoireann Institiúidí Rannpháirteacha an GNBS agus maoirseacht ag feidhm Iniúchta agus Riosca an Ghrúpa. Níl údarás tarmligthe ag Capita, mar Phríomhseirbhíseoir agus Seirbhíseoir Speisialta agus Maistir Sheirbhíseoir. Cinnthe creidmheasa a dhéanamh.

Ní mór don Ghrúpa cinntí creidmheasa éagsúla a dhéanamh, a d'fhéadfadh baint a bheith acu le iasachtaí nua, athstruchtúráil iasachtaí agus infháltas nó gníomh forfheidhmithe a ghlacadh. Go sonrach, d'fhéadfadh cinneadh creidmheasa tarlú de thoradh ar imeacht ar bith a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsach neamhchosanta nó féichiúnaí a athrú, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ó féichiúnaí;
- Díolacháin sócmhainní a fhaomhadh;
- Togra ó féichiúnaí ina d'fhéadfadh spreagthaí nó comhréitigh phragmatacha / tráchtála a bheith i gceist d'fhonn staid fhoriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Iarratas ar mhaoiniú;
- Straitéis féichiúnaí molta;
- Síneadh molta téarmaí le haghaidh neamhchosaintí uile féichiúnaí nó cuid díobh;
- Togra chun gníomh dócmhainneachta sa thionscnamh;
- Gníomh ag tríú páirtí maidir le féichiúnaí coiteann mar shampla institiúid neamh-rannpháirteach.

Déantar riosca creidmheasa a thomhas, a mheas agus a rialú le haghaidh na n-idirbheart agus na n-imeachtaí creidmheasa uile a eascraíonn de thoradh ar ghnóthú iasachtaí an Ghrúpa, agus de thoradh ar bhainistiú leanúnach na n-iasachtaí sin.

22.1 Riosca creidmheasa a thomhas

Cuireann an Grúpa na tomhais seo a leanas ar neamhchosaint i bhfeidhm:

Punann Iasachtaí - Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

- Neamhchosaint parfhiachais - an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí, i.e. na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conartha tosaigh na n-iasachtaí a gnóthaíodh. Ba é €74 billiún iomlán an parfhiachais a ghnóthaigh an Grúpa. Is €55.6bn iomlán an parfhiachas ag dáta na tuairiscithe.
- Neamhchosaint fiachais an GNBS - an méid gnóthaithe a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht agus muirear úis curtha leis, lúide íocaíochtaí airgid faighte). Ba é €31.8 billiún an chomhaoin iomlán a íocadh i leith iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a fuarthas. Is €16.9bn ollfhiachas gan íoc GNBS ag dáta na tuairiscithe.

De réir Alt 10 den Acht, ní mór don GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát agus aird a tabhairt ar an bparfhiachas, ar chostas gnóthaithe, ar aon chostais de thoradh ar phlé le sócmhainní, ar chostas caipitil agus costais eile. Is tomhais bhunúsacha iad sin ar a mbunófar cinntí faoi chreidmheas agus faoi straitéis cháis. Is iad sin an bonn freisin chun an leibhéal Údaráis Tarmlichte iomchuí a shocrú le haghaidh cinntí creidmheasa arna ndéanamh ag an nGrúpa nó ag Institiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar neamhchosaint fiachais an GNBS agus Parfhiachais ar bhonn comhthreomhar agus baineann sí úsáid astu mar thaca leis na cinntí creidmheasa go léir.

Punann na nDíorthach - Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

Chomh maith leis na hiasachtaí a ghnóthaigh an Grúpa, gnóthaíodh roinnt ionstraimí airgeadais díorthaigh a bhí ceangailte le hiasachtaí féichiúnaithe a gnóthaíodh ó Institiúidí Rannpháirteach.

Ag am ar bith, tá neamhchosaint riosca creidmheasa an Ghrúpa teoranta do luach cothrom dearfach na n-ionstraimí díorthach seo (i.e. sócmhainní le luach dearfach marc-go-margadh). Is iondúil nach bhfuil i gceist leis an luach marc-go-margadh seo ach cion beag den luach conartha (nó luach ainmniúil na n-ionstraimí gan íoc).

22.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú

Díríonn measúnú riosca creidmheasa ar cumas aisíoctha an fhéichiúnaí agus na feabhsuithe creidmheasa uile atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Braitheann an Grúpa ar dtús ar na luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus iontaobh a bhaineann le hiasachtaí arna ngnóthú mar chuid den phróiseas gnóthaithe. Mar sin féin, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear luacháil iomchuí, suas chun dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaobh san áireamh i dtogra creidmheasa nua ar bith ó fhéichiúnaí. D'fhéadfaí urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin freisin.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

22.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú (ar lean)

Príomhchomaoín agus airgead nua á airleacan ná cibé an bhfuil nó nach bhfuil feabhsú luacha i gceist le togra creidmheasa an fhéichiúnaí. Agus aon airgead á airleacan ag an nGrúpa, nó agus cinneadh creidmheasa nua ar bith á dhéanamh aige, déanfaidh sé iarracht iontaoibh nó urrús breise a fháil ón bhféichiúnaí nuair is gá dó a chuid leasanna a chosaint.

Agus foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibhe á socrú, d'fhéadfadh an Grúpa measúnuithe sócmhainne pearsanta a choimisiúnú i leith féichiúnaí chun aon urrús nó iontaoibh a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint.

22.3 Rialú riosca creidmheasa

Baineann an beartas riosca creidmheasa, de réir mar a shocraíonn an Grúpa é, le hiasachtaí faoi bhainistiú an GNBS agus le hiasachtaí faoi bhainistiú Institiúide Rannpháirtí araon. Tá an Grúpa tar éis Creat Níosann Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní a shainiú don Ghrúpa agus d'Institiúidí Rannpháirteacha agus an bPríomhseirbiseora. Leagann sé amach leibhéil údarais le haghaidh teorannacha creidmheasa agus cinntí creidmheasa ceadaithe, chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa atá le déanamh ag an nGrúpa, na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus an bPríomhseirbiseora.

Leagann an Creat Níosann Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní na teorannacha creidmheasa agus cinnteoireachta ceadaithe, mar shampla:

- Pleananna Gnó Féichiúnaí agus Athbhreithnithe Creidmheasa Straitéiseacha a fhaomhadh;
- Iasachtú nua a fhaomhadh;
- Athstruchtúrú iasachtaí nó athchaibidlí iasachtaí i gcásanna nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht;
- Gníomh forfheidhmithe arna ghlacadh ag an nGrúpa;
- Iasachtaí / sócmhainní a dhíol;
- Riachtanais bhainistíochta sócmhainní agus réadmhaoinne.

Déantar an leibhéal faofa atá riachtanach le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a shocrú trí thagairt a dhéanamh do mhéid iarmhéid an fhéichiúnaí gan íoc. Déanann duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas cinntí creidmheasa a fhaomhadh, le leibhéal cascáideach d'údarás tarmligthe faofa:

- Sealbhóirí Beartais Údarais Tarmligthe Painéil A nó Painéil B um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní;
- Bainisteoir Rannach Sinsearaí um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní;
- Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní;
- POF agus Ceannaire um nó Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní;
- An Coiste Creidmheasa;
- An Bord.

Ní mór go bhfaomhfaidh Coiste Creidmheasa na hInstitiúide Rannpháirteach agus / nó Ceannaire / Leascheannaire / Bainisteoir Sinsearach Creidmheasa in aonad an GNBS de chuid na hInstitiúide Rannpháirteach na cinntí creidmheasa uile maidir le hiasachtaí bainistithe ag Institiúid Rannpháirteach, laistigh de theorainneacha faofa an Ghrúpa.

Déanann an Fhoireann um Dhearbhu Cáilíochta, agus feidhm an iniúchta inmheánaigh maoirseacht ar an ngéilliúlacht leis an mBeartas Údarais Tarmligthe.

Tá bearta rialaithe agus maolaithe sonracha arna nglacadh ag an nGrúpa léirithe thíos:

(a) Bainistiú Airgid Thirim

Tá bainistiú airgid thirim laistigh de rannpháirteachas le féichiúnaí ina phríomhrialú d'fhonn a chinntiú go bhfuil forchostais, caipiteal oibre nó íocaíochtaí caiteachais chaipitil fhorbartha oiriúnach agus fíoraithe i dtreo is go ndéanfaí sceitheadh féideartha airgid thirim a chosc. Ní mór don ioncam cíosa / trádála uile a bheith iomlán feiceálach freisin.

(b) Comhthaobhacht

Cuireann an Grúpa raon beartas agus cleachtas i bhfeidhm chun riosca creidmheasa a mhaolú. Is é an ceann is traidisiúnta díobh sin ná an chéad urrús muirir sheasta a ghlacadh maidir le haon chaipiteal oibre nó chaipiteal forbartha arna airleacan.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha chun riosca creidmheasa a mhaolú ar iasachtaí agus infháltais:

- Morgáistí ar thalamh agus réadmhaoin éagsúil;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhála;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail cothromais agus urrúis fhiachais;
- Muirir ar earlaisí bainc.

(c) Díorthaigh

Faightear an t-urrús le haghaidh díorthach a ghnóthaítear ón gcomhthaobhacht a ghnóthaítear leis an iasacht, agus léirítear é sa phraghas a íoctar ar ghnóthachan na hiasachta. Rinne an Grúpa díorthaigh a idirbheartú le GBCN chun neamhchosaintí airgeadra eachtraigh agus ráta úis a fhálú.

Déantar neamhchosaint creidmheasa díorthach a ghnóthaítear, mar aon le neamhchosaintí féideartha de thoradh ar ghluaiseachtaí margaidh, a bhainistiú mar chuid de bhainistiú foriomlán neamhchosaintí na bhféichiúnaithe.

Maidir le díorthaigh ar chuaigh an Grúpa isteach iontu, is í GBCN an t-aon chontrapháirtí agus tá an riosca contrapháirtí clúdaithe ag an Comhaontú Breachtha Comhthaobhachta.

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile

Sa tábla thíos leagtar amach an neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní airgeadais a raibh riosca creidmheasa ag baint leo (glan ó bhearnú) amhail ag 31 Nollaig 2014, gan aird a thabhairt ar chomhthaobhacht ná feabhsuithe creidmheasa eile atá ar láimh. Tá neamhchosaintí bunaithe ar na glanmhéideanna carraireachta a thuairiscítear i Ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa.

Grúpa	Nóta	Neamhchosaint uasta 2014 €'000	Neamhchosaint uasta 2013 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		1,158,692	3,453,236
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN		690,000	802,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin		-	145,138
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha		84,810	78,447
Ionstraimí airgeadais díorthaigh		58,241	160,369
Iasachtaí agus infháltais			
Talamh agus forbairt		5,290,320	5,943,029
Réadmhaoin infheistíochta		11,590,489	17,780,341
Bearnú		(3,520,775)	(4,125,260)
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú) - GNBS		13,360,034	19,598,110
Gníomhas saoráid iasachta - RSNT		-	11,715,589
Sócmhainní eile		12,164	23,755
Infheistíocht i ionstraim cothromais		36,181	6,373
Iomlán na sócmhainní		15,400,122	35,983,017
Tiomantais iasachta	23.4	660,303	765,320
Neamhchosaint uasta iomlán		16,060,425	36,748,337

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile (ar lean)

Gníomhaireachta	Neamhchosaint uasta 2014 €'000	Neamhchosaint uasta 2013 €'000
Airgead tirim	101	1,152
Infheistíochtaí i ionstraim cothromais	49,000	49,000
Sócmhainní eile	168,161	5,961
Neamhchosaint uasta iomlán	217,262	56,113

22.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí agus infháltais

(a) Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

Tá beartas grádaithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun próifíl riosca a sholáthar de phunanna n GNBS agus a bhaineann le féichiúnaithe uile. Déanann scála grád creidmheasa an GNBS iarracht tomhas den riosca a shannadh ar aisghabháil sócmhainn airgeadais agus tá sé bunaithe ar dhá ghné le naoi ngrád féideartha á léiriú mar chomhcheangal d'uimhir agus litir 1A, 3B s.r.l.

- Sa chéad ghné (scála 1, 2, 3) tomhaistear cáilíocht na sócmhainní bunúsacha a ghnóthaítear agus an t-ionchas maidir le haisghabháil fiachais a bhaineann le fiachas an GNBS. Tá an chéad ghné seo sa raon ó chásanna ina bhfuiltear ag súil go mbeidh an aisghabháil níos mó ná fiachas an GNBS go dtí cásanna ina meastar go mbeidh easnamh ar fhiachas an GNBS agus go bhfuil foráil bhearnaithe marcáilte i gcoinne na neamhchosanta.
- Sa dara ghné (scála A, B, C) déantar leibhéal feidhmíochta an fhéichiúnaí a rátáil trí bhaint amach na spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais, a comhaontaíodh trí phróiseas rannpháirteachais an fhéichiúnaí, a thomhas.

Is féidir an 9 dtoradh féideartha gráid a achoimriú sna catagóirí seo a leanas:

- Sásúil: Cumas chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh agus dóchúlacht íseal go mbeidh caillteanas i gceist.
- Breathnaigh: Ní mór monatóireacht níos grinne a dhéanamh ach léirítear fós féin an cumas chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh.
- Bearnaithe: Ní mór go mbeadh leibhéal éagsúla airde á dtabhairt ar neamhchosaintí agus tá bainistíocht ghníomhach na punainne agus ionchais chaillteanais ina n-ábhair imní.

Dáileadh grád maidir le hiasachtaí agus infháltais agus féichiúnaithe nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

	2014 €'000	2013 €'000
Sásúil (GNBS)	5,130,393	3,216,972
Sásúil (gníomhas ionstraim cothromais – RSNT)	-	11,715,589
Breathnaigh	866,163	968,991
Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe	5,996,556	15,901,552

Tá sócmhainní uile na Gníomhaireachta ina sócmhainní idirghrúpa agus ina sócmhainní reatha.

(b) Níor bearnaíodh iasachtaí agus infháltais atá thar an dáta dlite

Níl an nochtadh atá riachtanach de réir alt 37(a) de IFRS 7 maidir le hanailís aosaithe iasachtaí agus infháltas atá 'thar an dáta dlite ach nach bhfuil bearnaithe' á soláthar. Tá an anailís aosaithe reatha bunaithe ar théarmaí conartha bunaidh iasachtaí a ghnóthaítear ó Institiúidí Rannpháirteacha, agus ní léiríonn sé feidhmíocht na hiasachta i gcomparáid le luach gnóthaithe na hiasachta.

Tá infháltais uile na Gníomhaireachta dlite ó aonáin ghaolmhara agus tá siad reatha. Níl aon cheann díobh thar an dáta dlite ná bearnaithe.

(c) Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

Bhí luach anonn de chuid €10.6bn (2013: €15.8bn) ag baint le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a cinneadh go raibh siad bearnaithe de thoradh ar an athbhreithniú bearnaithe aonair a rinneadh (féach an tábla seo a leanas).

Bhain an Grúpa leas as an díolúine faoi IFRS 7 gan luach cothrom comhthaobhachta a bhí á coinneáil mar urrús i gcoinne na n-iasachtaí a nochtadh, mar bheadh sé neamhphraiticiúil a leithéid a dhéanamh.

Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

	2014 €'000	2013 €'000
iasachtaí comhlána agus díorthaigh ghaolmhara	16,220,078	19,593,708
iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara arna mbearnú ar bhonn aonair	(10,581,233)	(15,789,439)
iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara nach ndéantar iad a bhearnú ar bhonn aonair	5,638,845	3,804,269

Rinneadh socruithe maoinithe díoltóra a thionscnamh tar éis aistriú tosaigh na n-iasachtaí agus na ndíorthach ó institiúidí a bhí cumhdaithe. Déantar measúnú orthu sin i dtaobh táscairí bearnaithe go leath-bhliantúil i gcomhréir leis an mbeartas cuntasáíochta um bearnú, beartas 2.12. Go dtí seo, níor sainaithníodh aon táscairí bearnaithe do na naisc maoinithe díoltóra agus, mar sin, níl siad san áireamh sa chatagóir féichiúnaithe arna measúnú ar bhonn aonair thuas. Bhí iarmhéid €358m gan íoc ag féichiúnaithe maoinithe díoltóra i leith iasachtaí agus infháltas ag an dáta tuairiscithe.

Ní dhéantar aon cheann de na sócmhainní atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht a bhearnú ar bhonn aonair.

(d) Iasachtaí agus airleacain athchaibidlíthe

Tá athchaibidlí agus athstruchtúrú á dhéanamh ar iasachtaí áirithe tríd an bpróiseas um rannpháirteachas le féichiúnaithe.

D'fhéadfadh socruithe íocaíochta sínte, íocaíochtaí a mhionathrú nó a iarchur a bheith i gceist i ngníomhaíochtaí athstruchtúraithe. Tá beartais athstruchtúraithe leagtha amach i mBeartas Praghsála agus Athstruchtúraithe an GNBS, atá san áireamh sa Chreat Nósanna Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní. Déantar athstruchtúrú ar gach iasacht bunaithe ar an straitéis is oiriúnaí le go ndéanfar na hoibleagáidí fiachais go léir atá dlite a aisíoc, agus aird á tabhairt ar struchtúir, ráthaíochtaí, saincheisteanna cánach agus straitéisí díolacháin. Déanann an tÚdarás Tarmligthe / Coiste Creidmheasa agus, nuair is cuí, an Bord, sonraí gach plean athstruchtúraithe molta, lena n-áirítear aon chlaontaí ón mbeartas, a athbhreithniú agus a fhaomhadh.

Mar chuid den athstruchtúrú ar fhéichiúnaithe in 2014, i bhformhór na gcásanna rinneadh athstruchtúrú ar iasachtaí go dtí líon laghdaithe áiseanna úsmhara chun rannpháirteachas agus bainistíú féichiúnaithe a éascú. Bhí luach anonn iomlán na n-iasachtaí a bhí faoi réir athstruchtúraithe den chineál sin in 2014 cothrom le €0.1bn (2013: €1.5bn).

Ní dhearnadh athchaibidlí ar aon cheann de shócmhainní na Gníomhaireachta a bhí neamhchosanta i leith riosca creidmheasa le linn na tréimhse.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

22.6 Geographical sectors

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar neamhchosaintí creidmheasa príomha an Ghrúpa ar a méideanna carraeireachta, bunaithe ar láthair na n-iasachtaí agus na n-infháltas comhthaobhachta.

Earnálacha geografacha 2014 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– Talamh agus forbairt	3,690,497	1,334,763	265,060	-	5,290,320
– Réadmhaoin infheistíochta -	8,917,666	1,777,539	895,284	-	11,590,489
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(3,520,775)	(3,520,775)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	12,608,163	3,112,302	1,160,344	(3,520,775)	13,360,034
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,158,692	-	-	-	1,158,692
Airgead tugtha, ar urrús comhthaobhach do GBCN	690,000	-	-	-	690,000
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	32,642	24,275	1,324	-	58,241
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	84,810	-	-	-	84,810
Sócmhainn cánach iarchurtha	132,364	-	-	-	132,364
Fardail – Réadmhaoin trádála	36,021	-	1,930	-	37,951
Sócmhainní eile	12,164	-	-	-	12,164
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	28,735	-	7,446	-	36,181
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	1,935	-	-	-	1,935
Iomlán na sócmhainní	14,785,527	3,136,577	1,171,044	(3,520,775)	15,572,372

Earnálacha geografacha 2013 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– GNBS Talamh agus forbairt	4,128,097	1,365,778	449,154	-	5,943,029
– Réadmhaoin infheistíochta – GNBS	11,715,736	4,588,883	1,475,722	-	17,780,341
– Gníomhas saoráid iasachta – RSNT	11,715,589	-	-	-	11,715,589
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(4,125,260)	(4,125,260)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	27,559,422	5,954,661	1,924,876	(4,125,260)	31,313,699
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,453,236	-	-	-	3,453,236
Airgead tugtha, ar urrús comhthaobhach do GBCN	802,000	-	-	-	802,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	145,138	-	-	-	145,138
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	85,611	72,936	1,822	-	160,369
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	78,447	-	-	-	78,447
Sócmhainn cánach iarchurtha	202,387	-	-	-	202,387
Fardail – Réadmhaoin trádála	38,924	-	-	-	38,924
Sócmhainní eile	23,755	-	-	-	23,755
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	6,373	-	-	-	6,373
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	1,071	-	-	-	1,071
Iomlán na sócmhainní	32,396,364	6,027,597	1,926,698	(4,125,260)	36,225,399

Sa ráiteas ar staid airgeadais na Gníomhaireachta, cuimsítear sócmhainní idirghrúpa maidir le cúiteamh na gcostas riarachán ón nGrúpa, dá réir sin tá na sócmhainní go léir atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht lonnaithe in Éirinn.

23. RIOSCA LEACHTACHTA

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid oibleagáidí airgeadais uile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Tagann riosca leachtachta chun cinn de bharr difríochtaí in uainíocht idir insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid.

23.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Tugtar faoi phróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa laistigh den Ghrúpa agus déanann foireann ar leithligh i gCisteán an GNBS monatóireacht air. Áirítear sa phróiseas sin:

- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe an GNBS lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí go léir de réir mar a bheidh siad dlite: áirítear leo sin tiomantais iasachtaithe na todhchaí, ús ar dhliteanais, breacadh comhthaobhachta, costais, táillí agus speansais oibriúcháin laethúla.
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa lena chinntiú go gcoinnítear acmhainní airgid imleora agus / nó go mbunaítear maoiniú imleor i gcásanna inar cosúil go dtarlódh neamhréireanna, agus dá bhrí sin ag íoslaghdú tionchar eis-sreafaí leachtachta.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

23.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta (ar lean)

Déantar monatóireacht agus tuairisciú tríd an sreabhadh airgid a thomhas agus trí réamh-mheastacháin faoin sreabhadh airgid le haghaidh tréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhse níos faide ná bliain amháin. Cuireann aonad Riosca GBCN réamh-mheastacháin leachtachta neamhspleácha ar fáil ar bhonn míosúil don Bhord agus don Choiste Bainistíochta Riosca. Bíonn réamhaisnéis 'anásta' san áireamh sna réamh-mheastacháin go léir le freastal ar thréimhsí fada neamhchinnteachta. Is é túsphointe na réamh-mheastachán sin anailís a dhéanamh ar aibíocht chonartha na ndlíteanas airgeadais agus dáta aisíocaíochta ionchais na sócmhainní airgeadais.

An príomhriosca leachtachta don Ghrúpa ná maoiniú na n-urrús fiachais sinsearach (urrúis) eisithe ag an GNBS mar chomaoin le haghaidh 95% de luach na sócmhainní a gnóthaíodh. Tugann na hurrúis i mbun eisiúna cead don eisitheoir (sa chás nach bhfuair an t-eisitheoir Fógra um Sheachadadh Fisiceach Diúltaithe don Sealbhóir) na hurrúis go léir, nó cuid díobh, a shocrú nuair a thiocfaidh siad chun aibíochta trí hurrús nua a eisiúint ar na téarmaí céanna is a bhain leis an urrús eiseachn (seachas i gcás aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith i gceist leis an urrús eiseachn).

I mí na Bealtaine 2011, rinne Bord, tar éis dó treoir, arna heisiúint faoi Alt 14 den Acht, a fháil ón Aire Airgeadais, cinneadh chun rogha na haibíochta insínte a bhaint ó urrúis fhiachais sinsearaí an GNBS (féach Nóta 30).

Glanadh na hurrúis uile a tháinig chun aibíochta an 2 Márta 2015 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint le haibíocht an 3 Márta 2014 luaite leo.

23.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Léiríonn an tábla seo a leanas na sreabha airgid atá iníoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a dhlíteanas airgeadais neamhdhíorthaigh trí na haibíochtaí conartha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhslasainithe.

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Grúpa

31 Nollaig 2014

Dlíteanais

Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha

Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna

Dlíteanais eile

Iomlán na ndlíteanas

Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú

0-6 mhí
€'000

6-12 mhí
€'000

Iomlán
€'000

20,428

-

20,428

13,602,196

-

13,602,196

30,851

-

30,851

13,653,475

-

13,653,475

1,848,692

-

1,848,692

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Grúpa

31 Nollaig 2013

Dlíteanais

Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha

Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna

Dlíteanais eile

Iomlán na ndlíteanas

Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú

0-6 mhí
€'000

6-12 mhí
€'000

Iomlán
€'000

24,676

-

24,676

34,659,277

-

34,659,277

44,047

-

44,047

34,728,000

-

34,728,000

4,400,374

-

4,400,374

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh
Gníomhaireachta
31 Nollaig 2014

Dlíteanais

Íasachtaíochtaí agus íasachtaí úsmhara

Dlíteanais eile

Iomlán na ndlíteanas

0-6 mhí
€'000

6-12 mhí
€'000

Iomlán
€'000

53,699

-

53,699

3,892

-

3,892

57,591

-

57,591

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh
Gníomhaireachta
31 Nollaig 2013

Dlíteanais

Íasachtaíochtaí agus íasachtaí úsmhara

Dlíteanais eile

Iomlán na ndlíteanas

0-6 mhí
€'000

6-12 mhí
€'000

Iomlán
€'000

53,513

-

53,513

7,178

-

7,178

60,691

-

60,691

I measc na sócmhainní atá ar fáil chun na dlíteanais go léir a chomhlíonadh agus chun na tiomantais íasachta atá dlite a chlúdach tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, earlaisí téarm.

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh

(a) Díorthaigh socraithe ar bhonn glan

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan tá Díorthaigh ráta úis:

- Babhtálacha ráta úis,
- comhaontuithe ar réamhráta,
- roghanna ráta úis thar an gcuntar (OTC,
- conarthaí ráta úis eile.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar dhlíteanais airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa 31 Nollaig 2014	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasáíocht fálaíthe i bhfeidhm	958	2,687	8,256	7,103	19,004
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasáíocht fálaíthe i bhfeidhm	3,013	(234,623)	(230,735)	-	(462,345)
Iomlán	3,971	(231,936)	(222,479)	7,103	(443,341)
Grúpa 31 Nollaig 2013	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasáíocht fálaíthe i bhfeidhm	8,695	9,096	33,080	11,899	62,770
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasáíocht fálaíthe i bhfeidhm	3,909	(218,980)	(327,725)	10,305	(532,491)
Iomlán	12,604	(209,884)	(294,645)	22,204	(469,721)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

(b) Díorthaigh socraithe ar bhonn comhlán

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán tá:

- Díorthaigh malairte eachtraí: réamh-airgeadra, babhtálacha airgeadra; agus
- Babhtálacha rátaí úis tras-airgeadra.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar ionstraimí airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa 31 Nollaig 2014	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:				
– Eis-sreabhadh	(448,070)	-	-	(448,070)
– Insreabhadh	440,743	-	-	440,743
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(1,013,566)	(792,298)	(796,175)	(2,602,039)
– Insreabhadh	936,276	730,587	732,788	2,399,651
Eis-sreabhadh iomlán	(84,617)	(61,711)	(63,387)	(209,715)

Grúpa 31 Nollaig 2013	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:				
– Eis-sreabhadh	(660,538)	-	-	(660,538)
– Insreabhadh	659,407	-	-	659,407
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(786,546)	(505,571)	(3,896,306)	(5,188,423)
– Insreabhadh	733,723	497,477	3,812,325	5,043,525
Eis-sreabhadh iomlán	(53,954)	(8,094)	(83,981)	(146,029)

23.4 Tiomantais iasachta

Tá achoimre ar dhátaí mhéideanna conartha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa, lena dtiomnaítear é do chreidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus do shaoráidí creidmheasa eile, sa tábla seo a leanas. Áirítear sa mhéid sin tiomantais atá ann cheana féin ag am gnóthaithe na n-iasachtaí agus tiomantais bhreise a rinneadh ón am a aistríodh na sócmhainní iasachta chuig an nGrúpa.

Grúpa 31 Nollaig 2014	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Tiomantais go dtabharfar iasacht	152,044	490,529	16,862	659,435
Rótharraingtí	868	-	-	868
Iomlán	152,912	490,529	16,862	660,303

Grúpa 31 Nollaig 2013	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Tiomantais go dtabharfar iasacht	262,616	476,611	17,424	756,651
Rótharraingtí	8,669	-	-	8,669
Iomlán	271,285	476,611	17,424	765,320

Níl aon tiomantais iasachta ag an nGníomhaireacht.

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar mhéideanna carraeireachta agus luachanna cothroma na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais arna gcur i láthair sa ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa agus na nGníomhaireachta.

Grúpa	2014 Luach anonn €'000	2014 Luach cothrom €'000	2013 Luach anonn €'000	2013 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,158,692	1,158,692	3,453,236	3,453,236
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	690,000	690,000	802,000	802,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	-	145,138	145,138
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	84,810	84,810	78,447	78,447
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	58,241	58,241	160,369	160,369
Iasachtaí agus infháltais – GNBS	13,360,034	15,011,030	19,598,110	20,459,016
– RSNT	-	-	11,715,589	11,715,589
Sócmhainní eile	12,164	12,164	23,755	23,755
Infheistíochtaí i ionstraim cothromais	36,181	36,181	6,373	6,373
Iomlán na sócmhainní	15,400,122	17,051,118	35,983,017	36,843,923
Dliteanas airgeadais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	20,428	20,428	24,676	24,676
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	595,528	595,528	599,784	599,784
Urrús fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	13,590,000	13,582,294	34,618,000	34,579,669
Dliteanas eile	126,114	126,114	172,594	172,594
Cáin iníoctha	1,769	1,769	407	407
Iomlán na ndliteanas	14,333,839	14,326,133	35,415,461	35,377,130

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom (ar lean)

Gníomhaireachta	2014 Luach anonn €'000	2014 Luach cothrom €'000	2013 Luach anonn €'000	2013 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	101	101	1,152	1,152
Sócmhainní eile	168,161	168,161	5,961	5,961
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	49,000	49,000	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní	217,262	217,262	56,113	56,113
Dlíteanais airgeadais				
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,699	53,699	53,513	53,513
Dlíteanais eile	3,892	3,892	7,178	7,178
Iomlán na ndlíteanas	57,591	57,591	60,691	60,691

Sócmhainní airgeadais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ar luach cothrom

I gcás sócmhainní agus dlíteanas airgeadais nach ndéantar iad a thomhas ar luach cothrom ina dhiaidh sin sa ráiteas faoin staid airgeadais, tá na modhanna agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach cothrom na sócmhainní agus na ndlíteanas sin a ríomh leagtha amach thíos.

(i) Airgead tirim agus iarmhéideanna le bainc

Is ionann luach cothrom na socrúchán ráta chomhlúthaigh agus na n-éarlaisí téarma agus a méid carraeireachta. Tá luach cothrom measta na n-éarlaisí úsmhara seasta cothrom lena luach carraeireachta ag deireadh na tréimhse toisc go bhfuil éarlaisí gearrthéarmach agus ní bhíonn ach éifeacht an-bheag ag lascaí.

(ii) Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha

Tá luach cothrom measta na méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha cothrom lena luach carraeireachta ag deireadh na tréimhse toisc go bhfuil infháltais reatha agus socrófar le hairgead tirim iad.

(iii) Iasachtaí agus infháltais

Taispeántar iasachtaí agus infháltais glan de mhuirir um bearnú. Measadh luach cothrom na n-iasachtaí agus na n-infháltas ag baint úsáide as na sreabha airgid ionchais don todhchaí sa phunann. Rinneadh sreabha airgid ionchais don todhchaí le haghaidh féichiúnaithe suntasacha aonair a athbhreithnú. mar chuid den mheasúnú ar shreabhadh airgid bearnaithe ag an dáta tuairiscithe. Le linn 2014, chomhaontaigh an Bord straitéis maidir le sprioc i leith fuascailt íosta fiachais 80% faoi dheireadh 2016; dá bhrí sin, táthar ag súil go dtarlóidh formhór na sreafaí airgid todhchaí sna blianta 2015 agus 2016. Déantar sreafaí airgid todhchaí a lascaíniú ag ráta idir 4.57% agus 5.04%, ar ráta é a mheasann an lucht bainistíochta atá cuí, agus luach airgid i leith ama agus na rioscaí atá i gceist á gcur san áireamh. Rinneadh luach cothrom na n-iasachtaí agus infháltas a tuairiscíodh in 2013 a ríomh ag baint úsáide as modh den chineál céanna, trína ndearnadh lascaíniú ar shreafaí airgid a raibh súil leo sna blianta 2014-2016 ar ráta 5.5%. Rinneadh lascaíniú ar shreafaí airgid a raibh súil leo in 2017 agus 2020 ar ráta níos airde 10%, áfach, mar gheall ar neamhchinnteacht níos mó i dtaobh sreafaí airgid a thuar tar éis 2016. Tá an measúnú ar shreafaí airgid todhchaí i mbliain ar bith faoi réir breithiúnais ón lucht bainistíochta maidir leis an ráta lascaínithe arna úsáid agus maidir le huainiú agus méid na sreafaí airgid todhchaí.

(iv) Urrúis fhiachais i mbun eisiúna

Rinneadh na luachanna cothroma comhiomlána a ríomh bunaithe ar shamhail luachála ag baint úsáide as ionstraimí luaite comhchosúla agus ag cur cuair thoraídh reatha iomchuí i bhfeidhm don téarma aibíochta atá fágtha.

(b) Ordlatas luacha cothroim

Sonraíonn IFRS 13 ordlatas trí leibhéal de theicnící luachála bunaithe ar cibé an bhfuil na hionchuir do na teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchuir inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchuir neamh-inbhraite boinn tuisceana margaidh an Ghrúpa. Cuimsítear san ordlatas luacha cothroim:

- Leibhéal 1 – Praghsanna luaite (gan coigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna nó dliteanas comhionann. Áirítear ar an leibhéal seo urrúis chothromais liostaithe agus ionstraimí fiachais ar mhalartuithe aitheanta.
- Leibhéal 2 – Ionchuir seachas praghsanna luaite san áireamh i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear ar an leibhéal seo conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. Baineann foinsí na bparaméadar ionchuir úsáid as an gcuair toraidh LIBOR caighdeánach.
- Leibhéal 3 – ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite). Áirítear ar an leibhéal seo infheistíochtaí cothromais agus ionstraimí fiachais a bhfuil comhpháirteanna suntasacha neamh-inbhraite iontu.

Ní mór sonraí margaidh inbhraite a úsáid don ordlatas seo nuair atá siad ar fáil. Tugann an Grúpa praghsanna margaidh ábhartha agus inbhraite faoi deara ina chuid luachálacha nuair is féidir.

Ordlatas ar luacha cothrom le haghaidh sócmhainní agus dliteanas arna dtomhas ar luach cothrom.

Grúpa 31 Nollaig 2014	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	56,714	-	56,714
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	1,527	-	1,527
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	36,181	-	36,181
Iomlán na sócmhainní	-	94,422	-	94,422
Dlíteanais				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	403,507	-	403,507
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	192,021	-	192,021
Iomlán na ndlíteanas	-	595,528	-	595,528
Grúpa 31 Nollaig 2013	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	142,207	-	142,207
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	18,162	-	18,162
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	145,138	-	145,138
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	-	6,373	-	6,373
Iomlán na sócmhainní	-	311,880	-	311,880
Dlíteanais				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	495,622	-	495,622
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	104,162	-	104,162
Iomlán na ndlíteanas	-	599,784	-	599,784

Níor tugadh ceann ar bith de shócmhainní ná dlíteanais na Gníomhaireachta ar aghaidh ar luach cothrom.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Ordlathas luacha chothroim (ar lean)

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Déantar dliteanas agus sócmhainní airgeadais a chatagóiriú i gcomhréir le IAS 39 sa chaoi seo a leanas:

- lasachtaí agus infháltais
- Sócmhainní airgeadais nó dliteanas ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas – á gcoinneáil le haghaidh trádála (FVTPL)
- Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin (AFS)
- Dliteanas airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta

Sócmhainní Airgeadais
Grúpa
31 Nollaig 2014

	lasachtaí agus infháltais €'000	FVTPL €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,158,692	-
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	690,000	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	84,810	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	58,241
lasachtaí agus infháltais	13,360,034	-
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	36,181
Sócmhainní eile	12,164	-

Dliteanas Airgeadais
Grúpa
31 Nollaig 2014

	Dliteanas airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta €'000	FVTPL €'000
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	20,428	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	595,528
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	13,590,000	-
Dliteanas eile	126,114	-

Ní raibh aon infheistíochtaí ar láimh go dtí aibíocht á gcoinneáil ag an nGrúpa ag an dáta tuairiscithe.

25. RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH

Grúpa agus Gníomhaireachta	2014 €'000	2013 €'000
Costas		
Iarmhéid ag 1 Eanáir	1,403	1,023
Breiseanna	1,143	380
Balance at 31 Nollaig	2,546	1,403
Dímheas		
Dímheas carntha ag 1 Eanáir	(332)	(192)
Muirear dímheasa don bhliain	(279)	(140)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	(611)	(332)
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig	1,935	1,071

Áiríonn réadmhaoin, innealta agus trealamh costais feistithe léasa tabhaithe go dtí seo. Déantar costais feistithe léasa caipitlithe a dhímheas ar bhonn méid chothroim ag ráta de chuid 10% sa bhliain i gcomhréir le beartas cuntasaiochta 2.24. Déantar dímheas bliain iomlán a mhuirearú sa bhliain a thabhaítear agus a chaipitlithe na costais léasaithe feistithe.

26. INFHEISTÍOCHTAÍ IN IONSTRAIMÍ COTHROMAIS

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas	36,181	6,373

Áirítear an méid seo a leanas ar shócmhainní airgeadais tomhaiste trí bhrabús nó caillteanas:

- leas 20% i gcomhpháirtíocht €1.2 milliún, i seilbh NAJVAL. Fuair an Grúpa an leas mar chuid de chomaoín ar dhíolachán iasachtaí áirithe. Níl an Grúpa in ann tionchar suntasach a imirt ar an gcomhpháirtíocht, mar go bhfuil an 80% eile den leas i seilbh scairshealbhóir amháin a rialaíonn cinnteoireacht na comhpháirtíochta.
- úinéireacht 16.5% i gciste infheistíochta malartach infheisteora incháilithe ("QIAIF 1"), úinéireacht 47.75% sa dara QIAIF ("QIAIF 2"), agus úinéireacht 15% i dtríú QIAIF ("QIAIF 3") le comhluch €27.5m, i seilbh NALML.

	2014 €'000	2013 €'000
QIAIF 1	8,139	5,125
QIAIF 2	10,067	-
QIAIF 3	9,281	-
	27,487	5,125

Fuarthas na haonaid in QIAIF 1 agus QIAIF 3 mar chomaoín i leith díolachán sócmhainní áirithe réadmhaoin a bhí i seilbh GNBS leis na cistí sin in 2013 agus 2014 faoi seach. Fuair an Grúpa na haonaid in QIAIF 2 in 2014 chun éascú don chiste sócmhainní réadmhaoin a cheannach. Is é cuspóir na gcistí sin cur le hacmhainn forbartha suíomhanna comhcheangailte i gceantar na nDugaí Theas i mBaile Átha Cliath, rud a ghineadh fás caipitil thar théarma níos faide. Tá infheistíocht déanta ag GNBS sna cistí sin ag teacht lena straitéis chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt tráchtála agus chónaithe a chur i gcrích i nDugthailte Bhaile Átha Cliath.

- mar thoradh ar an athstruchtúrú a rinneadh ar cheann de na féichiúnaithe faoi bhainistíocht GNBS in 2014, fuair an Grúpa úinéireacht 98% i gciste amháin agus úinéireacht 54% i gciste eile le luach comhiomlán €7.4m (2013: €nialas). Tá sócmhainní réadmhaoin ag na cistí sin sa Phortaingéil. Bíonn an chinnteoireacht ar fad faoi rialú chuideachta bainistíochta na gcistí, agus dá bhrí níl GNBS in ann na cistí a rialú.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

27. CÁIN IARCHURTHA

Déantar sócmhainní agus dlíteanais ioncam iarchurtha a fhritháireamh nuair is ann do cheart infheidhmithe le dlí sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh i gcoinne dlíteanais chánach reatha agus nuair a bhaineann na cánacha ioncam iarchurtha leis an údarás fioscach céanna.

Tá dlíteanais agus sócmhainní cánach iarchurtha inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

Grúpa	Cáin iarchurtha ar dhíorthaigh		Cáin iarchurtha ar chaillteanais	Iomlán €'000
	Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000	cánach €'000	
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2013	292,172	(88,277)	133,393	337,288
Gluaiseacht sa bhliain	(147,619)	53,543	(40,825)	(134,901)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2013	144,553	(34,734)	92,568	202,387
 Iarmhéid ag 1 Eanáir 2014	 144,553	 (34,734)	 92,568	 202,387
Gluaiseacht sa bhliain	4,328	18,217	(92,568)	(70,023)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2014	148,881	(16,517)	-	132,364

Réiteach na gluaiseachta sa cháin iarchurtha iomlán go creidmheas / (muirear) cánach sa ráiteas ioncaim agus ioncam cuimsitheach eile

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta sa ráiteas ioncaim	13	(52,073)	(69,767)
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	14,35	(17,950)	(65,134)
Gluaiseacht iomlán i gcáin iarchurtha sa bhliain		(70,023)	(134,901)

Níl aon dlíteanais nó sócmhainní cánach iarchurtha ag an nGníomhaireacht.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncam iarchurtha i ndáil le caillteanais chánach tugtha anonn sa mhéid is go bhfuil réadú an tsochair ghaolmhar cánach dóchúil.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhíorthaigh ar an difríocht idir bhonn cánach na ndíorthach (nialas) agus luach cothrom na ndíorthach tráth an dáta tuairiscithe. Tá glansócmhainn chánach iarchurtha de chuid €132m (2013: €110m aitheanta i ndáil leis na díorthaigh. I gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta, aithnítear cáin iarchurtha ar an ngluaiseacht luach cothrom áit ina cuirtear an luach cothrom gaolmhar san áireamh, i.e. sa ráiteas ioncam nó in ioncam cuimsitheach eile. Tá muirear cánach iarchurtha de chuid €17.9m (2013: €65m) aitheanta in ioncam cuimsitheach eile i ndáil le cáin iarchurtha ar an ngluaiseacht luach cothrom ar dhíorthaigh sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fála i bhfeidhm (Féach Nóta 35).

Sócmhainní cánach iarchurtha agus dlíteanais cánach iarchurtha a aithnítear i ndáil le díorthaigh, réadófar iad de réir mar a thagann díorthaigh in aibíocht nó de réir mar a chuirtear críoch leo.

28. SÓCMHAINNÍ EILE

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Ús babhtála tabhaithe infhála	1,417	6,587
Ús infhála ar shócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin	-	5,578
Ús infhála ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	-	315
CBL infhála	-	299
Breithniú iarchurtha infhála ó díolacháin iasachtaí	9,732	10,148
Sócmhainní eile	1,015	828
Iomlán	12,164	23,755
Reatha	12,164	23,755
Neamh-Reatha	-	-

Baineann ús babhtála tabhaithe leis an ús tabhaithe ar dhíorthaigh faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí nasctha le hiasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Gníomhaireachta	2014 €'000	2013 €'000
Costais in-aisíoctha ó NALML	1,935	5,468
Ús infhaighte ó iasacht le BSNT	165,717	-
Infháltais eile	509	493
Iomlán	168,161	5,961
Reatha	168,161	5,961
Neamh-Reatha	-	-

29. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana	34,618,000	25,440,000
Eisithe sa bhliain	-	12,928,000
Fuascailte i rith na bliana	(21,028,000)	(3,750,000)
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	13,590,000	34,618,000
Reatha	13,590,000	34,618,000
Neamh-reatha	-	-

Tearmaí nótaí eisithe do fháltas iasachtaí ag BISNT

Is ionann iomlán na n-urrús féich gan íoc an 31 Nollaig 2014, a eisíodh i leith gnóthú bunaidh iasachtaí BISNT agus €13.6bn (2013: €22.7bn). Is Nótaí Rátaí Chomhlúthaigh arna ráthú ag an rialtas iad na hurrúis fiachais uile, nótaí a d'eisigh BSNT agus a aistríodh go SGBSNT faoi shaoráid iasachta rannpháirteach bhrabúis agus ansin ar aghaidh go BISNT. D'úsáid BISNT na hurrúis sin mar chomaoín (95%) don phunann iasachta a gnóthaíodh ó gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

29. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA (AR LEAN)

Téarmaí nótaí eisithe do fháltas iasachtaí ag BISNT (ar lean)

Déanann Euribor an ráta úis a athshocrú gach sé mhí ar 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair gach bliain. Go dtí seo, is nótaí ainmnithe in euro atá eisithe.

Ceadaíonn na hurrúis atá i mbun eisiúna don eiseitheoir (sa chás nach bhfuil Fógra Diúltaithe um Sheachadadh Fisiciúil Sealbhóra faighte ag an eiseitheoir) na hurrúis uile, nó cuid díobh, a shocrú go fisiciúil an tráth aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith luaite leis an t-urrús reatha.

Socraíodh na hurrúis ar fad a tháinig chun aibíochta an 2 Márta 2015 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2016 luaite leo.

Téarmaí na nótaí eisithe do ghnóthú RSNT den ghníomhas saoráide iasachta agus den mhuirear comhlúthach

Ar an 28 Márta 2013, d'eisigh RSNT urrús fiachais sinsearach arna ráthú ag an rialtas ag luach €12.9 billiún mar chomhaoin ar ghnóthú RSNT (i Leachtú Toilteannach) den ghníomhas saoráide iasachta agus den mhuirear comhlúthach thar sócmhainní áirithe IRBC mar chuid dá chomhaontú cistithe le Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ).

Is éard a bhí sna hurrúis fiachais ar fad nótaí sinsearach gan urrús ar ráta comhlúthach faoi rathú rialtais, a eisíodh ar par agus a aistríodh chuig RSNT (faoi Leachtú Deonach) trí mheán socraithe um iasachtaí le rannpháirtíocht sa bhrabús, a úsáideadh mar chomhaoin i leith an ghníomhais saoráide iasachta agus an mhuirir chomhlúthaigh a fuarthas ón CBI. Rinneadh lánfhuascailt ar gach urrús fiachais ar an 22 Deireadh Fómhair 2014.

30. DLITEANAIS EILE

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Ús fabhráithe ar urrúis fiachais i mbun eisiúna	12,196	41,277
Ús babhtála fabhráithe iníoctha ar dhíorthaigh sa chás go bhfuil cuntasáíocht fálaite i bhfeidhm	81,367	82,786
Ús babhtála fabhráithe iníoctha ar dhíorthaigh eile	1,700	4,484
Costais fhabhráithe	24,805	41,057
CBL iníoctha	2,581	-
Dlíteanais eile	3,465	2,990
Iomlán na ndlíteanas eile	126,114	172,594
Reatha	126,114	172,594
Neamh-reatha	-	-
Gníomhaireachta	2014 €'000	2013 €'000
Méideanna dlite don GBCN	1,344	5,281
Méideanna dlite le haonáin an Ghrúpa	1,934	1,414
Dlíteanais eile	614	483
Iomlán na ndlíteanas eile	3,892	7,178
Reatha	3,892	7,178
Neamh-reatha	-	-

31. CÁIN INÍOCTHA

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla agus cánacha eile iníoctha	1,736	398
Dliteanas cánach ioncam reatha	33	9
Cáin iomlán iníoctha	1,769	407

32. TIOMANTAIS AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Mar chuid d'éadail sócmhainní iasachta, fuair an Grúpa roinnt ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa, a bhí á gcur ar fáil ag Institiúidí Rannpháirteacha roimhe seo. Fuarthas na ráthaíochtaí mar go raibh siad nasctha le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa. Tá sé mar bheartas coiteann ag an nGrúpa gan ráthaíochtaí a ghnóthú dlí, mar chuid dá gnáthchúrsa gnó. Déantar monatóireacht ar chásanna ar bhonn leanúnach. Ní aithníonn an Grúpa aon fhorálacha dlíthiúla ag an dáta tuairiscithe.

Amhail deireadh na bliana, is páirtí í an GNBS i roinnt cásanna dlíthiúla leanúnacha, mar chuid dá gnáthghnó. Ní féidir eis-sreabhadh féidearthach acmhainní eacnamaíocha a mheas go hiontaofa agus mar sin níl aon forálacha dlíthiúla maidir le na cásanna se a aithint ag an Grúpa ag data na tuairiscithe.

Tá léas oibriúcháin ag an nGrúpa i ndáil leis an tríú hurlár agus cuid den chéad urlár dá oifig cláraithe, Foirgneamh an Stáitchiste. Ag an dáta tuairiscithe, tréimhse 3.5 bhliain atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir i ndáil leis an tríú urlár agus 6 bliana i ndáil leis an chéad urlár.

B'ionann méideanna léasa oibriúcháin a caitheadh sa bhliain agus €1.9m (2013: €1.2m).

Leagtar amach íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí sa tábla seo a leanas:

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Níos lú ná 1 bhliain amháin	1,992	1,154
Idir bliain amháin agus cúig bliana	4,501	1,356
Níos mó ná cúig bliana	830	-
Iomlán íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí	7,323	2,510

33. IASACHTAÍOCHT AGUS IASACHTAÍ ÚSMHARA

Gníomhaireachta	2014 €'000	2013 €'000
Iasacht dlite le BISNT agus ús gaolmhar	53,699	53,513
	53,699	53,513

Ar an 25 Feabhra 2011, d'éisigh BISNT, aonán an Ghrúpa, iasacht úsmhar de chuid €52m leis an GNBS. Ba é cuspóir na hiasachta maoiniú a sholáthar ón nGrúpa don GNBS chun iasacht de chuid €49m agus ús tabhaithe a aisíoc leis an Lárchiste. Tá ús bunaithe ar rata 6 mhí Euribor. Déantar an iasacht a shíneadh ar bhonn bliantúil ar an 25 Feabhra mura gcuirtear deireadh leis faoi mar atá aontaithe ag na páirtithe. Níl aon iasachtaí nó iasachtaíochtaí seachtracha ag an nGrúpa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

34. GNÁTHSCAIR EILE

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana	1,593,000	1,593,000
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	1,593,000	1,593,000

Is ionann an méid thuasluaite agus Fobhannaí Ráta Seasta Inghlaoite a d'eisigh BSNT agus a aistríodh chuig SGBSNT faoi shocrú iasacht rannpháirteach brabúis agus a d'aistrigh SGBSNT chuig BISNT. D'úsáid BISNT na hurrúis seo mar chomaoín (5%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

Is ionann an ráta úis ar na hionstraimí agus ráta 10 mbliana Rialtas na hÉireann ag dáta an chéad eisiúna, móide 75 bonnphointe. Tá an ráta seo socraithe ag fáltas seasta 5.264%. Is ar bhonn bliantúil a íoctar ús, ach is de rogha an eisitheora a dhearbhaítear an cúpón. Ní bheidh cúpón a dhearbhaítear in aon bhliain ag carnadh. Dhíol GNBS an chéad chúpón de €83.86m ar a fhofhiach le linn 2014. Dhíol GNBS dara cúpón de €83.86m ar a fhofhiach ar 2 Márta 2015.

Ainneoin na mbannaí a bheith suthain de nádúr, féadfaidh an t-eisitheoir na bannaí a "ghairm" (.i. a fhuascailt) ar an gcéad dáta gairme (atá 10 mbliana i ndiaidh an dáta eisiúna), agus gach dáta íocaíochta úis ina dhiaidh sin (beag beann ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ús le híoc).

Faoi IAS 32, 'Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair', is ionann é agus bunús an chomhaontú conarthach um ionstraim airgeadais, seachas a fhoirm dlí, a bhfuil a rangú á rialú aige. Ó tharla nach bhfuil aon oibleagáid chonarthach sna nótaí fofhiachais aon íocaíochtaí a dhéanamh (ús nó príomha) sa chás nach mian leis an nGrúpa aon íocaíochtaí a dhéanamh, de réir IAS 32 tá an fofhiachas rangaithe mar ghnáthscair sa ráiteas ar staid an airgeadais, agus aon íocaíochtaí cúpóin á rangú mar íocaíochtaí díbhinne (Nóta 36).

35. CÚLCHISTÍ EILE

Grúpa	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Cúlchiste fálaithe an tsreafa airgid			
Ag tús na bliana		(333,708)	(524,019)
Athruithe i nglanluach cóir		71,941	256,012
Ús fálaithe socraithe i rith na bliana		229,922	231,076
Gluaiseacht i bhfabhrú úis		(1,419)	514
Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim	6	(228,503)	(231,590)
Glanghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cánachas	14	71,941	256,012
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	14,27	(17,985)	(65,701)
Ag 31 Nollaig		(279,752)	(333,708)
Cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin			
Ag tús na bliana		(1,755)	1,805
Aistrithe go dtí an ráiteas ioncaim		1,720	(4,127)
Glanghluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	14	1,720	(4,127)
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	14,27	35	567
Ag 31 Nollaig		-	(1,755)
Iomlán na gcúlchistí eile		(279,752)	(335,463)

Cuimsíonn cúlchistí eile na cúlchistí fála um shreabhadh airgid agus an cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin.

Cuireann an GNBS cuntasaíocht fála i bhfeidhm ar roinnt dá cuid urrúis fiachais shinsearach a mbun eisiúna. Aithnítear athruithe ar luach cothrom do dhíorthaigh sainithe, agus atá éifeachtúil i ngaolmhaireachtaí fálaíthe, ina cúlchistí.

Gnóthaíonn an GNBS bannaí rialtais le haghaidh bainistíocht leachtachta agus leis an toradh ar iarmhéideanna airgid a uasmhéadú. Rangaítear bannaí rialtais mar shócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin de réir CIC 39. Aithnítear athruithe ar luach cothrom i gcúlchistí.

B'ionann glanghluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid le haghaidh 2014 agus méadú de €72m (2013: €256m roimh cánachas arb ionann é agus glanghluaiseacht luacha cóir i ndíorthaigh sa chás go gcuirtear i bhfeidhm cuntasaíocht fhálaíthe de chuid €65.1m (2013: €249.2m) móide coigeartú i ndáil le neamhéifeachtúlacht fálaíthe de chuid €6.8m (2013: €6.8m).

B'ionann glanghluaiseacht sa chúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin don bhliain agus méadú de chuid (2013: laghdú de €4.1m) a léiríonn aibíocht sócmhainní infhaighte le haghaidh díolacháin coinnithe le linn na bliana.

36. RÉITEACH CÚLCHISTÍ AGUS ÚS NEAMHRIALAITHE I BHFOCHUIDEACHTAÍ

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Tuilleamh / (caillteanais) choinnithe		
Ag tús na bliana	(447,599)	(659,039)
Brabús don bhliain	458,280	213,602
Dibhinn íolta ar ghnáthscaireanna B	(1,540)	(2,162)
Coupon paid on subordinated bonds	(83,856)	-
Ag 31 Nollaig	(74,715)	(447,599)
	2014 €'000	2013 €'000
Gníomhaireachta		
Caillteanais choinnithe		
Ag tús na bliana	(3,507)	(2,942)
Brábús / (Caillteanas) don bhliain	165,113	(565)
At 31 December	161,606	(3,507)

Ar an 13 Márta 2014, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord NAMAIL íocaíocht díbhinne €0.0302 in aghaidh na scaire (2013: €0.0424 in aghaidh na scaire). Bhí méid na díbhinne in aghaidh na scaire bunaithe ar thoradh bannaí rialtais deich mbliana na hÉireann amhail an 31 Márta 2014, agus b'ionann é agus €1.54m (2013: €2.162m). Íocadh an díbhinn le sealbhóirí gnáthscaireanna B de chuid NAMAIL amháin, na hinfheisteoirí príobháideacha, a bhfuil 51% den Chuideachta faoina n-úinéireacht. Níor íocadh díbhinn ar bith le gnáth-scairshealbhóirí A, an GNBS an Gníomhaireacht, a bhfuil úinéireacht 49% den Chuideachta aici.

Ar an 13 Feabhra 2014, chinn Bord NAML gur chuí, i gcomhthéacs fheidhmíocht airgeadais fhoriomlán chomhiomlán GNBS agus a cuspóirí, go n-íocfaí an cúpón bliantúil ar na bannaí tánaisteacha €83.86m a bhí dlite ar an 1 Márta 2014. Déantar na bannaí tánaisteacha a aicmiú mar chothromas sa ráiteas ar an staid airgeadais, agus dá bhrí sin aithnítear na híocaíochtaí cúpóin gaolmhara sa chothromas. Féach Nóta 34 Le haghaidh tuilleadh sonraí.

Is ionann ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí agus gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach bhfuil inchurtha go díreach nó go neamhdhíreach don mháthair-aonán. I gcomhthéacs an Ghrúpa is ionann é seo agus infheistíocht déanta ag infheisteoirí príobháideacha i gnáth-scairchaipiteal GINBST.

D'infheistigh an GNBS, i dteannta infheisteoirí príobháideacha, in GINBST. Tá 49% de scairchaipiteal eisithe GINBST i seilbh an GNBS agus is i seilbh infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile den scairchaipiteal.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

36. RÉITEACH CÚLCHISTÍ AGUS ÚS NEAMHRIALAITHE I BHFOCHUIDEACHTAÍ (AR LEAN)

Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh.

Faoi gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfheisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfheisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil faoi Airteagail Chomhlachais GINBST.

Cuireann cumas an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chromadh srian ar chumas infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa a rialú, agus, dá thoradh sin, tá rialú éifeachtach ag an GNBS ar GINBST agus na focuideachtaí sa Ghrúpa, mar aon le sochair gheilleagracha agus rioscaí an Ghrúpa. Cé go bhfuil na hinfheisteoirí príobháideacha faoi réir an riosca go bhféadfadh GINBST caillteanais a thabhu agus go mb'fhéidir nach mbeadh luach iomlán a hinfheistíochta in-aisghabhála, níl dualgas orthu aon chaipiteal eile a sholáthar do GINBST.

De bhua an rialaithe seo atá ag an GNBS ar GINBST, tá GINBST agus a focuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS, agus chun críocha ús neamhrialaithe sna focuideachtaí a aithint, tá na caillteanais luaite le hús neamhrialaithe a bhaineann le hús cothromais €51m.

37. SCAIREANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ I NGNÓTHAIS GHRÚPA

Tá €49 milliún infheistithe ag an GNBS in GINBST, agus fuair sí 49 milliún gnáthscair A ar a shon. B'infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51 milliún eile in GINBST, agus fuair gach infheisteoir díobh comhscair de 51 milliún gnáthscair B. Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBST agus a focuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBST mar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

37.1 Fochuideachtaí

Tá cur síos déanta ar struchtúr Ghrúpa an GNBS i Nóta 1. Seo a leanas gnóthais fochuideachta agus úinéireacht céatadán an GNBS sna fochuideachtaí sin:

Grúpa Stádas Cosanta	Céadtadán úinéireacht	Céadtadán cearta vótála	Príomhghníomhaíocht	Tír ionchorpraithe
An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta	49%	100%	Cuideachta shealbhaíochta agus iasachtú	Éire
Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (i Leachtú Toilteannach)	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	100%	Eisiúint fiachais	Éire
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní na cuideachta sealbhaíochta	Éire
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	100%	Eastát réadach	Éire
Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	100%	Cuideachta sealbhaíochta mar scairsheilbhe i gcomhpairtíocht ginearálta	Éire
Sócmhainn Náisiúnta JVA Teoranta	49%	100%	Infheistíocht Teoranta i gcomhpháirtíocht mar pháirtí teoranta	Éire
Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	100%	Soláthar na réadmhaoine cónaithí chun críocha na tithíochta sóisialta	Éire
National Asset Sarasota Limited Liability Company	49%	100%	Gnóthú sócmhainní réadmhaoine áirithe lonnaithe sna Stáit Aontaithe mar ghlánadh fiachais dlíthe don GNBS	US
Gabháltais Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta(i Leachtú Toilteannach)	49%	100%	Neamh-thrádála	Éire
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A.	49%	100%	Aathstruchtúrú dlíthiúil a éascú	an Phortaingéil
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A.	49%	100%	Aathstruchtúrú dlíthiúil a éascú	an Phortaingéil

37.2 Infheistíocht I Bhfochuideachtaí

Gníomhaireachta	2014 €'000	2013 €'000
49,000,000 scair i GINBST	49,000	49,000

In 2010 rinne an Ghníomhaireacht infheistíocht de chuid €49m i GINBST.

Tá oifig cláraithe na bhfochuideachtaí ar fad i Áras an Chisteáin, Sráid na Canála Móire, Baile Atha Cliath 2 ach amháin RLHC agus RLHC II. Tá oifig cláraithe RLHC agus RLHC II i Rua Garrett, n.º 64, 1200-204 Liospóin, An Phortaingéil.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

37. SCAIREANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ I NGNÓTHAIS GHRÚPA (AR LEAN)

37.3 Sonraí fochuideachtaí nach ar lán-úinéireacht ina bhfuil ús neamhrialaithe ábhartha ag an GNBS

Tá an 51% eile de na fochuideachtaí atá liostaithe i 37.1 faoi úinéireacht ag infheisteoirí príobháideacha, de bhua a n-úinéireacht 51% den GNBS.

Íocadh díbhinn de luach €1.5m (2013: €2.1m) leis na hinfeisteoirí príobháideacha le linn na bliana. Níl aon leas breise ag na hinfeisteoirí príobháideacha i ngníomhaíochtaí nó sreabhadh airgid an ghrúpa. Rinneadh brabús de €nialas a leithdháileadh don ús neamhrialaithe le linn na bliana (2013: €nialas). Ba ionann an t-ús neamhrialaithe carntha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus €nialas (2013: €nialas).

Féadfar brabúis a eascroidh a leithdháileadh don ús neamhrialaithe de réir bheartas cuntasáíochta 2.27.

37.4 Sonraí maidir le fochuideachtaí neamh-chomhdhlúite

National Asset Resolution Limited (faoi Leachtú Deonach)

Ar an 7 Feabhra 2013, ceapadh comh-Leachtaitheoirí Speisialta do CÉRB faoin Acht fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013. Ar an 11 Feabhra 2013, bhunaigh GNBS Aonán nua den Ghrúpa GNBS, National Asset Resolution Limited (faoi Leachtú Deonach) (RSNT). Bunaíodh an t-aonán mar fhreagairt ar Threoir eisithe ag an Aire Airgeadais faoin Acht fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013 don GNBS le gníomhas saoráide iasachtaí agus muirear comhlúthach a ghnóthú thar sócmhainní áirithe CÉRB. Bhí an chomaoin i bhfoirm urrús fiachais arna Ráthú ag an Rialtas agus airgid. D'eisigh NAML na hurrús fiachais agus aistríodh chuig RSNT (faoi Leachtú Deonach) iad trí mheán saoráid saoráide um iasachtaí le rannpháirtíocht sa bhrabús. Tá RSNT (faoi Leachtú Deonach) ina lán-fhochuideachta de chuid NAMAIL.

Is é RSNT (faoi Leachtú Deonach) creidiúnaí tosaíochta CÉRB (faoi leachtú); dá réir sin, úsáideadh cistí a fuair na comh-Leachtaitheoirí Speisialta chun an gníomhas saoráide iasachta a laghdú ar an gcéad ásc. Ní raibh aon bhaint ag GNBS le próiseas leachtaithe CÉRB agus aithnítear i ráiteas airgid GNBS cistí a fuarthas ó na comh-Leachtaitheoirí Speisialta agus idirbhearta eile d'fhonn éascú a dhéanamh ar fhoirceannadh ordúil CÉRB ag eascairt as treoracha an Aire faoin Acht. Ar 22 Aibreán 2014, d'fhógair an tAire nach n-aistreofaí sócmhainní ar bith chuig an GNBS ón CÉRB (faoi leachtú). Aisiocadh an gníomhas saoráide iasachta ina iomláine ar an 22 Deireadh Fómhair 2014, agus chuir a comhaltaí RSNT faoi leachtú deonach ar an 18 Nollaig 2014.

National Asset Leisure Holdings Limited (faoi Leachtú Deonach)

Ar an 10 Eanáir 2014 bhunaigh GNBS fochuideachta nua, National Asset Leisure Holdings Limited (faoi Leachtú Deonach) (NALHL). Is fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid NAPML é NALHL (faoi Leachtú Deonach), a bunaíodh chun seilbh a fháil ar 100% de scairchaipiteal dhá aonán de bhunadh na Portaingéile, RLHC agus RLHC II.

Bhí bunú na n-aonán seo de dhíth chun éascú a dhéanamh ar athstruchtúrú dlíthiúil de líon na n-aonán le sócmhainní réadmhaoine Portaingéalacha. Tar éis don athstruchtúrú dlíthiúil a bheith curtha i gcrích, cuireadh NALHL (faoi Leachtú Deonach) faoi leachtú ar an 18 Nollaig 2014. Tá NALHL (faoi Leachtú Deonach) faoi rialú an leachtaitheora, agus is é an té sin a dhéanfaidh réadú ar shócmhainní na Cuideachta.

Toisc go bhfuil cearta an scairshealbhóra glactha ag an leachtaitheoir agus gurb é an té sin a rialaíonn RSNT (faoi Leachtú Deonach) agus NALHL (faoi Leachtú Deonach) araon anois, níl RSNT (faoi Leachtú Deonach), NALHL (faoi Leachtú Deonach) agus a chuid fochuideachtaí, RLHC I agus RLHC II, comhdhlúite i dtorthaí an Ghrúpa GNBS.

Féach Nóta 39.6 i gcomhair sonraí maidir leis na sócmhainní arna sealbhú ag na cuideachtaí sin.

38. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Seo a leanas páirtithe gaolmhara an Ghrúpa:

Fochuideachtaí

Tá sonraí maidir leis an ús i seilbh fochuideachtaí an GNBS luaite i Nóta 37.1 agus Nóta 1 de na ráitis airgeadais.

GBCN

Soláthraíonn GBCN seirbhísí foirne, airgeadais, cumarsáide, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna don GNBS. Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a aisíoc. Tásonraí na gcostas gearrtha ar an nGrúpa le fáil i Nóta 10. Is í GBCN an contrapháirtí le haghaidh staideanna díorthaigh an GNBS i gcomhthéacs a cuid bainistíochta ar mhalaírt eachtrach agus nochtheadh ráta úis. Éilítear ar an GNBS urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) d'fhonn nochtheadh GBCN do dhíorthaigh an GNBS. Tá infheistíochtaí nóta Státchiste agus Bannaí Gearrthréimhseacha an Chisteáin, eisithe ag GBCN, i seilbh an GNBS. Ag an dáta tuairiscithe, bhí €nialas(2013: €145m) ainmniúil i seilbh an GNBS de bhannaí 4% Rialtais na hÉireann. Glactar le nótaí stáitchiste de luach of €0.7bn (2013: €1.6bn) eisithe ag GBCN mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (féach Nóta 15).

Scéim Pinsean Shochair Shainithe an GBCN

Tá an fhoireann ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí le Scéim Pinsean Shochair Shainithe GBCN thar ceann na bhfostaithe cuí. Tá an scéim pinsean á rialú agus á bainistiú ag iontaobhaithe neamhspleácha ceaptha ag GBCN. Mar chuid den chomaoín i ndáil leis an soláthar foirne tá íocaíocht de chuid €4.8m (2013: €2.8m), déanta ag an nGrúpa, ag léiriú aisíoc ranníocaíocht GBCN dom scéim pinsean i ndáil leis na hOifigigh seo de chuid an GNBS.

Aire Airgeadais

Bhunaigh an tAire GNBS faoi Acht GNBS 2009. De réir Alt 13 agus 14 den Acht tá cumhachtaí áirithe ag an Aire Airgeadais i ndáil leis an GNBS. Forálann Alt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlinnte a eisiúint don GNBS chun críocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aird a thabhairt ar a leithéid sin de threoirlinnte agus a feidhmeanna á comhlíonadh. Forálann Alt 14 go bhféadfaidh an tAire treoracha a eisiúint don GNBS maidir le cur i gcrích chuspóirí an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aon treoir dá leithéid sin a chomhlíonadh.

Is é éifeacht na bhforálacha reachtúla seo ná go bhfuil de chumhacht ag an Aire Airgeadais tionchar suntasach a bheith aige ar an GNBS.

Institiúidí Rannpháirteacha

I rith 2010, achtaíodh roinnt beart reachtach a thug cearta agus cumhachtaí don Aire Airgeadais thar institiúidí airgeadais ar leith i ndáil le ceisteanna éagsúla úinéireachta, comhdhéanamh an bhoird, éadail nó díolachán fochuideachtaí, gníomhaíocht gnó, athstruchtúrú agus gníomhaíocht baincéireachta. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh na hInstitiúidí Rannpháirteacha dul i gcomhairle leis an Aire roimh aon ghníomhaíocht ábhartha a d'fhéadfadh leas a bheith ag an bpobal inti a chur i gcrích.

Is institiúidí creidmheasa iad Institiúidí Rannpháirteacha atá ainmnithe ag an Aire mar Institiúid Rannpháirteach, faoi Alt 67 den Acht. Tá sócmhainní iasachta aistrithe ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an GNBS ar an dáta tuairiscithe, AIB c.p.t (ag ionchorprú EBS), Banc na hÉireann agus IBRC.

D'eisigh an Grúpa nótaí sinsearach agus fo-urrúis agus d'aistrigh sé iad chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha in áit sócmhainní iasachta. Nochtar idirbhearta le hInstitiúidí Rannpháirteacha sna ráitis airgeadais go príomha faoi Nóta 19, Iasachtaí agus Infháiltais, Nóta 17, Méideanna dlite do agus ó Institiúidí Rannpháirteacha agus nótaí gaolmhara an Ráitis Ioncaim.

Tá cuntas oibriúcháin ag an nGrúpa le AIB c.p.t. ina raibh iarmhéid de chuid 7.1m (2013: €1.7m) ag an dáta tuairiscithe. I rith na bliana bhí an meán-iarmhéid dúnta laethúil cothrom le €5.2m (2013: €2.5m).

I gcaitheamh na bliana chuir an Grúpa airgead i dtaisce le AIB c.p.t. (ag ionchorprú EBS) agus Banc na hÉireann. B'ionann an meán a cuireadh i dtaisce le gach banc agus €44m (2013: €51m) agus €17m (2013: €61m) faoi seach. Ag an dáta tuairiscithe bhí taisce €31m le AIB c.p.t. ar feadh cúig lá.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

38. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA (AR LEAN)

Seo a leanas na táillí iníoctha leis an hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le costais seirbhísithe iasachta tabhaithe i rith na bliana:

Institiúidí Rannpháirteacha	2014 €'000	2013 €'000
AIB, c.p.t.	15,955	16,364
Banc na hÉireann	5,040	5,379
IBRC (i leachtú)	2,483	23,427
	23,478	45,170

New Ireland Assurance Co p.l.c.

Tá scair 17% de scairchaipiteal GINBST, fochuideachta den GNBS (a fhreagraíonn do 15 milliún den 51 milliún scair B eisithe ag GINBST chuig infheisteacha príobháideacha) an ceann i seilbh New Ireland Assurance Co p.l.c, fochuideachta de Bhanc na hÉireann. Nochtar íocaíochtaí díbhinne a rinneadh le hinfeisteacha príobháideacha i Nóta 36.

Comhleachtaitheoirí Speisialta IBRC

An 6 Feabhra 2013, d'achtaigh Rialtas na hÉireann an tAcht fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013 a rinne foráil d'fhoirceann IBRC. An 7 Feabhra 2013, cheap an tAire Kieran Wallace agus Eamonn Richardson as KPMG mar Chomhleachtaitheoirí Speisialta IBRC agus tugadh liosta treoracha dóibh chun éifeacht a thabhairt d'fhoirceannadh ordúil IBRC. Déantar foráil in alt 13 den Acht chun go bhféadfaidh an tAire treoracha a thabhairt i scríbhinn don GNBS i ndáil leis an méid seo a leanas:

- (i) fiachas IBRC leis an mBanc Ceannais a ghnóthú ag an GNBS;
- (ii) sócmhainní de chuid IBRC a cheannacht ó na Comhleachtaitheoirí Speisialta; agus
- (iii) soláthar saoráidí creidmheasa do na Comhleachtaitheoirí Speisialta nó don IBRC.

Chuir na Comhleachtaitheoirí Speisialta seirbhísí príomhsheirbhíseora ar fáil go dtí gur cheap an GNBS Capita mar Phríomhsheirbhíseoir an GNBS de leabhar IR an IBRC ar an 12 Lúnasa 2013. Mar fhreagairt ar threoracha an Aire, bhunaigh an GNBS aonán nua de ghrúpa an GNBS, Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (i Leachtú Toilteannach) (RSNT) a ionchorpraíodh an 11 Feabhra 2013. Ar an 28 Márta 2013, d'eisigh BSNT bannaí de luach €12.928 billiún mar chomhaoin ar ghníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach a ghnóthú ag RSNT (i Leachtú Toilteannach) thar sócmhainní IBRC ó Bhanc Ceannais na hÉireann. Rinneadh an méid sin a athmhuirearú do RSNT le comhaontú iasachta Rannpháirteach Brabúis. Rinne gach banna a fhuascailt go hiomlán iar 22 Deireadh Fómhair 2014.

Príomhphearsanra bainistíochta

Tá an Gníomhaireacht á rialú ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus an Bord. Is comhalta ex-officio den Bhord é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN. Tá údarás ag an POF agus ag an mBord i ndáil le gníomhaíochtaí an GNBS agus a fochuideachtaí a phleanáil, a stiúradh agus a rialú agus tá siad freagrach as an méid sin agus mar sin, is príomhphearsanra bainistíochta de chuid an GNBS iad. Nochtar táillí íoctha le comhaltaí Boird i Nóta 10. Níl fostaí ar bith ag an nGrúpa.

Idirbhearta le haonáin an Ghrúpa

Seo a leanas na méideanna atá dlite do agus ó pháirtithe leasmhara ag an dáta tuairiscithe. Is ar bhonn praghas fad láimhe a dhéantar gach idirbheart le páirtithe gaolmhara.

Iasacht dlite le BISNT

Réamhíocadh iasacht úis de luach €52 milliún ó BISNT leis an nGníomhaireacht. Tuilltear ús ar an iasacht seo ag ráta sé mhí EURIBOR. B'ionann an t-ús tuillte ar an iasacht seo don bhliain agus €0.2 milliún (2013: €0.2milliún). Bhí na hiarmhéideanna bunaidh gan íoc cothrom le €nialas ag an dáta tuairiscithe.

Comhaontuithe iasachta rannpháirteacha brabúis

Tá BSNT tar éis tabhairt faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL) le SGBSNT, agus dá réir tá SGBSNT tar éis tabhairt faoi PPL eile le BISNT ar théarmaí comhchosúla.

Le linn 2013, thug SGBSNT faoi PPL le NAJVAL agus thug BSNT faoi PPL le RSNT (i Leachtú Toilteannach) Socrú an PPL idir BSNT agus RSNT le linn nablana le fuascailt iomlán bhannaí BSNT.

Ghlac BISNT páirt i gcomhaontú iasachta idirghrúpa le BRSNT. Ghlac BRSNT páirt i gcomhaontú iasachta idirghrúpa le SGBSNT (i Leachtú Toilteannach).

Féach Nóta 39 le haghaidh iarmhéideanna gan íoc i leith comhaontuithe iasachta idirghrúpa ar an dáta tuairiscithe.

Athmhuipearú an GBCN

Tabhaíonn GBCN forchostais i ndáil le seirbhísí foirne, airgeadais, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna a sholáthar don Ghrúpa. Gearrtar na forchostais seo ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) ar bhonn costais iarbhír. B'ionann iomlán na gcostas seo don tréimhse agus €53.9m (2013: €40.8m). Déantar a thuilleadh sonraí i ndáil leis na costais seo a nochtadh i Nóta 10.1.

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA

D'fhoill a cuspóirí a chomhlíonadh, tá aonáin shainchuspóireacha bunaithe ag an GNBS mar atá sonraithe i Nóta 1. Ullmhaíonn agus cuireann na haonáin seo ráitis airgeadais ar leith i láthair. De réir riachtanais Alt 54 den Acht, soláthraítear an fhaisnéis bhreise seo a leanas, i ndáil leis an GNBS agus gach aonán den Ghrúpa.

39.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Leagtar amach na táillí riaracháin tabhaithe ag Grúpa an GNBS i Nóta 10.

Léirítear na costais i ndáil le gach aonán GNBS sna táblaí anseo thíos. Áiríonn costais BISNT athmhuipearú de chuid €40. €53.9m (2013: €40.8m) i ndáil le costais GBCN tabhaithe ag an nGníomhaireacht. Áirítear na costais seo sna cuntais chomhdhlúite freisin.

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT)		2014	2013
Cineál costais	Nóta	€'000	€'000
Costais in-aisíochta le GBCN	10.1	53,894	40,768
Táillí príomhsheirbhíseora	10.2	46,129	52,587
Táillí máistir- sheirbhíseora	10.3	2,543	3,082
Costais aistrithe punainn	10.4	7,015	7,369
Táillí bainistíochta punainne	10.5	3,196	5,256
Táillí dlí	10.6	8,046	2,772
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	10.7	3,762	3,376
Costais chíosá agus áitíochta	10.8	2,964	1,482
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	10.9	743	911
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	10.10	550	495
Iomlán na gcostas riaracháin BISNT		128,842	118,098

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

39.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT)	2014	2013
Cineál costais	€'000	€'000
Costais in-aisíochta le NALM	106	86
Táillí bainistíochta punainne	58	47
Táillí dlí	20	1
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	-	21
Iomlán na gcostas riaracháin BRSNT	184	155
Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC)	2014	2013
Cineál costais	€'000	€'000
Táillí bainistíochta punainne	312	61
Táillí dlí	32	10
Iomlán na gcostas riaracháin SNSLLC	344	71
Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT)	2014	2013
Cineál costais	€'000	€'000
Táillí bainistíochta punainne	206	185
Táillí dlí	348	192
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	(3)	22
Iomlán na gcostas riaracháin SRCSNT	551	399
Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT) (i Leachtú Toilteannach)	2014	2013
Cineál costais	€'000	€'000
Costais in-aisíochta le NALM	988	3,476
Táillí príomhsheirbhíseora	4,126	2,200
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	-	20
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	628	-
Táillí dlí	129	-
Iomlán na gcostas riaracháin RSNT	5,871	5,696
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I)	2014	2013
Cineál costais	€'000	€'000
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	11	-
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	5	-
Táillí dlí	1	-
Iomlán na gcostas riaracháin RLHC I	17	-
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)	2014	2013
Cineál costais	€'000	€'000
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	9	-
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	4	-
Táillí dlí	1	-
Iomlán na gcostas riaracháin RLHC II	14	-

39.2 Urrúis féich eisithe chun críocha an Achta

Grúpa	2014 €'000	2013 €'000
Nótaí sinsearacha eisithe ag BSNT	13,590,000	34,618,000
Fofhiach eisithe ag BSNT	1,593,000	1,593,000
Iomlán	15,183,000	36,211,000

39.3 Urrúis féich eisithe agus fuascailte sa tréimhse chuig Institiúidí Rannpháirteacha

39.3.1 Urrúis féich sinsearacha ráthaithe ag an Rialtas

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 14 € '000	Eisithe € '000	Aistrithe € '000	Fuascailte € '000	Gan íoc ag 31 Noll 14 € '000
AIB ⁶	15,820,000	-	-	(6,343,000)	9,477,000
BOI	3,991,000	-	-	(1,602,000)	2,389,000
IL&P	2,169,000	-	-	(871,000)	1,298,000
CBI ⁷	12,638,000	-	-	(12,212,000)	426,000
Iomlán	34,618,000	-	-	(21,028,000)	13,590,000

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 13 € '000	Eisithe € '000	Aistrithe € '000	Fuascailte € '000	Gan íoc ag 31 Noll 13 € '000
AIB ⁶	17,425,000	-	285,000	(1,890,000)	15,820,000
BOI	4,475,000	-	-	(484,000)	3,991,000
IBRC (i leachtú) ^{6,7}	796,000	-	(796,000)	-	-
EBS	312,000	-	(285,000)	(27,000)	-
IL&P	2,432,000	-	-	(263,000)	2,169,000
CBI ⁷	-	12,928,000	796,000	(1,086,000)	12,638,000
Iomlán	25,440,000	12,928,000	-	(3,750,000)	34,618,000

39.3.2 Urrúis fófhiacha sealbhaithe

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 14 € '000	Eisithe € '000	Aistrithe € '000	Cealaithe € '000	Gan íoc ag 31 Noll 14 € '000
AIB	451,000	-	-	-	451,000
BOI	281,000	-	-	-	281,000
IBRC (i leachtú) ⁸	841,000	-	-	-	841,000
EBS	20,000	-	-	-	20,000
Iomlán	1,593,000	-	-	-	1,593,000

6 Ar an 1 Iúil 2011, d'fhaomh an Ard-Chúirt Ordú um Aistriú faoi Chuid 5 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán) 2010 go n-aistreofaí sócmhainní agus dliteanaís INBS chuig an mBanc Angla-Éireannach. Chuir an t-ordú aistrithe deireadh le INBS. Ar an 14 Deireadh Fómhair 2011 athraíodh an t-ainm go dtí CÉRB. Mar chuid d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann, aistríodh luach €285m d'urrúis fiachais shinsearaigh ar eisiúint de chuid GNBS a bhí i seilbh EBS chuig AIB in 2013.

7 Ar an 28 Márta 2013, d'eisigh NAML luach €12.9bn de bhannaí sinsearacha chuig CBI i gcomaoín i leith RSNT (faoi Leachtú Deonach) d'fháil an ghníomhais saoráide iasachta agus an mhuirir chomhlúthaigh thar shócmhainní CÉRB ón CBI, tar éis leachtú CÉRB ar an 6 Feabhra 2013. Ina theannta sin, aistríodh luach €796m de bhannaí sinsearacha a bhí i seilbh CÉRB ar dháta an leachtaithe chuig CBI. Le linn 2013, fuasclaíodh luach €1.1bn de bhannaí. Faoi dheireadh na bliana 2014, tar éis gur dhíol CÉRB sócmhainní, bhí luach €11.9bn de bhannaí a bhain leis an ngníomhas saoráide iasachta agus an muirear comhlúthach lán-fhuascailte.

8 In Deireadh Fómhair 2014, dhíol na chomh-Leachtaitheoirí Speisialta na €841m d'fho-bhannaí a bhí ag CÉRB (faoi leachtú). Déantar trádáil ar an bhfiachas anois ar an margadh tánaisteach.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

39.3 Urrúis féich eisithe agus fuascailte sa tréimhse chuig Institiúidí Rannpháirteacha (ar lean)

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Eanáir 13 € '000	Eisithe € '000	Aistrithe € '000	Cealaithe € '000	Gan íoc ag 31 Noll 13 € '000
AIB	451,000	-	-	-	451,000
BOI	281,000	-	-	-	281,000
IBRC (i leachtú)	841,000	-	-	-	841,000
EBS	20,000	-	-	-	20,000
Iomlán	1,593,000	-	-	-	1,593,000

39.4 Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain

Ní raibh aon réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain.

39.5 Réamhíocaíochtaí déanta ag an GNBS le féichiúnaithe trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha sa tréimhse

Institiúid Rannpháirteach	Méid réamhíoctha 2014 €'000	Méid réamhíoctha 2013 €'000
AIB	156,174	96,906
IBRC (i leachtú) / Capita	429,891	184,434
BOI	35,485	46,875
Airgeadais Díoltóra	23,400	336,737
Iomlán	644,950	664,952

39.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Tá léargas le fáil anseo thíos ar na sócmhainní i seilbh an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS. San áireamh sna sócmhainní seo tá sócmhainní agus dliteanais idirghrúpa agus iasachtaí rannpháirteacha brabúis idirghrúpa idir aonáin Ghrúpa an GNBS.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS)	2014 €'000	2013 €'000
Infheistíocht sa GINBST	49,000	49,000
Airgead tirim	101	1,152
Ús infhaighte ón iasacht le BSNT	165,717	-
Infháltas idirghrúpa	1,935	5,468
Infháltais eile	509	493
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	1,935	1,071
Iomlán	219,197	57,184
An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST)	2014 €'000	2013 €'000
Iasacht le BSNT	99,900	99,900
Ús ar iasacht idirghrúpa	5,028	19,243
Infháltas idir-ghrúpa	33	100
Iomlán	104,961	119,243

	2014 €'000	2013 €'000
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT)		
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le SGBSNT	15,183,000	24,283,000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le RSNT	-	11,928,000
Ús ar iasacht rannpháirteach bhrabúis le RSNT	674,477	177,339
Infháltas idir-ghrúpa	278,068	99,900
Sócmhainn cánach iarchurtha	-	92,568
Iomlán	16,135,545	36,580,807

	2014 €'000	2013 €'000
Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT)		
Airgead tirim	-	332,440
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	-	63,000
Saoráid gníomhas iasachta	-	11,703,344
Ús ar shaoráid gníomhas iasachta	-	12,245
Sócmhainní eile	3	5
Sócmhainn cánach iarchurtha	-	2,051
Iomlán	3	12,113,085

	2014 €'000	2013 €'000
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT)		
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le BISNT	15,183,000	24,283,000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le NAJVAL	13,450	13,450
Ús ar iasachtaí rannpháirteacha bhrabúis	674,523	487,036
Infháltas idirghrúpa	662,911	-
Iomlán	16,533,884	24,783,486

	2014 €'000	2013 €'000
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT)		
Airgead tirim	1,156,893	3,119,500
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	690,000	739,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	145,138
Infhála ó Institiúidí Rannpháirteacha	84,810	78,447
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	58,241	160,369
Iasachtaí agus infháltais	13,347,929	19,585,959
Infháltas idir-ghrúpa	774,870	614,127
Ús fabhraithe infhála	1,417	12,474
Infheistíochtaí in ionstramain cothromais	34,933	5,125
Fardail – Réadmhaoine trádála	1,930	-
Sócmhainní eile	9,983	10,748
Sócmhainn cánach iarchurtha	132,364	107,769
Iomlán	16,293,370	24,578,656

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

39.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT)	2014 €'000	2013 €'000
Infheistíochtaí	-	5,798
Fardail – Réadmhaoine trádála	7,271	6,173
Infháltas idir-ghrúpa	100	-
Sócmhainní eile	8	27
Iomlán	7,379	11,998
Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT)	2014 €'000	2013 €'000
Airgead tirim	673	47
Fardail – Réadmhaoine trádála	29,050	7,163
Ioncam cíosa infhaighte	149	8
Iomlán	29,872	7,218
Sócmhainn Náisiúnta JVA Teoranta (NAJVAL)	2014 €'000	2013 €'000
Airgead tirim	1,025	97
Infheistíochtaí in ionstramaí cothromais	1,248	1,248
Íasacht infhála	12,105	12,151
Iomlán	14,378	13,496
Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC)	2014 €'000	2013 €'000
Fardail – Réadmhaoine trádála	-	26,104
National Asset Leisure Holdings Ltd (i Leachtú Toillteanach) (NALHL)	2014 €'000	2013 €'000
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí	4,947	-
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I)	2014 €'000	2013 €'000
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí	4,362	-
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)	2014 €'000	2013 €'000
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí	485	-

39.7 Bearta tacaíochta an rialtais, lena náirítear ráthaíochtaí, faighte ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Aonán	Cur Síos	Méid eisithe an 31 Nollaig 2014 €'000	Méid eisithe an 31 Nollaig 2013 €'000
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	Ar an 26 Márta 2010, ráthaigh an tAire Nótaí Sinsearacha eisithe ag an GNBS mar atá foráilte faoi Alt 48 den Acht fán GNBS 2010. Is é €51.3 billiún an phríomhshuim chomhiomlán uasta Nótaí Sinsearacha le heisiúint ag aon am ar leith.	13,590,000	34,618,000
		13,590,000	34,618,000

39.8 Nochtadh forlíontach maidir le RSNT (faoi Leachtú Deonach)

Ar an 7 Feabhra 2013, ceapadh comh-Leachtaitheoirí Speisialta do CÉRB faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013. Ar an 11 Feabhra 2013, bhunaigh GNBS aonán nua de Ghrúpa GNBS, RSNT, atá faoi Leachtú Deonach anois. Bunaíodh an t-aonán mar fhreagairt ar Threoir a d'eisigh an tAire Airgeadais do GNBS faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013 maidir le gníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach a fháil thar sócmhainní áirithe de chuid CÉRB. Leagtar amach sa tábla thíos staid RSNT i leith sócmhainní agus dliteanas agus i leith sreabhadh airgid, ar bhonn carnach, ó bunaíodh é go dtí an 18 Nollaig 2014 nuair a cuireadh é faoi leachtú deonach.

	Sócmhainn / (Dlitéanas) €'000	Sócmhainn / (Dlitéanas) €'000
Gníomhas saoráide iasachta faighte ó Bhanc Ceannais na hÉireann	12,928,343	
An chomaoin a íocadh ar an ngníomhas saoráide iasachta		
- Bannaí eisithe chuig Banc Ceannais na hÉireann		(12,928,000)
- Socraíocht airgid	(343)	
Staid i leith sócmhainní / (dliteanas) nuair a bunaíodh RSNT	12,928,000	(12,928,000)
Íocaíochtaí / (fáltais) airgid ó bunaíodh RSNT go dtí dáta an leachtaithe		
Insreafaí		
Aisíoc an ghníomhais saoráide iasachta ag na comh-Leachtaitheoirí Speisialta	(12,928,000)	
Ús a fuarthas ar an ngníomhas saoráide iasachta	(274,390)	
Ús a tuilleadh ar iarmhéid airgid arna sealbhú i RSNT	(820)	
Iomlán na n-insreafaí airgid chuig RSNT	(13,203,210)	
Eis-sreafaí		
Páirt-íocaíocht airgid chun an gníomhas saoráide iasachta a fháil		343
Aisíoc na mbannaí a eisíodh		12,928,000
Íoc an úis cúpóin ar na bannaí a eisíodh		49,482
Íoc costas oibriúcháin i leith RSNT		11,255
Íoc táillí foirceanta ar dhíorthaigh um fhálú		35,651
Iomlán an eis-sreabhaidh airgid ó RSNT		13,024,731
Glan-(insreabhadh) / eis-sreabhadh airgid chuig RSNT	(178,479)	
Íoctha le Grúpa GNBS mar bhrabús	178,220	
Aistrithe chuig an leachtaitheoir i leith chostais an leachtaithe	259	

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

39.8 Nochtadh forlíontach maidir le RSNT (faoi Leachtú Deonach)

B'ionann luacháil an ghníomhais saoráide iasachta agus an mhuirir chomhlúthaigh tráth a dtionscnaimh agus €12,928m. Bhí an chomaoín i bhfoirm airgid (€343,000) agus eisiúint urrús fiachais arna Ráthú ag an Rialtas (€12,928m) chuig Banc Ceannais na hÉireann.

Ó thráth an bhunaithe go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2014, d'aisíoc na comh-Leachtaitheoirí Speisialta an phríomhshuim amuigh agus ús €13,202m ó fháltais de bharr sócmhainní CÉRB a dhíol. Tar éis gach aisíocaíochta a rinne na comh-Leachtaitheoirí Speisialta i leith an ghníomhais saoráide iasachta, d'úsáid RSNT na fáltais sin chun bannaí a bhí eisithe chuig an mBanc Ceannais a fhuascailt. Ó bunaíodh í go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 2014, d'fhuascail GNBS ina n-iomláine gach banna a eisíodh ag an tús dar luach €12,928m agus ghlan sí ús cúpón €49m i leith na mbannaí sin.

Ghlan RSNT costas oibriúcháin agus íocaíochtaí díorthach €47m freisin ó bunaíodh é.

B'ionann an glan-sreabhadh airgid a ghin RSNT ó bunaíodh é go dtí dáta an leachtaithe agus €178m, a íocadh le Grupa GNBS mar bhrabús nuair a bhí costais an leachtaithe asbhainte.

40. IMEACHTAÍ I NDIADH AN DÁTA TUAIRISCITHE

a) Díbhinn

Ar 31 Márta 2015, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBST íocaíocht díbhinne €0.0757 le haghaidh gach scair, íocaíocht a bhí cothrom le €0.39m. Is le húinéirí gnáthscaireanna B amháin a íocadh é seo.

b) Cúpón ar Fhofhiachas

Ar an 2 Márta 2015 rinne an GNBS íocaíocht chúpóin de €83.86 milliún as ús ar an bhfofhiachas a sheirbhísiú. Le haghaidh breis eolais faoin bhfofhiachas, féach Nóta 34, Gnáthscair eile.

c) Clár iomarcaíochta

I mí Eanáir 2015, thug Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS breac-chuntas d'fhostaithe GNBS ar phríomhghnéithe cláir iomarcaíochta faoina laghdófaí líon na mball foirne i GNBS de 78 faoi dheireadh 2015 agus de 167 mball foirne eile faoi dheireadh 2016. Ina dhiaidh sin, i mí an Mhárta 2015, d'fhógair an tAire Airgeadais gurb amhlaidh, ag eascairt óna chuid plé leis an Bord, go gcuirfí bearta oiriúnacha um choinneáil foirne i bhfeidhm d'fhoill feidhmíocht airgeadais GNBS a chosaint.

41. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 28 Aibreán 2015.

Comhthaobhacht Geall iasachtaí réadmhaoine shonrach d'iasachtóir, le forghéilleadh i gcomhthéacs mainneachtana.

Contrapháirtí An páirtí lena bhfuil Conradh nó idirbheart airgeadais á sheirbheáil.

Babhtáil Trasairgeadra Comhaontú chun sreabha airgid a bhabhtáil le hiasachtaí den mhéid agus de réir na dtéarmaí céanna ach ainmnithe in airgeadraí difriúla. Úsáideann an Grúpa seo na comhaontuithe seo chun costas Euro idirbheart ainmnithe in airgeadra eachtrach a shocrú.

Luach Margaidh Reatha An méid measta a bheadh i gceist le malartú réadmhaoine idir ceannaitheoir agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar bhonn praghas fad láimhe.

Féichiúnaí Iasachtaí, a bhfuil iasachtaí incháilithe luaite leis agus a bhfuil na hiasachtaí seo aistrithe chuig an nGrúpa. Tagraíonn an Grúpa don iasachtaí mar fhéichiúnaí. Is ionann nasc féichiúnaí agus grúpa iasachtaí atá nasctha le féichiúnaí.

Pleananna gnó féichiúnaí Pleananna gnó curtha i dtoll a chéile ag gach féichiúnaí ina sonraítear an bealach atá beartaithe acu le fiachas a aisíoc agus an plean atá acu chun an aisíocaíocht fiachais a chinntiú. Déantar pleananna gnó féichiúnaí a athbhreithniú go neamhspleách agus a fhaomhadh idir an GNBS agus an féichiúnaí.

Díorthach Is ionstraim airgeadais é díorthach a dtagann a luach as mír bhunúsach mar sampla rátaí úis nó airgeadra, agus is féidir é a úsáid chun rioscaí a bhaineann le hathruithe ar luach na míre bunúsaí a bhainistiú.

Ráta Lascaire An ráta a úsáidtear chun sreabha airgid amach anseo a lascainiú go dtí a luachanna reatha.

Dícheall Cuí Breithmheas cuimsitheach ar ghnó agus é mar aidhm go háirithe luach a shócmhainní agus dliteanas a bhunú. Déanann an Grúpa dhá chineál dícheall chuí, dícheall cuí dlí agus dícheall cuí Réadmhaoine.

Imeachtaí Forfheidhmiúcháin Imeachtaí a bhfuil sé mar bhonn leo comhlíonadh le conarthaí dlí a chinntiú.

Euribor Is é Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro an ráta a dtairgeann príomhbhanc amháin éarlaisí idirbhainc euro le banc eile atá laistigh de limistéar an Euro.

Muirear comhlúthach ó Bhanc Ceannais na hÉireann Faoi Acht IBRC, 2013, fuair an GNBS gníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach thar sócmhainní áirithe IBRC a ghnóthú ó Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ráta Comhlúthach Ráta úis a athraíonn go tréimhsiúil mar atá comhaontaithe air i gconarthaí.

Díorthach Malairte Eachtraí / Babhtáil Trasairgeadra Conradh airgeadais ina gcomhaontaíonn an ceannaitheoir agus an díoltóir sreabha airgid chomhlúthacha a bhabhtáil idir dhá airgeadra dhifriúla, i rith tréimhse sonraithe ama.

Babhtáil FX Is ionann Babhtáil FX agus ceannach agus díolachán comhuaineach méideanna comhionanna airgeadra amháin le hairgeadra eile a bhfuil dá dháta luacha difriúil acu (spota ar aghaidh de ghnáth).

Fálú Páirt a ghlacadh i gcomhaontú chun riosca athruithe díobhálacha ar phraghas sócmhainne nó dliteanais a bhainistiú.

Iasacht Bhearnaithe Déantar iasacht a bhearnú sa chás nach bhfuil an chuma ar an scéal go mbaileoidh an t-iasachtóir luach iomlán na hiasachta.

Babhtáil Ráta Úis Díorthach ina malartaíonn páirtí amháin sruth sreabha airgid le sruth sreabha airgid páirtí eile bunaithe ar phríomh-mhéid sonraithe. Áirítear anseo, de ghnáth, babhtáil sreabha airgid atá coibhéiseach le híocaíochtaí úis athraitheacha do shreabha airgid coibhéiseach le híocaíochtaí úis seasta ar an bpríomh-mhéid chéanna.

Fardail Réadmhaoine faighte ag an GNBS agus coimeádtar ar a ráiteas ar staid an airgeadais.

Iasachtaí talún agus forbatha Áirítear in iasachtaí talún agus forbatha iasachtaí ar thalamh atá ceannaithe chun críche forbatha, agus iasachtaí atá faighte ar thalamh páirtfhorbartha.

Tiomantais iasachta Iarmhéid creidmheasa atá tiomanta ag BISNT a sholáthar dá custaiméirí.

Luach Gilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) An luach cinnte ag an GNBS de réir an Acht, gur féidir a bheith ag súil, go réasúnta, le sócmhainn a bhaint amach i gcóras airgeadais chobhsaí nuair a bhíonn na coinníollacha géarchéime atá i bhfeidhm tráth achtaithe an Achta feabhsúcháin agus, i gcás réadmhaoine, ina bhfuil praghas nó toradh na réadmhaoine amach anseo comhsheasmhach le hionchais réasúnta ag féachaint do mheán stairiúil fadtréimhseach.

Luach Marcáil ón Margadh Praghas nó luach urrúis, punainne nó cuntais a léiríonn a luach reatha margaidh seachas a luach de réir na leabhar.

OTC Thar an gCuntar Ag tagairt do dhíorthaigh nach bhfuil á dtrádáil ar mhalartú aitheanta.

GLUAIS NA DTÉARMAÍ (AR EAN)

Institiúid Rannpháirteach Institiúid Creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire faoi Alt 67 den Acht mar Institiúid Rannpháirteach, lena n-áirítear aon fhochuideachtaí nach bhfuil curtha as an áireamh faoin alt sin.

Luach Reatha Luach ar dháta áirithe ar íocaíocht amach anseo nó sraith íocaíochtaí amach anseo, lascainithe chun léargas a thabhairt ar amluach airgid agus fachtóirí eile dála riosca infheistíochta.

Príomhsheirbhíseoir Institiúid Rannpháirteach a bhainistíonn féichiúnaithe thar ceann an GNBS laistigh de theorainneacha údaráis faofa ag an Bhord.

Iasacht Rannpháirteach Brabúis Iasacht a sholáthraíonn an t-iasachtóir a bhfuil a thoradh ag brath, i bpáirt ar a laghad, ar bhrabúsacht an iasachtaí.

Réamhíocaíocht Cháilitheach Réamhíocaíocht déanta ag Institiúid Rannpháirteach le hiasachtóir (ar sócmhainní incháilithe a iasachtaí) i ndiaidh don Aire Airgeadais an GNBS a fhógairt ar an 7 Aibreán 2009. Ní bhíonn an réamhíocaíocht cáilitheach ach amháin má rinneadh é mar chuid de ghnáthshocruithe baincéireachta tráchtála. Ní raibh lascaine ar bith i gceist ar na réamhíocaíochtaí seo.

Slándáil (a) Muirear, (b) ráthaíocht, slánaíocht nó urra, (c) ceart fritháirimh, (d) bintiúr, (e) bille malairte, (f) nóta gealltanais, (g) comhthaobhacht, (h) aon mhodh eile chun na nithe seo a leanas a chinntiú—(i) íoc fiachais, nó (ii) urscaoileadh feidhmíocht oibleagáide nó dliteanais, agus (i) aon chomhaontú nó socrú eile a bhfuil éifeacht chosúil aige.

Bannaí státchiste gearrthréimhseacha Bannaí státchiste rialtas na hÉireann faighte do bhainistíocht leachtachta.

Aonán Sainchuspóireach Aonán dlí cruthaithe chun cuspóir dea-shainithe cúng, sonrach nó sealadach a chomhlíonadh.

Fofhiachas Fiachas atá in-aisíochta i ndiaidh na bhfiachas eile a bheith aisíochta. Íocann an GNBS 5% de phraghas ceannaigh na n-iasachtaí a fhaigheann sé i bhfoirm fobhannaí.

Tráinse Grúpa iasachtaí ó fhéichiúnaithe difriúla, a aistrítear chuig an GNBS ag pointe ama ar leith. Is i bhfoirm tráinsí a aistrítear sócmhainní ó na hInstitiúid Rannpháirteacha.



Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
Áras an Chisteáin
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: +353 1 664 0800
+353 1 665 0000
Facs: +353 1 664 0890

www.nama.ie